| UIMH SAN RPS | FNOA | AINM | TUAIRISC | BAILE FEARANN | XY Comhordanáidí | PICTIÚR |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **30400204** | **Teampall N Eoin, Eaglais na hÉireann** | **Teampall aonchealla, de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí, agus túr creinilithe spuaiceach trí stór i gceangal leis. Tógadh é sa bhliain 1832 as spallaí cúrsáilte nochta maille le cóiriú cloiche gearrtha. Tá sé suite isteach ón mbóthar taobh thiar de ráillí agus tá reilig ag gabhail leis an an taobh thiar de. Foirgneamh tréigthe atá ann anois.** | **DARÚ** | **169690,271830** |  |
| **2** | **30400205** | **Tuama na mBagóideach** | **Bosca-thuama agus samhail de chrosáidire ina luí greanta air, tá inscríbhinní agus móitífeanna araltacha ar na taobhphainéil agus ar na painéil chinn agus tá sé suite os cionn másailéim mhóir ina gcuimsítear tuaim. John Lloyd Bagot as Béal Átha Mó a thóg é c. 1830. Tá sé suite laistigh de reilig ársa fhálaithe ina bhfuil cuid mhór cloch cinn.** | **DARÚ** | **169710,271820** |  |
| **5** | **0** | **Muileann Arbhair agus Ramhraithe Uí Chuinn** | **Láthair bheag mhuilinn ina bhfuil seanmhuileann arbhair agus ramhraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór, mar aon le déanmhais fhoghabhálacha, c. 1825. Tógadh ar bhruach abhann é. Tá sé i riocht tréigthe, tá na feistis inmheánacha bainte as agus úsáidtear mar stóras feirme anois.** | **CONACHAR** | **143300,264950** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | **30400402** | **Teampall N Pádraig** | **Teampall Caitliceach Rómhánach aon chille, cúig bháfhuinneog, agus aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche gearrtha ar áit na bhfuinneog, mar aon le teanntaí agus cúinní, c. 1870. Ar an taobh istigh, tá díon truis oscailte, balcóin agus fuinneoga gloine daite ann. Athchóiríodh é air c. 1990. Tá sé suite laistigh de láithreán beag fálaithe ina bhfuil cloigtheach a fhónann mar fhoscadh do dhealbh ar an talamh.** | **NA GARFRÁIN** | **145420,265170** |  |
| **7** | **30400501** | **Teampall Mhuire/Teampall Chríost Rí** | **Teampall Caitliceach Rómhánach aoncheалla ar a bhfuil taobh-ingearchló seacht mbáfhuinneog, aghaidh rindreáilte, fuinneoga ceannchruinne agus díon truis oscailte, c. 1880. Athchóiríodh é c. 1990. Tá sé suite ar láithreán ard.** | **CILL tSUIBHNE** | **155140,267390** |  |
| **8** | **30400702** | **Teampall Caitliceach Rómhánach na gCaológ Beag** | **Teampall T-phlean dar dáta 1843, maille le sacraistí agus póirsí a cuireadh leis ina dhiaidh sin. Tá fuinneoga rinneacha ar an aghaidh rindreáilte, tá bloghanna ailtireachta meánaoiseacha ann sa bhalla agus tá painéal greanta croise céasta ann os cionn an dorais. Tá athchóiriú déanta ar an taobh amuigh agus cuireadh cloigtheach eisléireachta binne leis i dtús an 20ú haois. Tá dhá umar uisce choisricthe dar dáta 1843 ann ar an taobh istigh, mar aon le díon truis oscailte agus balcóin. Tá sé suite ar láithreán beag fálaithe in aice leis an mbóthar agus leis an scoil.** | **NA CAOLÓGA BEAGA** | **170770,267220** |  |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9 | 0 | Caisleán Ghlinsce | Teach scoite U-chruthach leathdhaingnithe trí bháfhuinneog, ceithre stór, maille le poill teilgthe cúinne, simléir arda agus bá lárnach cuasaithe, c. 1635. Fothrach tar éis é a thógáil agus caomhnaíodh é c. 1970. | GLINSCE (BT BHÉAL ÁTHA MÓ) | 171490,266990 |  |
| 10 | 30400701 | Áith Aoil Osaidh | Áith aoil agus fuinneog stuach aici, agus í tógtha isteach in imeall cairéil. Dar dáta tús an 19ú haois. Iarsmaí de ghreanadóireacht chloiche neamhchríochnaithe. Suite i bpáirc oscailte. | OSADH | 169870,268370 |  |
| 11 | 30401504 | Teampall Chill Chonla | Teampall T-phlean saorseasaimh Caitliceach Rómhánach, dar dáta 1847, lena ngabhann túr trí stór, agus aghaidh rindreáilte agus fuinneoga pointeáilte ann. Tá díon truis oscailte agus balcóin ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh é c. 1953, agus cuireadh díon úr air agus athchóiríodh é c. 1997. | BAILE NA nGIOTACH | 135400,258680 |  |
| 12 | 30401503 | Teampall N Aindriú, Eaglais na hÉireann | Teampall T-phlean dhá bháfhuinneog, de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí, c. 1835, agus túr i gceangal leis. Tá cóiriú cloiche ann ar an taobh amuigh rindreáilte. Tréigthe anois. Suite laistigh de reilig fhálaithe ina bhfuil crainn agus clocha cinn. | TOBAR CAOCH | 135430,258830 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | 0 | Teach Millbrook | Fothracha tí scoite trí bháfhuinneog, dhá stór, agus aghaidh starrach lárnach ann, c. 1825. Úsáidtear na fothithe mar fhoirgnimh fheirme. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. Seanteach cónaithe John Birmingham (1816-1884), Réalteolaí, Geolaí agus File. | AN LEAC | 140890,263960 |  |
| 16 | 30401606 | Teach Pholl an Choiléir | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus aghaidh starrach lárnach aon bháfhuinneoige ann, mar aon le boghfhuinneog ar an taobh, aghaidh rindreáilte agus uchtbhalla iarainn theilgthe, c. 1840. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. Atógadh an balla agus na piaraí geata c. 1990, agus geataí iarainn shaoirsithe orthu, c. 1880. Tréigthe ach athchóiriú á dhéanamh air. | POLL AN CHOILÉIR | 142400,261100 |  |
| 17 | 30330014 | Teach Dhún Mór | Teach scoite trí bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh, c. 1790, agus aghaidh starrach aon bháfhuinneoige agus foircinn bhoghacha ann, mar aon le clós fálaithe taobh thiar de ina bhfuil teach cóiste agus fothithe ochtagánacha. Tréigthe anois. D'fhéadfadh foirgneamh de chuid tréimhse níos luaithe a bheith ann taobh thiar de. Suite laistigh de thailte cumainn gailf. | DIMÉIN DHÚN MÓR | 150750,263100 |  |
| 19 | 0 | Reilig Mhainistir N Nioclás | Reilig fhálaithe dar dáta deireadh na tréimhse meánaoisí, agus cuid mhór leac uaighe, bosca-thuamaí agus cros ann. Balla ard coinneála teorann agus trí cheann cloiche greanta suiteáilte isteach sa bhalla. Tadhlach le bóthar. | FEARANN NA MAINISTREACH THUAIDH | 150980,263610 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **20** | **0** | **Mainistir Aigistíneach** | **Fothracha teampaill Mainistreach Agaistíní ag a bhfuil trastúr agus fráma greanta dorais, c. 1425, agus ina bhfuil fothracha teampaill de chuid Eaglais na hÉireann dar dáta tosach an 19ú haois. Suite tadhlach leis an tsráid agus le limistéar siopadóireachta taobh thiar de.** | **DÚN MÓR** | **150980,263390** |  |
| **21** | **30330003** | **St. Mary's** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil aghaidh rindreáilte, c. 1820. Aistríodh áit an dorais agus tá méadú mór dhá stór, mar aon le báfhuinneog, curtha leis, c. 1890. Athchóiríodh é sa bhliain 1957. Suite isteach ón mbóthar ina thailte féin. Tá foirgnimh fheirme ann agus iad tadhlach le taobh an bhóthair.** | **DÚN MÓR** | **150740,263540** |  |
| **22** | **30401802** | **Teampall Caitliceach N. Pádraig** | **Teampall de réir na stíle Gotaí, agus saingeal, taobhphasáistí, teanntaí, fuinneoga gléstóir agus cloigtheach binne ann; tógadh é c. 1905. Tá cóiriú polachróim ar na fuinneoga ar an aghaidh gharbhéadain de chearnóga randamacha aolchloiche. Tá déanamh stuach ann ar an taobh istigh mar aon le díon truis oscailte agus fuinneoga Harry Clarke. Tá sé suite laistigh dá thailte féin agus tá balla íseal teorann tosaigh ann.** | **GLEANN NA MADADH** | **162740,262090** |  |
| **23** | **0** | **Teach Oibre Aontas Dhlí na mBocht i nGleann na Madadh** | **Fothracha tí oibre ina bhfuil foirgneamh beag scriosta agus balla íseal teorann mar aon le leac chuimhneacháin.** | **AN DROIM** | **163800,261650** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **24** | **30402001** | **Teampall Preispitéireach na gCreag** | **Teampall aon chille de réir na stíle Gotaí, agus túr trí stór ann, c. 1860. Tógtha le cearnóga randamacha aolchloiche mar aon le cóiriú cloiche gearrtha. Fothrach atá ann. Tá cloch chinn a aistríodh ón reilig le fáil ar an taobh istigh. Tá sé suite laistigh de láithreán fálaithe ar chrosbhealach.** | **NA CREAGA** | **176000,260540** | |  |
| **25** | **30402005** | **Teach na gCreag** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh rindreáilte, cóireáil chloiche ar na fuinneoga agus stór áiléir, c. 1860. Cuireadh méadú, agus báfhuinneog, leis tráth níos déanaí. Tá foirgnimh mhodhfheirme ag an taobh agus ar an taobh thiar, lena n-áirítear scioból Albanach, tithe cairte, foirgnimh mhuilinn agus stórais etc. Tá sé suite laistigh d'fheirm mhór ar láithreán ard.** | **AN MÓINÍN RUA** | **176490,259410** | |  |
| **26** | **30331009** | **O'Toole's Supervalue** | **Seanphálás Ardeaspaig, ina bhfuil seacht mbáfhuinneog agus trí stór os cionn íoslaigh, agus aghaidh starrach agus díon gabhail éadain ann, c. 1790. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear fráma dorais peidiméide. Tá cuid mhór den phláistéireacht mhaisiúil bhunaidh síleála agus den tsiúinéireacht bhunaidh ann fós. Ba chuid de scoil Chlochar na Toirbhearta é ina dhiaidh sin. Athchóiríodh é lena úsáid mar bhialann agus mar oifigí, c. 1995. Tá na tailte ina gcuid de lárionad siopadóireachta in aice láimhe anois.** | **DIMÉIN AN ARDEASPAIG** | **143670,252110** | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **27** | **30331029** | **Halla an Bhaile** | **Foirgneamh Halla Baile, ina bhfuil ocht mbáfhuinneog agus dhá stór, agus ar a bhfuil líne chéimnithe aghaidhe, áirse carráiste agus cloigtheach cúinne ceithre stór. Tógtha le haolchloch fhásáilte chairéil mar aon le cóiriú cloiche gearrtha. Cuimsíonn an láithreán foirgneamh a bhaineann le tréimhse níos luaithe agus 'a méadaíodh agus a athchóiríodh' sa bhliain 1883. Athchóiríodh c. 1985. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 3ú ROINN)** | **143570,251950** | |  |
| **28** | **30331033** | **Banc na hÉireann** | **Foirgneamh scoite bainc ina bhfuil cúig bháfhuinneog agus trí stór, mar aon le haghaidh eisléireachta ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche; tá fuinneoga an bhunurláir suiteáilte i gcuasa ceannchruinne agus tá eochracha ar déanamh cheann dhia na n-aibhneacha le feiceáil ar oscailtí na ndoirse. Tá sé suite taobh thiar de ráillí. Tá méadú ann ar an taobh thiar de, c. 1985.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 3ú ROINN)** | **143630,251910** | |  |
| **29** | **30331025** | **Ardeaglais Mhuire, Eaglais na hÉireann** | **Ardeaglais chroschruthach de chuid Eaglais na hÉireann a dhear Sir Thomas Newenham Deane sa bhliain 1863; cuimsíonn sí áirse shaingil Rómhánúil-Ibeirneach, c. 1180, agus ardeaglais c. 1400; athfheistíodh í sa naoú haois déag de réir stíl na hAthbheochana Gotaí chun fónamh mar Halla Sionaid agus athchóiríodh an mhórláthair c. 1985. Suite laistigh de chill.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 2ú ROINN)** | **143320,251840** | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **30** | **0** | **Tuam Furniture Stores** | **Seanghrúdlann scoite deich mbáfhuinneog, trí stór a bhfuil foirceann cuarach air taobh leis an tsráid, 1820. Úsáidtear é mar shiopa troscáin anois.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 1ú ROINN)** | **143550,252130** | |  |
| **31** | **30331006** | **Garveys Mills** | **Péire seanfhoirgneamh grúdlainne aon stóir ina bhfuil trí bháfhuinneog, c. 1830; tógadh iad ar dhroichead os cionn tarae. Níl fágtha ach na haghaidheanna, c. 1985. Asraon miondíola taobh thiar de ar thaobh na láimhe clé. Tá clós ann taobh thiar de agus foirgnimh stórála, c. 1980, ann.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 1ú ROINN)** | **143560,252150** | |  |
| **32** | **30331039** | **Ardeaglais Chaitliceach Mhuire na Deastógála** | **Ardeaglais Chaitliceach Rómhánach ar déanamh croise de réir na stíle Gotaí; Dominic Madden (1827-37) a dhear í. Tógadh í le cearnóga randamacha aolchloiche, maille le teanntaí, féitheach mion fuinneoige agus stuaiceanna etc. Ar an taobh istigh, feictear piaraí comhshuite, boghtaí easnacha plástair, greanadóireacht adhmaid agus fuinneoga gloine daite.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 3ú ROINN)** | **143830,251960** | |  |
| **33** | **30331024** | **Coláiste Iarlaith** | **Coláiste Deoiseach trí bháfhuinneog déag, trí stór, dar dáta 1858, ag a bhfuil báfhuinneoga fadaithe foircinn, agus é méadaithe go U-phlean, c. 1875; cuireadh sciatháin aon bháfhuinneog déag, trí stór, leis ar an taobh thiar de; méadaíodh tuilleadh é c. 1920, c. 1960 agus c. 1980. Athchóiríodh é sa bhliain 1999 agus cuireadh isteach fuinneoga Evie Hone chun cothrom dhá chéad bliain a chomóradh.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 3ú ROINN)** | **143890,252030** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **34** | **30331052** | **Clochar na Toirbhearta** | **Clochar scoite deich mbáfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus aghaidh starrach dhá bháfhuinneog curtha leis sa bhliain 1848; cuireadh fuinneoga nua agus díon nua isteach c. 1995 chun fónamh mar Theach Banaltrais Ord na Toirbhearta. Tá sé suite ina thailte féin i lár an bhaile. Tá bealach isteach stuach aolchloiche ann ar Shráid an Easpaig.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (AN 4ú ROINN)** | **143700,251940** |  |
| **37** | **0** | **Cloch ghreanta ar Dhroichead** | **Cloch ghreanta, dar dáta 1735, chun comóradh a dhéanamh ar gheall a bhain le cumas asail an chloch seo dar meáchan 27 gcéad meáchain a tharraingt.** | **DIMÉIN AN ARDEASPAIG** | **143870,252200** |  |
| **38** | **30403006** | **Teach Chluain na gCarbad** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus fráma ceannchruinn dorais mar aon le taobhshoilse, c. 1740. Tá staighre claise oscailte ann, cófraí neamhghnácha sa halla, imchásálaithe cluasóige agus coirnisí síleála saibhraithe, etc. ann. Tá stua clóis agus clós stáblaí ar an taobh thair de. Tá sé suite i ndiméin bheag lena ngabhann oibreacha uisce, crainn mhaithe agus bealach isteach chuige.** | **CLUAIN NA gCARBAD** | **146840,253180** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 39 | 30403108 | Teampall Caitliceach Mhuire | Teampall Caitliceach Rómhánach aoncheallach, cúig bhá pléineáilte ar a bhfuil oscailtí pointeáilte, aghaidh rindreáilte agus dátchloch 1858. Rinneadh athchóiriú forleathan air sa bhliain 1962. | CAGÁLA | 157350,256900 |  |
| 40 | 30403109 | Másailéam Dennis | Másailéam saorsheasaimh sorcórach iarainn theilgthe atá bunaithe ar leacht córáideach Lysicrates san Aithin. Tógadh é don Chornal Maurice Dennis as Bermingham House, c. 1865. Tá sé suite i reilig ársa. I ndroch-riocht anois. | CLUAIN BHEIRN | 156570,256490 |  |
| 41 | 30403110 | Seanreilig Chluain Bheirn | Reilig ársa fhálaithe ina bhfuil láithreán teampaill mar aon le clocha cinn agus másailéim a bhaineann le dátaí éagsúla lena n-áirítear másailéam Egan, dar dáta 1806, agus Másailéam iarainn theilgthe Dennis. | CLUAIN BHEIRN | 156620,256450 |  |
| 42 | 30403304 | Teampall Caitliceach Mhuire | Teampall croschruthach de réir stíl na hAthbheochana Gotaí, agus aghaidh cearnóg randamach aolchloiche air mar aon le dátchloch 1857. Athchóiríodh é, cuireadh lena fhad trí dhá bháfhuinneog a chur leis agus cuireadh túr agus cloigtheach trí stór leis sa bhliain 1957. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le balcóin agus altóir dar dáta deireadh an 19ú haois. Tá sé suite taobh thiar de ráillí ísle. | CILL AR GHUALAINN | 178510,252500 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **44** | **30403309** | **Leacht Uí Cheallaigh** | **Macasamhail de chloigtheach Éireannach a tógadh i gcuimhne ar Denis Henry Kelly sa bhliain 1877. Tá leagan aistrithe den inscríbhinn le fáil ar phlaic chuimhneacháin cheannchuarach atá daingnithe de bhalla in aice láimhe. Tá sé suite laistigh de bhábhún i gcill ársa.** | **CILL AR GHUALAINN** | **179250,251450** |  |
| **45** | **30403310** | **Reilig Chill ar Ghualainn** | **Reilig fhálaithe ina bhfuil fothracha teampaill mheánaoisigh agus ina bhfuil raon leathan comharthaí éagsúla uaighe.** | **CILL AR GHUALAINN** | **179320,251420** |  |
| **46** | **30404110** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Mhuire** | **Teampall Chaitliceach Rómhánach croschruthach de réir na stíle Gotaí ag a bhfuil sanctóir starrach agus cloigtheach binne, c. 1853. Tógtha le cearnóga randamacha d'aolchloch fhásáilte chairéil mar aon le cóiriú cloiche gearrtha agus Richard Pierce a dhear é. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le stuaraí croslainne, áiléar agus gloine dhaite le Mayer. Tá sé suite ar láithreán beag atá tadhlach le bóthar.** | **ÁTH CINN** | **126360,247170** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 47 | 30404107 | Teampall Caitliceach Mhuire/Paróiste Chill Fhursa | Teampall Caitliceach Rómhánach T-phlean de réir na stíle Gotaí, agus saingeal fadaithe, aghaidh rindreáilte agus oscailtí pointeáilte ann, c. 1845. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh mar aon le háiléar agus leacht balla dar dáta 1848. Féachann sé i dtreo an oirthir agus tá póirse an bhealaigh isteach le fáil sa chroslann. Tá sé suite laistigh de láithreán beag ina bhfuil bosca-thuama dar dáta 1858. | AN CLOICHREÁN | 122660,246120 |  |
| 48 | 30404207 | Caisleán an Haicéadaigh | Teach scoite naoi mbáfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil stuabhealach ag an mbealach isteach agus é idir báfhuinneoga starracha chun rochtain a thabhairt ar chúirt fhálaithe. Tá péire báfhuinneog lánairde ann ar éadan an gharraí. Atógadh é sa tréimhse 1928-29 tar éis dóiteáin agus úsáideadh fabraic seanfhoirgnimh feirme trí stór de chuid an 18ú haois. Tá clós feirme agus fothithe ann ar an taobh thiar de 2 lóiste agus geata bealaigh isteach, c. 1790 – athchóiriú mór déanta ar an gceann thiar, c. 1999. Suite laistigh de dhiméin agus crainn mhaithe ann. | CAISLEÁN AN HAICÉADAIGH | 135760,249940 |  |
| 49 | 30404205 | Teampall Chathair Loistreáin | Plean croschruthach de réir stíl na hAthbheochana Gotaí. Deireadh an 19ú haois. Teampall Caitliceach Rómhánach ar a bhfuil aghaidh cearnóg randamach aolchloiche, teanntaí cúinne agus oscailtí pointeáilte etc. Cuireadh póirse bealaigh isteach agus sacraistí ar gcúl leis c. 1980 ach úsáideadh saoirseacht chloiche a bhaineann le tréimhse níos luaithe. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh mar aon le gloine dhaite etc. Tá cloigtheach saorsheasaimh iarainn theilgthe ann. | AN CAITHRÍN ARD | 132410,250200 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 50 | 30404211 | Teach Lios Donncha | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh rindreáilte agus bogha lárnach lánairde ina bhfuil fráma doras cloiche ceannchruinn de chineál gréasa fhada is ghearr. Tá balla ceathramháin agus pailliún Pallaidiach aon stóir ann ar thaobh amháin de. Cuireadh méadú dhá bháfhuinneog leis. Tá pláistéireacht mhaisiúil chomhaimseartha síleála ann ar an taobh istigh, mar aon le siúinéireacht agus maisiúchán balla grisaille. Athchóiríodh é c. 1990. Tá fothithe ann sa chlós ar gcúl agus athchóiríodh iad go páirteach c. 1995. Athchóiríodh an lóiste c. 1990. Suite laistigh de dhiméin bheag. | LIOS DONNCHA | 129970,249580 | |  |
| 51 | 30404216 | Teampall Eoin Baiste, Eaglais na hÉireann | Fothracha teampaill aon chille, ceithre bháfhuinneog, de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí, agus túr ard creinilithe ann ina bhfuil fráma dorais meánaoiseach. Clocha cinn. Suite laistigh de chill fhálaithe a bhfuil fráma dorais meánaoiseach ann mar chuid dá balla. | PÁIRC NA bhFIANNA (BT BHAILE CHLÁIR) | 127460,247620 | |  |
| 52 | 30331045 | Stáisiún Iarnróid Thuama | Sean stáisiún iarnróid scoite ina bhfuil naoi mbáfhuinneog agus aon stór amháin agus ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche mar aon le aghaidh starrach lárnach peidiméide leapa oscailte, c. 1860. Ardáin, túr uisce, droichead coisithe, foscadáin agus bothanna earraí. Athchóiriú á dhéanamh ar fhoirgneamh an stáisiúin chun fónamh mar óstán agus mar shaoráidí bialainne. | FEARANN NA mBIOCÁIRÍ CÓRACHA | 143430,251600 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **53** | **30404302** | **Teampall an Chroí Rónaofa, Paróiste Bhéal Chláir** | **Teampall Caitliceach aon chille cúig bháfhuinneog ina bhfuil saingeal, agus cloigtheach i gceangal leis mar aon le póirsí starracha agus cailleacha, dar dáta 1923. Tá bailchríoch gharbhtheilgthe ar an aghaidh agus í rindreáilte le cóiriú aolchloiche chuig na hoscailtí. Ó luathailtireacht Chríostaí na hÉireann a fuarthas inspioráid don dearadh. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le háirse íseal saingil agus gloine dhaite. Cuireadh póirse glónraithe leis c. 1985. Suite ar láithreán ar thaobh cnoic.** | **CEATHRÚ AN TEAMPAILL (BT BHAILE CHLÁIR)** | **137880,249440** |  |
| **54** | **30404301** | **Teach Bhaile Thomáis** | **Teach scoite binne trí bháfhuinneog dhá stór agus báfhuinneog starrach lárnach chúigthaobhach aige dhá stór, c. 1880. Sciathán ceithre bháfhuinneog, dhá stór a bhaineann le tréimhse níos luaithe ar chúl an tí agus iarsmaí fríosa síleála, c. 1780, ann. Athraíodh an foirgneamh ag tráthanna éagsúla. Clós ina bhfuil fothithe dhá stór agus páirc mhúrtha in aice láimhe. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **BAILE THOMÁIS** | **137430,250080** |  |
| **55** | **30331051** | **Reilig Thuama** | **Teach geata scoite trí bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil póirse binne, áiléar dormánta agus aghaidh chloiche, c. 1885. Plean L-chruthach. Suite laistigh den bhealach isteach chuig reilig Thuama.** | **FEARANN AN BHOSCAIGH** | **143950,251290** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 56 | 30404402 | Lárionad Oiliúna an Tóchair Mhóir | Teach scoite L-phlean trí bháfhuinneog, dhá stór, c. 1860, agus póirse starrach ann. Á úsáid mar lárionad cúraim lae, agus sciathán dhá stór ar an taobh ar leibhéal níos ísle. Tá méaduithe eile ann ar chúl an tí agus tiontaíodh fothithe ina gceardlanna oiliúna. Faightear rochtain air ó Lime Avenue. | AN TÓCHAR MÓR | 146200,249470 |  |
| 57 | 30404411 | Teach Mhaighin | Mainteach scoite seacht mbáfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, 1820. Tá tulmhaisiú ollmhór oird Dhóraigh ar an aghaidh eisléireachta aolchloiche mar aon le piléir bhalla agus sraith fuinneog agus cuasán taobh leis. Tá péire báfhuinneog lánáirse ann ar an taobhchló spréite. Tá pláistéireacht shaibhir mhaisiúil ann ar an taobh istigh mar aon le roinnt siúinéireachta bunaidh agus frámaí simléir. Tá raon mór fothithe boghtacha trí stór ann agus séipéal i gceann acu. Geata bealaigh isteach, c. 1860, laistigh de dhiméin. Úsáideadh mar choláiste é roimhe seo ach is teach cónaithe príobháideach é anois. Athchóiríodh go forleathan é c. 1995 agus tá loch á thógáil faoi láthair. | MAIGHIN | 152260,245360 |  |
| 58 | 30404503 | Teach Mhaigh Locha | Teach binne scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh starrach lárnach thanaidh agus fráma dorais cloiche gearrtha, c. 1810. Tá an taobh amuigh rindreáilte. Tá roinnt siúinéireachta comhaimseartha ann fós ar an taobh istigh. Garraí múrtha. Suite laistigh de shráidbhaile, taobh thiar de bhalla ard teorann. | MAIGH LOCHA MHÓR | 162300,248820 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 61 | 30404506 | The Rectory | Cléirtheach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil díon gabhail éadain mar aon le haghaidh rindreáilte, fráma dorais cloiche agus fuinneoga Wyatt, c1805. Fothithe dhá stór. Geata bealaigh isteach agus lóiste. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | MAIGH LOCHA MHÓR | 161770,248820 |  |
| 62 | 30404620 | Teampall Caitliceach Mhuire | Teampall cúig bháfhuinneog ar déanamh croise de réir stíl na hAthbheochana Gotaí, c. 1860, agus túr trí stór i gceangal leis. Tógtha le cearnóga randamacha aolchloiche mar aon le cóiriú cloiche gearrtha, lena n-áirítear féitheach. Tá díon truis oscailte, balcóin agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Tá sé suite isteach ón mbóthar agus tá reilig mhór ann ina bhfuil líon mór cloch cinn. | DIMÉIN AN CHREAGÁIN | 167260,246410 |  |
| 64 | 30404619 | Farrell Bros | Seanfhoirgneamh muilinn ag a bhfuil péire beann tosaigh mar aon le haghaidh eisléireachta, c. 1860. Cuireadh díon úr páirteach air c. 1950; cuireadh isteach fuinneoga úra c. 1995, agus fónann sé mar stórais anois i gceangal le stóras aon stór agus asraon miondíola, agus tá stórais eile ann taobh thiar de. | DIMÉIN AN CHREAGÁIN | 166630,246780 |  |
| 65 | 30404613 | Diméin an Chreagáin | Teach lóiste scoite eisléireachta aon stóir, c. 1800. Tá bealach isteach chuig diméin ann os a chomhair ar an taobh eile den bhóthar, c. 1800; tá balla clasach eisléireachta agus piaraí geata bandáilte ann. | DIMÉIN AN CHREAGÁIN | 166210,246970 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 67 | 30404603 | Teampall Caitliceach Rómhánach N. Pádraig | Teampall pléineáilte sé bháfhuinneog aonchealla ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus cóiriú aolchloiche chuig oscailtí ceannchruinne agus cúinní, c. 1900. Tá díon truis oscailte, balcóin agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh agus cuireadh taobhphasáiste nó séipéal na marbh leis c. 1985. Cloigtheach saorsheasaimh agus clog dar dáta 1900. Suite ar láithreán beag atá tadhlach leis an mbóthar. | AN GARRÁN NUA (BT CHILL LIATHÁIN) | 171460,251070 |  |
| 68 | 30404606 | Muileann Arbhair Chill Liatháin | Foirgneamh beag muilinn trí stór ina bhfuil iarsmaí rotha uisce agus míreanna d'innealra taoibh istigh, c. 1860. Tréigthe agus á úsáid mar fhoirgnimh feirme anois. Suite isteach ón mbóthar. Tá teach ceithre bháfhuinneog, aon stóir úinéir an mhuilinn ann in aice láimhe, c. 1900; athchóiríodh é c. 1980 agus tá sé folamh anois. | CILL LIATHÁIN | 172490,250030 |  |
| 69 | 30404701 | Droichead Bhéal an Átha Móir | Droichead bóthair naoi n-áirse, c. 1830, agus v-earrainní ann mar aon le sciath-uchtbhalla ard creinilithe ar an taobh thoir agus túiríní i gceangal leis. | COILL NA hEISCREACH | 175950,248750 |  |
| 70 | 30404707 | Castle ffrench | Teach scoite cúig bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh, mar aon le huchtbhalla dín, aghaidh starrach lárnach trí bháfhuinneog agus aghaidh aolchloiche eisléireachta, c. 1780. Tá an taobh istigh boghtach go páirteach agus tá siúinéireacht chomhaimseartha ann fós, mar aon le cuid mhór pláistéireachta maisiúla agus frámaí simléir. Tá teallach ón 16ú haois ann sa bhalla seachtrach cúil. Tá raon fothithe dhá stór ann sa chlós duirleogach ar gcúl. Tá fothracha tí de chuid tréimhse níos luaithe ann sna tailte. Suite laistigh de dhiméin laghdaithe. | AN CLOCHAR | 176280,245650 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **71** | **30404708** | **Teach Geata Castle Ffrench** | **Bealach isteach chuig diméin arb é atá ann ná ballaí ceathramháin eisléireachta, piaraí geata cloiche, iarsmaí geataí iarainn shaoirsithe agus lóiste dhá bháfhuinneog, aon stóir de réir na stíle Gotaí c. 1800. Suite in aice le bóthar.** | **AN CLOCHAR** | **175420,244920** |  |
| **72** | **30405611** | **Teampall Chor an Dola** | **Teampall T-phlean de réir na stíle Gotaí agus saingeal éadomhain ann mar aon le túr trí stór i gceangal leis an aghaidh, dar dáta 1831. Tá cóiriú cloiche gearrtha ann ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear colbha dorais agus Y-fhéitheach. Tá síleáil phlástráilte, balcóin agus boscaí faoistine dar dáta deireadh an 19ú haois, agus altóir mharmair ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh é agus cuireadh méadú aon stóir leis, ar a chúl, c. 1990. Suite isteach ón mbóthar agus tá reilig bheag phríobháideach agus fochla ann taobh thiar de.** | **AN CHEATHRÚ BHEAG THEAS (TR LIOS CEANANNÁIN)** | **133790,239120** |  |
| **73** | **30405612** | **Teach Banaltrais Chor an Dola** | **Seanmhainistir Phroinsiasach naoi mbáfhuinneog, dhá stór, scoite, a bhfuil starrtha báfhuinneoige ann ar a bhinn, agus ina bhfuil séipéal freisin, agus an foirgneamh tógtha timpeall clóis lárnaigh, c. 1870. Teach banaltrais atá ann anois. Tá foirgneamh trí bháfhuinneog déag, dhá stór ann sna tailte taobh leis, mar aon le tithe cónaithe aon stóir L-phlean eile chun tosaigh ar an bpríomhfhoirgneamh.** | **AN CHEATHRÚ BHEAG THEAS (TR LIOS CEANANNÁIN)** | **133850,239050** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **74** | **0** | **Teachín ceann tuí** | **Teachín scoite ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór amháin, c. 1860. Athchóiríodh é agus méadaíodh é ar a chúl c. 1960. Suite ar thaobh an bhóthair.** | **CAISLEÁN NA CRAOBHAÍ** | **133540,239290** | |  |
| **75** | **30405634** | **Teachín ceann tuí** | **Teachín binne ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór amháin, c. 1860. Tá maisiúchán bruth-rindreáilte ar an aghaidh, c.1940.** | **CAISLEÁN NA CRAOBHAÍ** | **133390,239300** | |  |
| **76** | **30405614** | **Muileann Bhun an Tobair** | **Grúpa seanfhoirgneamh muilinn ina gcuimsítear teach trí bháfhuinneog, dhá stór atá tréigthe anois, c. 1830, agus foirgnimh mhuilinn athchóirithe, c. 1985, mar chóiríocht oifige, mar aon le taraenna a sholáthraíonn uisce d'fhiontair feirmeoireachta éisc.** | **BUN AN TOBAIR** | **132710,242150** | |  |
| **77** | **30405622** | **Muilte na Coille Rua** | **Muileann arbhair scoite cúig bháfhuinneog, ceithre stór ag a bhfuil sciathán cúil, c. 1800. Tógtha le haolchloch eisléireachta agus dhá fhráma dorais de chineál gréasa fhada is ghearr. D'fhéadfadh sé gur muileann lín é ar dtús, agus athrú déanta air in dhá chéim, c. 1840 agus 1870. Tá an t-innealra ar fad ann fós agus é i riocht oibre, lena n-áirítear dhá roth uisce. Tá na taraenna slán ach iad tirim. Cuireadh innill isteach. Suite tadhlach le teach muilleora agus fothithe eile.** | **AN GHRÁINSEACH (TR EANNACH DHÚIN)** | **131510,241010** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 78 | 30405621 | Lóiste Inse, Muilte na Coille Rua | Seanteach scoite binne muilleora ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór agus ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus oscailt cheannchruinn dorais maille le taobhshoilse agus doras bunaidh, c. 1835. Tá ceárta agus teach cóiste dar dáta 1834 ann ar a chúl. Suite tadhlach le muileann. | INIS | 131470,241040 |  |
| 79 | 30405703 | Teampall N. Colmán, Paróiste Chomair | Teampall Caitliceach Rómhánach T-phlean, de réir na stíle Gotaí, agus dhá bháfhuinneog ann, mar aon le túr i gceangal leis; cuireadh tús lena thógáil c. 1829 agus críochnaíodh é c. 1842-4. Athchóiríodh é sa bhliain 1966, agus méadaíodh agus athchóiríodh tuilleadh é c. 1990. Tá cóiriú cloiche agus plaiceanna cuimhneacháin ann ar an aghaidh rindreáilte. | BÉAL ÁTHA BEANNCHAIR | 142773,243453 |  |
| 80 | 30405704 | Teach Geata, Páirc Bhéal Átha Glúinín | Teach geata scoite dhá bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil áiléar L-phlean ag a bhfuil aon bháfhuinneog amháin, c. 1850. Tógadh le cearnóga randamacha aolchloiche é agus tá fuinneoga cáisminte iarainn theilgthe ann. Tá sé suite trasna an bhóthair ó gheataí iarainn theilgthe ag an mbealach isteach chuig Lárionad Comhdhála Bhéal Átha Glúinín, Teach Pháirc Bhéal Átha Glúinín roimhe seo. | BÉAL ÁTHA GLÚINÍN | 142770,243450 |  |
| 83 | 30405815 | Teampall Caitliceach N. Bearnard | Teampall T-phlean dhá bháfhuinneog de réir na stíle Gotaí agus saingeal éadomhain ann, c. 1870. Tá bruthchóireáil ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá dian truis oscailte, balcóin agus roinnt gloine daite ar an taobh istigh. Tá carrchlós agus cloigtheach dar dáta 1929 ann freisin. | PÁIRC AN tSÉIPÉIL | 151610,243400 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **84** | **30405817** | **Teach an Bhaile Nua** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór lena ngabhann dhá sciathán dhá bháfhuinneog, aon stóir, c. 1810. Póirse bealaigh isteach ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha curtha leis, c. 1835. Tá siúinéireacht de chuid aimsirí éagsúla ann ar an taobh istigh, maille le roinnt pláistéireachta mhaisiúla síleála etc. Tá clós mór fálaithe ann taobh thiar de agus raon fothithe aon stóir agus dhá stór ann ar a chúl. Athchóiríodh go forleathan é de réir an chleachtais is fearr caomhantais sa bhliain 1999. Tá sé suite laistigh de dhiméin bheag ina bhfuil droichead trí áirse, crainn mhaithe, balla teorann agus geataí simplí bealaigh isteach.** | **AN BAILE NUA (BT THIGH DACHOINNE)** | **153140,243660** |  |
| **85** | **30405839** | **Diméin Chnoc an tSeagail** | **Láithreán seanmhaintí agus raon fothithe dhá stór ann ar a chúl a bhaineann le dátaí éagsúla ó c. 1820 go 1860. Iarsmaí balla teorann eastáit. Geata bealaigh isteach agus ballaí ceathramháin ar gach taobh de, mar aon le piaraí geata eisléireachta agus geataí iarainn theilgthe. Lóiste peidiméide scoite trí bháfhuinneog, aon stóir ar a bhfuil aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche gearrtha, c. 1840. Athchóiríodh agus méadaíodh é c. 1990.** | **DROIM AN tSEAGAIL** | **153870,239440** |  |
| **86** | **30405821** | **Lárionad Comhdhála Bhéal Átha Glúinín** | **Teach trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga lárnacha starracha dhá stóir mar aon le fráma dorais veinéiseach agus fuinneog dhíóicléiteach os a chionn, c. 1770. Tá an foirgneamh rindreáilte agus tá díon gabhail éadain aige. Fothithe. Suite laistigh dá thailte féin.** | **BÉAL ÁTHA GLÚINÍN** | **146160,241970** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 87 | 30405902 | Teampall Caitliceach Rómhánach na Sceachánaí | Teampall scoite trí bháfhuinneog, aonchealla ina bhfuil taobhphasáiste agus sacraistí dhá stór; tógadh c. 1861. Tá cóiriú cloiche ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear plaiceanna araltacha. Tá síleáil adhmad-bhrataithe, balcóin agus cuasán altóra ann ar an taobh istigh. Suite ar láithreán beag ar thaobh an bhóthair gan aon reilig ann. | AN SCEACHÁNACH (BT THIGH DACHOINNE) | 157760,240810 |  |
| 88 | 30406004 | Teampall Caitliceach N. Solan | Teampall sé bháfhuinneog, aonchealla de réir na stíle Gotaí, c. 1840, agus túr trí stór i gceangal leis. Atógadh agus méadaíodh é trí thaobhphasáistí a chur leis sa tréimhse 1938-9 agus athchóiríodh é sa bhliain 1989. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá an taobh istigh stuach, tá balcóin ann agus tá gloine dhaite etc. ann. Tá sé suite laistigh de láithreán teampaill i bhfad níos sine ina bhfuil cuid mhór cloch cinn. | AN CHEALTRACH | 171120,243010 |  |
| 89 | 30406005 | Teampall Eaglais na hÉireann i nGallach | Teampall trí bháfhuinneog, aonchealla de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí agus túr dhá stór i gceangal leis; tógadh sa bhliain 1812 é. Tá cóiriú cloiche ar an aghaidh rindreáilte. Tá sé suite laistigh de chill níos sine ina bhfuil cuid mhór cloch cinn. Athchóiriú forleathan á dhéanamh air faoi láthair. | GALLACH | 168530,242100 |  |
| 90 | 30406012 | Teach Chluain Broc | Teach scoite seacht mbáfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh, agus aghaidh starrach peidiméide trí bháfhuinneog agus póirseáid dhórach ann; tógadh sa tréimhse 1780-88 é. Tá pailliúin aon stóir/dhá stór ar a thaobhanna, c. 1855. Tá raon forleathan fothithe dhá stór ann agus iad suite i gclóis taobh leis an teach. Scriosadh na príomhfhoirgneamh c. 1975 mar thoradh ar dhóiteán. Tá an sciathán seirbhíse á úsáid go páirteach mar áit chónaithe anois. Tá sé suite laistigh d'eastát roinnte de chuid Choimisiún na Talún. | DIMÉIN CHLUAIN BROC | 174560,239430 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **91** | **30406118** | **Droichead Áth Eascrach** | **Droichead bóthair sé áirse thar Abhainn Áth Eascrach agus áirsí teascánacha, V-earrainní, uchtbhallaí agus dátchloch, dar dáta 1783, ann. Tógtha as garbh-aolchloch chúrsáilte.** | **CLUAIN BIGÍN** | **177510,238390** |  |
| **92** | **30406120** | **Muilte Áth Eascrach** | **Láthair mhuilinn ina gcuimsítear foirgnimh mhuilinn dhá/trí/ceithre stór agus ina bhfuil droichead áirse aonair, tarae agus teach úinéir an mhuilinn in aice láimhe, c. 1820. Ní úsáidtear mar mhuileann a thuilleadh é agus tá na tailte á n-úsáid mar stóras miondíola. Méadaíodh é i gcéimeanna éagsúla, c. 1950 agus 1980. Suite laistigh den sráidbhaile.** | **ÁTH EASCRACH THIAR** | **177690,238580** |  |
| **93** | **30406115** | **Teampall Caitliceach N. Cuan** | **Teampall cúig bháfhuinneog de réir na stíle Gotaí ina bhfuil taobhphasáistí agus saothar de chuid na 1830-idí agus na 1890-idí le feiceáil ann. Athchóiríodh é agus cuireadh túr trí stór leis sa tréimhse 1932-3. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le stuaraí pasáiste, balcóin, plaiceanna cuimhneacháin agus gloine dhaite a bhfuil J. Clarke & son sínithe uirthi. Chomh maith leis sin, tá umar uisce choisricthe dar dáta an 17ú haois ann sa phóirse. Tá sé suite ar láithreán beag atá tadhlach le bóthar.** | **ÁTH EASCRACH THIAR** | **177920,238490** |  |
| **94** | **30406111** | **Teampall N. Caitríona, Eaglais na hÉireann** | **Teampall aonchealla de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí agus túr creinilithe, c. 1815, aige. Mhéadaigh Rawson Carroll é trí chroslanna, beistrí saingil agus póirsí a chur leis, c. 1865. Bhí dóiteán ann c. 1920 agus d'atóg William Orpen é. Tá sé suite laistigh de chill fhálaithe ag a bhfuil péire geataí bealaigh isteach agus ina bhfuil crainn.** | **ÁTH EASCRACH THIAR** | **178240,238780** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **95** | **30406113** | **Lóiste an Chaisleáin Ghearr** | **Seanteach geata scoite sa stíl Chlasaiceach agus trí bháfhuinneog agus aon stór aige, mar aon le haghaidh aolchloiche eisléireachta, aghaidh starrach pheidiméide agus oscailt lárnach trípháirteach; Sir Richard Morrison a dhear é, c. 1810. Méadaíodh go forleathan é sa bhliain 1999. Ar dtús, bhí sé suite os coinne geata an bhealaigh isteach chuig diméin.** | **AN CAISLEÁN GEARR THIAR** | **178890,238950** |  |
| **96** | **30406116** | **Teach an Chaisleáin Ghearr** | **Mainteach a dhear Sir Richard Morrison, c. 1801, agus ag a bhfuil dhá phríomhaghaidh - aghaidh Theas le cúig bháfhuinneog, dhá stór mar aon le bogha lárnach; aghaidh Thuaidh le seacht mbáfhuinneog, trí stór, mar aon le híoslach. Tá bruthrindreáil, mar aon le cóiriú cloiche gearrtha, ar na haghaidheanna. Tá siúinéireacht, pláistéireacht mhaisiúil agus frámaí simléir ardcháilíochta ann ar an taobh istigh. Póirse mór de chuid bhlianta na 1890-idí agus taobh-mhéaduithe. Tá bloc stáblaí ann taobh leis. Bogadh láithreán gheata an bhealaigh isteach c. 1990. Tá na nithe sin ar fad suite laistigh de dhiméin mhór.** | **AN CAISLEÁN GEARR THOIR** | **179780,239310** |  |
| **97** | **30406107** | **Teach an Bhaile Thiar** | **Raon fothithe dhá éadan ag a bhfuil naoi mbáfhuinneog agus dhá stór, agus ina gcuimsítear tithe cóiste agus stáblaí a tógadh c. 1815. Tógtha as spallaí cúrsáilte agus cóiriú cloiche ann. Tá péire aghaidheanna starracha peidiméide ann lena ngabhann bealaí móra áirseacha. Scartáladh teach gaolmhar agus tógadh teach trí bháfhuinneog, aon stóir ar an láithreán c. 1950. Háhá coinneála. Tá laghdú déanta ar thailte na diméine ach tá roinnt crann maith ann fós. Sciath agus geata bealaigh isteach bunaidh.** | **AN BAILE THIAR** | **178710,239560** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **98** | **30406117** | **Túirín an Chaisleáin Ghearr** | **Túirín ar déanamh pinn luaidhe, mar aon le dátchloch "Built in 1776". Tógtha le spallaí cúrsáilte rindreáilte ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha. Suite ar láithreán ard.** | **AN CAISLEÁN GEARR THOIR** | **181000,238900** |  |
| **99** | **30406106** | **Garrán Uí Dhálaigh** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, trí stór ar a bhfuil díon gabhail éadain agus aghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, c. 1780, mar aon le méadú cloch-fhásáilte creinilithe ar a chúl, c. 1840. Tá raon fothithe ann taobh leis. Foirgneamh tréigthe atá ann. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **GARRÁN UÍ DHÁLAIGH** | **182760,240110** |  |
| **100** | **30406911** | **Caisleán na Creige** | **Teach caisealach a bhaineann le trí thréimhse éagsúla, mar atá, túrtheach trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ag a bhfuil múnláil húda agus bíomaí darach, c. 1648, sciathán trí bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh, maille le háiléar dormánta ar thaobh na láimhe deise, c. 1780, agus sciathán dhá bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ar thaobh na láimhe clé, c. 1850. Tá siúinéireacht de chuid an 18ú haois agus pláistéireacht mhaisiúil síleála de chuid an 19ú haois etc. ann ar an taobh istigh. Tá fothithe fairsinge de chuid thús an 18ú haois ann ar chúl an tí. Tá sé suite laistigh de dhiméin bheag agus tá iarsmaí balla teorann eastáit agus geata bealaigh isteach ann.** | **AN CHREIG (BT BHAILE CHLÁIR)** | **135730,237540** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **101** | **30406909** | **Muilte na Creige** | **Muileann cúig bháfhuinneog, ceithre stór ag a bhfuil fráma dorais de chineál gréasa fhada is ghearr, c. 1820; athchóiríodh é agus tiontaíodh é chun fónamh mar áit chónaithe c. 1990. Tá teach úinéir an mhuilinn ina bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór ann in aice leis agus é athchóirithe ar an dóigh céanna. Láithreán seantarae atá ann. Droichead dhá áirse.** | **DROIM GRIFÍN** | **135330,237830** |  |
| **102** | **30406906** | **Teampall N. Breandán** | **Teampall Caitliceach Rómhánach binn-éadanach de réir na stíle Gotaí agus tá aghaidh gharbhéadain de chearnóga randamacha aolchloiche ann mar aon le cloigtheach binne, croslann shingil agus sacraistí ar leibhéal níos ísle.  Tá plaic chuimhneacháin ann ar an taobh amuigh. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh. Cuireadh díon úr air tar éis dóiteáin, c. 1940, agus athchóiríodh é c. 1985.** | **BAILE NA COILLE** | **129090,237500** |  |
| **103** | **30406904** | **Teach Eanach Dhúin** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus díon gabhail éadain aige, mar aon le haghaidh rindreáilte agus bogha starrach ar a chúl; tógadh sa bhliain 1868 é. Fothithe.  Tá sé suite laistigh dá thailte féin agus tá crainn timpeall air.** | **EANACH DHÚIN** | **129210,237690** |  |
| **104** | **0** | **Beag de Neamh** | **Teachín scoite binne ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, c. 1850; cuireadh fuinneoga úra ann é c. 1885; athchóiríodh é c. 1995. Suite ar láithreán beag.** | **LISÍN AN ÓRÁIN** | **130970,236650** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 105 | 0 | Teach cónaithe ceann tuí | Teachín scoite ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le díon gabhail éadain, leibhéal áiléir agus aghaidh aoldathaithe. Fuinneoga ionaid. Suite ar ghabháltas beag. | LISÍN AN ÓRÁIN | 131040,236850 |  |
| 106 | 30406912 | Teach cónaithe ceann tuí | Teachín scoite ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le beanna agus leibhéal ailéir, dar dáta 1850. Suite laistigh de ghabháltas beag. | LISÍN AN ÓRÁIN | 130880,236700 |  |
| 107 | 0 | Teampall Leacaigh | Teampall Caitliceach Rómhánach, c. 1850, ina bhfuil 2 phasáiste; athchóiríodh go forleathan é agus cuireadh meánlann níos mó leis c. 1980; tá séipéal na marbh ann ar a chúl agus tá túr cloigthí tadhlach leis, c. 1980. Tá sé suite laistigh de charrchlós mór. | LEACACH BEAG | 140790,235820 |  |
| 108 | 30407011 | Droichead Bhaile Chláir | Droichead naoi n-áirse, c. 1820. Tá seachbhóthar ann ina ionad anois, tá a ghné bhunaidh ar an taobh thoir ann fós agus tá éadan úr á chur ar an taobh thiar de faoi láthair. | BAILE CHLÁIR | 137290,233240 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 109 | 30407013 | Teach cónaithe ceann tuí | Teachín ceann tuí trí bháfhuinneog, aon stóir a bhfuil stoc simléir aige ar a bhinn, c. 1850, agus tá teach dhá bháfhuinneog, dhá stór, c. 1940, tadhlach leis. Éadanas bóthair. | CATHAIR GHABHANN | 137140,232820 | |  |
| 110 | 0 | Caisleán Bhaile Chláir | Caisleán cearnógach de chuid an 15ú haois a chosnaíonn bealach trasna na habhann. Tá deisiúcháin á ndéanamh air. | BAILE CHLÁIR | 137320,233290 | |  |
| 111 | 0 | An Phríomhshráid, leagan amach | Príomhshráid Mhuine Mheá atá leagtha amach mar fhaichí triomaithe lín, c. 1780. Téann an bóthar feadh lár na sráide anois agus rochtain uaidh ar thithe ar na bóithre inmheánacha. | GLEANN NA gCLOCHÁN THUAIDH | 153230,236220 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **112** | **30407107** | **Teampall Eaglais na hÉireann i Muine Mheá** | **Fothracha teampaill de chineál Bhord na gCéadtorthaí a tógadh sa bhliain 1761 agus ag a bhfuil túr spuaiceach trí stór a damáistíodh nuair a bhuail tintreach é.  Suite laistigh de chill fhálaithe.** | **GLEANN NA gCLOCHÁN THEAS** | **153360,236190** |  |
| **113** | **0** | **McGivern Monivea Ltd** | **Seanfhoirgneamh scoite muilinn ag a bhfuil seacht mbáfhuinneog agus dhá stór agus ag a bhfuil aghaidh starrach lárnach éadomhain, c. 1830. Tá asraon miondíola ann anois agus tá stórais agus teach cónaithe ann ar a chúl. Athchóiríodh é c. 1990. Suite gar do cheann na Príomhshráide.** | **GLEANN NA gCLOCHÁN THUAIDH** | **152980,236180** |  |
| **114** | **30407110** | **Másailéam French** | **Másailéam de chineál creinilithe agus uaimh ann san íoslach, tá batar boinn ann agus tá sé tógtha as cearnóga randamacha eibhir. Francis Persse a dhear é sa tréimhse 1897-1901, agus tá tuamaí Robert ffrench agus a iníon, Kathleen, ann. Suite laistigh d'fhoraois.** | **DIMÉIN MHUINE MHEÁ** | **154280,236000** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 115 | 30407109 | Caisleán Mhuine Mheá | Túrtheach, c. 1600, agus láthair seanfhoirgneamh eastáit, lena n-áirítear teach trí bháfhuinneog, dhá stór, agus fothithe aon stóir/dhá stór, c. 1820; rinneadh athchóiriú c. 1875. | DIMÉIN MHUINE MHEÁ | 154940,236460 |  |
| 117 | 30407305 | Teampall Caitliceach Fhothannaí | Teampall aon chille ceithre bháfhuinneog lena ngabhann dátchloch 1840. Atógadh í agus cuireadh saingeal cúigthaobhach leis c. 1932. Tá cóiriú cloiche gearrtha ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear dátchloch agus cloigtheach binne. Tá umar greanta uisce choisricthe, dar dáta 1782, ann ar an taobh istigh, mar aon le díon truis oscailte, boscaí faoistine, balcóin agus 3 fhuinneog ghloine daite de chuid bhlianta na 1930-idí. Tá sé suite ar láithreán beag atá tadhlach le bóthar. | BAILE UÍ DHÚGÁIN (BT CHILL CHONAILL) | 174400,237320 |  |
| 118 | 30407309 | Teampall Caitliceach N. Peadar agus N. Pól | Teampall mór croschruthach de réir na stíle Gotaí, agus túr agus spuaic ghearr i gcúinne aisfhillteach, c. 1875. Tógtha as cearnóga randamacha aolchloiche ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha, lena n-áirítear féitheach agus sconnaí geargála etc. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le cóiriú cloiche ar áirsí na croslainne, gloine dhaite etc. Rinneadh athchóiriú c. 1985. Suite ar láithreán beag atá tadhlach leis an mbóthar. | ALÚIN UACHTARACH | 167580,236760 |  |
| 119 | 30407301 | Teach Dhoire Liath | Fothracha tí mhóir scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil íoslach, báfhuinneog tosaigh lárnach heicseagánach agus báfhuinneog chearnógach lárnach cúil, c. 1780. Tógtha as spallaí cúrsáilte ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha. Rinneadh scartáil pháirteach c. 1935. Tá teachín eastáit ann ar a chúl. Tá sé suite laistigh d'eastát roinnte de chuid Choimisiún na Talún. | DOIRE LIATH | 165850,238160 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **120** | **30407316** | **Baois-Áirse Mhóta** | **Geata bealaigh isteach baoise de réir na stíle Gotaí agus uchtbhalla creinilithe air os cionn áirse pointeáilte lárnaí mar aon le taobháirsí ísle, c. 1790. Suite in aice le bóthar.** | **AN CHEATHRÚ MHÓR (TR CHILL LEÁIN)** | **168370,233180** |  |
| **121** | **0** | **Stáisiún Mhóta** | **Péire tithe leathscoite dhá stór, L-phlean d'fhir chomharthaíochta, agus aghaidheanna de chearnóga randamacha aolchloiche ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha orthu, c. 1860. Tá siad tadhlach le bosca comharthaíochta in aice láimhe, c. 1900. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990. Suite ag crosaire comhréidh.** | **AN CHEATHRÚ MHÓR (TR CHILL LEÁIN)** | **168520,232580** |  |
| **122** | **30407320** | **Stáisiún Mhóta** | **Stáisiún iarnróid leathscoite trí bháfhuinneog, aon stóir, de réir na stíle Túdaraigh, agus teach trí bháfhuinneog, dhá stór, a tógadh sa bhliain 1851, tadhlach leis.** | **AN CHEATHRÚ MHÓR (TR CHILL LEÁIN)** | **168660,232630** |  |
| **123** | **30407318** | **Stóras Stáisiún Mhóta** | **Teach stórais iarnróid ollmhór, de réir na stíle meánaoisí, ar a bhfuil aghaidh chloiche, beanna agus oscailtí móra áirseacha agus a tógadh sa bhliain 1851. Tá crann tógála beag ann ar an taobh istigh. Tógadh é tadhlach le taobh an bhóthair agus leis an rian iarnróid.** | **AN CHEATHRÚ MHÓR (TR CHILL LEÁIN)** | **168520,232610** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **124** | **30407317** | **Leacht Trench** | **Másailéam de chineál túir agus é suite laistigh de bhábhún mór ciorclach a bhfuil balla ard creinilithe timpeall air agus tá geata bealaigh isteach áirseach ann. Tógtha as spallaí cúrsáilte aolchloiche agus tá cóiriú cloiche gearrtha ann. Suite ar láithreán ard a fhéachann amach ar dhiméin an teaghlaigh.** | **MUINE MHÍN** | **168800,233250** |  |
| **125** | **0** | **Caisleán Chluain Mhic Cáinín** | **Túrtheach cearnógach ceithre stór, c. 1450. Cuireadh sciathán trí bháfhuinneog, dhá stór leis c. 1835. Athchóiríodh an túr agus an sciathán c. 1963. Tá beár agus bialann ann anois. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **CLUAIN MHIC CÁINÍN** | **134180,230710** |  |
| **127** | **30408403** | **Caisleán Eilean** | **Geata an bhealaigh isteach chuig Chaisleán Eilean ina gcuimsítear ballaí cuaracha cloiche agus colúin cloiche gearrtha ceathrúcheangailte ar gach taobh de agus ag a bhfuil teirminéil ghreanta ar déanamh leoin. Piaraí geata, geata agus ráillí iarainn theilgthe, c. 1840.** | **CAISLEÁN EILEAN** | **148780,231750** |  |
| **128** | **30408402** | **Lóiste Chaisleán Eilean** | **Lóiste scoite trí bháfhuinneog, aon stóir ar a bhfuil díon pailliúin, stoc simléir lárnach agus aghaidh aolchloiche eisléireachta, c. 1840. Suite ar thaobh an bhóthair os coinne gheata an bhealaigh isteach. Tá méadú ann ar a thaobh. Tá eochair dar dáta 1875 a bhaineann leis clós stáblaí scartáilte Chaisleán Eilean ar taispeáint ann.** | **AN POLLACH (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ)** | **148760,231740** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **129** | **30408405** | **Mainistir na Gráige** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil díon gabhail éadain, ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, agus fráma dorais cruinn mar aon le taobhshoilse, c. 1790. Tá roinnt gnéithe bunaidh ann fós ar an taobh istigh, lena n-áirítear pláistéireacht mhaisiúil, siúinéireacht inmheánach agus frámaí simléir. Tá fabraic a bhaineann le tréimhse níos luaithe ann san fhoirgneamh. Athchóiríodh é c. 1875 agus c. 1950. Tá fothracha fothithe ann agus iad foirgthe le fásra. Seasann sé laistigh de dhiméin bheag thréigthe agus tá iarsmaí balla teorann eastáit ann mar aon le geata bealaigh isteach trípháirteach ar a bhfuil piaraí geata aolchloiche agus obair iarainn shaoirsithe.** | **AN GHRÁIG THEAS** | **153430,230250** |  |
| **130** | **30408407** | **Lárionad Talmhaíochta Theagaisc** | **Grúpa foirgneamh a dhear William Scott, c. 1910, agus a bhfuil tionchar an Art Nouveau le feiceáil orthu; oifigí riaracháin trí bháfhuinneog, dhá stór, dar dáta 1870; foirgneamh aon bháfhuinneog is fiche, aon stóir, ag a bhfuil codanna dhá stór; láthair clóis feirme; agus oifigí ceithre bháfhuinneog. Rinneadh méadú c. 1970. Rinneadh athchóiriú i gcéimeanna éagsúla.** | **BAILE AN GHARRÁIN THIAR** | **148140,226750** |  |
| **131** | **30332038** | **Teach Bhaile Átha an Rí** | **Fothracha tí scoite binne cúig bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil fráma dorais ceannchruinn lena ngabhann taobhshoilse, c. 1780. Tá rindreáil ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe ann ar an aghaidh. Cuireadh méaduithe aon bháfhuinneoige, dhá stór leis ar an dá fhoirceann, c. 1820. Tá halla ubhchruthach ann ar an taobh istigh. Tá geata bealaigh isteach ann ina gcuimsítear ballaí ceathramháin, piaraí eisléireachta ar a bhfuil barrghréasa liathróide, agus geataí iarainn. Suite laistigh dá thailte féin i lár an bhaile.** | **BAILE ÁTHA AN RÍ** | **150210,227520** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 132 | 0 | Ballaí agus Geata an Bhaile | Iarsmaí ballaí an bhaile agus geata an bhaile. | AN BÁN MÓR (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ) | 150460,227490 | |  |
| 133 | 30408401 | Caisleán Eilean | Teach mór scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ardaithe, 1840. Tá uchtbhalla blocáilte, póirse mór iónach agus fuinneoga frámáilte, lena ngabhann taibhléadain, ar an aghaidh rindreáilte. Tá clós fálaithe ann ar a chúl. Tá sé suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil fothracha meánaoiseacha. | CAISLEÁN EILEAN | 149250,232160 | |  |
| 134 | 30332015 | Stáisiún Iarnróid Bhaile Átha an Rí | Teach scoite coimeádaí crosaire comhréidh iarnróid ina bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór amháin, c. 1860, agus é tógtha de réir plean croschruthaigh i stíl atá rud beag cosúil leis an stíl Túdarach, agus tá báfhuinneoga ann laistigh de chúinní aisfhillteacha. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1985. | AN COILÉAR BÁN | 150040,228040 | |  |
| 135 | 30332013 | Stáisiún Iarnróid Bhaile Átha an Rí | Seanbhoth scoite earraí ina bhfuil deich mbáfhuinneog agus aon stór amháin, c. 1860; tréigthe anois. | AN COILÉAR BÁN | 150030,228060 | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **136** | **30332016** | **Stáisiún Iarnróid Bhaile Átha an Rí** | **Teach scoite máistir stáisiúin atá déanta as clocha agus ina bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór agus é tógtha de réir L-phlean, c. 1870; cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1985.** | **AN COILÉAR BÁN** | **150110,228090** | |  |
| **137** | **30332009** | **Stáisiún Iarnróid Bhaile Átha an Rí** | **Stáisiún iarnróid scoite cúig bháfhuinneog, aon stóir, c. 1860, lena ngabhann sciath-bhalla. Rinneadh athchóiriú air c. 1995. Tá foscadán ardáin, túr uisce agus dáileoir uisce agus droichead coisithe, c. 1860, agus bothán adhmaid nuachtán, c. 1920, ann ar an ardán fós.** | **AN COILÉAR BÁN** | **150110,228140** | |  |
| **138** | **30332009** | **Forbairt Tuaithe na Gaillimhe** | **Seanstáisiún iarnróid scoite cúig bháfhuinneog, aon stóir, c. 1860, lena ngabhann pailliúin ar na taobhanna. Oifigí forbartha tuaithe atá ann anois.** | **AN COILÉAR BÁN** | **150150,228180** | |  |
| **139** | **30332008** | **Railway Hotel** | **Seanóstán scoite ceithre bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach, starr éadain bheannaigh agus vearanda, c. 1880. Tógadh é as cearnóga randamacha aolchloiche agus tá scoil ann anois agus é méadaithe ar a chúl, c. 1975. Suite ar láithreán cúinne.** | **AN COILÉAR BÁN** | **150120,228230** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **140** | **30332017** | **Lárionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí** | **Teampall aonchealla Eaglais na hÉireann ag a bhfuil túr agus spuaic; tógadh sa bhliain 1828 é agus ba chuid d'fhothracha teampaill croschruthach de chuid na meánaoise déanaí. Athchóiríodh é sa bhliain 1999 i gcomhair lárionaid oidhreachta atá ann ar an taobh istigh athdheartha. Suite i gcill fhálaithe. Tá saoirseacht chloiche mheánaoiseach ann sa bhealach isteach.** | **BAILE ÁTHA AN RÍ** | **150390,227810** |  |
| **141** | **30408410** | **Mainistir Slánaitheorach N. Pádraig, an Eiscir** | **Mainistir seacht mbáfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh starrach pheidiméide mar aon le sciathán mór ar a chúl; tógadh é sa bhliain 1903. Tá rindreáil a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe uirthi ar an aghaidh, agus tá mionsonraí bruthrindreála ann. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. Suite laistigh de thailte ar cuid de láthair mhanachúil níos mó iad.** | **AN EISCIR (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ)** | **154570,225960** |  |
| **142** | **0** | **Mainistir Ord an tSlánaitheora** | **Seanfhoirgneamh cliarscoile cúig bháfhuinneog déag, trí stór ina gcuimsítear leibhéal áiléir dhormánta agus péire frámaí cloiche ceanchruinne dorais; críochnaíodh é c. 1949. Ionad cúrsaí spioradálta atá ann anois.** | **AN EISCIR (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ)** | **154520,225960** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **143** | **30408411** | **Teampall N. Peadar agus N. Pól** | **Teampall ceithre bháfhuinneog, aonchealla a tógadh de réir na stíle Gotaí agus ina bhfuil saingeal, mar aon le túr creinilithe i gceangal leis, oscailtí pointeáilte agus plaic chloiche os cionn an bhealaigh isteach, dar dáta 1844. Tá cóiriú cloiche ar an aghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Rinneadh athchóiriú agus athdhíonú air c. 1903. Tá umar breá saorseasaimh aolchloiche uisce choisricthe ann ar an taobh istigh, mar aon le maisiúchán stionsail péinteáilte, altóirí marmair agus balcóin. Suite laistigh de thailte ar cuid de láthair mhanachúil níos mó iad.** | **AN EISCIR (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ)** | **154570,225920** |  |
| **144** | **30332035** | **Prospect House** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil bogha lárnach leath-heicseagánach, fráma ceannchruinn cloiche dorais agus aisfhilleadh ar a chúl, c. 1800. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1950 agus rinneadh méadú ar a chúl, c. 1995. Tá raon fothithe ann taobh thiar de agus cuid acu ina bhfothracha agus cuid acu in úsáid mar thréidlialann. Suite laistigh dá thailte féin. Balla teorann spallaí cúrsáilte agus péire geataí eisléireachta.** | **GEATA AN LÁITHRIGH (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ)** | **149840,227570** |  |
| **145** | **30408504** | **Stáisiún Iarnróid Áth Tíomáin** | **Stáisiún iarnróid beag scoite ina bhfuil cúig bháfhuinneog agus aon stór agus ag a bhfuil vearanda oscailte. Tógtha as brící agus cóiriú brící ardaithe ann, c. 1890. Both earraí agus túr uisce. Ní úsáidtear a thuilleadh é agus tá sé i riocht tréigthe.** | **ÁTH TÍOMÁIN MÓR THEAS** | **159650,230250** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **146** | **30408503** | **Droichead Áth Tíomáin** | **Droichead garbhchloiche cúrsáilte iarnróid ina bhfuil áirse amháin, c. 1860.** | **ÁTH TÍOMÁIN MÓR THEAS** | **159480,230270** |  |
| **147** | **30408505** | **Droichead Cheapach na Sruthán** | **Droichead garbhchloiche cúrsáilte iarnróid ina bhfuil áirse amháin, c. 1860.** | **CEAPACH NA SRUTHÁN** | **161110,230490** |  |
| **148** | **0** | **Teampall Caitliceach Mhuire** | **Teampall scoite aonair trí bháfhuinneog, c. 1850. Tá bailchríoch gharbhtheilgthe ar an aghaidh. Tá síleáil agus balcóin adhmad-bhrataithe ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de láithreán beag agus é tadhlach leis an mbóthar. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990.** | **CLUAIN CATHA (BT CHILL CHONAILL)** | **162850,230430** |  |
| **149** | **0** | **Droichead Chluain Catha** | **Droichead bóthair dronnach spallaí ag a bhfuil áirse amháin, c. 1825.** | **CLUAIN CATHA (BT CHILL CHONAILL)** | **163460,230250** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 150 | 30408510 | Teampall Caitliceach N. Íomar | Teampall scoite T-phlean trí bháfhuinneog ag a bhfuil cuasán altóra éadomhain, oscailtí pointeáilte agus cloigtheach binne, c. 1820. Tá athchóiriú forleathan déanta air agus cuireadh sacraistí leis ar an taobh, c. 1990. Suite laistigh de chill ársa ina bhfuil fothracha teampaill mheánaoisigh, seanleaca uaighe, másailéam agus blúiríní greanta ailtireachta le feiceáil sna ballaí. | CILL ÍOMAIR | 160330,228530 | |  |
| 151 | 30408511 | Caisleán Chill Íomair | Teach binne scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach ardaithe, céimeanna ag an mbealach isteach agus oscailt phléineáilte dorais, c. 1725. Tá túrtheach ann. Tá roinnt siúinéireachta agus pláistéireachta maisiúla síleála de chuid an 18ú haois ann ar an taobh istigh. Tá an teach i riocht tréigthe. Fothithe dhá stór. Suite laistigh dá thailte féin ar láithreán ard. | CILL ÍOMAIR | 160360,228460 | |  |
| 152 | 30408516 | Muileann Ráth na Fulrachta | Seanmhuileann uisce ceithre bháfhuinneog, dhá stór, c. 1800, agus é á úsáid anois mar fhoirgneamh feirme a bhfuil innealra suiteáilte ann. Teach muileora ceithre bháfhuinneog, dhá stór tadhlach leis, c. 1850. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990. | RÁTH NA FULRACHTA | 161030,226190 | |  |
| 153 | 30408515 | Droichead Ráth na Fulrachta | Droichead bóthair sé áirse ag a bhfuil V-earrainní agus uchtbhallaí, c. 1770, Tógtha as spallaí aolchloiche. Atógadh na háirsí lárnacha. Deisíodh le coincréit. Téann sé thar Abhainn Ráth na Fulrachta. | RÁTH NA FULRACHTA | 160850,226100 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **154** | **30408514** | **Teach Ráth na Fulrachta** | **Teach mór scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil díon íseal gabhail éadain, íoslach agus aghaidh starrach éadomhain, c. 1770. Tá fráma peidiméide dórach dorais, a bhfuil fuinneog mhór dhíóicléiteach agus fuinneog bheag chiorclach os a chionn, ar an aghaidh aolchloiche eisléireachta. Tá siúinéireacht chomhaimseartha, frámaí simléir comhaimseartha agus méid mór pláistéireachta maisiúla comhaimseartha ann fós ar an taobh istigh. Tá clós mór stáblaí a bhaineann le tréimhse níos déanaí ann taobh thiar de. Suite i dtalamh mhaith páirce ina bhfuil garraí léibheannaithe etc. Geata bealaigh isteach de chuid bhlianta na 1840-idí. Iarsmaí balla teorann eastáit.** | **RÁTH NA FULRACHTA** | **160480,226020** |  |
| **155** | **0** | **Teach Cheathrú na Coille** | **Láithreán Theach Cheathrú na Coille a scartáladh c. 1995. Láthair fheirme atá ar an láithreán anois. Tá Háhá ann sna tailte agus é timpeall ar limistéar garraí; tá sé i ndrochriocht cé go bhfuil sé ar fad ann.** | **CEATHRÚ NA COILLE THEAS** | **156730,227180** |  |
| **156** | **30408607** | **Teampall Eaglais na hÉireann i gCill Leáin** | **Teampall scoite trí bháfhuinneog, aonchealla ina bhfuil saingeal, teanntaí agus túr maille le spuaic, c. 1875. Tógtha as cearnóga randamacha aolchloiche mar aon le cóiriú cloiche gearrtha. Tá gloine dhaite le Heaton, Butler agus Bayne ann ar an taobh istigh. Suite isteach ón mbóthar laistigh de reilig bheag ina bhfuil leacht cloiche gearrtha, c. 1880.** | **CILL LEÁIN** | **168840,231210** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **157** | **30408610** | **Cros Chill Chonaill** | **Cros ghreanta ar thaobh an bhóthair, dar dáta 1682, agus inscríbhinn níos déanaí uirthi, dar dáta 1844, chun comóradh a dhéanamh ar chur in airde na cloiche ar bhonn ochtagánach ag an Oir. W. Manning. Tá sé suite ag crosbhealach.** | **CORR AN AONAIGH** | **173220,231280** |  |
| **158** | **0** | **Teampall an Chroí Rónaofa** | **Teampall T-phlean sa stíl Ghotach a tógadh c. 1860. Tá oscailtí pointeáilte agus roinnt cóirithe cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá cuasán altóra, balcóin agus struchtúr neamhghnách dín ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú agus cuireadh póirsí leis c. 1980. Suite laistigh de chill ina bhfuil cuid mhór leac uaighe de chuid an 19ú haois.** | **OILEACH (BT CHILL CHONAILL)** | **173560,231380** |  |
| **159** | **30408609** | **Teach an Reachtaire i gCill Leáin** | **Sean-chléirtheach scoite, de réir na stíle Túdaraí-Eilísí, ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus dhá stór, c. 1860, mar aon le bá binne fadaithe, leath-dhormánaigh bhinne, báfhuinneog agus póirse. Tá cóiriú cloiche gearrtha ann ar an aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche, lena n-áirítear múnláil húda etc. Tá clós stáblaí fálaithe ann taobh thiar de. Tréigthe. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **CILL LEÁIN** | **169010,230550** |  |
| **160** | **30408608** | **Teach Mhóta** | **Lóiste geata scoite trí bháfhuinneog, aon stóir sa stíl Chlasaiceach agus aghaidh starrach peidiméide aige, c. 1850. Suite isteach ó scáil bhealaigh isteach arb é atá ann ná ballaí eisléireachta ceathramháin, piaraí agus geataí iarainn theilgthe agus a thugann rochtain ar Theach Mhóta. Suite tadhlach leis an mbóthar.** | **MÓTA** | **168880,230820** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 161 | 30408603 | Teach Mhóta | Mainteach mór sa stíl Iodálach ina gcuimsítear teach seacht mbáfhuinneog, trí stór ag a bhfuil íoslach agus báfhuinneoga foircinn fhadaithe. Tá sciatháin trí bháfhuinneog, dhá stór agus pailliúin pheidiméide ann ar an dá thaobh den fhoirgneamh. Tá bailchríoch mhion ann ar an taobh istigh. Tá athrú mór déanta ar an teach mar a bhí sé san 18ú haois, rinneadh méadú air agus cuireadh maisiúchán breise leis, c. 1860. Tá bloc mór stáblaí ann taobh thiar de, mar aon le clóis agus teach stíobhaird. Tá teach oighir, droichead trí áirse etc. ann sa talamh fhairsing pháirce. James Kempster a dhear na hathruithe. | MÓTA | 167740,231230 |  |
| 162 | 30408612 | Teach Geata Theach Mhóta [Caisleán Grucock] | Bealach isteach áirseach sa stíl mheánaoiseach, mar aon le lóiste geata túrthí bhréagaí, c. 1830. Tógtha as spallaí garbha cúrsáilte ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha. Suite tadhlach le taobh an bhóthair. Tréigthe anois. | MÓTA | 168790,229610 |  |
| 163 | 0 | Teampall N. Cillín | Teampall scoite Caitliceach Rómhánach aonchealla, c. 1875. Tá dátchloch a bhaineann le teampall níos luaithe, dar dáta 1803, le feiceáil sa bhalla seachtrach. Cuireadh croslanna agus túr leis c. 1970. Taobh amuigh rindreáilte agus cóiriú cloiche gearrtha ann. Tá síleáil de chineál trasnánach agus balcóin ann ar an taobh istigh. Tá leacht cuimhneacháin marmair, i gcuimhne ar an sagart paróiste atá freagrach as tógáil an teampaill, le feiceáil tadhlach leis an mbóthar. | AN CNOC BREAC (BT CHILL CHONAILL) | 167310,227710 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **164** | **0** | **Teach Bhaile an Doire** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus báfhuinneog lárnach leath-heicseagánach ann, c. 1750. Teach foircinn binne atá ann agus aghaidh ar a bhfuil bailchríoch garbhtheilgthe aige, mar aon le céimeanna ag an mbealach isteach agus fráma dorais garbhchloiche peidiméide. Tá na fuinneoga tosaigh suite in ionaid atá beagáinín neamhshiméadrach. Tá siúinéireacht chomhaimseartha ann fós ar an taobh istigh. Tá clós fálaithe ann ar a chúl. Suite laistigh de dhiméin bheag agus crainn mhaithe ann. Fothracha lóiste bealaigh isteach atá faoi úinéireacht ar leithligh anois.** | **BAILE AN DOIRE (BT CHILL CHONAILL)** | **173450,230260** |  |
| **165** | **0** | **Fothracha Baoise** | **Túr baoise sa stíl mheánaoiseach agus teach beag dhá stór i gceangal leis. Suite laistigh de bhábhún múrtha, c. 1830. D'fhéadfadh struchtúr níos luaithe a bheith san áireamh ann.** | **MÓTA** | **167420,232030** |  |
| **166** | **30408717** | **Geata an Bhealaigh Isteach agus an Lóiste ag Coláiste N. Iósaef** | **Teach lóiste scoite dhá bháfhuinneog, dhá stór, c. 1850, agus geataí bealaigh isteach chuig Coláiste N. Iósaf tadhlach leis.** | **AN GARBHAILE** | **183930,230060** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 167 | 30408721 | Teampall Caitliceach N. Caitríona | Teampall aonchealla Caitliceach Rómhánach sa stíl Ghotach, dar dáta 1860, agus ceithre bháfhuinneog aige, mar aon le saingeal aon bháfhuinneoige agus túr íseal dhá stór i gceangal leis. Tá cóiriú cloiche gearrtha agus dátchloch ar an aghaidh atá déanta as spallaí cúrsáilte aolchloiche. Tá díon truis oscailte, gailearaí agus gloine dhaite dar dáta 1906 ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú air c. 1980. Tá reilig ar na tailte leis. | CÚIL NA MÉARAGÁIN | 178860,228190 |  |
| 168 | 30408722 | Teampall na Tríonóide Naofa, Eaglais na hÉireann | Teampall Eaglais na hÉireann de chineál Bhord na gCéadtorthaí dar dáta 1817 agus é déanta de réir phlean chroschruthaigh. Tá cóiriú cloiche gearrtha ar an aghaidh atá déanta as spallaí cúrsáilte aolchloiche, mar aon le barrghréasa buaice agus ciumhaise agus túr trí stór i gceangal leis agus spuaic easnach air. Cuireadh díon nua air c. 1990 agus athphointeáladh é c. 1998. Tá síleáil phlástráilte, leachtanna cuimhneacháin balla agus gloine dhaite etc. ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil líon mór cloch cinn, tábla-thuamaí agus bosca-thuamaí a bhfuil cuid acu níos sine ná an teampall. Piaraí geata eisléireachta agus péire geataí iarainn shaoirsithe. | FÓIT NÓ LEATHBHAILE AN IARLA | 179050,228220 |  |
| 169 | 30408723 | Teach Gléibe | Teach Gléibe scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1825, agus báfhuinneog curtha leis ar thaobh na láimhe deise, c. 1900. Tá díon gabhail éadain air, mar aon le haghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe agus tulmhaisiú aolchloiche peidiméide ar an bpóirse.  Fothithe. Rinneadh athchóiriú c. 1995. Tá siúinéireacht chomhaimseartha etc. ann ar an taobh istigh. Tá teach scoile ann sna tailte. Piaraí geata eisléireachta. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | FÓIT NÓ LEATHBHAILE AN IARLA | 179100,228170 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **170** | **30333006** | **Railway Hotel** | **Óstán iarnróid scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga fadaithe binne a bhfuil stuabhealach ann eatarthu mar aon le fuinneog dhormánta a bhfuil armas Chlann Charthaigh greamaithe di. Tógtha as aolchloch eisléireachta agus cóiriú bríce ar na hoscailtí. Tá sé suite ar láithreán beag atá tadhlach leis an mbóthar agus leis an stáisiún.** | **CLIATHACH MHÓR** | **184130,231790** |  |
| **171** | **30333001** | **Stáisiún Iarnróid Bhéal Átha na Sluaighe** | **Grúpa foirgneamh iarnróid sa stíl Thúdarach; George Wilkinson a dhear iad sa bhliain 1851. Stáisiún seacht mbáfhuinneog, aon stóir os cionn íoslaigh ag a bhfuil stoic mhaisiúla simléir, idir foirgnimh ceithre bháfhuinneog/dhá bháfhuinneog. Both earraí ag deireadh an ardáin, mar aon le droichead iarainn theilgthe do choisithe, foscadán cloiche gearrtha agus bosca comharthaíochta atá déanta as brící dearga.** | **PÁIRC NA bhFIANNA (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **184080,231800** |  |
| **172** | **30333054** | **An tSeanscoil Náisiúnta, Brackenagh** | **Seanscoil náisiúnta sa stíl mheánaoiseach dhéanach ag a bhfuil sé bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le báfhuinneoga fadaithe foircinn, díon gabhail éadain, aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche agus fuinneoga cáisminte laitíse iarainn. Péire doirse bealaigh isteach. Suite isteach ón mbóthar taobh thiar de ráillí.** | **AN GARBHAILE** | **184740,230930** |  |
| **173** | **30408706** | **Lóiste an Gharbhaile** | **Seanlóiste dé-éadanach trí bháfhuinneog, dhá stór, c. 1850. Tá binn lárnach agus piléir bhalla stiallacha ag an aghaidh aolchloiche eisléireachta, mar aon le póirsí oscailte ar gach taobh de. Rinneadh athchóiriú c. 1960. Rinneadh méadú ar a chúl trí struchtúr trí bháfhuinneog, aon stóir a chur le seanfhoirgneamh áiléir, c. 1995. Suite ar láithreán beag cúinne. Rinneadh geata an bhealaigh isteach a thabhairt chun bealaigh.** | **AN GARBHAILE** | **183280,231550** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **174** | **30408710** | **Coláiste N. Iósaef, Páirc an Gharbhaile** | **Teach scoite cearnógach aon bháfhuinneog déag, dhá stór a dhear Thomas Gandy, c. 1819. Tá cóiriú cloiche gearrtha ar an aghaidh bhruthrindreáilte, lena n-áirítear geata cóistí Dórach, taibhléadan blocáilte agus colbhaí fuinneoige peidiméide. Líonadh isteach an clós lárnach lena úsáid mar ghailearaí pictiúr, c. 1850, agus tá séipéal an choláiste ann anois. Tá mionphláistéireacht síleála agus siúinéireacht chomhaimseartha etc. ann ar an taobh istigh a bhfuil sár-bhailchríoch air. Tá halla ceolchoirme scoite ocht mbáfhuinneog, trí stór ann taobh leis, c. 1941, agus tá stáblaí ann ar a chúl. Garraithe léibheannaithe. Iarsmaí grianáin. Leacht cuimhneacháin ar déanamh snáthaide. Suite laistigh de thalamh pháirce ina bhfuil roinnt crann maith.** | **AN GARBHAILE** | **183760,230650** |  |
| **176** | **30333065** | **Tithe Geata Pháirc an Gharbhaile** | **Péire seantithe lóiste scoite ag a bhfuil aon bháfhuinneog amháin agus aon stór amháin, c. 1820, agus iad os comhair a chéile ar thaobh seanaibhinne (ar bóthar poiblí é anois). Tá athchóiriú forleathan déanta ar an dá cheann acu: c. 1960 agus c. 1990 ar an gceann ar chlé agus c. 1990 ar an gceann ar dheis.** | **AN GARBHAILE** | **184760,230990** |  |
| **177** | **30333058** | **Beairic an Gharda Síochána** | **Beairic shraithe, dé-éadanach Gharda Síochána ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus trí stór, mar aon le haghaidh aolchloiche gearrtha - bandáilte ar an mbunurlár, agus áirse suite sa lár agus frámaí dorais cinn theascánaigh ar gach taobh de chomh maith le fuinneoga in áirsí caocha, c. 1840. Cuireadh urlár breise isteach, c. 1950. Fothithe forleathana dhá stór ar a cúl. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **185150,230910** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 178 | 30333059 | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh aolchloiche eisléireachta, fráma dorais ceannchruinn ar a bhfuil feanléas bunaidh, mar aon le háirse charráiste a thugann rochtain ar chúl an tí, c. 1840. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185160,230920 |  |
| 179 | 0 | The Dove | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fráma dorais peidiméide eisléireachta, agus colm daite sa tiompán agus é ag iompar craobh olóige. Maisiúchán plástair agus éadan tí tábhairne curtha leis c. 1940; rinneadh athchóiriú c. 1955. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185180,230950 |  |
| 180 | 30333061 | Teach an tSagairt | Seanchlochar scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh starrach lárnach pheidiméide, aghaidh rindreáilte agus péire oscailtí fuinneoige c. 1870. Suite taobh thiar de ráillí. Cléirtheach atá ann anois. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1980. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185210,230940 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 181 | 0 | J. J. Kelso Garage | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fráma dorais agus taobhléasanna glónraithe, c. 1830. Sráid-dreach. Cuireadh siopa isteach c. 1970, agus bealach isteach chuig garáiste ar thaobh na láimhe deise. Rinneadh athchóiriú c. 1990. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185230,230970 |  |
| 182 | 0 | Dolans | Teach sraithe cúig bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fuinneog Veinéiseach agus fuinneog áirseach trípháirteach, c. 1770. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1980, agus cuireadh éadan siopa i stíl thraidisiúnta leis c. 1990. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185250,231010 |  |
| 183 | 0 | The Deli Store | Foirgneamh sraithe seacht mbáfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh neamhshiméadrach rindreáilte, c. 1775. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185240,230980 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **184** | **30333062** | **Teampall Caitliceach N. Micheál** | **Teampall Caitliceach Rómhánach sa stíl Ghotach agus seacht mbáfhuinneog agus aon stór ann; J. J. McCarthy a dhear é tar éis coimisiúnú a fháil sa bhliain 1846 agus tógadh é sa tréimhse 1852-8 agus túr ceithre stór agus spuaic ann mar aon le túiríní agus taobh istigh sármhaisithe, lena n-áirítear fuinneoga agus péintéireacht le Harry Clarke agus múrmhaisithe le Joshua Clarke, c. 1920.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **185380,230940** |  |
| **185** | **30333048** | **AIB (Bainc-Aontas Éireann)** | **Foirgneamh bainc sraithe cúig bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh brící dearga agus cóiriú eisléireachta, 1920. Éadanas sráide ar láithreán cúinne spréite.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **185280,231100** |  |
| **186** | **0** | **Flanagan's Pharmacy** | **Teach sraithe cúig bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus fuinneoga de chineál Veinéiseach agus áirseach, c. 1760. Roinneadh ina dhá áitreabh ina dhiaidh sin é agus trí bháfhuinneog i gceann acu agus dhá bháfhuinneog sa cheann eile. Cuireadh díon nua air c. 1950 agus cuireadh isteach dhá éadan siopa adhmaid isteach sa stíl thraidisiúnta c. 1990 agus cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **185310,231120** |  |
| **187** | **0** | **The Unity Bar [Bould Biddy/Quidsworth]** | **Teach cinn sraithe ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus trí stór mar aon le fuinneoga de chineál Veinéiseach agus Áirseach ar an mbáfhuinneog lárnach, c. 1770. Cuireadh díon nua air c. 1950 agus rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990 tráth a cuireadh isteach éadain siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta. Soláthraíonn sé rochtain ar ionad siopadóireachta ar a chúl.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **185320,231120** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 188 | 0 | Funworld | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil áirse charráiste agus feanléas luaidhe i bhfráma dorais ceannchruinn cloiche gearrtha. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990. Tá árasáin ann anois os cionn stuara siamsaíochta. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185390,231170 |  |
| 189 | 0 | Supermacs | Teach sraithe dhá éadan ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus trí stór, mar aon le haghaidh rindreáilte agus fuinneoga de chineál Veinéiseach agus áirseach. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1990. Tá árasáin ann anois os cionn bialann mhearsheirbhíse. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185390,231160 |  |
| 190 | 0 | Caroline's Hair Salon | Teach cinn sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil íoslach agus aghaidh rindreáilte, c. 1770. Rinneadh athchóiriú forleathan air agus méadaíodh é ar a chúl, c. 1985, chun fónamh mar shalón gruagaireachta agus árasáin os cionn an tSráid-Dreacha. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185440,231200 |  |
| 191 | 0 | Teach | Teach sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1790, agus fráma dorais ceannchruinn aige mar aon le feanléas de chineál gréasáin damháin alla agus imchásáil mhaisiúil adhmaid. Rinneadh athchóiriú air c. 1950 agus cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990. Sráid-dreach. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185440,231190 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 192 | 30333027 | Not Just Combat / Crumbs and Cream [Crof roimhe seo] | Tithe scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhleacha gabhail éadain agus bractha, aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche gearrtha. Cuireadh siopa aon stóir le díon réidh leis an aghaidh c. 1985. Éadanas sráide. | AN BAC | 185460,231210 | |  |
| 193 | 0 | Hutchinson Davidson & Son, Solic. | Teach scoite ceithre bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh chloiche gearrtha, c. 1790. Méadú déanta ar an mbáfhuinneog bhinne. Cuireadh fuinneoga nua isteach. Méadú dhá bháfhuinneog, dhá stór taobh leis, c. 1985. Fothracha tí cóiste. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | AN BAC | 185490,231210 | |  |
| 194 | 30333029 | Droichead Bhéal Átha na Sluaighe | Droichead ceithre áirse a théann thar leaba thirim ghaibhlithe abhann agus ar cuid de droichead Sir Henry Sidney, c. 1575. Atógadh go páirteach é c. 1745 agus ina dhiaidh sin. Líneáladh é le spallaí cloch abhann agus athchóiríodh é c. 1985. Tá siúlán abhann tírdhreachaithe agus limistéar suite ann sa ghabhal, c. 1985. | AN BAC | 185520,231160 | |  |
| 195 | 30333025 | Teach | Teach binne scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh eisléireachta agus fráma dorais ceannchruinn cloiche gearrtha, c. 1820. Suite taobh thiar de ráillí. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185440,231220 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 196 | 30333024 | Banc na hÉireann | Foirgneamh bainc scoite ag a bhfuil sé bháfhuinneog agus ceithre stór, mar aon le haghaidh chloiche gearrtha, póirseáid agus oscailtí fíorarda fuinneoige, c. 1850. Suite taobh thiar de ráillí iarainn theilgthe. Halla baincéireachta aon stóir ar a chúl, c. 1890. Rinneadh athchóiriú c. 1990. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185430,231210 |  |
| 197 | 0 | Séipéal na Naomhshacraiminte/Cecil Walshe | Teach cinn sraithe [ceann amháin as trí cinn] ag a bhfuil dhá bháfhuinneog agus ceithre stór, mar aon le haghaidh rindreáilte agus doras comhaimseartha painéalta sa bhalla foircinn, c. 1827. Éadan siopa traidisiúnta agus é bractha le hadhmad, c. 1900. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185320,231150 |  |
| 198 | 0 | A Touch of Class | Teach cinn sraithe [ceann amháin as trí cinn] ag a bhfuil dhá bháfhuinneog agus trí stór, agus ar a bhfuil aghaidh spallaí cúrsáilte nocht agus fráma dorais ceannchruinn cloiche lena ngabhann doras painéalta bunaidh, c. 1827. Éadan siopa traidisiúnta adhmaid maille le bracanna, c. 1900. Rinneadh athchóiriú sa bhliain 1990. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185310,231150 |  |
| 199 | 0 | Gullane's | Teach sraithe [ceann amháin as trí cinn] dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fráma dorais cloiche rindreáilte agus plaic ghreanta dar dáta 1827 sa stoc simléir. Rinneadh athchóiriú c. 1990 agus tá éadan traidisiúnta adhmaid tí tábhairne ann. Rinneadh méadú mór ar a chúl. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185300,231150 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 200 | 30333047 | Duanes Pharmacy & Opticians | Teach sraithe dhá bhá, trí stór ag a bhfuil díon géar claonta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais cloiche gearrtha, mar aon le taibhléadan [agus an pheidiméid bainte as] agus taobhléasanna, c. 1770. Rinneadh athchóiriú c. 1940 agus tá éadan traidisiúnta adhmaid siopa ann, c. 1995. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185270,231110 |  |
| 201 | 30333050 | Teampall N Eoin, Eaglais na hÉireann | Seanlóiste geata teampaill sa stíl Ghotach agus trí bháfhuinneog agus aon stór aige, mar aon le haghaidh chloiche gearrtha, oscailt phointeáilte dorais agus múnláil húda. Éadanas sráide. Méadú dhá bháfhuinneog, aon stóir ar thaobh na láimhe deise, c. 1900. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185150,231080 |  |
| 202 | 30333044 | Teampall Preispitéireach | Teampall Preispitéireach aonchille sa stíl Ghotach, dar dáta 1845, ag a bhfuil trí bháfhuinneog, aghaidh aolchloiche eisléireachta, teanntaí cúinne, féitheach adhmaid agus túr dhá stór atá cuasaithe isteach in aghaidh bhinne. Tá gloine dhaite le E. Rhind ann ar an taobh istigh. Suite taobh thiar de ráillí. Tá halla teampaill ann ar a chúl, dar dáta 1914. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185130,231130 |  |
| 203 | 30333043 | Amharclann Halla an Bhaile | Seanhalla baile scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór agus lena ngabhann méadú naoi mbáfhuinneog, c. 1850. Tógtha as aolchloch eisléireachta ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha ina n-áirítear taibhléadain agus frámaí dorais. Tá amharclann ann anois agus tá méadú ann taobh leis ina bhfuil lárionad faisnéise. Sráid-dreach. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185070,231150 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 204 | 30333049 | Teampall N Eoin, Eaglais na hÉireann | Teampall mór croschruthach sa stíl Ghotach ag a bhfuil túr thiar creinilithe a dhear Joseph Welland, c. 1840. Tógtha as aolchloch eisléireachta.  Tá díon truis oscailte agus gloine dhaite etc, ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de láithreán fálaithe ar ard a fhéachann amach ar fhaiche an tsráidbhaile; suite ar mhóta Normannach, b'fhéidir. Tá piaraí eisléireachta agus geataí iarainn ann ag geata an bhealaigh isteach. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185120,231080 | |  |
| 205 | 30333020 | The Garden  and Gift Shop | Foirgneamh sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus oscailt fuinneoige dé-airde ceann-teascánach, c. 1830. Cuireadh fuinneoga nua agus dhá oscailt mhóra cheann-teascánacha isteach san aghaidh bhríce-fhásáilte ar an mbunurlár, c. 1925. Asraon miondíola tithíochta atá ann anois, c. 1990. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185200,231150 | |  |
| 206 | 0 | Image | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus peidiméid bharrbhriste ar an áirse charráiste, c. 1830. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1875 agus c. 1995. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185180,231160 | |  |
| 207 | 30333019 | The Pillar House | Seanfhoirgneamh bainc sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh ar a bhfuil spallaí cúrsáilte nochta, mar aon le haghaidh chloiche gearrtha bhunurláir ina bhfuil sé cholún Dhóracha ar a bhfuil ainmchloch ghreanta, c. 1830. Rinneadh athchóiriú c. 1985 agus athfheistíodh na fuinneoga c. 1995 chun fónamh mar theach tábhairne agus mar chóiríocht 'leaba agus bricfeasta'. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185170,231160 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 208 | 0 | Bank Chambers / High Society | Seanfhoirgneamh bainc sraithe cúig bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil uchtbhalla, aghaidh rindreáilte, fráma dorais ceannchruinn agus áirse charráiste a thugann rochtain ar chúl an fhoirgnimh, c. 1870. Rinneadh athrú mór air c. 1995 chun fónamh mar chóiríocht oifige agus asraon miondíola. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185110,231180 |  |
| 209 | 30333018 | Scoil Iósaef | Foirgneamh scoile cinn sraithe cloiche gearrtha ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus trí stór agus oscailtí lárnacha ceannchruinne, c. 1860. Cuireadh roinnt fuinneog nua isteach c. 1935 agus c. 1995 agus cuireadh foirgnimh scoile aon stóir leis, ar a chúl, c. 1965. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185090,231180 |  |
| 210 | 30333017 | Caditheas | Foirgneamh clochar leathscoite trí bháfhuinneog déag, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga fadaithe foircinn, mar aon le póirse, c. 1900. Scoil a bhí ann tráth; tá an scoil ann ar a chúl anois agus oifigí cúige atá ann anois. Suite taobh thiar de ráillí. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185060,231200 |  |
| 211 | 30333015 | Teach Cúirte Bhéal Átha na Sluaighe | Teach cúirte i bhfoirgneamh cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil oscailtí chéad urláir; tá báfhuinneoga cuasaithe ann ar an dá thaobh den bhealach isteach lena ngabhann frámaí dorais peidiméide, c. 1845. Tá aghaidh aolchloiche eisléireachta ar an bhfoirgneamh, mar aon le cóiriú cloiche gearrtha agus díon gabhail éadain. Tá athrú mór déanta ar an taobh istigh, c. 1995. Éadanas sráide. [Chun faisnéis a fháil faoin smachtlann ar chúl an fhoirgnimh - féach áit eile.] | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185020,231210 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **212** | **0** | **Clochar na Trócaire** | **Foirgneamh clochair leathscoite deich mbáfhuinneog, trí stór, c. 1850, ina bhfuil teach dhá bháfhuinneog ar leibhéal níos ísle ag an bhfoirceann agus oscailt cheannchruinn dorais agus fráma peidiméide eisléireachta curtha leis, c. 1860. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **184990,231220** |  |
| **213** | **30333013** | **Séipéal Chlochar na Trócaire** | **Séipéal clochair sé bháfhuinneog, dhá stór sa stíl Ghotach ag a bhfuil teanntaí agus túr trí stór agus spuaic i gceangal leis; J. F. Kempster a dhear é, c. 1864. Baintear úsáid tís as an urlár is ísle. Tógtha as cearnóga randamacha aolchloiche mar aon le cóiriú cloiche gearrtha. Féitheach fuinneoige mar aon le gloine dhaite. Cuireadh an séipéal in ord as an nua c. 1990. Féachann sé amach ar an tsráid.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **184960,231230** |  |
| **214** | **30333042** | **Scoil Náisiúnta Ghrealláin** | **Scoil náisiúnta scoite sa stíl chlasaiceach agus aon stór ann mar aon le bloc cúig bháfhuinneog fhadaithe peidiméide ag an mbealach isteach, mar aon le pailliúin ar gach taobh agus sciatháin ar a cúl, C. 1937. Tá cóiriú cloiche athdhéanta ann ar an aghaidh aolchloiche eisléireachta. Méadaíodh é ar a cúl, c. 1970. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **184920,231200** |  |
| **215** | **30333012** | **Supermacs** | **Seanteach Oibre Scoite Aontas Dhlí na mBocht ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, c. 1845, agus bialann mhearsheirbhíse ann anois; athchóiríodh agus méadaíodh é c. 1990.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN)** | **184870,231270** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 216 | 0 | Paddy Power / Computer | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus fuinneoga de chineál Veinéiseach agus ceannchruinn ar na hurláir uachtaracha, c. 1770. Rinneadh athchóiriú c, 1950 agus c. 1985 agus cuireadh isteach trí éadan siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185240,231040 |  |
| 217 | 30333030 | Seanoifig Comhairle Ceantair Uirbigh | Teach scoite trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, oscailtí fuinneoige de chineál veinéiseach agus ceannchruinn sa bháfhuinneog lár, c. 1800. Tá pláistéireacht mhaisiúil chrochóige ann ar an tsíleáil. Tá sciathán dhá stór ann ar a chúl, agus é méadaithe ar an taobh, c. 1985, chun fónamh mar oifigí údaráis áitiúil. Fothithe. Suite isteach ó líne na sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN) | 185630,231120 |  |
| 218 | 0 | Finn's | Teach sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, mar aon le háirse charráiste a thugann rochtain ar chúl an tí agus fráma dorais cloiche ceannchruinn, c. 1835. Rinneadh athchóiriú c. 1985 agus cuireadh éadan traidisiúnta adhmaid tí tábhairne leis an mbunurlár ar a bhfuil tíleanna mósáice. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN) | 185590,231100 |  |
| 219 | 30333033 | Teach | Teach leathscoite ceithre bháfhuinneog, dhá stór atá déanta as clocha gearrtha agus ag a bhfuil fráma dorais ceannchruinn agus bealach isteach maol áirseach trí lár chuig an gclós ar chúl an tí, c. 1820. Rinneadh athchóiriú sa bhliain 1990. Éadanas sráide. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN) | 185680,231070 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **220** | **30333034** | **Teach** | **Teach leathscoite cinn binne ina bhfuil ceithre bháfhuinneog agus trí stór agus ag a bhfuil aghaidh chloiche, fráma dorais ceannchruinn cloiche gearrtha agus áirse a thugann rochtain ar chúl an tí, c. 1820. Tá fuinneog bhunaidh amháin ann fós agus cuireadh fuinneoga nua in ionad na gceann eile c. 1990. Fothithe. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN)** | **185700,231060** |  |
| **221** | **30334006** | **Droichead Bhéal Átha na Sluaighe Thoir** | **Droichead ceithre áirse a thóg Bord Siltin Abhainn na Suca sa bhliain 1887 agus innealra ann chun na bualchomhlaí a oibriú. Áiríonn sé cuid de dhroichead Sir Henry Sidney c. 1570. Uchtbhallaí ar a bhfuil saoirseacht aolchloiche cairéil fásáilte. Lampaí cuaille iarainn theilgthe.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN)** | **185750,231070** |  |
| **222** | **30334007** | **Ivy Lodge** | **Teach binne scoite ina bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór, c. 1870, agus ag a bhfuil fráma dorais cloiche gearrtha mar aon le sciathán ar leibhéal níos ísle ar a chúl. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1800 agus c. 1950. Tógtha laistigh de bhallaí bábhúin c. 1600, agus túir chúinne agus rian móta ann.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN)** | **185900,231100** |  |
| **223** | **30334014** | **Teampall Mhuire Lourdes** | **Teampall Caitliceach Rómhánach cúig bháfhuinneog, aonchille i stíl na hAthbheochana Gotaí ag a bhfuil cúlbhá tríthaobhach starrach saingil, sacraistí agus póirse bealaigh isteach, c. 1900. De bhreis air sin, tá teanntaí ann mar aon le cloigtheach binne. Tógtha le haolchloch fhásáilte chairéil mar aon le cóiriú cloiche gearrtha. Tá díon truis oscailte, áiléar agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Suite ar láithreán lena ngabhann carrchlós mór agus tá sé tadhlach leis an mbóthar.** | **AN CHOILL GHARBH** | **186660,230900** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 224 | 0 | Reilig na Críche | Fothracha teampaill trí bháfhuinneog aonchille, c. 1700. Piaraí geata cloiche gearrtha, c. 1850. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil cuid mhór leac uaighe etc. | AN CHRÍOCH | 186570,230970 |  |
| 225 | 0 | Reilig Bhéal Átha na Sluaighe | Reilig ina bhfuil cosáin a bhfuil crainn iúir ar gach taobh díobh; osclaíodh í sa bhliain 1887 agus tá piaraí cloiche garbha agus ráillí agus geata iarainn theilgthe ann ag an mbealach isteach. Lóiste coimeádaí scoite ina bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór agus plaic thiomanta ar an mbinn. Rinneadh athchóiriú c. 1960 agus c. 1990. Tá comharthaí uaighe de chineálacha éagsúla ann sa reilig. | AN CHRÍOCH | 186590,231070 |  |
| 226 | 30334010 | Ospidéal Bhríde | Seanteach na ngealt, dar dáta 1832, a dhear Francis Johnston. Grúpa foirgneamh ospidéil meabhair-shláinte sa stíl chlasaiceach agus iad suite ar bhloc X-phlean dhá stór ag a bhfuil báfhuinneog agus cúpóil os a cionn ag an mbealach isteach. Foirgnimh dhá stór ar scála níos lú i gceangal leis, agus pailliúin ag na foircinn. Séipéal scoile aonchille sna tailte, mar aon le foirgnimh fhoghabhálacha a bhaineann le tréimhse níos déanaí. Suite laistigh de thailte fairsinge. Geata trípháirteach bealaigh isteach agus an obair bhunaidh iarainn theilgthe agus iarainn shaoirsithe ann fós. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT MHAIGH CHARNÁIN) | 186340,231250 |  |
| 227 | 30334015 | The Pines | Seancholáiste scoite de chuid Eaglais na hÉireann i stíl na hAthbheochana Gotaí, ina bhfuil seacht mbáfhuinneog agus é suite os cionn íoslaigh, c. 1855. Rinneadh athchóiriú air c. 1990 agus athraíodh é chun fónamh mar ilteaghais. Péire teachíní aon stóir chun tosaigh agus iad athchóirithe freisin, c. 1990. | PORT NIG | 186800,230650 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 228 | 30333055 | Leacht Le Poer Trench | Leacht i stíl na hAthbheochana Gréigí i gcuimhne ar an Rev. Arch. Charles Le Poer Trench; George Papworth a dhear é c. 1840. Sarcafagas aolchloiche eisléireachta ar phlionta ard laistigh de struchtúr dórach cruinneachánach. Plaiceanna cuimhneacháin greanta. Suite ar chiumhais an bhóthair. | DÚN LEO | 184870,230940 |  |
| 229 | 30333014 | An Smachtlann | Smachtlann, arb é atá ann ná foirgneamh cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh starrach pheidiméide ar a bhfuil fuinneog dhíóicléiteach os cionn dhoras an bhealaigh isteach, c. 1840. Tá colbhaí de chineál gréasa fhada is ghearr ar na hoscailtí ar an aghaidh spallaí cúrsáilte nochta. Tá cillíní ag a bhfuil geataí iarainn ann d'fhir agus do mhná laistigh den taobh istigh boghtach agus tá cóiríocht ann os a gcionn do na heochróirí. Suite taobh thiar den teach cúirte, agus péire clós fálaithe ann. | PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 185030,231230 |  |
| 230 | 30409426 | Rinville House | Fothracha tí mhóir scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus báfhuinneog lárnach chuasaithe, oscailt lárnach fuinneoige Wyatt agus póirseáid Iónach ann. Suite laistigh de thailte páirce poiblí ina bhfuil fothithe agus túrtheach etc. | RINN MHÍL THIAR | 135360,222530 |  |
| 231 | 30409429 | Ardfry House | Teach scoite naoi mbáfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1780. Rinneadh athchóiriú c. 1820 agus cuireadh pailliúin fhadaithe dhá stór ar gach foirceann mar aon le breisithe sa stíl Ghotach ar an aghaidh. Fothracha atá ann anois. Rinneadh athchóiriú páirteach ar an clós stáblaí in aice láimhe agus athraíodh é lena úsáid mar áit chónaithe, c. 1990. | AIRD FHRAOIGH | 134840,221160 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 232 | 30409528 | Cill Chornáin | Mainteach cúig bháfhuinneog, dhá stór sa stíl Thúdarach-Ghotach, agus íoslach ardaithe ann, mar aon le haghaidh starrach lárnach agus bánna starracha, lena n-áirítear séipéal, c. 1837. Tá féitheach maisiúin pláistéireachta ann ar an rindreáil sheachtrach. Cuireadh stór amháin leis, c. 1970. Clós fálaithe ag a bhfuil áirse. Á úsáid anois mar chóiríocht do lucht riaracháin institiúide cúraim sláinte. Tá cóiríocht chónaithe aon bháfhuinneoige ann sna tailte. Suite laistigh de dhiméin ina bhfuil crainn mhaithe agus geata bealaigh isteach. | CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN) | 142560,220500 |  |
| 233 | 30335006 | Teampall N. Cornán | Teampall meánaoiseach dhá bháfhuinneog, aonchille, ag a bhfuil batar boinn agus oscailtí beaga fuinneoige. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Suite laistigh de dhiméin Chill Chornáin. Tá roinnt láithreán uaighe tadhlach leis. | CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN) | 142390,220160 |  |
| 234 | 30335012 | Oyster Manor Hotel | Seanchlochar scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga binne, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn cloiche, c. 1844. Tá roinnt siúinéireachta comhaimseartha etc. ann fós ar an taobh istigh. Sa bhliain 1995, athchóiríodh agus méadaíodh go mór é ar a chúl chun fónamh mar óstán. Suite ina thailte féin ina bhfuil reilig bheag fhálaithe. | AN SRÁIDBHAILE THUAIDH | 141340,219890 |  |
| 235 | 30335008 | Teampall Caitliceach Mhuire/Teampall Theachtaireacht an Aingil | Baisleac dhomhain sa stíl chlasaiceach ag a bhfuil naoi mbáfhuinneog agus ina bhfuil cúlbhá, póirseáid Chorantach ceithre cholún, mar aon le cloigtheach i gceangal leis, c. 1935. Tá bruthrindreáil ann ar an taobh amuigh. Tá síleáil phlástráilte agus gloine dhaite etc, ann ar an taobh istigh. Suite ar chúinne agus cléirtheach ar a chúl. | CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN) | 141280,220140 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **236** | **30335003** | **Faiche Dhroichead an Chláirín** | **Faiche an tSráidbhaile ar láithreán triantánach, c. 1875, agus balla teorann ann mar aon le Cros Cheilteach i gcuimhne ar Sir Thomas N. Redington a tógadh c. 1900.** | **CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN)** | **141260,220190** |  |
| **237** | **30335005** | **Teach Scoile Dhroichead an Chláirín/Halla Paróiste** | **Seanteach scoile sraithe seacht mbáfhuinneog, aon stóir a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche ar a aghaidh agus lena ngabhann cloigtheach binne, c. 1866. Méadaíodh é ar a chúl c. 1999, agus tá póirse bealaigh isteach dhá bháfhuinneog ann ar thaobh na láimhe clé, mar aon le bealach isteach áirseach chuig an gclós ar thaobh na láimhe deise. Tá déantáin áitiúla ar taispeáint sna fothithe stuacha ar chúl.** | **CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN)** | **141340,220210** |  |
| **238** | **30335009** | **Droichead Dhroichead an Chláirín** | **Droichead bóthair cúig áirse a théann thar Clarinbridge River agus a tógadh ag deireadh an 18ú haois. Uchtbhallaí ar a bhfuil foircinn spréite. Dúblaíodh a leithead. Rinneadh athphointeáil c. 1990.** | **PÁIRC AN CHNOIC** | **141250,220040** |  |
| **239** | **30409506** | **McDonaghs** | **Teach tábhairne cinn sraithe ina bhfuil seacht mbáfhuinneog agus aon stór, mar aon le háiléar dormánta, c. 1840, agus ceann tuí domhain air, agus fuinneoga dormánta ar déanamh mala; cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1985.** | **PREABÁN AN ÓSTA** | **138060,224700** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 240 | 30409508 | Leabharlann Órán Mór | Teampall croschruthach sa stíl Ghotach, dar dáta 1808. Athraíodh é c. 1885, cuireadh cloigtheach binne leis agus athraíodh roinnt oscailtí fuinneoige. Tá an aghaidh rindreáilte agus tá cóiriú cloiche uirthi. Tá struchtúir neamhghnácha dín agus áiléar ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh go forleathan é c. 1998-2000 chun fónamh mar shaoráid phobail agus tá gnéithe bunaidh inmheánacha ann fós. Suite laistigh de reilig ina bhfuil líon mór leac uaighe. Tá piaraí geata eisléireachta agus geataí iarainn ann. | ÓRÁN MÓR | 138020,224500 |  |
| 241 | 30409504 | Caisleán Órán Mór | Túrtheach cearnógach, c. 1450 ag a bhfuil báfhuinneog chrochta ar an taobh clé. Cuireadh díon nua air, athchóiríodh é agus tógadh pasáiste trí bháfhuinneog, dhá stór i gceangal leis c. 1940. Suite ar an gcladach agus tá cé agus lamairne príobháideach ann. | ÓRÁN MÓR | 137650,224590 |  |
| 242 | 30409512 | Páirc Rinn Mhíl | Lóiste geata scoite trí bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil stór dormánta agus aghaidh starrach bheannach, c. 1850. Tadhlach le geataí an bhealaigh isteach go Páirc Rinn Mhíl. | RINN MHÍL THIAR | 136340,222110 |  |
| 243 | 30409529 | Teach an Leathbhaile | Teach binne scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil oscailt lárnach fuinneoige wyatt agus agus oscailt dorais cheannchruinn cloiche, c. 1820. Cuireadh báfhuinneoga leis c. 1990. Tá cúlteach dhá stór ann. Tá coirnisí maisiúla síleála ann ar an taobh istigh, mar aon le roinnt siúinéireachta bunaidh etc. Tá raon fothithe dhá stór ann dar dáta 1876. Suite laistigh dá thailte féin. | AN LEATHBHAILE (BT DHÚN COILLÍN) | 144980,222030 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **244** | **30409522** | **Leacht Lynch** | **Leacht Lynch ina gcuimsítear léibheann ard cloiche ar a bhfuil plaic greanta cloiche nach bhfuil inléite go hiomláin.** | **AN LEATHBHAILE (BT DHÚN COILLÍN)** | **144080,221830** | |  |
| **245** | **30409604** | **Rockmore House** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, aon stóir os cionn íoslaigh ard, c. 1820. Tá díon gabhail éadain agus díon bractha aige, mar aon le haghaidh rindreáilte agus péire saisfhuinneog. Tá méaduithe aon stóir ann ar a chúl. Athchóiríodh é c. 1985. Tá roinnt siúinéireachta bunaidh agus staighre bunaidh ann ar an taobh istigh, c. 1800. Fothithe agus geataí an bhealaigh isteach chuig an gclós, c. 1850. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil roinnt crann maith.** | **FEARANN AN BHLÁCAIGH THIAR** | **149690,225840** | |  |
| **246** | **30336002** | **Teampall Caitliceach N. Colmán** | **Teampall T-phlean sa stíl Ghotach agus cuasán éadomhain altóra ann, mar aon le hoscailtí pointeáilte, túr i gceangal leis agus cléirtheach trí bháfhuinneog, dhá stór ar a chúl, c. 1840. Tá múnláil húda ag an aghaidh rindreáilte, is é sin, ar na hoscailtí fuinneoige, agus tá cóiriú cloiche ar na hoscailtí dorais. Tá síleáil mhaisiúil plástráilte, balcóin, plaic chuimhneacháin, dar dáta 1847, agus boscaí faoistine de chuid na 1990-idí ann ar an taobh istigh. Suite isteach ón mbóthar laistigh dá láithreán féin ina bhfuil roinnt leac uaighe.** | **CREACHMHAOIL (BT DHÚN COILLÍN)** | **150910,220370** | |  |
| **247** | **30336005** | **Páirc an Bhaile Mhóir** | **Foirgneamh scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh starrach pheidiméide agus tá sciatháin aon bháfhuinneoige, dhá stór ar leibhéal níos ísle ar gach taobh de, c. 1750. Tá breisithe ann ar a chúl. Tá staighre taobhdhúnta bunaidh ann ar an taobh istigh. Tá conchrónna fiaigh agus stáblaí fálaithe ann ar a chúl, dar dáta 1891. Suite laistigh dá thailte féin.** | **AN BAILE MÓR (TR CHREACHMHAOILE)** | **151510,220340** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **248** | **0** | **Muileann Strongford** | **Mórláthair mhuilinn ina gcuimsítear teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil áiléar, c. 1800. Athraíodh é chun fónamh mar áit chónaithe c. 1990. Tá seanfhoirgneamh muilinn trí bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil áiléar taobh leis. Tá grúpa foirgneamh athchóirithe ann sa chlós agus úsáidtear mar oifigí/fhothithe iad. Suite laistigh dá thailte féin agus tá linn mhuilinn, tarae agus cora ann fós.** | **CATHAIR AN DAINGIN** | **152320,220160** |  |
| **249** | **0** | **Droichead Strongford** | **Droichead bóthair dronnach ag a bhfuil áirse amháin, c. 1800.** | **CATHAIR AN DAINGIN** | **152670,220050** |   |
| **250** | **0** | **Caisleán Strongford** | **Túrtheach cearnógach scoite ina bhfuil dhá stór, c. 1300, athchóiriú forleathan déanta air agus é athraithe chun fónamh mar áit chónaithe, c. 1990.** | **CATHAIR AN DAINGIN** | **152670,220080** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **251** | **30409616** | **Hollypark House** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, bréagphiléir bhalla agus sciathán cúl, c. 1800. Tá bruthrindreáil ann ar an aghaidh agus tá saisfhuinneoga pánaí beaga ann fós. Tá halla ubhchruthach ann sa phlean inmheánach mar aon le staighre ubhchruthach ar a chúl, staighre adhmaid starrmhaide agus siúinéireacht mhaith chomhaimseartha. Tá fothithe ann ar a chúl. Suite laistigh de thailte ina bhfuil cuid mhór crann agus tá lóiste geata agus geata bealaigh isteach ann, dar dáta c. 1820.** | **AN CÁRÁN** | **154370,222540** | |  |
| **252** | **30409619** | **Droichead Iarnróid na hEascrach** | **Droichead cloiche gairbhe ina bhfuil áirse amháin os cionn rian iarnróid; tógadh é sa bhliain 1869. Oscailte do choisithe amháin.** | **TEAMPALL MÁRTAIN** | **150340,220970** | |  |
| **254** | **30409614** | **Caisleán Mhaigh Fhód** | **Fothracha tí de chuid an 18ú haois nó an 19ú haois agus fothithe. Suite laistigh de sheandiméin.** | **DIMÉIN MHAIGH FHÓD** | **153080,223120** | |  |
| **255** | **30409613** | **Caisleán Mhaigh Fhód – Teach Loiste** | **Seanteach lóiste scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, c. 1840. Á úsáid mar fhoirgneamh feirme anois.** | **DIMÉIN MHAIGH FHÓD** | **153180,223730** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 256 | 30409612 | Lóiste Mhaigh Fhód | Lóiste geata scoite L-phlean ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le haghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche ar na hoscailtí ceannchuaracha, 1875. Suite siar ón mbóthar. | DIMÉIN MHAIGH FHÓD | 152100,222450 |  |
| 257 | 30409602 | Caisleán Tuirbhin | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach, céimeanna bealaigh isteach, leibhéal áiléir agus stoic shimléir binne, c. 1780. Tá fráma dorais ceannchearnógach, ar a bhfuil taobhléasanna beaga, ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá coirnisí síleála agus siúinéireacht de chuid thús an 19ú haois ann ar an taobh istigh. Fothithe. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil roinnt crann maith. | CAISLEÁN TUIRBHIN | 149300,225670 |  |
| 258 | 30409703 | Teampall Caitliceach N. Peadar & N. Pól | Teampall T-phlean dar dáta 1840. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, lena n-áirítear cúinní spuaiceacha agus cloigtheach binne. Tá síleáil mhaisiúil phlástráilte ann ar an taobh istigh, mar aon le leaca cuimhneacháin sna ballaí, áiléar agus cuas a bhaineann le tréimhse níos déanaí agus ina bhfuil altóir de chuid dheireadh an 19ú haois. Athchóiríodh e c. 1990. Suite laistigh de láithreán fálaithe. | CLOCH AN RIABHÁIN | 157580,225180 |  |
| 259 | 30409701 | Teach Chill Tulach | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1725; fothrach atá ann. Seanchlós stáblaí in aice láimhe, c. 1750; athchóiríodh go páirteach agus athraíodh é lena úsáid mar áit chónaithe, c. 1990. | CILL TULACH THUAIDH | 157030,225400 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 260 | 30409706 | Droichead Chloch an Riabháin | Droichead bóthair dronnach de chuid an 18ú haois agus dhá áirse ann. Tógtha as spallaí randamacha aolchloiche. Atógadh an phríomháirse lárnach c. 1850. Suite in ionad oscailte tuaithe gar d'fhothracha caisleáin. | CLOCH AN RIABHÁIN | 158140,224210 |  |
| 261 | 30409710 | Teampall Eaglais na hÉireann i gCill Chonaicne | Teampall dhá bháfhuinneog, aon chille de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí agus féitheach adhmaid ann, mar aon le beistrithe ar gach taobh agus túr creinilithe dhá stór, c. 1820. Níl sé á úsáid a thuilleadh. Suite laistigh de chill ársa fhálaithe agus roinnt leac uaighe ann. | AN BUAICÍN THEAS | 158240,223110 |  |
| 262 | 30409707 | Stáisiún Dhún Sandail | Seanstáisiún iarnróid leathscoite ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le seanteach máistir stáisiúin atá tadhlach leis agus ina bhfuil aon bháfhuinneog agus dhá stór, c. 1860; athraíodh é lena úsáid mar áit chónaithe agus athchóiríodh é c. 1995. Both earraí os a chomhair ar an taobh eile den seanrian. | AN CHEATHRÚ CHAOL (BT BHAILE ÁTHA AN RÍ) | 159700,224100 |  |
| 263 | 30409712 | Droichead Eastát Dhún Sandail | Droichead aon áirse teascánaí ag a bhfuil teanntaí aolchloiche eisléireachta agus balastráidí iarainn theilgthe. Balla nua coincréite bruthrindreáilte curtha isteach ar thaobh amháin, c. 1985. | AN CHEATHRÚ RIABHACH | 156230,221630 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 264 | 30409711 | Lóiste Dhún Sandail | Lóiste scoite trí bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil stór áiléir ar an aghaidh starrach bhinne, mar aon le aghaidh eisléireachta, c. 1855. Athchóiriú ollmhór déantar air agus cuireadh méadú leis an gcúl, c. 1995. | AN CHEATHRÚ RIABHACH | 156090,221730 |  |
| 265 | 30409716 | St. Cleran's | Mainteach tuaithe a tógadh in dhá chéim. Cuimsíonn an chuid is luaithe teach ceithre bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ar a bhfuil díon gabhail éadain agus bailchríocha comhaimseartha ann, c. 1784. Sir Richard Morrison a dhear an chuid is déanaí c. 1807 agus cuimsíonn an chuid sin bloc cinn bogha ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór agus a bhfuil bailchríoch shaibhir le feiceáil ar an taobh istigh de. Stáblaí agus fothithe éagsúla. Athchóirithe sa bhliain 1959 ag Michael Scott agus Comhpháirtithe. Teach aíochta atá ann anois. Fothrach túir chearnógaí. Tá siad ar fad suite laistigh de dhiméin faoi chrainn agus tá háhá, balla teorann agus geata ann. | DÍSEART CHLÉIRCHEÁIN | 155550,219900 |  |
| 266 | 30409802 | Teampall Caitliceach N. Micheál | Teampall ceithre bháfhuinneog, aon chille sa stíl Ghotach agus taobhphasáiste a bhfuil a rian le feiceáil ar an taobh istigh amháin, c. 1860. Tá oscailtí pointeáilte mar aon le múnláil húda chomhshuite ar an aghaidh garbhrindreáilte. Tá síleáil rannach, áiléar ar a bhfuil áirsí stuacha agus roinnt fuinneog de réir stíl Harry Clarke etc. ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh é c. 1980 agus cuireadh póirse agus sacraistí leis. Suite laistigh de láithreán beag fálaithe ina bhfuil cloigtheach saorsheasaimh de chuid an 20ú haois. | CEAPAIGH AN tSEAGAIL | 172550,225020 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 267 | 30409807 | Teampall Mhuire/Teampall Mhuire Lourdes | Teampall T-phlean dhá bháfhuinneog ar a bhfuil dátchloch dar dáta 1839. Athchóiríodh é, cuireadh díon nua air agus cuireadh cúlbhá tríthaobhach agus clogchró leis c. 1880. Tá oscailtí ceannchruinne agus pointeáilte agus cóiriú cloiche ar an aghaidh rindreáilte a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe uirthi. Tá reilig tadhlach leis. | CÚIRT NA bhFÁLTACH | 169770,220080 |  |
| 268 | 0 | Teach an Chartrúin | Teach binne scoite ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le haghaidh starrach pheidiméide, stór áiléir agus cúlteach, c. 1760. Tá oscailt cheannchruinn dorais, lena ngabhann taobhléasanna beaga, ar an aghaidh bhruthrindreáilte. Athchóiríodh é agus athfheistíodh oscailtí fuinneoige c. 1980. Tá staighre taobhoscailte agus imchásálacha cluasacha dorais etc. ann ar an taobh istigh. Tá fothithe dhá stór ann ar a chúl. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. Bunaíodh Coláiste N. Iósaef, Páirc Gharbhaile, anseo sa bhliain 1892. | CARTRÚN SÍLE | 172200,223680 |  |
| 269 | 30409903 | Teampall Caitliceach Rómhánach N. Agaistín | Teampall T-phlean sa stíl Ghotach mar aon le túr, aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche gearrtha, lena n-áirítear spuaic ghearr, c. 1820. Plaic mhór chuimhneacháin ar an taobh amuigh, dar dáta 1828. Roinnt gloine daite de chuid thús an fichiú haois. Athchóiríodh an taobh istigh c. 1980. Suite laistigh de reilig mhór ina bhfuil cuid mhór leac uaighe de chuid thús an naoú haois déag. | CROIS CHONAILL MHÓR | 183890,224770 |  |
| 270 | 30409910 | Teampall Eaglais na hÉireann i gCill Tormóir | Teampall trí bháfhuinneog, aon chille de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí, agus cúlbhá agus túr spuaiceach ann, c. 1815. Baineadh amach na feisteáin chuasacha síleála. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil crainn agus roinnt leachtanna cuimhneacháin de chuid thús an naoú haois déag. Geataí bealaigh isteach déanta ag R. Turner as Baile Átha Cliath. | AN BAILE NUA | 181810,220540 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **271** | **30409909** | **Teampall Caitliceach Chill Tormóir** | **Teampall T-phlean sa stíl Ghotach ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus cóiriú uirthi, c. 1830. Tá balcóin, dhá umar uisce cloiche greanta dar dátaí '99 agus 1822 agus fuinneoga gloine daite a bhfuil an síniú Clarke, Dublin orthu ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh é c. 1980 agus cuireadh póirse uPVC leis c. 1995, mar aon le cloigtheach iarainn saorsheasaimh. Suite tadhlach leis an tsráid, gan aon reilig ann.** | **CILL TORMÓIR THIAR** | **181960,220630** | |  |
| **272** | **30410023** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Mhuire** | **Teampall T-phlean sa stíl Ghotach, c. 1840. Tá balcóin agus gloine dhaite a bhaineann le tús an fichiú haois ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú mór c. 1970 agus cuireadh póirse mór leis. Suite laistigh de chill ina bhfuil cloigtheach nua-aimseartha saorsheasaimh iarainn.** | **AN BAILE MÓR** | **188430,220650** | |  |
| **273** | **30410010** | **Oghilmore Stores** | **Foirgneamh sraithe dhá stór ar láithreán cúinne spréite, dar dáta 1858, agus tithe cónaithe ar gach taobh de, ar cuid den fhoirgneamh iad.** | **EOCHAILL MHÓR** | **188690,221220** | |  |
| **274** | **30410028** | **Teach** | **Teach leathscoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneog foircinn chrochta agus aghaidh spallaí cúrsáilte, c. 1890. Cuireadh méadú lena thaobh agus cuireadh isteach fuinneoga cáisminte PVC. Suite isteach ón mbóthar agus tá garraí ann chun tosaigh.** | **EOCHAILL MHÓR** | **189060,221420** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 275 | 30410018 | Lóiste Theach an Bhaile Mhóir | Lóiste eastáit trí bháfhuinneog, dhá stór sa stíl Ghotach ag a bhfuil oscailt phointeáilte fuinneoige, teanntaí crochta agus spuaiceanna ar an mballa binne, c. 1800. Suite in aice le seanaibhinne. | LIOS AN RIACHÁIN | 186270,220280 |  |
| 276 | 30410022 | Másailéam Seymour | Másailéam, c. 1870, ina gcuimsítear déanmhas aon chille ag a bhfuil beanna, díon cloiche boghtach agus oscailtí móra fuinneoige, agus é suite os cionn uaimh bhatair ar a bhfuil doirse iarainn. Faightear rochtain air trí staighre atá suiteáilte ar náprún. Suite lasmuigh de bhalla reilige ina bhfuil grúpa comharthaí uaighe cloiche gearrtha. | AN BAILE MÓR ÍOCHTARACH | 188130,220400 |  |
| 277 | 30410021 | Caisleán an Bhaile Mhóir | Teach trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil bogha íseal lárnach, díon gabhail éadain agus oscailt cheannchruinn dorais lena ngabhann taobhléasanna, c. 1810. Tá halla bealaigh isteach ciorclach ann ar an taobh istigh, mar aon le cruinneachán mór dín, pláistéireacht mhaisiúil síleála agus gnéithe bunaidh eile. Cuireadh méadú trí stór leis ar a chúl c. 1850. Tá túrtheach ard, c. 1450, díon coinneála agus urláir etc. i gceangal leis ar a chúl. Fothithe. Suite laistigh de dhiméin bheag ina bhfuil crainn agus geata bealaigh isteach de chuid lár an 19ú haois. | AN BAILE MÓR ÍOCHTARACH | 187950,219950 |  |
| 278 | 30410017 | Áirse na nÓglach | Geata ina gcuimsítear scáil thrípháirteach, pheidiméide bhealaigh isteach, agus lóiste trí bháfhuinneog, dhá stór ar gach taobh de. Tógtha as spallaí cúrsáilte agus cóiriú cloiche gearrtha ann, mar aon le fuinneoga áirseacha caocha agus painéal mór greanta i gcuimhne ar Ghluaiseacht na nÓglach, dar dáta 1782. Fothrach atá ann anois. Seanbhealach isteach príobháideach chuid diméin an Bhaile Mhóir ach ar cuid de bhóthar poiblí é anois. | LIOS AN RIACHÁIN | 184870,219720 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 279 | 30410019 | Baois Dhiméin an Bhaile Mhóir | Geata baoise sa stíl Ghotach agus teanntaí agus spuaiceanna ann, c. 1800. Tógtha as spallaí cúrsáilte. Suite ar thaobh an bhóthair. | AN BAILE MÓR ÍOCHTARACH | 187050,220210 |  |
| 280 | 30410012 | Teach | Teach leathscoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneog foircinn chrochta, mar aon le haghaidh spallaí cúrsáilte agus saisfhuinneoga pánaí beaga, c. 1890. Suite isteach ón mbóthar agus tá garraí ann chun tosaigh. | EOCHAILL MHÓR | 188990,221380 |  |
| 281 | 30410020 | Teach Geata Chaisleán an Bhaile Mhóir | Lóiste geata scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, póirse binne oscailte agus oscailtí ceannteascánacha, c. 1850. Tá cóiriú cloiche gearrtha agus oscailtí ann san aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche. Suite ar thaobh an bhóthair os coinne gheata an bhealaigh isteach. | AN BAILE MÓR ÍOCHTARACH | 187570,220460 |  |
| 282 | 0 | Teampall Mhuire Chluain Fearta | Teampall Caitliceach Rómhánach scoite T-phlean ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, díon tílithe agus oscailtí pointeáilte, c. 1850. Rinneadh athchóiriú mór agus cuireadh póirse leis c. 1970. Suite laistigh de láithreán ina bhfuil dhá uaigh. | CÚIL AN CHOIRN THEAS | 195110,219350 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 283 | 30410101 | Teach Chluain Fearta | Fothrach páláis easpaig scoite ag a bhfuil ocht mbáfhuinneog agus dhá stór, mar aon le stór áiléir dormánta, c. 1650. Rinneadh athchóiriú mór c. 1780. Teach cónaithe príobháideach ó c. 1833 go 1954 nuair a damáistíodh é mar thoradh ar dhóiteán agus é ina fhothrach anois. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil fothithe agus crainn mhaithe. | CLUAIN FEARTA | 196150,221300 | |  |
| 284 | 0 | Emmanuel House of Providence | Grúpa sean-fhothithe a ghabhann le Pálás an Easpaig agus a tógadh c. 1775. Rinneadh athchóiriú mór c. 1995 chun fónamh mar ionad cúrsaí spioradálta. Méadaíodh an láthair c. 1995 agus cuireadh isteach grúpa foirgneamh aon stóir agus séipéal ciorclach. | CLUAIN FEARTA | 196220,221300 | |  |
| 285 | 0 | Caisleán Bhreac-chluana | Túrtheach cearnógach scoite cúig stór atá déanta as spallaí, c. 1550. Fothrach atá ann anois. Suite ar thaobh an bhóthair. | CLUAIN CÉ | 195010,219000 | |  |
| 286 | 30410102 | Ardeaglais N. Breandán, Eaglais na hÉireann | Ardeaglais Chluain Fearta: foirgneamh de chuid an 13ú haois agus é i gceangal le haghaidh de chuid an 12ú haois ar a bhfuil doras mór sa stíl Éireannach-Rómhánach, mar aon le fuinneog thoir idirthréimhseach, greanadóireacht de chuid na meánaoise déanaí ar áirse an tsaingil, leachtanna cuimhneacháin de chuid an 18ú agus an 19ú haois agus feistis ghreanta adhmaid. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil cuid mhór leac uaighe. | AN GHLÉIB (CUID DE) | 196140,221120 | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 287 | 30410103 | Teach | Teach scoite ina gcuimsítear foirgneamh trí bháfhuinneog, dhá stór de chuid an 18ú haois ag a bhfuil méaduithe neamhshiméadracha. Suite tadhlach le garraí beag tosaigh agus fothithe éagsúla ann taobh leis agus ar a chúl. | CLUAIN FEARTA THEAS (SEYMOUR) | 196140,221060 | |  |
| 288 | 30410345 | Teampall N. Colmán | Teampall Caitliceach Rómhánach T-phlean dar dáta 1854. Rinneadh athchóiriú sa bhliain 1973 ar an bpóirse, ar an sacraistí, ar an taobh istigh agus ar an díon. Ceithre cinn de phiaraí bealaigh isteach cloiche gearrtha agus uaigheanna sagart paróiste ann sna tailte agus comharthaí éagsúla orthu, mar aon le fochla lena ngabhann altóir chloiche gearrtha. | BAILE AN DOIRÍN | 139150,215370 | |  |
| 289 | 30410340 | Másailéam N. Seoirse | Másailéam aon chille sa stíl Ghotach ag a bhfuil féitheach fuinneoige agus doirse dar dáta 1830. Tá leaca uaighe ann dar dáta lár an 18ú haois. Muintir St. George a chuir in airde é. Cuireadh díon nua air sa bhliain 1993 ar leibhéal níos ísle ná an díon bunaidh; tá sé tadhlach le fothrach teampaill c. 1500 a bhfuil reilig thart air, tá plaic ghreanta ann ar a bhfuil dán le John Betjeman atá bunaithe ar an láithreán. | DROIM MUCÚ | 139580,216830 | |  |
| 290 | 30410337 | Teach Thig Reoin | Fothracha maintí seacht mbáfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh ar a bhfuil aghaidh cloiche gearrtha, aghaidh starrach lárnach trí bháfhuinneog agus doras iónach, c. 1780. Tá rianta den phláistéireacht ann fós ar an taobh istigh. Suite ar láithreán ard iargúlta laistigh de dhiméin roinnte de chuid Choimisiún na Talún. Deirtear gurbh é John Roberts, Port Láirge, a dhear é. | TIGH REOIN | 139260,217760 | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 291 | 30410333 | Caisleán Chill Cholgáin | Túrtheach dhá bháfhuinneog, trí stór sa stíl chaisealach, c. 1800, agus sciatháin níos déanaí aon stóir ann. Tá mionphláistéireacht mhaisiúil agus siúinéireacht chomhaimseartha ann ar an taobh istigh. Tá roinnt saoirseachta cloiche greanta ann san fhoirgneamh. Garraí múrtha. Geata bealaigh isteach. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | CILL CHOLGÁIN | 141220,217960 | |  |
| 292 | 30410329 | Teach Ceann Tuí | Teachín scoite ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le díon leathghabhail éadain agus áiléar dormánta, c. 1850. Rinneadh athchóiriú c. 1985 agus cuireadh méaduithe le tosach agus le cúl an fhoirgnimh. Fíor giolcaí sreinge de shionnach ar dhroim. Taobh le cé. | RÁTH AN AONAIGH | 140260,218180 | |  |
| 293 | 30410328 | Morans of the Weir | Teach ceann tuí leathscoite ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le háiléar dormánta, c. 1850, agus aghaidh rindreáilte air c. 1925. Á úsáid mar theach tábhairne anois agus méadú dhá stór ann ar a chúl. Méadú eile ar a chúl á thógáil faoi láthair. | RÁTH AN AONAIGH | 140240,218180 | |  |
| 294 | 0 | Teachín Ceann Tuí | Teachín scoite ceann tuí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le díonta leathghabhail éadain agus stór dormánta. Athchóiríodh an aghaidh c. 1925 agus cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1985. Suite os comhair cé. | RÁTH AN AONAIGH | 140340,218190 | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **295** | **30410330** | **Droichead Chill Cholgáin** | **Droichead bóthair sé áirse de chuid an 18ú haois agus baineann an áirse mhór lárnach le dáta c. 1870. Tá balla cloiche gearrtha cúrsáilte ann mar aon le cóipeáil gharbh a coimeádadh ar an mballa ionaid coincréite os cionn na háirse lárnaí, c. 1960. Ní úsáidtear an droichead ina iomláine a thuilleadh.** | **CILL CHOLGÁIN** | **141700,218450** | |  |
| **296** | **0** | **Teampall agus Reilig Chill Fhaoile** | **Fothracha teampaill de chuid na meánaoise déanaí, agus é laistigh de láithreán Manachúil luath-Críostaí. Tá reilig ann ina bhfuil comharthaí éagsúla uaighe cloiche gearrtha, c. 1750 go c. 1900.** | **CILL FHAOILE BHEAG** | **142860,217950** | |  |
| **297** | **0** | **Teampall N. Colmán, Paróiste Bhaile an Doirín** | **Teampall Caitliceach Rómhánach scoite ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus aon chill amháin, c. 1860; rinneadh athchóiriú c. 1985 agus cuireadh póirse agus sacraistí leis; cuireadh fochla in airde sna tailte sa bhliain 1933. Tá reilig ann ar a chúl agus comharthaí uaighe cloiche gearrtha ann. Altóir mharmair ó Chlochar Dhroichead an Chláirín agus dar dáta 1844.** | **AN RUABHEITHEACH** | **143980,219500** | |  |
| **298** | **30410352** | **Teach Banaltrais N. Colm** | **Foirgneamh dhá bháfhuinneog déag, dhá stór os cionn íoslaigh, agus túrtheach cearnógach, c. 1500, ann. Mar aon le teach trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh de chuid an 18ú haois agus méaduithe móra éagsúla a thóg coláiste misinéireachta ó c. 1860 go c. 1900. Á úsáid mar theach banaltrais anois. Suite laistigh dá thailte féin agus fothithe, fochla mór, crainn mhaithe agus geata bealaigh isteach ag gabháil leis.** | **CLOCH AN BHAILE MHÓIR** | **139740,214060** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 299 | 30410336 | Teach Thigh Reoin | Fothrach clóis stáblaí de chuid dheireadh an 18ú haois agus fothithe dhá stór ar a bhfuil cóiriú ailtireachta cloiche gearrtha. Suite tadhlach le fothracha Theach Thigh Reoin. | AN SRÁIDBHAILE THIAR | 139010,217750 |  |
| 300 | 30410334 | Stáblaí Chaisleán Chill Cholgáin | Clós stáblaí ina gcuimsítear foirgnimh ina bhfuil cúig bháfhuinneog agus trí stór agus trí bháfhuinneog agus dhá stór agus iad suite laistigh de chlós fálaithe, c. 1810. Athraíodh chun fónamh mar leithlanna saoire. | CILL CHOLGÁIN | 141280,217870 |  |
| 301 | 30410402 | Teach an Agaird | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach ardaithe, céimeanna lánairde leath-heicseagánacha ag an mbealach isteach bogha lárnach agus fráma dorais ceannchruinn, c. 1800. Tá halla ciorclach, halla staighre ubhchruthach, pláistéireacht mhaisiúil síleála agus siúinéireacht chomhaimseartha ann ar an taobh istigh. Fothithe. Suite laistigh dá thailte féin agus crainn mhaithe ann. Tá geata bealaigh isteach ann ar a bhfuil piaraí eisléireachta agus geataí iarainn theilgthe. | AN tAGARD MÓR | 150050,218600 |  |
| 302 | 0 | Droichead an Agaird | Droichead bóthair ag a bhfuil dhá áirse, mar aon le teannta-earrainní ollmhóra, c. 1820. | AN tAGARD MÓR | 150400,219180 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 303 | 30410406 | Teampall Caitliceach N. Cillín | Teampall Caitliceach Rómhánach T-phlean ag a bhfuil oscailtí pointeáilte agus dátchloch 1833. Tá cóiriú cloiche ar an aghaidh gharbhrindreáilte, lena n-áirítear cloigtheach buaice binne. Tá díon truis oscailte agus saingeal ina bhfuil pláistéireacht féithigh ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Suite ar láithreán oscailte ag crosbhealach. | AN BAILE MEÁNACH (BT DHÚN COILLÍN) | 152500,216710 |  |
| 304 | 30410403 | Lóiste Lambert | Teach scoite foircinn binne ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le haghaidh spallaí nochta, c. 1780. Tá áirse agus fothithe ann taobh leis. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | CILL CHUÁIN (BT DHÚN COILLÍN) | 151550,217370 |  |
| 305 | 30411403 | Teach Chreig an Róistigh | Fothracha maintí agus fothithe dar dáta blianta na 1820-idí; bhí dóiteán ann c. 1922. Tá na fothithe agus an bealach isteach á n-úsáid mar fhoirgnimh feirme agus iad i riocht tréigthe. Geataí bealaigh isteach chuig seanaibhinne ar tógadh trí theach de chuid choimisiún na talún, c. 1935. Áit bhreithe Lady Gregory. | CREIG AN RÓISTIGH | 153630,213120 |  |
| 306 | 30410413 | Diméin Chreig an Róistigh | Droichead aon áirse, dar dáta 1788, a tógadh chun comóradh a dhéanamh ar Óglaigh Chreig an Róistigh. | CREIG AN RÓISTIGH | 154130,213680 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 307 | 0 | Teach Ráth Asáin | Fothracha tí ceithre bháfhuinneog, dhá stór faoi eidhneán agus íoslach ann, c. 1820. Fothracha fothithe. Lóiste geata scoite aon bháfhuinneoige leibhéil dheighilte ag a bhfuil fuinneog thrípháirteach laistigh de chuas éadomhain. Tá sé suite laistigh d'eastát roinnte de chuid Choimisiún na Talún. | RÁTH ASÁIN | 147420,218460 |  |
| 308 | 30410415 | Caisleán an Táilliúraigh | Fothracha maintí mhóir ina gcuimsítear túrtheach agus breisithe forleathana a rinneadh san 18ú haois agus sa 19ú haois, lena n-áirítear túrtheach i gcothromaíocht leis an bhfoirgneamh bunaidh, agus ballaí batair orthu ar fad agus urdhúnta ar bhalla an chlóis. Cuireadh fuinneog mhór isteach ar a bhfuil féitheach ghotach iarainn theilgthe. Bloc stáblaí E-phlean. Teach bainisteora trí bháfhuinneog, dhá stór dar dáta 1859. Garraí múrtha. Fothracha lóiste geata trí bháfhuinneog, aon stóir agus piaraí geata ar a bhfuil cóiriú aolchloiche uiscechaite. | CAISLEÁN AN TÁILLIÚRAIGH THEAS | 146560,214030 |  |
| 309 | 30410509 | Ospidéal N. Breandán | Mórláthair tí oibre sa ghnáthstíl Thúdarach-Eilíseach agus sciathán bealaigh isteach cúig bháfhuinneog, dhá stór ann, dar dáta 1842, mar aon le sciathán trí bháfhuinneog déag, dhá stór ag a bhfuil áiléar dormánta ar a chúl, agus sciatháin trí stór ar gach taobh de ina bhfuil áiléir dormánta laindéarléasa agus sciathán dhá stór ar a chúl. George Wilkinson a dhear é, c. 1920; tá méadú iarainn roctha ann; athchóiríodh/méadaíodh é c. 1980-1995. Tá teach banaltrais ann. | | 162330,215650 |  |
| 310 | 30410501 | Teampall Caitliceach Rómhánach an Choinicéir | Teampall Caitliceach Rómhánach scoite ina bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon chill amháin mar aon le creiniliú sciota ar an mbinn tosaigh agus ar na taobhtheanntaí. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear dátchloch 1842. Tá díon truis oscailte a bhaineann le tréimhse níos déanaí agus áiléar ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1980. Suite isteach ón mbóthar agus crainn taobh thiar de. | AN COINICÉAR (BT DHÚN COILLÍN) | 157030,217630 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 311 | 30410515 | Teampall Bhreith Chríost/Teampall Caitliceach Chill Chríost | Teampall scoite trí bháfhuinneog, aon chille dar dáta 1881. Tá oscailtí pointeáilte ann ar an aghaidh rindreáilte agus tá póirse aolchloiche agus cloigtheach binne ann. Tá díon truis oscailte, cuasán éadomhain altóra agus altóir mharmair ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Suite amuigh faoin tuath agus carrchlós nua timpeall air. | BAILE AN GHARRAÍ (BT DHÚN COILLÍN) | 156700,213940 |  |
| 312 | 30410505 | Droichead Millmount | Droichead bóthair seacht n-áirse ag a bhfuil V-earrainní, sé dhídean agus uchtbhallaí, c. 1780. leaba thirim abhann. | CILL EASPAIG MHAOLÁIN | 157090,214950 |  |
| 313 | 30410508 | Teach an Chaithrín | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, mar aon le híoslach, aghaidh spallaí cúrsáilte, cóiriú cloiche gearrtha agus báfhuinneog lárnach cuasach lena ngabhann póirse vearanda, c. 1875. Tá pláistéireacht agus siúinéireacht chomhaimseartha etc. ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Fothithe. Lóiste geata binne dhá stór ag a bhfuil cláir bhinne mhaisiúla. Geata bealaigh isteach. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | COMHROINN | 160490,215090 |  |
| 314 | 0 | Dolan Electrical Supplies | Teach sraithe seacht mbáfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach, sceimhealchúrsa cloiche greanta, aghaidh rindreáilte agus oscailtí arda cúnga fuinneoige, c. 1760. Tá comhlaí ardaithe leacanta fuinneoige ann ar an taobh istigh. Éadan siopa adhmaid de chuid an 20ú haois. Ráillí tosaigh. Éadanas sráide. | BAILE LOCHA RIACH | 162010,216560 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 315 | 30337027 | Halla an Bhaile/Pictiúrlann | Seanhalla baile seacht mbáfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil stuaraí caocha bunurláir ina bhfuil oscailtí fuinneoige agus doirse, c. 1860. Tá an aghaidh déanta go páirteach as aolchloch eisléireachta agus go páirteach as rindreáil gharbhtheilgthe. Láithreán cúinne. Athraíodh é chun fónamh mar phictiúrlann c. 1940. Níl sé áitithe anois. | BAILE LOCHA RIACH | 162100,216460 | |  |
| 316 | 0 | Feirm agus Ionad Eachaíochta | Teach binne scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór, c. 1790. Tá fuinneoga bunaidh ann ar an chuid uachtarach den aghaidh rindreáilte agus tá dhá oscailt cheannchruinne dorais ann a bhaineann le tréimhse níos déanaí. Tá árasáin ann anois agus iad os cionn asraoin miondíola agus oscailtí méadaithe bunurláir ann, c. 1980. | BAILE LOCHA RIACH | 162100,216430 | |  |
| 317 | 30337038 | Ardeaglais Chaitliceach N. Breandán | Ardeaglais croschruthach sa stíl Ghotach agus taobhphasáiste, túr agus spuaic ann. Tá cóiriú cloiche gearrtha ann ar an aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha garbha aolchloiche. William Byrne a dhear é agus tógadh é sa tréimhse 1897-1903. Tá seaftaí stuara marmair, tíleanna polachróim, díon truis oscailte agus gloine dhaite le comhaltaí de chuid 'An Túr Gloine', ráillí comaoineach, taobhaltóirí etc. ann ar an taobh istigh saibhir. Suite laistigh de láithreán mór ina bhfuil geataí bealaigh isteach le William A. Scott. | BAILE LOCHA RIACH | 162170,216400 | |  |
| 318 | 30337015 | Dr.J Flaherty's | Teach cinn sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach ardaithe, céimeanna staighre dúbailte ag an mbealach isteach agus fráma dorais iónach; tógadh c. 1790 é. Tá rindreáil gharbhtheilgthe ann ar an aghaidh. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. Sráid-dreach láithreáin cúinne. | BAILE LOCHA RIACH | 162190,216610 | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 319 | 30337041 | An Teach Beag | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil díon géar claonta agus aghaidh bhruthrindreáilte; tógadh é c. 1780. Éadan traidisiúnta adhmaid tí tábhairne, c. 1990. Cóiríocht chónaithe os a chionn. Rinneadh athchóiriú c. 1990. | BAILE LOCHA RIACH | 162000,216560 |  |
| 320 | 30337021 | Leabharlann | Teampall croschruthach sa stíl Ghotach agus túr creinilithe agus spuaiceanna cúinne ann, dar dáta 1825. Tógtha as aolchloch eisléireachta ar a bhfuil cóiriú cloiche greanta. Tá roinnt leac beag cuimhneacháin ann ar an taobh istigh fós. James Pain a dhear iad. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil geata bealaigh isteach agus líon mór leac uaighe. Tá mór-athchóiriú a dhéanamh air faoi láthair lena úsáid mar theampall agus mar leabharlann phoiblí. | BAILE LOCHA RIACH | 162170,216540 |  |
| 321 | 30337032 | Clochar na Trócaire | Clochar deich mbáfhuinneog, dhá stór sa stíl Ghotach, agus áiléar dormánta, beanna agus séipéal mór lena ngabhann túr agus spuaic; J.J. O'Callaghan a dhear é, c. 1880. Tá cóiriú cloiche gearrtha ann ar an aghaidh aolchloiche. Tá roinnt gnéithe bunaidh ailtireachta ann fós ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1995 agus athraíodh an séipéal chun fónamh mar halla spóirt. Suite laistigh dá thailte féin agus scoileanna tadhlach leis. | BAILE LOCHA RIACH | 162380,216470 |  |
| 322 | 30337030 | Scoil Náisiúnta Chlochar na Trócaire | Foirgneamh scoile scoite trí bháfhuinneog is fiche, trí stór a tógadh 1954-6; tá an aghaidh starrach ina céimeanna. Suite i dtailte clochair. | BAILE LOCHA RIACH | 162330,216470 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **323** | **30337003** | **Mainistir Chairmilíteach** | **Mainistir Chairmilíteach cúig bháfhuinneog ag a bhfuil báfhuinneoga foircinn atá rud beag starrach, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais cloiche trípháirteach agus plaic os a chionn; tógadh é sa bhliain 1829. Tá sciathán seacht mbáfhuinneog, trí stór tadhlach leis, c. 1800. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Suite laistigh dá thailte féin.** | **BAILE LOCHA RIACH** | **161950,216780** |  |
| **324** | **30337004** | **Teampall N Iósaef** | **Teampall T-phlean sa stíl Iodálach-Rómhánúil agus cúlbhá leathchiorclach ann, c. 1865. Tá bealach isteach áirseach agus rós-fhuinneog ann san aghaidh aolchloiche. Tá díon truis oscailte, stuaraí croslainne, áiléar agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Tá sé i gceangal le mainistir atá tadhlach leis. Suite laistigh dá thailte féin.** | **BAILE LOCHA RIACH** | **161960,216760** |  |
| **325** | **30337007** | **Stáisiún Iarnróid Bhaile Locha Riach** | **Grúpa foirgneamh iarnróid nach n-úsáidtear a thuilleadh, c. 1890, lena n-áirítear teach stáisiúin, bothanna earraí agus túr uisce, mar aon le cóiriú bríce. Tréigthe anois.** | **BAILE LOCHA RIACH** | **162210,216870** |  |
| **326** | **30337022** | **Teach** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, mar aon le fráma ceannchruinn cloiche doras Gibbs lena ngabhann feanléas bunaidh, c. 1800. Cuireadh díon nua air c. 1940. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1985. Éadanas sráide.** | **BAILE LOCHA RIACH** | **162310,216630** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 327 | 30337023 | Teach | Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór, c. 1800; cuireadh díon nua air c. 1900. Tréigthe anois. | BAILE LOCHA RIACH | 162320,216640 |  |
| 328 | 0 | Barry and Hayes Medical Hall | Teach cinn sraithe sé bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus áirse charráiste a thugann rochtain ar chúl an tí, c. 1750. Rinneadh athchóiriú agus cuireadh isteach fuinneoga cáisminte PVC agus éadan adhmaid siopa sa stíl traidisiúnta, c. 1990. Éadanas sráide. | BAILE LOCHA RIACH | 161990,216590 |  |
| 329 | 0 | Leacht Stoney Brennan | Ceann cloiche greanta; d'fhéadfadh sé gur píosa de chloch mheánaoiseach é atá suiteáilte sa bhalla os cionn na plaice i gcuimhne ar Stoney Brennan, c. 1950. | COIS CARRAIGE | 161670,216630 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 330 | 30337001 | Mainistir N Iósaef | Mainistir scoite naoi mbáfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneog lárnach agus báfhuinneog foircinn de chineál peidiméide crochta; coiscriceadh í sa bhliain 1833. Tá fráma dorais iónach ann san aghaidh rindreáilte. Athchóiríodh an taobh istigh den séipéal sa bhliain 1981 ach tá pláistéireacht mhaisiúil síleála ann fós. Cuireadh díon nua uirthi agus cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990. Suite laistigh dá tailte féin ina bhfuil reilig bheag. | COIS MÓNA | 161720,216960 |  |
| 331 | 30410604 | Teampall Caitliceach N. Breandán | Teampall scoite T-phlean dhá bháfhuinneog dar dáta 1839. Athchóiríodh é, cuireadh díon nua air agus cuireadh cléirtheach leis ar a chúl c. 1890 agus cuireadh sacraistí leis c. 1985. Tá rindreáil gharbhtheilgthe ar an taobh istigh agus tá fráma dorais cloiche pointeáilte ann. Tá díon truis oscailte, áiléar, boscaí faoistine de chuid thús an 20ú haois agus altóir mharmair ann ar an taobh istigh. Tá umar uisce choisricthe ann atá déanta as aolchloch agus ar a bhfuil an scríbhinn seo a leanas: "Erected by Mr Thomas Burke .... 1753". Suite laistigh de láithreán beag atá tadhlach leis an mbóthar. | AN MULLACH MÓR | 173690,218920 |  |
| 332 | 30410612 | Ryan's | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór a bhaineann le dátaí éagsúla. Tá oscailtí beaga fuinneoga ann sa chuid bhunaidh trí bháfhuinneog, dhá stór, c. 1820. Cuireadh aisfhilleadh cúil ceithre bháfhuinneog, dhá stór leis c. 1920 agus tá steancadh méaróg ann ar an urlár uachtarach, mar aon le frámaí dorais cloiche gearrtha ag na bealaí isteach chuig siopa agus chuig teach tábhairne, agus tá doras halla ann ar an taobh. Tá sé suite ag acomhal bóthair. | GORT UÍ MHADÁIN | 173490,216330 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **333** | **30410606** | **Teach Bhéal Átha Dúgáin - Geata bealach isteach** | **Scáil bhealaigh isteach chuig Teach Bhéal Átha Dhúgáin, mar aon le piaraí geata cloiche gearrtha agus geataí singile agus dúbailte iarainn shaoirsithe, c. 1820. Lóiste aon stóir a atógadh c. 1980.** | **BÉAL ÁTHA DÚGÁIN (BT LIATROMA)** | **168640,216930** |  |
| **334** | **30410609** | **Teach Bhéal Átha Dúgáin** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh ardaithe, agus báfhuinneog lárnach leath-heicseagánach ann, c. 1760. Tá sceimhleacha bractha moidillin ann ar an díon gabhail éadain. Tá fráma dorais teascánach peidiméide agus colbhaí fuinneoige Gibbs ann ar an aghaidh ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá staighre breá taobhoscailte ann ar an taobh istigh. Tá raon fothithe ann. Droichead ar a bhfuil uchtbhallaí agus cuasáin. Geata bealaigh isteach. Suite laistigh de dhiméin phictiúrtha.** | **BÉAL ÁTHA DÚGÁIN (BT LIATROMA)** | **167900,216870** |  |
| **335** | **30410603** | **Gort na Saighde** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh starrach pheidiméide agus aghaidh aolchloiche cearnaithe cúrsáilte, c. 1825. Tréigthe. Clós mór stáblaí - athchóiríodh é chun fónamh mar lárionad eachaíochta, 2001. Suite laistigh dá thailte féin. Lóiste geata dhá bháfhuinneog, aon stóir. Scáil thrípháirteach bealaigh isteach mar aon le piaraí eisléireachta agus geataí singile agus geataí dúbailte araon. Iarsmaí balla teorann diméine.** | **GORT NA SAIGHDE** | **168190,219160** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **336** | **30410713** | **Droichead na Buaile Bige** | **Droichead spallaí cloiche ag a bhfuil ceithre áirse agus v-earrainní, c. 1760. Tógtha as spallaí cúrsáilte. Cuireadh teannta ollmhór coincréite leis c. 1940. Úsáidtear seachbhóthar ina ionad anois.** | **MÓINÍN AN MHIANAIGH** | **179790,213040** | |  |
| **337** | **30410711** | **Teach na Buaile Bige** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1820. Tá díon gabhail éadain ar an bhfoirgneamh, mar aon le haghaidh rindreáilte, póirseáid bhalastráide agus fuinneoga trípháirteacha. Fothithe. Geata bealaigh isteach maille le piaraí eisléireachta, ráillí iarainn theilgthe agus geataí singile agus geataí dúbailte araon. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **CILL ÍOMAIR AGUS AN BHUAILE BHEAG** | **179760,212980** | |  |
| **338** | **30410710** | **Muileann an Leasa Dhuibh** | **Muileann uisce scoite trí bháfhuinneog, ceithre stór, c. 1790, agus é ardaithe agus athchóirithe, 1855. Tá dáta-phlaic ann. Díon gabhail éadain agus aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá tarae agus innealra ann. Tá an foirgneamh i riocht tréigthe anois agus é á úsáid go páirteach mar fhotheach.** | **AN LIOS DUBH (BT AN LONGFOIRT)** | **177210,213430** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 339 | 30410716 | Teampall na Tríonóide, Teampall Eaglais na hÉireann i gCill Íomair | Seanteampall dhá bháfhuinneog, aon stóir de chuid Eaglais na hÉireann, c. 1870, agus saingeal ann. Athchóiríodh go páirteach é c. 1995 chun fónamh mar shaoráid phobail. | AN GARRAÍ ARD AGUS AN GARRAÍ DUBH | 180950,212700 |  |
| 340 | 30410706 | Teampall Chríost Rí, Cill Chuáin | Teampall T-phlean, c. 1879, ag a bhfuil aghaidh cloiche gearrtha agus rindreáilte. Cuireadh cúlbhá leis c. 1930. Tá áiléar ar a bhfuil síleáil adhmad-bhrataithe agus gloine dhaite de chuid na 1930-idí ann ar an taobh istigh. Athchóiríodh é c. 1985. Suite laistigh dá láithreán féin. Fochla ina bhfuil cuasán agus dealbh ann, agus é ag féachaint trasna an bhóthair, c. 1920. | COILL AN CHONNAIDH | 184270,214620 |  |
| 341 | 30410701 | Teach Sceach Chuar | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ar a bhfuil díon gabhail éadain, agus oscailtí fuinneoige trípháirteacha ann, c. 1835. Tá bruthrindreáil ar an aghaidh agus tá fráma dorais adhmaid ann maille le feanléas agus taobhléasanna. Tá pláistéireacht mhaisiúil síleála agus siúinéireacht chomhaimseartha ann ar an taobh istigh. Fothithe dhá stór. Geata bealaigh isteach. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | SCEACH CHUAR | 184080,218910 |  |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **342** | **30410811** | **Prospect House** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, agus díon gabhail éadain, fuinneoga dormánta, aghaidh starrach pheidiméide aige, c. 1775. Tá fráma dorais ceannchruinn Gibbs ann ar an aghaidh rindreáilte. Cuireadh méadú aon bháfhuinneoige, dhá stór leis ar gach foirceann de. Tá roinnt pláistéireachta agus siúinéireachta bunaidh ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1880. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1930. Fothithe. Suite laistigh de dhiméin bheag.** | **PROSPECT** | **190930,215240** |  |
| **343** | **30410823** | **Teampall Caitliceach N. Proinsias** | **Foirgnimh Prióireachta Meánaoisí Proinsiasaí, lena n-áirítear teampall aon chille. Cuireadh díon nua uirthi c. 1855. Fothrach tí, c. 1650. Rinneadh athchóiriú c. 1985. Tá reilig taobh léi agus leachtanna cuimhneacháin cloiche gearrtha ann a bhaineann leis an tréimhse ó c. 1500 go dtí an lá atá inniu ann. Suite laistigh de chill fhálaithe. Tá droichead aon áirse ann tadhlach leis an láithreán.** | **TALAMH NA mBRÁTHAR** | **194340,213650** |  |
| **344** | **30338002** | **Teampall Eoin Baiste, Eaglais na hÉireann** | **Teampall de chuid Eaglais na hÉireann sa stíl Ghotach agus saingeal, póirse oscailte, bréag-chroslanna agus bonn túir neamhchríochnaithe ann; William Martin a dhear é, c. 1867. Tógtha as spallaí randamacha aolchloiche agus tá cóiriú cloiche gearrtha agus tíle ann. Tá díon truis oscailte agus gloine dhaite etc. ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de chill a choinnítear i riocht maith. Tá rochtain ar an mbóthar trí gheataí agus ráillí iarainn theilgthe.** | **DIMÉIN DHÚN AN UCHTA** | **191200,216810** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **345** | **30338006** | **Seanamharclann** | **Seanfhoirgneamh amharclainne scoite ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, agus aghaidh starrach lárnach trí bháfhuinneog ann, mar aon le painéal greanta agus oscailtí bunurláir atá suiteáilte laistigh de stuara caoch, dar dáta deireadh an 18ú haois. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191430,216700** |  |
| **347** | **30338014** | **Teampall Caitliceach N. Breandán** | **Teampall Caitliceach Rómhánach croschruthach sa stíl Ghotach agus túr cúng ag gabháil leis, c. 1825. Rinneadh athrú air agus cuireadh féitheach fuinneoige isteach, c. 1880. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte. Tugann nascphasáiste cuarach rochtain ar shean-chléirtheach. Tá díon truis oscailte, áiléar agus boscaí faoistine ann ar an taobh istigh. Athraíodh an sanctóir c. 1970. Suite ar láithreán cúinne sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191440,216610** |  |
| **348** | **30338010** | **Teach Tábhairne O'Meara** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór [ceann amháin de phéire] ag a bhfuil fráma dorais cloiche Gibbs agus áirse charráiste agus tá na fuinneoga bunaidh ann fós ar na hurláir os cionn an bhunurláir. Tá athrú déanta ar oscailtí fuinneoige an bhunurláir. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191320,216590** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **349** | **0** | **Earner's Lounge** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór [ceann amháin de phéire] ag a bhfuil fráma dorais cloiche Gibbs agus tá na fuinneoga bunaidh ann fós ar na hurláir os cionn an bhunurláir. Teach tábhairne ar a bhfuil plástar cumaisc, c. 1950. Cuireadh fuinneoga nua in ionad cuid de na seanfhuinneoga c. 1990. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191310,216580** |  |
| **350** | **0** | **Diamonds** | **Teach scoite ceithre bháfhuinneog, trí stór, c. 1830, agus éadan siopa bractha adhmaid ann. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. Fothithe fairsinge dhá stór ar a chúl. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191210,216560** |  |
| **351** | **30338009** | **Hourigan** | **Teach scoite dhá bháfhuinneog, trí stór, c. 1820, agus éadan siopa adhmaid ann, c. 1900. Sráid-dreach.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191260,216570** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **352** | **30338017** | **Diméin Dhún an Uchta** | **Geata an bhealaigh isteach chuig Diméin Dhún an Uchta arb é atá ann ná piaraí geata aolchloiche eisléireachta, c. 1775, agus geataí iarainn shaoirsithe a bhfuil Hodge of Dublin stampáilte orthu. Rinneadh athchóiriú agus suiteáladh barrghréasa anainn nua, c. 1995.** | **DIMÉIN DHÚN AN UCHTA** | **191580,216670** | |  |
| **353** | **30338018** | **Fothracha Teampaill** | **Fothrach seanteampaill Eaglais na hÉireann ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, c. 1725, chomh maith le cloigtheach, c. 1800. Suite laistigh de reilig bheag nach n-úsáidtear a thuilleadh. Geata isteach sa láithreán sa stíl Ghotach, c. 1870. Suite laistigh de Dhiméin Dhún an Uchta.** | **DIMÉIN DHÚN AN UCHTA** | **191590,216660** | |  |
| **354** | **30338015** | **Innisfail** | **Teach binne scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór, agus báfhuinneog lárnach ann sa dronnaghaidh, c. 1780. Tá fráma dorais ceannchearnógach cloiche ann san aghaidh gharbhrindreáilte. Tá comhlaí painéalta de chuid an 18ú haois ann ar an taobh istigh. Tá méadú dhá bhá ann, c. 1850. Rinneadh athchóiriú c. 1995. Suite taobh thiar de ráillí. Éadanas sráide.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191510,216630** | |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **355** | **30338003** | **Teach Cúirte** | **Teach cúirte scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór, c. 1825, agus báfhuinneog lárnach chrochta ann.** | **PÁIRCEANNA AN BHAILE (BT AN LONGFOIRT)** | **191230,216760** | |  |
| **356** | **30410909** | **Droichead Bheannchair** | **Droichead cloiche gearrtha cúrsáilte ag a bhfuil sé áirse agus a tógadh sa tréimhse 1841-2; rinneadh athchóiriú c. 1995; agus tá ráillí agus lampaí cuaille iarainn theilgthe ann.** | | **200530,215850** | |  |
| **357** | **30410908** | **Caisleán Chromail** | **Túr cosanta de réir plean thrípháirtigh, agus é bainteach go páirteach leis an 17ú haois. Suite ar bhruach na Sionainne.** | **AN EISCIR (BT AN LONGFOIRT)** | **200450,215900** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **358** | **30410906** | **Túr Martello Dhroichead Bheannchair** | **Túr Martello, c. 1810. Suite ar bhruach abhann.** | **AN EISCIR (BT AN LONGFOIRT)** | **200450,216000** |  |
| **359** | **30410907** | **Teach** | **Fad gearr canálach agus teach binne scoite coimeádaí loic ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór, c. 1820.** | **AN EISCIR (BT AN LONGFOIRT)** | **200410,215920** |  |
| **360** | **30410903** | **Scoil na hEascrach** | **Teach scoile scoite ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór agus aghaidh starrach bhinne agus stoic arda simléir aige, dar dáta 1858. Tógtha as spallaí aolchloiche cúrsáilte. Athraíodh é chun fónamh mar halla pobail. Suite ar láithreán beag ard ar thaobh an bhóthair.** | **AN EISCIR (BT AN LONGFOIRT)** | **199330,216500** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **361** | **30411212** | **Muileann Chora an Rú** | **Fothrach muilinn taoide scoite dhá bháfhuinneog, ceithre stór, dar dáta 1804. Tógtha as spallaí aolchloiche cúrsáilte. Cora i mbá taoide agus taraenna slána fós ann. Fothithe tréigthe ar chúl an mhuilinn agus iad athchóirithe go páirteach, c. 1990, chun fónamh mar fhoirgnimh feirme.** | **AN RINNÍN (TR DHÚROIS)** | **132640,211760** |  |
| **362** | **0** | **Cora an Rú** | **Teach scoite úinéara muilinn ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, c. 1805. Rinneadh athchóiriú c. 1875 agus c. 1990 agus cuireadh áiléar dormánta isteach agus cuireadh grianán leis ar a thaobh. Suite tadhlach leis an muileann.** | **AN RINNÍN (TR DHÚROIS)** | **132650,211780** |  |
| **363** | **30411205** | **Teampall Caitliceach N. Colmán** | **Teampall trí bháfhuinneog, aon chille sa stíl Ghotach, agus fuinneoga móra pointeáilte agus túr creinilithe dhá stór aige. Rinneadh athchóiriú c. 1970. Tá reilig bheag ann taobh leis.** | **BAILE NUA NA LÍNSEACH** | **132390,213310** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **364** | **30411209** | **Tóchar na Tamhnaí** | **Tóchar spallaí, c. 1800, a tógadh mar dhamba taoide do mhuileann.** | **DÚROS** | **134060,212940** |  |
| **365** | **30411208** | **Fothracha Mhuileann na Tamhnaí** | **Fothrach muilinn taoide scoite cloiche ar déanamh sorcóra agus trí stór ann, c. 1800. Suite gar don bhóthar agus don urthrá.** | **AN TAMHNACH THIAR (TR DHÚROIS)** | **134020,213010** |  |
| **366** | **0** | **Teach Ceann Tuí** | **Teach ceann tuí binne scoite ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór, c. 1820. Cuireadh tuí nua air c. 1900 agus cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. Suite ar chúinne bóthair agus tá clós agus fotheach ann ar chúl an tí.** | **AN TAMHNACH THIAR (TR DHÚROIS)** | **133670,212180** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 367 | 30339002 | Teampall Caitliceach N. Colmán | Teampall íseal T-phlean ag a bhfuil ballaí aol-rindreáilte, teanntaí agus colbhaí de chineál gréasa fhada is ghearr ar na hoscailtí pointeáilte, c. 1815. Tá túr cúng breise cloigthí ann mar aon le plaic ar a dtaifeadtar an bhliain 1845 agus ainm an ailtire. Tá sacraistí ann tadhlach leis. Rinneadh athchóiriú ar an taobh istigh c. 1995. Suite isteach ón mbóthar agus tá carrchlós mór ann chun tosaigh áit a bhfuil leacht cuimhneacháin i bhfoirm Croise Airde. | BAILE UÍ BHRANAGÁIN | 136110,210380 |  |
| 368 | 0 | Teach Scoile Náisiúnta Chinn Mhara | Teach scoile scoite ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le beanna foircinn, aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, dáta-phlaic agus roinnt fuinneog bunaidh cáisminte iarainn, dar dáta 1840. Cuireadh póirse leis. Suite isteach ón mbóthar agus tá clós ann taobh thiar de. | BAILE UÍ BHRANAGÁIN | 136280,210280 |  |
| 369 | 30339003 | Túr Muilinn Gaoithe | Muileann gaoithe cloiche scoite ar déanamh sorcóra, c. 1820. Suite i bpáirc oscailte. | CINN MHARA (BT CHILL TARTAN) | 136510,210300 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **370** | **30339005** | **Cléirtheach N Iósaef** | **Seanchlochar leathscoite cúig bháfhuinneog, dhá stór, c. 1870, agus túr crochta trí stór ann i mbáfhuinneog lárnach na haghaidhe. Cléirtheach atá ann anois. Tá sé suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil fochla.** | **CINN MHARA (BT CHILL TARTAN)** | **136990,210240** |  |
| **371** | **30339004** | **Teampall Caitliceach N. Iósaef** | **Teampall seacht mbáfhuinneog aon chille ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cóiriú cloiche gearrtha agus oscailtí ceannchruinne, c. 1877. Tá síleáil bhoghtaí bairille adhmadbhrataithe, saothar péinteála maisiúil, saothar mósáice agus áiléar ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú forleathan c. 1980. Suite tadhlach le seanfhoirgnimh chlochair.** | **CINN MHARA (BT CHILL TARTAN)** | **137030,210280** |  |
| **372** | **30339009** | **Teach Cúirte Chinn Mhara** | **Teach cúirte scoite dé-éadanach ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus aon stór, c. 1840. Tá díon gabhail éadain ar an bhfoirgneamh agus tá aghaidh rindreáilte aige, mar aon le cóiriú cloiche. Á úsáidtear freisin anois mar scoil súgartha agus, uaireanta, mar ghailearaí.** | **CINN MHARA (BT CHILL TARTAN)** | **137270,210230** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **373** | **30339008** | **Murphys Stores** | **Stóras sraithe spallaí ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus ceithre stór, c. 1850. Athraíodh é chun fónamh mar ghailearaí sa bhliain 2001. Suite ar ché.** | **CINN MHARA (BT CHILL TARTAN)** | **137320,210280** |  |
| **374** | **0** | **Caisleán Dhún Guaire** | **Túrtheach cearnógach, c. 1550, agus balla bábhúin tadhlach leis, c. 1650. Túr dhá stór, c. 1650, crochta amach ó bhalla bábhúin agus i gceangal leis ar mhodh foirgnimh dhá stór, c. 1975. Fothrach a bhí ann agus dheisigh Edward Martyn é c. 1915. Ar oscailt don phobal anois agus eagraítear fleánna ann.** | **DÚN GUAIRE THIAR** | **138060,210550** |  |
| **375** | **30339020** | **P. O'Dea** | **Teach sraithe cúig bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil foircinn bheannacha agus áirse charráiste dar dáta 1851. Éadan siopa simplí adhmaid ar a bhfuil litreoireacht mhaith, c. 1890. Éadanas sráide.** | **AN CARTRÚN (TR CHILL FHIONNBHARRA)** | **137350,210180** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 376 | 30411408 | Teampall N. Treasa | Teampall cúig bháfhuinneog agus saingeal ann, c. 1850. Rinneadh athchóiriú ollmhór ar an taobh istigh, rindreáladh agus atílíodh é agus tógadh póirse agus túr c. 1970. Tá díon truis oscailte, áiléar, forscáth le William Scott, agus gloine dhaite a choimisiúnaigh Edward Martyn, c. 1900, ann ar an taobh istigh. Bealach isteach agus ráillí cloiche gearrtha, c. 1900. Suite laistigh den tsráidbhaile. | BAILE UÍ GHLEÁRA | 146010,210260 |  |
| 377 | 30411406 | Halla Cuimhneacháin Loughnane-Quinn | Halla scoite naoi mbáfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil áiléar agus íoslach a dhear William Scott, c. 1910. Rinneadh athchóiriú c. 1985. Piaraí geata cloiche gearrtha ar na taobhanna. Éadanas bóthair. | BAILE UÍ GHLEÁRA | 146130,210380 |  |
| 378 | 30340006 | Stáisiún an Gharda Síochána in Ard Raithin | Stáisiún póilíní scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór mar aon le haghaidh eisléireachta agus aghaidh starrach lárnach pheidiméide. Éadanas sráide agus clós taobh thiar de. Rinneadh athchóiriú c. 1995. Tá cóiríocht tís ann freisin. | ARD RAITHIN THUAIDH | 146110,212060 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **379** | **30340003** | **Teampall Eaglais na hÉireann in Ard Raithin** | **Teampall ceithre bháfhuinneog de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí agus fuinneoga ceannchruinne a bhfuil colbhaí Gibbs orthu, cúlbhá leathchiorclach agus túr heicseagánach maille le clog aige; tógadh é sa bhliain 1809. Tá síleáil phlástair, áiléar, gloine dhaite, orgán breá de chuid thús an 19ú haois agus leachtanna cuimhneacháin ar an mballa ann ar an taobh istigh. Tá cill fhálaithe ann ina bhfuil fothrach teampaill luath-Chríostaí agus comharthaí éagsúla uaighe a bhaineann leis an tréimhse ó c. 1800 go dtí an lá atá inniu ann.** | **ARD RAITHIN THUAIDH** | **146030,212190** |  |
| **380** | **30340001** | **Stáisiún Iarnróid Ard Raithin** | **Sean stáisiún iarnróid scoite ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór agus é tógtha as aolchloch gharbh; osclaíodh é sa bhliain 1869. Athchóiríodh é agus athraíodh é chun fónamh mar áit chónaithe, c. 1990.** | **CATHAIR UÍ DHÁLAIGH** | **145660,212240** |  |
| **381** | **30411401** | **Teach Chreig an Chláraigh** | **Láithreán Theach Chreig an Chláraigh ina bhfuil sean-fhothithe a bhfuil riochtaí éagsúla orthu agus cuid acu á n-úsáid mar fhoirgnimh feirme.** | **CREIG AN CHLÁRAIGH** | **147440,212350** |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **382** | **30411409** | **Caisleán Thul Aighre** | **Mainteach caisealach neamhshiméadrach ag a bhfuil aghaidh aolchloiche, túir agus túiríní, báfhuinneoga agus fuinneoga oiriail etc. George Ashlin a dhear é do Edward Martyn sa bhliain 1882. Tá túrtheach de chuid an 15ú haois tadhlach leis. Tá clós fálaithe stáblaí dar dáta 1843 ann ar a chúl. Suite laistigh de dhiméin ina bhfuil líon mór seandachtaí. Geata bealaigh isteach.** | **TUL AIGHRE** | **147330,209680** | |  |
| **383** | **30411421** | **Teampall N. Tomás** | **Teampall T-phlean, dar dáta 1840. Athchóiríodh é c. 1890. Athchóiríodh é agus cuireadh cloigtheach trí stór leis sa bhliain 1947. Tá cóiriú cloiche ar na hoscailtí, mar aon le dhá dháta-phlaic, ar an taobh amuigh rindreáilte. Tá díon truis oscailte, áiléar, altóir mharmair de chuid thús an 20ú haois agus gloine dhaite etc. ann ar an taobh istigh.** | **GARRAÍ BHLÁICÍN** | **150700,206910** | |  |
| **384** | **30411413** | **Teampall Caitliceach N. Treasa** | **Teampall trí bháfhuinneog aon chille sa stíl Ghotach, c. 1850, agus teanntaí crochta ar na taobhanna, mar aon le túr dhá stór. Tá Másailéam mhuintir Daly dar dáta 1861 ann sa chill. Tá díon truis oscailte, leachtanna i gcuimhne ar dhaoine de mhuintir Daly agus altóir mharmair ann ar an taobh istigh.** | **AN CORRBHAILE** | **152070,209660** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **385** | **30411405** | **Túr an Chaisleáin Bhuí** | **Túr cloiche ar déanamh sorcóra ag a bhfuil cúig stór agus fuinneoga ceannchruinne aige, c. 1850. Ba chuid de dhéanmhas níos mó é tráth ach é i riocht scartáilte anois. Tá fothrach fothithe ann in aice láimhe.** | **AN CAISLEÁN BUÍ** | **152560,210910** |  |
| **386** | **0** | **Caisleán an Chlocháin** | **Túrtheach, c. 1250; rinneadh athchóiriú c. 1990 agus cuireadh méadú dhá bháfhuinneog, dhá stór leis.** | **AN CLOCHÁN (BT BHAILE LOCHA RIACH)** | **153780,210850** |  |
| **387** | **30411416** | **Caisleán an Chorbhaile** | **Fothrach aghaidhe tí scartáilte, c. 1780, a bhfuil aghaidheanna starracha caisealacha aige, agus túrtheach níos luaithe ann i gceann amháin de na haghaidheanna sin.** | **AN CORRBHAILE** | **152020,209050** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 388 | 30411415 | Lóiste Chaisleán Thul Aighre - Geata bealach isteach | Geata bealaigh isteach arb é atá ann ná balla ceathramháin aolchloiche eisléireachta, ballaí glúine, piaraí geata, ráillí iarainn theilgthe agus geataí, c. 1845. | BAILE AN DUIBH (BT CHILL TARTAN) | 146760,208860 |  |
| 389 | 30340011 | Teampall agus Másailéam Chathair Chré | Reilig phríobháideach ina bhfuil fothrach cille nach eol an dáta a bhaineann léi agus másailéam boghtach eisléireachta [folamh] mar aon le péire doirse, c. 1860. | CREIG AN CHLÁRAIGH | 147090,211830 |  |
| 390 | 0 | The Rectory | Teach scoite dhá bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach agus bogha foircinn, c. 1810. Tá aghaidh rindreáilte ag an bhfoirgneamh, mar aon le díon gabhail éadain, oscailtí trípháirteacha fuinneoga agus staighre cloiche. Fothithe. Suite laistigh dá thailte féin. | CATHAIR CHEALLAIGH | 145950,211340 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 391 | 30411502 | Teampall Caitliceach N. Damhnait | Teampall beag T-phlean Caitliceach Rómhánach ag a bhfuil oscailtí pointeáilte, c. 1850. Cuireadh cúlbhá éadomhain leis c. 1920. Tá cúinní rindreáilte, múnláil húda agus cloigtheach binne aolchloiche ann ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá masc cloiche leagtha isteach sa bhalla binne. Tá síleáil adhmadbhrataithe, áiléar, altóir mharmair agus fuinneoga sínithe gloine daite le Harry Clarke, etc. ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1920 agus cuireadh díon nua air agus athchóiríodh tuilleadh é c. 1990. Tá fothrach teampaill c. 1400 ann sa reilig. | CILLÍN AN DÍOMA THIAR | 161630,212800 |  |
| 392 | 30411503 | Teampall Caitliceach Mhuire, an Aill | Teampall trí bháfhuinneog, aon chille, 1850. Tá oscailtí pointeáilte agus cóiriú cloiche ann ar an aghaidh bhruthrindreáilte, lena n-áirítear spuaiceanna arda binne. Tá síleáil phlástráilte ann ar an taobh istigh, lena n-áirítear gréagán maisiúil láir agus gloine dhaite de chuid an fichiú haois. Suite ar láithreán beag agus an bhinn ag féachaint amach ar an mbóthar. | AN BAILE ÍOCHTARACH (BT LIATROMA) | 165070,212540 |  |
| 393 | 30411611 | Teampall Caitliceach N. Breandán | Teampall beag íseal T-phlean ag a bhfuil oscailtí pointeáilte fuinneoige, cloigtheach binne agus péire taobhphóirsí, c. 1840. Tá an taobh amuigh rindreáilte. Tá balcóin ann ar an taobh istigh. Ní úsáidtear a thuilleadh é. | CLUAIN LAO | 172200,210890 |  |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **394** | **30411612** | **Teampall an Tealaigh Naofa** | **Teampall scoite seacht mbáfhuinneog, aon chille ag a bhfuil saingeal agus cloigtheach trí stór dar dáta 1958 i gceangal leis. Tá oscailtí pointeáilte agus dátchloch ann ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá síleáil phlástair bhoghtaí bairille ann ar an taobh istigh, mar aon le balcóin agus Scrín an Teaghlaigh Naofa ar chúl an teampaill. Tá geataí mionsaothraithe comaoineach ann. Suite laistigh dá thailte féin agus cléirtheach comhaimseartha tadhlach leis.** | **AN CARTRÚN (BT LIATROMA)** | **172230,210800** | |  |
| **395** | **30411601** | **Teampall Caitliceach Liatroma** | **Teampall cúig bháfhuinneog, aon chille dar dáta 1858. Tá cóiriú aolchloiche ann ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe, lena n-áirítear cúinní, spuaiceanna, oscailtí pointeáilte agus dátchloch. Tá síleáil phlástráilte, áiléar, altóir mharmair agus gloine dhaite dar dáta deireadh an 19ú haois ann ar an taobh istigh. Cuireadh an póirse isteach c. 1914. Athchóiríodh an saingeal c. 1985. Suite agus an bhinn ag féachaint amach ar an mbóthar, taobh thiar de ráillí.** | **AN CHEATHRÚ CHAOL (BT LIATROMA)** | **168300,212800** | |  |
| **396** | **30411620** | **Geata Theach Bhaile Uí Dhálaigh** | **Geata bealaigh isteach trípháirteach ina gcuimsítear ballaí ceathramháin agus piaraí spallaí cúrsáilte a bhfuil painéil orthu araon agus piléir bhalla chuislithe leathcheangailte ar a bhfuil mullaí leon-mhaisc ann, c. 1800. Geataí singile agus geataí dúbailte atá déanta as iarann saoirsithe. Méadaíodh an lóiste geata. Tá an t-aibhinne dúnta anois.** | **AN AILL (BT LIATROMA)** | **165290,212440** | |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 397 | 30411615 | Reilig Phríobháideach Bhaile Uí Dhálaigh | Reilig ina bhfuil másailéam agus bosca-thuamaí de chuid mhuintir Daly agus mhuintir Farrell, c. 1820-1855. Athchóiríodh an balla teorann c. 1995. | BAILE UÍ DHÁLAIGH | 166460,211680 |  |
| 398 | 30411607 | Teach Bhaile Uí Dhálaigh | Láithreán tí dar dáta deireadh an 18ú haois agus iarsmaí íoslaigh bhoghtaigh agus balla cúil ceithre bháfhuinneog, trí stór ann, c. 1790. Suite ar láithreán ard. | BAILE UÍ DHÁLAIGH | 167070,211210 |  |
| 399 | 30411701 | Teampall N. Iósaef | Teampall T-phlean, cúig bháfhuinneog sa stíl Rómhánúil, agus cúlbhá agus túr ceithre stór ann, c. 1940. Tá fabraic de chuid teampaill níos luaithe ann. Tá oscailtí cúnga ceannchruinne fuinneoige ann ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá síleáil bhoghtaí easnacha agus bhoghtaí bairille agus áiléar ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú breise c. 1985. Suite laistigh dá thailte féin, isteach ón mbóthar agus tadhlach le cléirtheach. | AN GARRAÍ ARD AGUS AN GARRAÍ DUBH | 180900,212550 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **400** | **30411706** | **Halla Paróiste** | **Teach scoile scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór mar aon le báfhuinneog chrochta lárnach pheidiméide, dar dáta 1845. Tógtha as aolchloch eisléireachta. Suite ar láithreán beag taobh thiar de bhalla íseal teorann agus é ag féachaint amach ar an mbóthar. Níl sé á áitiú.** | **LIOS AN AIRD THIAR** | **175560,209870** |  |
| **401** | **30411707** | **The Old Rectory** | **Sean-chléirtheach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain agus aghaidh rindreáilte, c. 1830. Rinneadh athchóiriú c. 1995 agus athraíodh na fothithe lena n-úsáid mar áit chónaithe. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN GARRÁN (TR NA PAILÍSE)** | **175640,209950** |  |
| **402** | **30411702** | **Teach Ceann Tuí** | **Teach scoite ceann tuí ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le háiléar dormánta, c. 1850; rinneadh athchóiriú c. 1990. Éadanas bóthair.** | **TÍNE** | **175120,211040** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 403 | 30411714 | Teampall na Deascabhála | Teampall croschruthach cúig bháfhuinneog sa stíl Ghotach agus saingeal agus póirse agus tá túr trí stór i gceangal leis. Tá oscailtí pointeáilte ann ar an aghaidh aolchloiche. Tá díon truis oscailte, ráillí práis comaoineach agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Láithreán fálaithe atá ann agus fochla ann mar aon le geataí iarainn theilgthe le R. Turner, Baile Átha Cliath. | AN CREIGÍN | 181050,206920 |  |
| 404 | 30411708 | Teampall Caitliceach N. Labhrás [roimhe seo] | Teampall Caitliceach croschruthach dar dáta tús an 19ú haois agus ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, oscailtí pointeáilte, cloigtheach binne agus iarsmaí roinnt pláistéireachta maisiúla ar an taobh istigh. Á úsáid mar stóras feirme anois. Suite isteach ón mbóthar agus é tadhlach le sean-chléirtheach. | LIOS AN AIRD THIAR | 175710,209900 |  |
| 405 | 0 | Wellmount House | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh aird agus díon gabhail éadain, fráma cloiche de chineál Pallaidiach agus céimeanna bealaigh isteach aige, c. 1790. Tá roinnt pláistéireachta agus siúinéireachta maisiúla comhaimseartha ann ar an taobh istigh. Fothithe. Suite laistigh dá thailte féin. Rinneadh athchóiriú c. 1995. | GORT NA CLOICHE | 184770,206260 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **406** | **30411807** | **Teampall N. Peadar agus N. Pól** | **Teampall croschruthach sa stíl Ghotach agus túr trí stór i gceangal leis; tá aghaidh rindreáilte ann mar aon le póirsí ar na croslanna; tógadh é sa bhliain 1847. Tá síleáil adhmad-bhrataithe, áiléar beag agus cúlscáthlán altóra adhmaid ann. Tá féitheach bunaidh ann ar na doirse sa túr. Suite achar maith isteach ón mbóthar.** | **AN BHUAILE** | **185420,207540** |  |
| **407** | **30411806** | **Teach na Buaile** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain agus aghaidh rindreáilte, c. 1845. Tá siúinéireacht chomhaimseartha ann ar an taobh istigh. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990. Tá foirgnimh feirme ann taobh thiar de, c. blianta na 1990-idí. Tá ballaí balastráide an gharraí déanta as cloch gearrtha agus tá geata bealaigh isteach ann. Suite laistigh dá thailte féin.** | **AN BHUAILE** | **185390,207520** |  |
| **408** | **30411801** | **Teach an Longfoirt** | **Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain agus fráma dorais ceannchruinn cloiche gearrtha, c. 1875. Tá sciathán níos luaithe ann ar a chúl agus cistin dé-airde ann mar aon le háiléar inmheánach. Tá banrach mhór chiorclach ann mar aon le balla ard teorann. Suíochán suirí agus tobartheach ann dar dáta an 19ú haois. Tá Caisleán an Longfoirt ann i bpáirc in aice láimhe. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN LONGFORT (BT AN LONGFOIRT)** | **187540,211650** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 409 | 30412203 | Músaem Chill Tartan/Gregory | Seanteach scoile scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le haghaidh chloiche, bhríce agus terracotta agus stuabhealach isteach; dar dáta 1892. Sir William Gregory a choimisiúnaigh F.H. Pearse chun é a thógáil. Rinnedh athchóiriú mór air 1990-5 chun músaem a chur ann. Suite laistigh de láithreán múrtha ar thaobh an bhóthair. | CILL TARTAN | 145430,205700 |  |
| 410 | 30412206 | Lárionad Cuairteora Pháirc na Cúile | Sean-fhothithe scoite ag a bhfuil seacht mbáfhuinneog agus dhá stór agus ag a bhfuil báfhuinneog lárnach trí stór, c. 1785. Rinneadh athchóiriú orthu c. 1995 chun fónamh mar bhialann agus mar lárionad cuairteora. Tá an foirgneamh bainteach le Lady Gregory agus le Gluaiseacht Liteartha na hÉireann etc. Suite laistigh d'iarsmaí diméine. | AN CHÚIL | 143910,204950 |  |
| 411 | 30412204 | Páirc na Cúile | Láithreán Teach Pháirc na Cúile, dar dáta 1785, agus é suite laistigh d'iarsmaí diméine. Ba le Lady Gregory an teach tráth agus tá sé bainteach le cúrsaí liteartha. Tá an diméin ar oscailt don phobal anois agus tá garraithe múrtha ann; fónann sí mar pháirc fianna agus tá limistéar picnice ann. Tá áith aoil agus bonn caidéil uisce each-chumhachtaithe ann tadhlach le turlach. | AN CHÚIL | 143850,205080 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 412 | 30412202 | Teampall Caitliceach Chill Tartan | Teampall scoite T-phlean ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus dátchloch 1842. Cuireadh colbhaí cloiche fuinneoige leis c. 1900. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh póirse agus cloigtheach scoite leis c. 1975. Suite ar láithreán íseal ar thaobh an bhóthair. | CILL TARTAN | 145180,205810 |  |
| 413 | 0 | Reilig Chill Tartan | Tá reilig ann timpeall air, c. 1550, ina bhfuil fothrach theampall aon chille agus comharthaí éagsúla uaighe, a bhaineann leis an tréimhse ó c. 1800 go dtí an lá atá inniu ann. | CILL TARTAN | 145200,205900 |  |
| 414 | 30412211 | Teampall Caitliceach N. Colmán, Tír Nimhin | Teampall scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir, c. 1850, agus saingeal íseal ann. Tógadh cloigtheach ag an bhfoirceann theas sa bhliain 1925. Athchóiríodh tuilleadh é c. 1970 agus c. 1990. Suite tadhlach leis an mbóthar. | AN CLUAINTÍN (BT CHILL TARTAN) | 140880,201990 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **417** | **30341030** | **Teampall Caitliceach N. Colmán** | **Teampall Caitliceach Rómhánach sa stíl Ghotach agus é tógtha i gcéimeanna éagsúla. Tógadh an teampall bunaidh sa bhliain 1825; an saingeal agus an sacraistí c. 1876; an aghaidh, an túr agus an spuaic, c. 1900; rinneadh pasáistí meánlainne, séipéal na marbh agus baistealann a chur isteach idir na gnéithe sin sa tréimhse 1935-38. Tógtha as cearnóga randamacha aolchloiche ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha. Tá díon truis oscailte, stuaraí pasáiste, gloine dhaite, leachtanna cuimhneacháin etc. ann ar an taobh istigh. Suite ar chúinne sráide taobh thiar de gheataí agus ráillí.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145060,202020** |  |
| **418** | **30341002** | **Teach** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór [ceann amháin de phéire agus an teach eile ar thaobh na láimhe deise] ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, áirse charráiste a thugann rochtain ar chúl an tí agus fráma dorais ceannchruinn eisléireachta, c. 1840. Cuireadh fuinneoga nua in ionad cuid de na seanfhuinneoga, c. 1880. Níl sé á áitiú.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145020,202060** |  |
| **419** | **30341003** | **Teach** | **Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór [ceann amháin de phéire agus an teach eile ar thaobh na láimhe clé] ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, áirse charráiste agus fráma dorais ceannchruinn, c. 1840. Rinneadh athchóiriú air c. 1880 agus c. 1990. Tá ráillí iarainn shaoirsithe ann chun tosaigh. Éadanas sráide.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145020,202060** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **420** | **30341015** | **Teach Crainn Tógála an Ghoirt** | **Teach Crainn Tógála scoite ag a bhfuil aon bháfhuinneog agus aon stór, c. 1880, agus ag a bhfuil meá-scálaí ag an mbinn, caidéal uisce ar a chúl, c. 1800, agus trach cloiche.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145100,202100** |  |
| **421** | **30341006** | **Dicey Reillys/T Lally** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa cloiche greanta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn eisléireachta péinteáilte, c. 1800. Éadain adhmaid tí tábhairne agus siopa sa stíl thraidisiúnta, c. 1900. Tá áit chónaithe ann os a gcionn. Éadanas sráide.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145060,202100** |  |
| **422** | **30341006** | **Finnegan ? Magic Touch** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa cloiche greanta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn eisléireachta péinteáilte, c. 1800. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1960. Rinneadh athchóiriú c. 1990 tráth a cuireadh isteach dhá éadan siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145050,202090** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **423** | **30341013** | **O'Sullivan's Hotel** | **Teach cinn sraithe ceithre bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil rindreáil agus pláistéireacht mhaisiúil chun tosaigh agus ar na taobh-ingearchlónna, c. 1900. Cuireadh póirse leis. Rinneadh athchóiriú c. 1980 agus c. 1990.** | **AN GORT** | **145110,202150** |  |
| **424** | **30341014** | **P. J. Piggott / PO** | **Teach beannach scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le sceimhealchúrsa cloiche greanta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn maille le heochair dar dáta 1782. Tá foirgneamh aon stóir ann ar thaobh na láimhe deise den garraí agus tá gnéithe d'éadan siopa sa stíl thraidisiúnta ann, c. 1930. Suite isteach ón mbóthar agus tá garraí ann chun tosaigh.** | **AN GORT** | **145160,202190** |  |
| **425** | **30341005** | **Angela's Boutique** | **Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa cloiche greanta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn eisléireachta ar a bhfuil feanléas bunaidh, c. 1790. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1950. Éadan siopa, c. 1970. Éadanas sráide.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145050,202090** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **426** | **0** | **Gort Jewellers** | **Teach cinn sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh agus sceimhealchúrsa cloiche greanta agus fráma dorais, c. 1810, ann. Athraíodh an aghaidh c. 1985 agus cuireadh éadan siopa isteach. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. Tá cosán ardaithe cloiche gearrtha agus trí chéim chloiche ann ar aghaidh an fhoirgnimh.** | **AN GORT** | **145130,202150** |  |
| **427** | **0** | **Teach** | **Tithe sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh agus sceimhealchúrsa agus fráma dorais cloiche greanta acu, c. 1810. Tá cosán ardaithe cloiche gearrtha cúrsáilte mar aon le ráillí iarainn theilgthe agus céimeanna cloiche gearrtha ann ar aghaidh an fhoirgnimh.** | **AN GORT** | **145130,202150** |  |
| **428** | **30341017** | **Treasures [Angela's Boutique]** | **Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa agus fráma dorais cloiche greanta, c. 1810, aige. Tá maisiúchán plástair ann ar an aghaidh, c. 1900. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh isteach éadan siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta, c. 1995.** | **AN GORT** | **145130,202140** |   |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 429 | 30341018 | Teach Cúirte | Teach cúirte sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn páirt-íoslaigh, agus aghaidh aolchloiche eisléireachta, aghaidh starradh éadomhain lena ngabhann taibhléadan blocáilte agus geata áirseach chuig halla bealaigh isteach oscailte. Rinneadh athchóiriú ar an taobh istigh c. 1970 agus c. 1993. | AN GORT | 145160,202140 |  |
| 430 | 30341019 | AIB (Bainc-Aontas Éireann) | Foirgneamh bainc scoite ag a bhfuil sé bhá fhuinneog agus trí stór ar dóigh ina leith gur dhá theach trí bháfhuinneog a bhí ann, c. 1810. Aontaíodh an aghaidh le maisiúchán plástair agus le héadan bainc, c. 1900. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1995. | BAILE UÍ AODHA | 145150,202110 |  |
| 431 | 30341020 | Roger Fahy | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, trí stór os cionn íoslaigh agus sceimhealchúrsa cloiche gearrtha, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais blocáilte cloiche gearrtha ann, c. 1810. Éadan siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta, c. 1920. Rinneadh athchóiriú c. 1990. Ní úsáidtear anois é. | BAILE UÍ AODHA | 145180,202060 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **432** | **0** | **Kilroy** | **Teach cinn sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa agus fráma dorais cloiche gearrtha, c. 1810. Rinneadh athchóiriú c. 1990 agus tá éadan traidisiúnta adhmaid tí tábhairne ann. Éadanas sráide.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145060,202050** |  |
| **433** | **30341042** | **Leabharlann an Ghoirt** | **Teampall scoite croschruthach de chuid Eaglais na hÉireann agus aghaidh saoirseachta randamach, cóiriú eisléireachta, spuaiceanna agus túr dhá stór ar a bhfuil spuaic ann; James Pain a dhear é sa bhliain 1811. Tá pláistéireacht mhaisiúil síleála agus plaiceanna cuimhneacháin ann fós ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú forleathan air agus cuireadh saingeal leis sa bhliain 1877. Bhí sé i riocht tréigthe i lár bhlianta na 1970-idí agus rinneadh athchóiriú forleathan air chun fónamh mar leabharlann phoiblí. Geata bealaigh isteach. Suite laistigh de chill mhór.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145080,201900** |  |
| **434** | **30341048** | **Droichead an Ghoirt** | **Droichead cloiche gearrtha trí áirse ag a bhfuil earrainní, c. 1820. Rinneadh athchóiriú c. 1980 agus téann sruth an uisce faoin áirse lárnach amháin.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145250,201940** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 435 | 30341054 | Seanbheairic RIC | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, sceimhleacha coirbéalta, aghaidh aolchloiche agus fráma dorais peidiméide, c. 1850. Méadaíodh é trí bháfhuinneog a chur leis. Suite isteach ón mbóthar agus tá garraí beag ann chun tosaigh. | AN LEATHBHAILE (BT CHILL TARTAN) | 145330,201820 |  |
| 436 | 30341051 | Burke | Teach binne trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil oscailtí trípháirteacha fuinneoige agus fráma dorais cloiche gearrtha, c. 1855. Éadain siopa bractha adhmaid, c. 1900. Cuireadh méadú aon bháfhuinneoige leis c. 1900. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1900. Éadanas sráide. | AN LEATHBHAILE (BT CHILL TARTAN) | 145310,201890 |  |
| 437 | 30341039 | Lárionad Liachta | Teach cinn sraithe ceithre bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa cloiche gearrtha, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchruinn clasach, c. 1810. Rinneadh athchóiriú forleathan ar a chúl, c. 1990, chun fónamh mar lialann dochtúra agus fiaclóra agus mar oifigí tráchtála. | BAILE UÍ AODHA | 145240,201980 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **438** | **0** | **Roches Garage** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil sceimhealchúrsa cloiche gearrtha, aghaidh rindreáilte agus péire frámaí dorais clasacha de chineál gréasa fhada is ghearr, c. 1810. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh áiléar dormánta isteach c. 1960, agus tá éadan siopa plástair sa stíl thraidisiúnta ann ar shiopa an gharáiste, c. 1920.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145230,201990** |  |
| **439** | **0** | **Emerald Cleaners** | **Teach sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fráma dorais ceannchruinn clasach cloiche gearrtha agus áirse charráiste phléineáilte, c. 1810. Cuireadh éadan siopa adhmaid isteach c. 1920. Athchóiríodh tuilleadh é c. 1990 agus tá asraoin mhiondíola ann anois an an mbunurlár agus ar an gcéad urlár agus áit chónaithe ann os a gcionn sin.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145230,202000** |  |
| **440** | **0** | **Abrakebabra / Irish Permanent** | **Teach cinn sraithe trí bháfhuinneog, trí stór, c. 1800, ag a bhfuil sceimhealchúrsa rindreáilte cloiche gearrtha agus fráma dorais ceannchruinn cloiche gearrtha de chineál gréasa fhada is ghearr. Rinneadh athchóiriú c. 1990 agus cuireadh éadan siopa adhmaid sa stíl thraidisiúnta leis an taobh deas agus tá bialann mhearsheirbhíse ann ar an taobh clé, c. 1990, mar aon le hoifigí os a chionn sin.** | **BAILE UÍ AODHA** | **145210,202020** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 441 | 30341046 | Clochar na Trócaire | Teach cinn sraithe trí bháfhuinneog, trí stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, fráma dorais cloiche gearrtha maille le taobhléasanna, póirseáid, báfhuinneog foircinn lánairde agus méadú seacht mbáfhuinneog, dhá stór ar a chúl, c. 1860. Séipéal aon chille a mhaisigh Joshua Clarke c. 1905. Éadanas sráide agus abhann. | BAILE UÍ AODHA | 145220,201940 |  |
| 442 | 30341001 | Lárionad Oidhreachta Halla N. Colmán | Teach cúig bháfhuinneog, dhá stór sa stíl Thúdarach-Eilíseach ag a bhfuil báfhuinneoga crochta binne, aghaidh aolchloiche cúrsáilte randamaí agus múnláil húda ar na hoscailtí, c. 1860. Ráillí ar an éadanas sráide. Rinneadh athchóiriú c. 1995. | BAILE UÍ AODHA | 144960,202000 |  |
| 443 | 30341040 | Stáisiún Iarnróid an Ghoirt | Grúpa foirgneamh stáisiúin iarnróid ina gcuimsítear stáisiún aon stóir, both earraí, túr uisce, bosca comharthaíochta agus ardán; osclaíodh é sa bhliain 1859. I riocht tréigthe anois. | AN LEATHBHAILE (BT CHILL TARTAN) | 145400,202030 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **444** | **30412303** | **Droichead Bhaile Uí Laoigh** | **Droichead spallaí cruinn-áirseach ceithre réise ag a bhfuil V-earrainní agus uchtbhallaí, c. 1825.** | **BAILE UÍ LAOIGH (BT CHILL TARTAN)** | **148170,206120** |  |
| **445** | **30412302** | **Túr Bhaile Uí Laoigh** | **Grúpa foirgneamh timpeall ar thúrtheach cearnógach, c. 1400, a d'athchóirigh an file, W. B. Yeats, c. 1920. Tá seanteach scoite ceann tuí lena ngabhann méadú dhá bháfhuinneog ann tadhlach leis an túr agus athchóiríodh é c. 1989 chun fónamh mar lárionad léirmhíniúcháin.** | **BAILE UÍ LAOIGH (BT CHILL TARTAN)** | **148120,206080** |  |
| **446** | **30412316** | **Teampall Caitliceach N. Feichín** | **Teampall scoite Caitliceach Rómhánach ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cóiriú cloiche ar na hoscailtí, túr ceithre stór i gceangal leis, agus sacraistí thrí bháfhuinneog ar a chúl, c. 1880. Tá díon truis oscailte, seaftaí eibhir shnasta ar na stuaraí trasnáin agus áiléar ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú c. 1990 tráth a bogadh an altóir go dtí an áit a mbuaileann na sciatháin lena chéile. Suite ar láithreán atá tadhlach leis an mbóthar.** | **CILL BHEAGANTA** | **148300,201850** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 447 | 30412314 | Teach Chluain Ó Maonagáin | Teach scoite beannach ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le háiléar dormánta, sceimhealchúrsa cloiche greanta agus oscailt dorais phléineáilte cheannchruinn lena ngabhann taobhléasanna, 1780. Tá méadú ann ar a chúl a tógadh i gcéimeanna éagsúla. Tá roinnt siúinéireachta bunaidh agus pláistéireachta maisiúla síleála ann ar an taobh istigh. Suite laistigh dá thailte féin ar láithreán ard agus háhá ann chun tosaigh air, mar aon le crainn mhaithe agus geataí iarainn shaoirsithe dar dáta blianta na 1920-idí. | CLUAIN Ó MAONAGÁIN (BT CHILL TARTAN) | 147170,203520 |  |
| 448 | 30412311 | Droichead Chluain Ó Maonagáin | Droichead dhá áirse aolchloiche eisléireachta, c. 1840, agus earrainní maolaithe agus uchtbhallaí cuaracha foircinn ann. Rinneadh athphointeáil c. 1990. | CLUAIN Ó MAONAGÁIN (BT CHILL TARTAN) | 148000,204400 |  |
| 449 | 30412309 | Droichead Ballaba | Droichead spallaí aon áirse, c. 1830, ar atógadh agus ar neartaíodh a chuid ballaí c. 1995. | CLUAIN Ó MAONAGÁIN (BT CHILL TARTAN) | 148010,204480 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **450** | **30341058** | **Clós/Teach Cónaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe** | **Grúpa seanfhoirgneamh de chuid theach na mbocht, c. 1840, ina gcuimsítear foirgneamh beannach aon stóir agus déanmhas trí bháfhuinneog, dhá stór tadhlach leis atá á úsáid mar chlós comhairle contae anois, agus i riocht tréigthe, foirgneamh trí bháfhuinneog, dhá stór atá á úsáid mar áit chónaithe agus a athchóiríodh c. 1995.** | **AN LEATHBHAILE (BT CHILL TARTAN)** | **145590,201670** |  |
| **451** | **30341057** | **Burren School of Homoeopathy** | **Seanospidéal fiabhrais scoite ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche agus cóiriú cloiche gearrtha, c. 1840. Rinneadh athchóiriú air, athraíodh na fuinneoga agus athraíodh é chun fónamh mar theach cónaithe, c. 1995. Suite isteach ón mbóthar.** | **AN LEATHBHAILE (BT CHILL TARTAN)** | **145450,201740** |  |
| **452** | **30412401** | **Teampall Caitliceach N. Pádraig** | **Teampall T-phlean sa stíl Ghotach, c. 1850. Tá oscailtí pointeáilte fuinneoige agus cloigtheach binne ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá áiléar agus gloine dhaite ann ar an taobh istigh. Cuireadh cuasán altóra leis sa bhliain 1956 i gcuimhne ar Thomas Slattery. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh díon nua air c. 1970. Suite ar láithreán ard. Rinneadh piaraí cloiche gearrtha agus ráillí iarainn theilgthe a athúsáid in aice leis an mbóthar.** | **DARAIDH BRAOIN THIAR** | **159120,201880** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **453** | **30412508** | **Teampall N. Iósaef** | **Teampall croschruthach trí bháfhuinneog sa stíl Ghotach, c. 1850. Tá cóiriú aolchloiche agus teanntaí ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá áiléar, aeidicil altóra agus síleáil dar dáta blianta na 1960-idí ann ar an taobh istigh. Geataí comhaimseartha trípháirteacha bealaigh isteach. Cuireadh díon nua air c. 1960. Athchóiríodh an taobh istigh c. 1980. Tá cloigtheach saorsheasaimh ann. Suite laistigh de láithreán fálaithe.** | **CNOC FHARDROMA** | **169510,204550** |  |
| **454** | **30412515** | **Teach Bhéal Átha na gCarr** | **Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil íoslach ardaithe, aghaidh starrach íseal pheidiméide agus foircinn bhoghtacha; Sir Richard Morrison a dhear é, c. 1807. Tá fráma dorais cloiche, lena ngabhann taobhléasanna, ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá pláistéireacht mhion mhaisiúil ann ar an taobh istigh mar aon le siúinéireacht bhunaidh, gan an staighre a cuireadh isteach ag deireadh an 19ú haois a áireamh. Tá sciathán níos luaithe trí bháfhuinneog, trí stór ann ar a chúl. Tá clós fálaithe ann ar a chúl. Tá geataí simplí bealaigh isteach ann. Suite laistigh dá thailte féin.** | **BÉAL ÁTHA NA gCARR** | **171610,204000** |  |
| **455** | **30412503** | **Teampall na Deastógála** | **Teampall scoite Caitliceach Rómhánach ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon chill, mar aon le póirse agus cuasán éadomhain altóra, c. 1850. Tá oscailtí pointeáilte agus cloigtheach binne ann ar an aghaidh rindreáilte. Rinneadh athchóiriú agus cuireadh sacraistí leis c. 1970.** | **GARRAÍ NA gCLOCH** | **173880,205840** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **456** | **0** | **Reilig Phrióireacht na Mainistreach** | **Reilig agus fothracha Mainistreach Cartúisí/Proinsiasaí, c. 1400, ina gcuimsítear leachtanna éagsúla i gcuimhne ar dhaoine de mhuintir Burke, dar dáta an tréimhse c. 1649 go c. 1850, agus líon mór comharthaí uaighe dar dáta an tréimhse ó c. 1800 go dtí an lá atá inniu ann, lena n-áirítear comharthaí slí beatha. Láithreán fálaithe.** | **TEACH NA mBRÁTHAR** | **173780,205860** |  |
| **457** | **30412510** | **Teach an Chreigín** | **Fothracha tí mhóir scoite ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus trí stór, mar aon le híoslach, báfhuinneog leath-heicseagánach agus fráma dorais cloiche peidiméide. Tá clós stáblaí fálaithe ann ar a chúl. Tá teach oighir ann sna tailte. Tá sé suite laistigh d'eastát roinnte de chuid Choimisiún na Talún.** | **AN CREIGÍN** | **167940,203850** |  |
| **458** | **30412609** | **Teach Chluain Maoláin Beag** | **Teach scoite ceithre bháfhuinneog, dhá stór, c. 1820, agus díon réise dúbailte aige ina bhfuil aisfhilleadh cúig bháfhuinneog. Rinneadh athchóiriú c. 1995. Clós fálaithe agus fothithe ann. Garraí múrtha. Suite laistigh dá thailte féin gar do chladach an locha. Bhíodh túr creinilithe ann ar gach taobh de.** | **CLUAIN MAOLÁIN BEAG (TR BHAILE NA MAINISTREACH)** | **179710,201900** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **459** | **30412605** | **Teampall Caitliceach N. Corban** | **Teampall beag aon chille ag a bhfuil trí bháfhuinneog, c. 1860. Tá an foirgneamh rindreáilte, rialaithe agus líneáilte le hoscailtí pointeáilte pléineáilte. Tá altóir mharmair bháin ar a bhfuil maisiúchán duilleach greanta ann ar an taobh istigh. Cuireadh póirse leis agus athchóiríodh é c. 1985. Tá fochla ann tadhlach leis. Suite ar láithreán beag atá tadhlach leis an mbóthar.** | **AN COILLÍN THEAS** | **178690,206010** |  |
| **460** | **30412610** | **Caidéal an Chillín** | **Caidéal iarainn theilgthe ag a bhfuil géag cuartha caidéalaithe, c. 1890. Suite ar thaobh an bhóthair laistigh d'imfhálú beag. Tá sé i riocht maith oibre.** | **AN LOCHÁN RUA THOIR** | **178650,206010** |  |
| **461** | **30412608** | **Teach an Chillín** | **Teach beannach scoite trí bháfhuinneog, trí stór, c. 1790. Tá fráma dorais cloiche gearrtha ann san aghaidh bhruthrindreáilte. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1940. Tá fothrach seanfhoirgnimh muilinn sábhadóireachta ann tadhlach leis, c. 1800, mar aon le fothithe atá i ndroch-riocht freisin. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN COILLÍN THEAS** | **179820,205580** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **463** | **30343044** | **Media & Electronics** | **Teach sraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, c. 1870. Éadan siopa adhmaid lena ngabhann bracanna agus piléir bhalla, c. 1890. Éadanas sráide.** | **PORT OMNA** | **185440,204460** |  |
| **464** | **0** | **Teach** | **Teach sraithe beannach cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon géarchlaonta, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannchearnógach de chineál gréasa fhada is ghearr, c. 1810. Tá comhlaí painéalta fuinneoige ann ar an taobh istigh. Éadanas sráide.** | **PORT OMNA** | **185620,204670** |  |
| **465** | **30343007** | **Teampall Caitliceach N. Bríd** | **Teampall scoite croschruthach sa stíl Ghotach, ag a bhfuil aghaidh cloiche gearrtha agus túr cloigthí scoite ceithre stór. Tá síleáil phlástráilte rinn-áirseach etc. ann ar an taobh istigh. Tá sé tógtha ar láithreán sean-Chearnóige Margaidh.** | **PORT OMNA** | **185160,204590** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **466** | **30343010** | **Sean-Chléirtheach** | **Foirgneamh leathscoite L-phlean ag a bhfuil cúig bháfhuinneog agus dhá stór, mar aon le haghaidh rindreáilte, áiléar dormánta agus báfhuinneoga etc. agus é tadhlach le seanteampall. Tá garraí ann chun tosaigh. Níl sé á úsáid anois.** | **PORT OMNA** | **185220,204630** |  |
| **467** | **30343011** | **Teampall Caitliceach N. Bríd [roiimhe seo]** | **Teampall T-phlean Caitliceach Rómhánach sa stíl Ghotach agus aghaidh rindreáilte agus creiniliú ann, c. 1825. Cuireadh túr leis an aghaidh agus fásáladh as an nua é c. 1858. Athraíodh é chun fónamh mar halla paróiste agus tá sé i riocht leath-thréigthe anois. Tá reilig ann sna tailte agus comharthaí éagsúla uaighe ann mar aon le másailéam agus dealbh cré-umha i gcuimhne ar an Moinsíneoir T. J. Joyce, c. 1950. Tá dhá gheata bealaigh isteach ann - déanta as iarann teilgthe agus iarann saoirsithe.** | **PORT OMNA** | **185260,204640** |  |
| **468** | **30343014** | **Clochar na Toirbhearta** | **Foirgneamh clochair scoite ag a bhfuil ocht mbáfhuinneog agus dhá stór, mar aon le híoslach, aghaidh chloiche agus bhríce, tíleanna mullaigh maisiúla agus cloigtheach etc. c. 1870; tá séipéal ann i gceann de na báfhuinneoga crochta foircinn; agus tá aghaidh starrach bheannach lárnach ann ag an mbealach isteach. Tá foirgneamh breise seacht mbáfhuinneog, dhá stór ann ar a chúl. Níl sé á áitiú faoi láthair.** | **PORT OMNA** | **185360,204730** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **469** | **30343013** | **Teach Scoile na Gaillimhe Cois Sionainne** | **Seanteach scoile scoite ag a bhfuil seacht mbáfhuinneog agus dhá stór, mar aon le haghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche agus cóiriú bríce, c. 1870. Athchóiríodh an taobh istigh chun cóiríocht bheagchostais a chur ar fáil. Suite isteach ón mbóthar.** | **PORT OMNA** | **185360,204780** |  |
| **470** | **30412703** | **Foirgnimh Chontae** | **Teach oibre gnáthphátrúin de chuid an 19ú haois ina gcuimsítear grúpa foirgneamh trí stór/dhá stór a úsáideadh mar oifigí riaracháin áitiúil ina dhiaidh sin. Oifig ceantair áitiúil de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí atá ann anois agus é i riocht tréigthe, Tá plaic c. 1995 ann i gcuimhne ar íospartaigh an Ghorta Mhóir atá curtha laistigh den láthair.** | **PORT OMNA** | **185110,205460** |  |
| **471** | **30343020** | **Teach Cúirte Phort Omna** | **Teach cúirte scoite dhá éadan, ceithre bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil uchtbhalla dín, báfhuinneoga crochta foircinn agus péire frámaí dorais, c. 1847. Tá sean-smachtlann ann ar a chúl ar foirgneamh dhá stór é anois a úsáidtear mar halla pobail.** | **PORT OMNA** | **185400,204690** |  |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **472** | **30343024** | **Teampall Chríost, Eaglais na hÉireann** | **Teampall scoite T-phlean trí bháfhuinneog ag a bhfuil aghaidh ar a bhfuil cearnóga randamacha aolchloiche, féitheach adhmaid fuinneoige, spuaiceanna arda, túr dhá stór agus spuaic ar a bharr, agus póirse agus saingeal íseal ar na taobhanna; tógadh é sa bhliain 1832. Deirtear gurbh é James Pain a dhear é. Tá síleáil easnach plástair, áiléar, leachtanna balla agus orgán ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de reilig fhálaithe lena ngabhann piaraí eisléireachta agus geataí iarainn shaoirsithe.** | **DIMÉIN PHORT OMNA** | **185140,204480** |  |
| **473** | **30343048** | **Caisleán Phort Omna** | **Teach Seacaibíneach scoite leath-dhaingnithe os cionn íoslaigh, agus sé bháfhuinneog agus trí stór aige; tógadh é sa bhliain 1618; agus tá báfhuinneoga crochta ann ag na cúinní. Scriosadh é mar thoradh ar dhóiteán sa bhliain 1826 agus fothrach a bhí ann go dtí go ndeachthas i mbun oibre caomhantais sa tréimhse c. 1995 go dtí an lá atá inniu ann d'fhonn an foirgneamh a thíolacadh don phobal.** | **DIMÉIN PHORT OMNA** | **185350,204020** |  |
| **474** | **30343038** | **Caisleán Phort Omna – Teach Loiste** | **Lóiste geata scoite sa stíl Thúdarach-Eilíseach ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le haghaidh cloiche gearrtha, c. 1860. Suite taobh isteach den bhealach isteach ina gcuimsítear piaraí geata cloiche gearrtha agus geataí iarainn theilgthe a thugann rochtain ar Dhiméin Phort Omna.** | **DIMÉIN PHORT OMNA** | **185280,204300** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **475** | **30343045** | **The Antique Shop** | **Tithe cinn sraithe trí bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil binn fhoircinn, aghaidh rindreáilte agus sraith fhada aon stóir ag a chúl, c. 1870. Éadain siopa adhmaid c. 1890. Éadanas cúinne sráide.** | **PORT OMNA** | **185450,204470** |  |
| **476** | **30343046** | **Busy Body Play School** | **Teach cinn sraithe cúig bháfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh spallaí aolchloiche, cóiriú bríce agus fráma dorais adhmaid ceannchruinn, c. 1830. Cuireadh fuinneoga nua in ionad cuid de na seanfhuinneoga, c. 1995. Tá fothithe ann ar a chúl. Éadanas sráide.** | **PORT OMNA** | **185480,204490** |  |
| **477** | **30412704** | **Cuan Phort Omna** | **Báisín cuain agus canáil ghearr, c. 1810, agus ballaí cloiche gearrtha agus mullaird iarainn theilgthe ann. Féachann foirgneamh oifige. C. 1995, amach ar an gcuan agus tá fothithe ann taobh leis.** | **PÓCARÓCA** | **186530,204820** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **478** | **30412805** | **Teampall Caitliceach Rómhánach N. Áine** | **Teampall croschruthach sa stíl Ghotach, c. 1880, ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cóiriú cloiche gearrtha, rós-fhuinneog agus plaic chuimhneacháin sa bhalla dar dáta níos luaithe ná sin. Tá díon truis oscailte, balcóin agus colúin eibhir shnasta ar na stuaraí croslainne ann ar an taobh istigh. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil fochla mór agus tá sé tadhlach le reilig níos sine. Rinneadh athchóiriú agus cuireadh póirse mór glónraithe leis, c. 1985.** | **AN CLUAINÍN** | **143730,196020** |  |
| **479** | **30412811** | **Stáisiún an Tobair** | **Seanstáisiún iarnróid ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog agus aon stór agus vearanda oscailte, mar aon le teach beannach máistir stáisiúin ag a bhfuil aon bháfhuinneog agus dhá stór agus atá i gceangal leis an stáisiún, c. 1867. Tá ardán ann agus fad riain iarnróid. Rinneadh athchóiriú air chun fónamh mar theach cónaithe príobháideach, c. 1995.** | **RÁTH MHAOILE DÚIN** | **141370,194240** |  |
| **480** | **30412810** | **Droichead Ráth Mhaoile Dúin** | **Droichead bóthair aon áirse thar líne iarnróid, c. 1867. Tógtha as aolchloch eisléireachta agus tá voussoirs ann ar a bhfuil bailchríoch gharbh. Dúnadh an t-iarnród sa bhliain 1963.** | **RÁTH MHAOILE DÚIN** | **141420,194280** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **481** | **30412906** | **Caisleán Loch Cútra** | **Mainteach caisealach a dhear John Nash, c. 1810, agus a thóg na Deartháireacha Pain. Tá túr ochtagánach ann ar gach taobh den aghaidh neamhshiméadrach ar a bhfuil spallaí randamacha aolchloiche cúrsáilte, agus tá túiríní, barrghréasa agus múnláin húda ann. Cuireadh an sciathán agus an túr cloig leis c. 1856. Tá clós fairsing stáblaí agus feirme ann taobh thiar de. Geataí agus lóistí clasaiceacha, caisealacha. Fothithe foghabhálacha eastáit. Suite laistigh de dhiméin ina bhfuil cuid mhór crann agus tá balla teorann timpeall air.** | **DIMÉIN LOCH CÚTRA** | **146050,197360** |  |
| **482** | **30412909** | **Scoil Náisiúnta N. Áine** | **Seanteach scoile sa stíl Ghotach ina gcuimsítear teach cónaithe máistir scoile, c. 1860. Tá beanna, oscailtí pointeáilte ar an aghaidh spallaí aolchloiche cúrsáilte agus tá díon géarchlaonta ann. Úsáidtear anois é mar halla pobail agus mar theach cónaithe príobháideach; rinneadh athchóiriú c. 1985. Tá plaic ann sa bhalla i gcuimhne ar Michael Cusack, bunaitheoir CLCG agus seanáititheoir an fhoirgnimh. Suite isteach ón mbóthar agus ón teach scoile dhá bháfhuinneog déag, aon stóir atá tadhlach leis agus dar dáta 1946.** | **TÍR AN LOCHÁIN** | **145490,195920** |  |
| **483** | **30412908** | **Lóiste Chaisleán Loch Cútra** | **Lóiste geata caisealach ina gcuimsítear balla ar gach taobh de, áirse, túirín agus túr heicseagánach.  Na Deartháireacha Pain a dhear é c. 1820. Suite ar thaobh an bhóthair agus tá crainn ann taobh thiar de. Méadaíodh é ar a chúl agus imfhálaíodh an áirse c. 1980.** | **DIMÉIN LOCH CÚTRA** | **145670,196270** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 484 | 30342011 | Teampall Caitliceach Eoin Baiste | Teampall croschruthach ag a bhfuil saingeal éadomhain, aghaidh rindreáilte, cloigtheach binne agus oscailtí pointeáilte, c. 1860. Tá balcóin agus gloine dhaite dar dáta deireadh an naoú haois déag ann ar an taobh istigh. Athraíodh limistéar an altóra c. 1980 agus cuireadh díon nua air c. 1990. Tá reilig ann taobh leis ina bhfuil comharthaí uaighe cloiche gearrtha dar dátaí an tréimhse ó c. 1860 go dtí an lá atá inniu ann. | AN GHRÁIG | 173270,199770 |  |
| 485 | 30342012 | Teach Banaltrais N. Áine | Seanchlochar scoite seacht mbáfhuinneog, dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga crochta cinn binne ar an taobh clé, aghaidh starrach ag an mbealach isteach, stoic shimléir arda bríce agus fuinneoga dormánta, c. 1905. Suite laistigh dá thailte féin agus tá aibhinne ann agus crainn ar gach taobh de. Athraíodh é chun fónamh mar theach banaltrais sa bhliain 1989. | AN GHRÁIG | 173400,199720 |  |
| 486 | 30413203 | Teampall N. Breandán, Teampall Caitliceach Rómhánach an Luascáin | Teampall croschruthach ag a bhfuil saingeal éadomhain, aghaidh rindreáilte, cloigtheach binne agus oscailtí pointeáilte, c. 1845. Tá balcóin agus fuinneoga gloine daite lena ngabhann dátaí éagsúla ann ar an taobh istigh. Athraíodh é ag deireadh an naoú haois déag agus cuireadh póirsí leis agus rinneadh athchóiriú c. 1990. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil aon uaigh amháin. | AN LUASCÁN | 176640,199010 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **487** | **0** | **Caisleán Cloondavaun/Cúirt Burke** | **Túrtheach: foirgneamh cearnógach ceithre stór ag a bhfuil céadurlár boghtach, beanna, stoic shimléir agus bartasáin, c. 1450. Cuireadh díon nua air agus cuireadh colbha nua dorais isteach c. 1970.** | **CLUAIN DÁ DHAMH** | **180610,199740** |  |
| **488** | **30413201** | **Droichead Chluain Có** | **Droichead bóthair aon áirse a théann trasna Abhainn na Gráige agus tá uchtbhallaí ísle ann. Tógtha as spallaí neamhrialta aolchloiche cúrsáilte agus tá voussoirs cloiche gearrtha ann, c. 1850.** | **AN LUASCÁN** | **176420,198960** |  |
| **489** | **0** | **Teach Oileán an Fhraoigh** | **Teach T-phlean ag a bhfuil vearanda ar aisfhilleadh an chéad urláir agus d'fhéadfadh sé go bhfuil fabraic teachín a bhí ann ar an láithreán roimh an teach seo. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1990 agus cuireadh grianán leis.  Teach saoire Oliver St. John Gogarty a bhí ann agus deirtear gur gaol leis a dhear é, is é sin, Dermot Gogarty.** | **AN TULAIGH MHÓR** | **68631,261880** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 490 | 0 | Teach | Teach scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil áiléar dormánta, dar dáta 1866 agus tá fothithe gaolmhara ann taobh thiar de agus trasna an bhóthair uaidh. Tá taobh istigh comhaimseartha ann. Tá áirse ann ag an mbealach isteach chuig cúl an tí. | AN CURRACHÁN (TR EADARGÚLA) | 144240,264530 |  |
| 491 | 30411312 | Teach Maryville | Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil cúlteach 2 stór ar a chúl. D'fhéadfadh fabraic níos luaithe a bheith ann. Tá bealach isteach cuarach ann ón mbóthar agus tá coillearnach ann. Cuireadh fuinneoga nua isteach c. 1998. | AN CHATHAIR MHÓR | 142320,208250 |  |
| 492 | 30410815 | Teach Derryormonde | Teach scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir os cionn íoslaigh agus tá fothithe ann ar a chúl. Tá siúinéireacht bhunaidh, doirse agus gialla screamhaithe, fuinneoga gloine corónaí ann ar an taobh istigh. | DOIRE (BT AN LONGFOIRT) | 190720,214520 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 493 | 30409905 | Teach an Chartrúin | Teach 3 bháfhuinneog, 2 stór a bhfuil fothithe forleathana ar a chúl agus iad i riocht tréigthe. | AN CARTRÚN (BT CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | 179870,223760 |  |
| 494 | 30335004 | Clarinbridge antiques | Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil siúinéireacht agus fuinneoga bunaidh ann. Tá fothithe athchóirithe ann ar a chúl agus tá asraon miondíola ann. | CILL CHORNÁIN (BT DHÚN COILLÍN) | 141320,220200 |  |
| 496 | 30412701 | Oakley Park | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh, c. 1760, agus clós stáblaí ann ar a chúl. | GALL | 185350,206180 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 499 | 0 | Túr Comharthaíochta an Chloiginn | Iarsmaí túir chearnógaigh comharthaíochta a tógadh c. 1805. Suite ar bharr Cheann an Chloiginn. | AN CLOIGEANN | 60581,259660 |  |
| 502 | 30401008 | Teampall Shalroic, Eaglais na hÉireann | Teampall ceithre bháfhuinneog, aon chille de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí, agus beistrí agus túr ísealsuite lena ngabhann clog ann; tógadh é c. 1838. Tá rindreáil gharbhtheilgthe ar an taobh amuigh agus tá oscailtí fuinneoige pointeáilte ann. Rinneadh athchóiriú ar an taobh istigh agus cuireadh síleáil agus tíleanna urláir nua isteach sa bhliain 1895. Tá deasc bhunaidh, pulpid bhunaidh agus ráillí comaoineach bunaidh ann fós. Tá cuid den láithreán fálaithe. Suite go pictiúrtha ar thaobh cnoic laistigh de ghleann domhain. | FOTHAIR | 77744,263700 |  |
| 503 | 30401007 | Salroc | Teach scoite dhá stór ag a bhfuil báfhuinneoga neamhshiméadracha, mar aon le haghaidh rindreáilte, fuinneoga binne leathdhormánta agus cáisminte; tógadh é c. 1838. Tá clós beag stáblaí agus teach cóiste ann ar thaobh amháin. Suite go pictiúrtha laistigh de dhiméin bheag faoi chrainn. | SALROC | 77485,263730 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **504** | **0** | **Teachín Ceann Tuí** | **Seanteachín scoite ceann tuí ag a bhfuil 5 bháfhuinneog agus aon stór agus ag a bhfuil stoic shimléir agus méaduithe ar an dá fhoirceann, c. 1860. Tá aol-rindreáil gharbh ann ar an taobh amuigh, mar aon le díon iarainn roctha agus fuinneoga ionaid sna hoscailtí fuinneoige bunaidh. Suite laistigh de gharraí beag fálaithe.** | **FOTHAIR** | **77696,263650** |  |
| **506** | **30401003** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Chrois na Tulaí** | **Teampall croschruthach sa stíl Rómhánúil-Ibeirneach ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus a bhfuil túr cloigthí i gceangal leis agus tá fráma dorais beannach ann; d'fhéadfadh sé gurbh é William Scott a dhear é, c. 1915. Tá díon truis oscailte agus 3 fhuinneog gloine daite le Harry Clarke ann ar an taobh istigh. Cuireadh an sanctóir in ord as an nua c. 1980. Suite go feiceálach ag crosbhóthar an tsráidbhaile.** | **DOIRE THOIRBIRT (BT BHAILE NA hINSE)** | **70079,261550** |  |
| **508** | **30401001** | **Stáisiún Garda Cósta Rinn Mhaoile** | **Stáisiún garda cósta gnáthphátrúin ina gcuimsítear foirgneamh 7 mbáfhuinneog, 2 stór agus teach scoite oifigeach; tógadh iad c. 1875. Tá díon gabhail éadain ar na foirgnimh, mar aon le haghaidh rindreáilte lena ngabhann cóiriú bríce, gnéithe cosanta de chineál bartasáin, agus túr breathnadóireachta i gceangal leo. Rinneadh athchóiriú orthu agus athraíodh iad chun fónamh mar leithlanna saoire, c. 1995. Suite ar láithreán ard.** | **AN TULAIGH MHÓR** | **69158,262740** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **515** | **0** | **Stáisiún an Gharda Síochána** | **Seanstáisiún de chuid an Gharda Síochána agus trí bháfhuinneog agus dhá stór ann.** | **AN LÍONÁN** | **87251,261800** |  |
| **516** | **0** | **Leenane Hotel** | **Óstán scoite 3 bháfhuinneog, 3 stór dar dáta lár an 19ú haois agus lena ngabhann vearanda. Tá méadú ard 4 bháfhuinneog, 3 stór ag a bhfuil beanna dúbailte, c. 1890, agus méadú 4 bháfhuinneog, 3 stór, c. 1980, ann taobh leis. Tá staighre breá ann. Suite ag féachaint amach ar Killary Bay.** | **AN LÍONÁN** | **87167,261850** |  |
| **517** | **0** | **Bosca Litreach** | **Bosca litreacha iarainn theilgthe dar dáta deireadh na tréimhse Victeoirí agus é leagtha isteach i mballa garraí an óstáin atá tadhlach leis.** | **AN LÍONÁN** | **87209,261860** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 519 | 30401101 | Cé an Líonáin | Cuan beag ag a bhfuil péire céanna gearra agus mullaird chloiche. Suite i suíomh pictiúrtha. | AN LÍONÁN | 87054,261990 |  |
| 521 | 0 | Teampall Caitliceach Rómhánach Creegha [seanteampall] | Teampall beag 2 bháfhuinneog, aon chille ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, oscailtí fuinneoige pointeáilte agus póirse ag an mbealach isteach ar an mbinn foircinn; tógadh é sa bhliain 1870. Suite tadhlach leis an mbóthar. | LEIC NA bhFEARNA | 80251,259510 |  |
| 522 | 0 | Teampall Caitliceach Rómhánach Creegha | Teampall sa stíl iar-nua-aoiseach ag a bhfuil ceithre aghaidh thriantánacha aiseacha; Leo Mansfield a dhear é c. 1968. Tá síleáil claonta adhmad-chumhdaithe agus í ag dul in airde ón urlár. Suite amuigh faoin tuath. | LEIC NA bhFEARNA | 79948,259290 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 525 | 0 | Teampall Caitliceach Rómhánach an Líonáin | Teampall pléineáilte 5 bháfhuinneog, aon chille dar dáta lár an 19ú haois, agus aghaidh rindreáilte agus oscailtí fuinneoige pointeáilte aige. Méadaíodh é trí chroslanna, sacraistí agus póirse a chur leis i lár an 20ú haois. Athmhúnlaíodh an taobh istigh. Suite in aice le bóthar. | LEITIR BREACÁIN | 88079,262590 |  |
| 527 | 0 | Teampall Mhuire, Réalt na Mara | Teampall croschruthach pléineáilte ag a bhfuil aghaidh rindreáilte agus oscailtí fuinneoige pointeáilte, dar dáta deireadh an 19ú haois agus cuireadh croslann agus sacraistí leis c. 1950. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le cuimhneacháin ghloine daite ar na fuinneoga thoir dar dáta 1901. Rinneadh athchóiriú iomlán, cuireadh áiléar isteach agus tógadh cloigtheach saorsheasaimh c. 1975. Suite isteach ón mbóthar laistigh de láithreán fálaithe. | AN CLADACH DUBH | 58208,256910 |  |
| 529 | 30402213 | Teampall N. Tomás, Eaglais na hÉireann | Teampall 3 bháfhuinneog, aon chille de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí agus túr creinilithe i gceangal leis mar aon le taobhsheomra beistrí starrach dar dáta 1851. Tá díon ionaid truis oscailte adhmaid, feisteáin saingil dar dáta deireadh an 19ú haois agus pota gorta iarainn ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de chill fhálaithe. | MAIGH ARD | 67248,256650 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 531 | 30402212 | An Seanteach Scoile | Teach scoile 5 bháfhuinneog, 2 stór sa stíl Ghotach ó lár an 19ú haois, agus aghaidh rindreáilte agus oscailtí pointeáilte aige. Athraíodh é chun fónamh mar theach príobháideach agus athraíodh cuid de na hoscailtí. Suite laistigh de thírdhreach faoi chrainn. | MAIGH ARD | 67186,256640 |  |
| 533 | 30402201 | Feirm an Chloiginn | Teach H-phlean 4 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil beanna, sceimhleacha bractha agus vearandaí chun tosaigh agus ar a chúl; tógadh é sa bhliain 1852. Rinneadh athchóiriú air, tugadh an rindreáil bhunaidh chun bealaigh, pointeáladh an tsaoirseacht nocht agus rindreáladh an taobh istigh, c. 1990. Tá raon forleathan fothithe ann lena n-áirítear cóiríocht bhreise, stáblaí, bóithigh agus sciobóil. Suite ar fheirm fhairsing agus é ag féachaint amach ar an bhfarraige. | AN CLOIGEANN | 60842,258930 |  |
| 534 | 30402202 | Feirm an Chloiginn | Teach scoite beannach 2 stór L-phlean dar dáta deireadh an 19ú haois. Rinneadh athchóiriú air, tugadh an rindreáil bhunaidh chun bealaigh agus pointeáladh an tsaoirseacht nocht, c. 1990. Suite tadhlach le foirgnimh eile feirme. | AN CLOIGEANN | 60934,258920 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **535** | **30402205** | **Stáisiún Garda Cósta** | **Stáisiún Garda Cósta gnáthphátrúin ina gcuimsítear foirgneamh 11 bháfhuinneog, dhá stór agus teach scoite oifigeach; tógadh iad c. 1865. Tá díon gabhail éadain, aghaidh rindreáilte agus póirsí starracha ag na foirgnimh. Suite ar láithreán ard ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **MUIRNÍN** | **59532,258220** |  |
| **537** | **30402204** | **Cléirtheach Shailearna** | **Teach scoite 4 bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil aghaidh starrach éadomhain agus tá leagan amach U-phlean ann, c. 1845. Tá aghaidh rindreáilte ag an bhfoirgneamh, mar aon le sceimhleacha, díon gabhail éadain agus oscailtí teascánacha fuinneoige lena ngabhann na saisfhuinneoga bunaidh. Tá roinnt siúinéireachta bunaidh ann fós ar an taobh istigh. Suite ar láithreán ard ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **IMLEACH (BT BHAILE NA hINSE)** | **58533,257960** |  |
| **541** | **30402208** | **Teach Bhaile an tSrutháin** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil bogha lárnach, aghaidh rindreáilte agus díon gabhail éadain lena ngabhann sceimhleacha. c. 1820. Tá athrú déanta ar an taobh istigh. Tá piaraí geata eisléireachta agus péire geataí iarainn theilgthe ann. Tá sé suite tadhlach le muileann arbhair. Suite i dtírdhreach faoi chrainn agus é ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **BARR AN tSRUTHA** | **64402,253160** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **542** | **30402215** | **Muileann Bhaile an tSrutháin** | **Stóras arbhair scoite ag a bhfuil 6 bháfhuinneog agus 4 stór; tógadh é c. 1820. Tá rindreáil garbhtheilgthe ar an aghaidh agus tá leatháin iarainn roctha ann mar dhíon. Tá urláir, bíomaí agus poist adhmaid agus urlár leacach cruaite ann fós. Suite in aice leis an mbóthar agus tadhlach le teach úinéir an mhuilinn agus é suite go pictiúrtha ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **BARR AN tSRUTHA** | **64389,253170** |  |
| **543** | **30402316** | **Rosleague House Hotel** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, díon leathan gabhail éadain, lena ngabhann sceimhleacha, agus saisfhuinneoga sna hoscailtí foroinnte fuinneoige, c. 1840. Tá méaduithe forleathana curtha leis agus athraíodh na fothithe chun fónamh mar áit chónaithe, c. 1980. Tá siúinéireacht bhunaidh agus coirnisí bunaidh síleála etc. ann fós, Suite i ndiméin bheag faoi chrainn agus é ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **ROS LIAG** | **69179,257210** |  |
| **544** | **30329005** | **Scoil Saothair Leitir Fraic** | **Foirgneamh scoile scoite ag a bhfuil 11 bháfhuinneog agus 3 stór agus póirse lárnach agus péirí báfhuinneog foircinn ann ar cuid d'aghaidheanna peidiméide iad; foirgneamh dar dáta 1887 atá ann. Tá cúinní aolchloiche ann ar an aghaidh rindreáilte, mar aon le colbhaí rindreáilte ardaithe ar na hoscailtí fuinneoige agus saisfhuinneoga ina bhfuil dhá phána. Tá foirgnimh agus méaduithe éagsúla foghabhálacha ann a bhaineann le dátaí éagsúla.  Tá sé suite laistigh dá thailte féin agus tá ballaí ísle timpeall air.** | **LEITIR FRAIC** | **70993,257590** |  |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **545** | **30329009** | **Monastery Hostel** | **Teach scoite 7 mbáfhuinneog, aon stóir os cionn íoslaigh ardaithe; tógadh é sa bhliain 1849. Tá leagan amach H-phleann ann, mar aon le beanna agus aghaidh aolchloiche eisléireachta. Tá cuid den tsiúinéireacht bhunaidh agus de na coirnisí bunaidh síleála ann fós. Suite ar láithreán ard.** | **LEITIR FRAIC** | **71074,257530** |  |
| **546** | **30329007** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Leitir Fraic** | **Teampall aon chille sa stíl Rómhánúil-Ibeirneach ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cloigtheach ard binne agus fráma dorais starrach, c. 1915. D'fhéadfadh sé gurbh é William Scott a dhear é. Suite ar láithreán ard.** | **LEITIR FRAIC** | **71058,257610** |  |
| **547** | **30402301** | **Garraithe Mhainistir na Coille Móire** | **Garraí múrtha sé acra ar le Mainistir na Coille Móire é agus a leagadh amach sa bhliain 1867. Tá balla ard cloiche agus bríce timpeall air agus tá teach an phríomhgharraíodóra, garraithe foirmiúla, lochtáin, tithe gloine etc. ann. Suite i dtírdhreach faoi chrainn.** | **POLL AN CHAPAILL (BT BHAILE NA hINSE)** | **73461,258790** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **548** | **30402314** | **Clós Feirme na Coille Móire** | **Foirgnimh fheirme ina gcuimsítear teach scoite ilbheannach 3 bháfhuinneog, 2 stór, clós múrtha feirme lena ngabhann áirse bhealaigh isteach agus clogchró, bóithigh, sciobóil etc dar dáta c. 1855. Suite isteach ón mbóthar.** | **EADARGÚIL (BT BHAILE NA hINSE)** | **74365,257910** |  |
| **549** | **30402306** | **Mainistir na Coille Móire** | **Caisleán neamhshiméadrach sa stíl Thúdarach-Eilíseach; S. U. Roberts agus J. F. Fuller a dhear é c. 1867. Tógtha as eibhear Dheilginse agus tá túiríní, túir agus forbhallaí ann. Tá na fuinneoga cáisminte suiteáilte in oscailtí trasnáin agus muilleanacha.  Tá an taobh istigh sómasach agus tá pláistéireacht agus painéaladh adhmaid ann mar aon le frámaí simléir marmair etc. Cuireadh méaduithe leis c. 1960. Suite ar ardán ag féachaint amach ar loch.** | **POLL AN CHAPAILL (BT BHAILE NA hINSE)** | **74862,258500** |  |
| **550** | **30402310** | **Teampall na Coille Móire** | **Teampall sa stíl Ghotach agus Maisiúchán Sasanach ann ina gcuimsítear teanntaí, croslann shingil agus túr ard creinilithe; J. F. Fuller a dhear é c. 1877. Tá mionsonraí breátha greanta ann mar aon le fuinneoga móra ar a bhfuil féitheach. Tá síleálacha boghtacha dea-shaothraithe agus seaftaí marmair polachróim etc. ann ar an taobh istigh. Suite i suíomh faoi chrainn ag féachaint amach ar an loch.** | **POLL AN CHAPAILL (BT BHAILE NA hINSE)** | **75325,258520** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **551** | **30402311** | **Másailéam Mhuintir Henry** | **Másailéam beag bríce ag a bhfuil beanna agus díon boghtach. Tá ráillí iarainn timpeall air agus é suite i gcoill. Tá taisí Margaret Henry +1874, Mitchell Henry +1910 agus John Henry +1989 ann.** | **LÉIM NA hEILTE** | **75443,258490** |  |
| **552** | **30402401** | **Teach na Coille Móire** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh rindreáilte agus fráma dorais ceannteascánach adhmaid, c. 1840. Cuireadh nithe breise éagsúla leis chun tosaigh agus ar na taobhanna, lena n-airítear bálseomra, c. 1910. Tá roinnt siúinéireachta agus pláistéireacht shimplí mhaisithe dar dáta an 19ú haois ann, mar aon le staighre dar dáta tús an 20ú haois. Suite gar don bhóthar agus é ag féachaint amach ar an loch.** | **AN CHOILL MHÓIR (BT BHAILE NA hINSE)** | **78134,258620** |  |
| **554** | **30402505** | **Teach Cúirte an Mháim** | **Teach cúirte beag scoite a bhfuil éadan ar déanamh teampaill air agus lena ngabhann póirseáid dhá cholún sa stíl antis agus piaraí cearnóga eisléireachta; tógadh é c. 1870. Suite agus a aghaidh leis an mbóthar.** | **AN MÓINÍN MÓR** | **96740,252780** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **555** | **30402504** | **Keane's Bar** | **Teach scoite 5 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil taobh-bháfhuinneoga cuasacha agus tá vearandaí ann ar an gcéad urlár; Alexander Nimmo, tógálaí bóithre agus droichead, a thóg é c. 1825.** | **AN MÓINÍN MÓR** | **96560,252840** |  |
| **558** | **30402502** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Bhéal Átha na mBreac** | **Teampall aon chille, 4 bháfhuinneog dar dáta lár an 19ú haois agus saingeal agus sacraistí ann. Tá oscailtí pointeáilte agus múnláil húda ag an taobh amuigh rindreáilte. Tá díon truis oscailte ar an taobh istigh chomh maith le síleáil urrannach chuig an saingeal, leac cuimhneacháin dar dáta 1849 agus fuinneog ghloine dhaite a dhear Evie Hone dar dáta 1949. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh póirse leis sa bhliain 1969. Suite tadhlach leis an mbóthar.** | **BÉAL ÁTHA NA mBREAC** | **92965,255520** |  |
| **560** | **30402602** | **An Áith Aoil** | **Áith mhór aoil dar dáta thús an 19ú haois. Suite tadhlach leis an abhainn agus leis an droichead.** | **CORR NA MÓNA** | **103960,252560** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 562 | 30402709 | Ebor Hall / Mount Morris | Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór os cionn íoslaigh agus díon ard claonta ann ar choirnis bhractha. Tá an bháfhuinneog lárnach rud beag cuasaithe; tá fráma dorais ceannchruinn ann; tá stiallchúrsa láidir ann. Tá taibhléadan ann ar bhracóga os cionn fhuinneoga an bhunurláir. Tá ingearchló 3 bháfhuinneog ann agus a aghaidh leis an mbóthar. Suite i ndiméin ina bhfuil coill bheag agus tá balla teorann spallaí, lóiste geata, piaraí geata eisléireachta agus geataí agus ráillí iarainn theilgthe ann. | TOM NAÍONÁN | 108720,253390 |  |
| 564 | 30402702 | Lóiste Chnoc Rois | Raon fothithe 8 mbáfhuinneog, 2 stór agus na 4 bháfhuinneog lárnacha ag foirmiú aghaidh starrach éadomhain agus ag a bhfuil péire oscailtí dorais tí cóiste, C. 1830. Tógtha as cearnóga randamacha cúrsáilte aolchloiche. Athraíodh é chun fónamh mar áit chónaithe. Suite laistigh de dhiméin fhoroinnte. | An Choill Bheag Íochtair | 108760,256910 |  |
| 565 | 0 | Cnoc Rois | Teach scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil sraith beann beag, c. 1880. Tá an foirgneamh rindreáilte, tá cúlteach mór ann agus tá oscailt phléineáilte cheannchruinn ann. Suite isteach ón mbóthar taobh thiar de bhalla íseal teorann. | AN FHAICHE (BT AN ROIS) | 109080,256170 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **566** | **30402704** | **Teampall na Naomh Uile, Eaglais na hÉireann** | **Teampall 5 bháfhuinneog, aon chille sa stíl Ghotach a bhfuil beistrí i gceangal lena thaobh thuaidh agus ar gnéithe an-suntasach dá chuid an simléar coire ollmhór agus an clogchró ar an mbinn thiar; William Atkis, as Corcaigh, a dhear é sa bhliain 1846. Tá teanntaí ann ar an taobh amuigh aolchloiche eisléireachta, mar aon le tábla coirbéil agus fuinneoga ceann-trídhuilleacha. Tá áirsí móra trasnacha adhmaid ann ar an taobh istigh agus iad coirbéalta ar mhioncholúin, mar aon le tíleanna urláir Minton etc. Suite laistigh de chill fhálaithe, isteach ón mbóthar.** | **AN FHAIRCHE** | **109450,256050** |  |
| **567** | **30402705** | **Teach an Mhargaidh** | **Teach meáite beag cearnógach agus é tógtha as aolchloch eisléireachta agus ag a bhfuil ceithre áirse, geataí iarainn agus díon pirimidiúil. Suite i gcearnóg an mhargaidh.** | **AN FHAIRCHE** | **109550,255860** |  |
| **568** | **30402706** | **Lárionad Sláinte** | **Foirgneamh scoite 5 bháfhuinneog, 2 stór dar dáta tús an 20ú haois, agus peidiméid leapa oscailte aige, mar aon le fuinneog mhór lárnach cheannchruinn agus póirse dórach. Tá stiallchúrsaí, cúinní agus colbhaí fuinneoige ann ar an aghaidh rindreáilte. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN FHAIRCHE** | **109670,255850** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 569 | 0 | Teampall Caitliceach Rómhánach N. Pádraig | Teampall croschruthach dar dáta lár an 19ú haois agus oscailtí ceannphointeáilte fuinneoige ann. Rinneadh athchóiriú mór air, rindreáladh é agus cuireadh póirse leis c. 1975. Tá síleáil phlástair agus fuinneog thoir ghloine daite ann ar an taobh istigh. Suite isteach ón mbóthar ar láithreán ardaithe. | AN FHAIRCHE | 109710,255850 |  |
| 570 | 0 | Teach | Bungaló scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir, c. 1930. Tá díon ar déanamh cloigín ann agus tíleanna dearga air, mar aon le fuinneoga dormánta, póirse inmheánach oscailte ceannchruinn agus saisfhuinneoga in oscailtí trípháirteacha. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | AN ROISÍN THOIR | 109680,255220 |  |
| 572 | 30402719 | Ashford Castle Hotel | Caisleán ollmhór Barúnach Victeoireach ina gcuimsítear túrtheach Bourke agus bothán seilge dar dáta an 18ú haois. Tá túir, túiríní agus forbhallaí ann agus iad ar fad déanta as aolchloch. Tá frámaí greanta simléir agus painéaladh darach etc. ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de dhiméin fhairsing faoi chrainn, agus garraithe mionsaothraithe, lochtáin, droichead caisealach sé áirse, geata táibhleach, geata bealaigh isteach etc. ann. | CEAPACH CHORCÓIGE THOIR | 114890,254560 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **573** | **0** | **Canáil Chonga** | **Tarbhealach Chanáil Chonga a dhear Alexander Nimmo c. 1848.** | | **114880,255420** |  |
| **574** | **30402722** | **Canáil Chonga** | **Iarsma de chanáil Chonga a dhear Alexander Nimmo c. 1848.** | **CREIG AN RÍ** | **114850,255590** |  |
| **575** | **30403501** | **Stáisiún Garda Cósta an Clocháin** | **Stáisiún garda cósta gnáthphátrúin ina gcuimsítear foirgneamh 8 mbáfhuinneog, 2 stór a tógadh c. 1875. Tá díon gabhail éadain ar an bhfoirgneamh, mar aon le haghaidh rindreáilte lena ngabhann cóiriú bríce, gnéithe cosanta de chineál bartasáin, agus túr breathnadóireachta i gceangal leis. Rinneadh athchóiriú air agus athraíodh é chun fónamh mar leithlanna saoire, c. 1990. Suite ar láithreán ard ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **AN GORT DROMACH** | **62944,251220** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **576** | **30403502** | **Caisleán an Chlocháin** | **Fothracha bréagchaisleáin neamhshiméadraigh dar dáta tús an 19ú haois. Tá an foirgneamh 2 stór rindreáilte agus tá póirse ann faoi bhun túir ar a bhfuil túiríní cruinne caola; tá cloigtheach ann ar thaobh amháin agus tá túr dronuilleogach ann ar a chúl. Suite i ndiméin thréigthe agus é ag féachaint amach ar an bhfarraige.** | **DIMÉIN AN CHLOCHÁIN** | **63535,251030** |  |
| **577** | **30403503** | **Geata Chaisleán an Chlocháin** | **Geata sa stíl mheánaoiseach ina gcuimsítear áirse, túiríní agus forbhallaí ar gach taobh de. Tógtha as spallaí nochta cúrsáilte agus tá mionsonraí cloiche gearrtha ann, c. 1815. Suite amuigh faoin tuath mar bhealach isteach chuig diméin.** | **FAICHE CHAORACH** | **64091,251030** |  |
| **578** | **30325011** | **Leacht D'Arcy** | **Leacht i gcuimhne ar John D'Arcy [1785-1839], bunaitheoir an Chlocháin. Carn cearnógach eibhir eisléireachta atá suite ar phlionta ard agus tá díon pirimide air. Tá plaic chuimhneacháin ann. Suite ar bharr cnoic ag féachaint amach ar an mbaile mór agus ar an bhfarraige.** | **AN CLOCHÁN ARD** | **65106,250450** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **582** | **30325016** | **Stóras** | **Stóras tréigthe 3 bháfhuinneog, 4 stór ag a bhfuil aghaidh spallaí cúrsáilte, oscailtí lárnacha dorais lochta, oscailtí beaga fuinneoige agus peidiméid, c. 1830. Suite ar thaobh na cé.** | **AN CLOCHÁN** | **65337,250350** |  |
| **583** | **0** | **Leacht Thomáis Uí Fhaoláin** | **Cros Ard chuimhneacháin aolchloiche i gcuimhne ar Thomas O'Faolain a fuair bás ar an 14 Márta 1921. Suite ag acomhal bóthair.** | **AN CLOCHÁN** | **65580,250560** |  |
| **584** | **30325019** | **Teampall Meitidisteach** | **Seanteampall Meitidisteach agus teach cónaithe an mhinistéara; tógadh iad sa bhliain 1860. Tá oscailtí áirseacha, idir phointeáilte agus chothrom, agus múnláil húda ann ar an aghaidh neamhshiméadrach rindreáilte 6 bháfhuinneog, 2 stór. Suite taobh thiar de ráillí agus é ag féachaint amach ar an tsráid.** | **AN CLOCHÁN** | **65619,250540** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **585** | **30325002** | **Teampall Chríost, Eaglais na hÉireann** | **Teampall 4 bháfhuinneog i stíl na hAthbheochana Gotaí agus saingeal agus péire fuinneog caol ann; Joseph Welland a dhear é sa bhliain 1850. Cuireadh túr agus spuaic leis sa bhliain 1864. Tógtha as spallaí cúrsáilte aolchloiche agus tá cóiriú cloiche gearrtha ann. Tá díon truis oscailte, leachtanna cuimhneacháin, léachtán dar dáta 1877, ráillí comaoineach, c. 1940, agus orgán ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de chill fhálaithe agus é ag féachaint amach ar an mbaile mór.** | **AN CLOCHÁN** | **65666,250650** |  |
| **586** | **30325003** | **Hill House** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil aghaidh starrach chaol pheidiméide, aghaidh rindreáilte agus cóiriú cloiche, c. 1835. Suite taobh thiar de ráillí ar chúinne na sráide.** | **AN CLOCHÁN** | **65710,250680** |  |
| **587** | **30325004** | | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil aghaidh starrach chaol pheidiméide, aghaidh rindreáilte agus póirse lena ngabhann balastráid, 1835. Suite taobh thiar de ráillí ar chúinne na sráide.** | **AN CLOCHÁN** | **65734,250690** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **588** | **0** | **An Teach Scoile** | **Seanteach scoile scoite de chuid Eaglais na hÉireann ag a bhfuil aghaidh starrach pheidiméide, aghaidh rindreáilte agus fuinneoga atá suiteáilte i gcuasa ceannchruinne, c. 1835. Suite agus a aghaidh leis an tsráid. Athraíodh é chun fónamh mar theach.** | **AN CLOCHÁN** | **65743,250710** |  |
| **590** | **30325008** | **Teampall Caitliceach Rómhánach N. Iósaef** | **Teampall mór croschruthach i stíl na hAthbheochana Gotaí ag a bhfuil taobhphasáistí agus taobhshéipéil, cúlbhá, túr agus spuaic. Tá stuaraí, fuinneoga gléstóir, áiléar agus díon truis oscailte ann ar an taobh istigh. Baineann an altóir le tréimhse luath agus Joshua Clarke a rinne an maisiúchán ar na ballaí. Tógtha as spallaí randamacha cúrsáilte aolchloiche agus tá cóiriú cloiche gearrtha ann. J. J. O'Callaghan a dhear é sa bhliain 1875. Suite ar láithreán oscailte ag féachaint amach ar an mbaile mór.** | **AN CLOCHÁN** | **66007,250720** |  |
| **591** | **30325007** | **Teach Cúirte an Chlocháin** | **Teach cúirte scoite 7 mbáfhuinneog, dé-airde ag a bhfuil íoslach páirteach agus báfhuinneoga cuasaithe bealaigh isteach ag an dá fhoirceann; William Caldbeck a dhear é c. 1837. Tá an taobh amuigh rindreáilte, rialaithe agus líneáilte agus tá cóiriú aolchloiche ann, lena n-áirítear stiallacha, frámaí dorais peidiméide agus taibhléadain ar na hoscailtí fuinneoige uachtaracha. Tá sceimhleacha moidillin iarainn theilgthe ag an bhfoirgneamh. Tá roinnt feisteán bunaidh ann ar an taobh istigh, lena n-áirítear binse agus forscáth an bhreithimh. Suite isteach ón mbóthar agus a aghaidh leis..** | **AN CLOCHÁN** | **65976,250670** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **593** | **30325010** | **Scoil Saothair N. Iósaef** | **Seanscoil saothair 13 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil 4 starr peidiméide; tógadh í c. 1890. Tá cóiriú aolchloiche ann ar an aghaidh rindreáilte, rialaithe agus líneáilte, lena n-áirítear stiallacha agus cúinní. Suite i dtailte atá tadhlach le clochar.** | **AN CLOCHÁN** | **66118,250740** |  |
| **594** | **0** | **Láithreán Theach Oibre an Chlocháin** | **Láithreán seantí oibre múrtha, c. 1940, agus seantithe scoile fós ann ar a chúl agus iad ina sraith tithe a thóg Mairnéalaigh agus Saighdiúirí.** | **TULAIGH BHOITHÍN** | **66554,250490** |  |
| **595** | **0** | **Droichead Waterloo** | **Droichead bóthair aon áirse atá á chosaint le túirín ornáideach. Tógtha as spallaí cúrsáilte, c. 1820.** | **COILL UÍ MHONGÁIN** | **67673,250450** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 596 | 30325023 | Stáisiún Iarnróid an Chlocháin | Stáisiún iarnróid brící dearga, lena n-áirítear teach an mháistir stáisiúin, teach innill agus túr uisce etc; tógadh iad sa bhliain 1895. Rinneadh athchóiriú air chun fónamh mar bhialann, mar theach tábhairne agus mar mhúsaem etc. | AN CLOCHÁN | 66109,250580 |  |
| 597 | 30325027 | Seandroichead Aird Bhéarra | Droichead bóthair dronnach ag a bhfuil 3 áirse, mar aon le v-earrainní agus uchtbhallaí; tógadh é ag deireadh an 18ú haois. Tógtha as spallaí cúrsáilte. Téann sé thar Owen River. | AIRD BHÉARRA | 66031,250380 |  |
| 598 | 30325033 | Droichead Nua Aird Bhéarra | Droichead bóthair aon áirse dar dáta tús an 19ú haois. Tógtha as spallaí cúrsáilte. Téann sé thar Owen River. | AIRD BHÉARRA | 65946,250370 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **600** | **30325026** | **An Charcair** | **Imfhálú ard múrtha agus dúnán ann laistigh de, c. 1830. Tógtha as spallaí cúrsáilte. Suite isteach ón tsráid agus ag féachaint amach ar an abhainn.** | **AN CLOCHÁN** | **65955,250430** |  |
| **603** | **30325006** | **Millar's** | **Áitreabh tráchtála dar dáta deireadh na tréimhse Victeoirí agus 5 bháfhuinneog agus 3 stór aige mar aon le sraith oscailtí trípháirteacha fuinneoige agus póirse starrach. [Cuireadh péire báfhuinneog leis c. 1950] Tá maisiúchán cumaisc ann ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear stiallchúrsaí, colbhaí fuinneoige agus dorais agus prócaí uchtbhalla. Éadanas sráide.** | **AN CLOCHÁN** | **65830,250640** |  |
| **606** | **30403509** | **Malmore** | **Teach L-phlean 4 x 4 bháfhuinneog, aon stóir dar dáta tús an 19ú haois. Méadaíodh agus athraíodh é sa 20ú haois. Suite laistigh dá thailte féin ina n-áirítear teach deataithe éisc.** | **AIRD BHÉARRA** | **65318,249940** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **607** | **30403511** | **Teach Aird Bhéarra, Lóiste Geata** | **Lóiste geata scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir, c. 1840. Tá an foirgneamh rindreáilte, tá díon gabhail éadain air maille le tarr tarchrochta, póirse beannach starrach agus roinnt fuinneog bunaidh cáisminte adhmaid. Suite isteach ón mbóthar taobh thiar d'iarsmaí an gheata bunaidh.** | **AIRD BHÉARRA** | **65919,249330** |  |
| **609** | **30403515** | **Béal Átha na Bá** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, aon stóir ag a bhfuil íoslach agus stór ailéir; tógadh é c. 1840. Tá díon gabhail éadain ag an teach, mar aon le haghaidh starrach bheannach ina bhfuil oscailt dorais cheannchruinn, aghaidh rindreáilte agus 8 saisfhuinneog ina bhfuil 8 bpána. Tá fothithe ann ar a chúl. Cuireadh méadú 2 stór leis sa bhliain 1964. Tá cuid mhór gnéithe bunaidh ann fós ar an taobh istigh, lena n-áirítear pláistéireacht mhaisiúil síleála agus siúinéireacht. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **BÉAL ÁTHA NA BÁ** | **65854,248070** |  |
| **611** | **30403508** | **Teampall na Tríonóide Naofa, Eaglais na hÉireann** | **Teach beag 3 bháfhuinneog i stíl na hAthbheochana Gotaí, agus saingeal, beistrí agus túr laghdaithe ann; Joseph Welland a dhear é sa bhliain 1859. Tógtha as spallaí cúrsáilte agus cóiriú cloiche gearrtha ann mar aon le teanntaí balla agus péire fuinneog caol. Cuireadh clogchró in airde c. 1975. Tá díon truis oscailte, saoirseacht nocht phéinteáilte, agus puilpid agus deasc adhmaid ann ar an taobh istigh. Suite laistigh de chill fhálaithe ina bhfuil roinnt uaigheanna.** | **DRAIGHNEACH** | **63265,249390** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 612 | 30403507 | The Manor | Teach 3 bháfhuinneog, 2 stór sa stíl phictiúrtha Thúdarach dar dáta tús na Tréimhse Victeoirí agus tá beanna, fuinneoga leathdhormánta, cláir mhaisiúla binne agus aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe ann. Clós beag stáblaí. Suite laistigh dá thailte féin ina bhfuil geata bealaigh isteach atá déanta as spallaí cúrsáilte agus lena ngabhann piaraí ciorclacha agus geataí iarainn theilgthe. | AN CHILL (PE BHAILE AN DÚNA) | 62739,249810 |  |
| 614 | 0 | Leacht Alcock agus Brown | Leacht cuimhneacháin ar a dtaispeántar cúlsciathán eitleáin, i gcuimhne ar an gcéad eitilt thrasatlantach ag John Alcock agus Arthur Whitten Brown sa bhliain 1919; cuireadh in airde é sa bhliain 1959. Cuireadh plaic bhreise leis sa bhliain 1994. Suite ar thaobh an bhóthair. | AN CHILL (PE BHAILE AN DÚNA) | 62783,249450 |  |
| 616 | 30403602 | Teampall Caitliceach Rómhánach Bhaile na hInse [seanteampall Eaglais na hÉireann] | Teampall 3 bháfhuinneog, aon chille i stíl na hAthbheochana Gotaí, agus póirse beannach, beistrí agus clogchró binne ann; William J. Martin a dhear é c. 1865. Tógtha as spallaí cúrsáilte bandáilte ar a bhfuil cóiriú cloiche gearrtha. Suite laistigh de láithreán fálaithe, isteach ón mbóthar. | IMLEACH DHÁ RÚ | 75253,248710 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **617** | **30403603** | **Old Manor** | **Stábla i stíl chaisealach agus é i bhfoirm cearnóige oscailte agus urdhúnta cúinne ann dar dáta 1813. Athraíodh é chun fónamh mar leithlanna agus cuireadh díon ar an gclós lárnach sa bhliain 1995. Suite i suíomh faoi chrainn.** | **BAILE NA hINSE** | **75858,247850** |  |
| **618** | **30403606** | **Lóiste Geata Thuaidh** | **Lóiste geata 2 bháfhuinneog, 2 stór sa stíl Thúdarach-Eilíseach agus staighre-thúr i gceangal leis; S. U. Roberts a dhear é, c. 1870. Tá binn chéimneach ag an aghaidh rindreáilte, mar aon le múnláil húda agus uchtbhallaí creinilithe. Suite laistigh den bhealach isteach.** | **BAILE NA hINSE** | **76082,247300** |  |
| **620** | **30403607** | **Caisleán Bhaile na hInse** | **Teach caisealach 3 stór ag a bhfuil báfhuinneog starrach ag an mbealach isteach, mar aon le beanna céimnithe agus fuinneoga leathdhormánta, c. 1815. Tá cóiriú cloiche ann ar an aghaidh rindreáilte, lena n-áirítear múnláil húda etc. Tá roinnt pláistéireachta bunaidh síleála agus doirse bunaidh mahagaine painéalta etc. ann fós ar an taobh istigh. Cuireadh méaduithe forleathana leis i rith an 20ú haois. Suite laistigh de dhiméin phictiúrtha faoi chrainn.** | **BAILE NA hINSE** | **76337,247170** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **621** | **30403608** | **Lóiste an Éin Bhuí/Lóiste Geata Theas** | **Lóiste geata 2 stór sa stíl Thúdarach-Eilíseach agus staighre-thúr i gceangal leis; S. U. Roberts a dhear é, c. 1870. Tá binn chéimneach ag an aghaidh rindreáilte, mar aon le múnláil húda agus uchtbhalla creinilithe. Suite laistigh den bhealach isteach.** | **AN CILLÍN (BT BHAILE NA hINSE)** | **76656,246900** |  |
| **623** | **30403615** | **Teach Innill Stáisiún Iarnróid Bhaile na hInse** | **Teach innill stáisiúin iarnróid a tógadh as spallaí cúrsáilte agus cóiriú bríce ann, 1895. Suite tadhlach leis an mbóthar. Athraíodh é chun fónamh mar theach c. 1995.** | **CLUAIN BEAG** | **76001,246580** |  |
| **624** | **30403614** | **Stáisiún Iarnróid Bhaile na hInse** | **Stáisiún iarnróid brící dearga ina gcuimsítear foirgneamh 6 bháfhuinneog agus aon stóir agus teach an mháistir stáisiúin ag a bhfuil 3 bháfhuinneog agus 2 stór i gceangal leis; tógadh iad sa bhliain 1895. Suite taobh thiar de bhalla íseal atá tadhlach leis an mbóthar. Athraíodh é chun fónamh mar theach.** | **CLUAIN BEAG** | **76033,246640** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **626** | **30403705** | **Lóiste Lios Uachtair** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog aon stóir ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh rindreáilte agus sciathán cúil. Tá clós stáblaí ann ar a chúl. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. Cuireadh póirse leis. Geata bealaigh isteach, c. 1900.** | **LIOS UACHTAIR** | **85667,247340** |  |
| **628** | **30403708** | **Teach Shraith Salach/Stáisiún Iarnróid Shraith Salach** | **Seanstáisiún iarnróid ina gcuimsítear foirgneamh 5 bháfhuinneog agus aon stóir agus teach an mháistir stáisiúin ag a bhfuil 3 bháfhuinneog agus 2 stór i gceangal leis, mar aon le teach innill ar leithligh; tógadh iad sa bhliain 1895. Suite isteach ón mbóthar taobh thiar de bhalla íseal. Tá tíleanna dearga dín ann ar an aghaidh rindreáilte. Athchóiríodh agus athraíodh é chun fónamh mar theach.** | **LIOS UACHTAIR** | **83601,247620** |  |
| **630** | **0** | **Teampall Caitliceach Rómhánach N. Bríd** | **Teampall aon chille, 3 bháfhuinneog ag a bhfuil sacraistí agus dar dáta lár an 19ú haois. Tá oscailtí pointeáilte agus fuinneog chiorclach Thoir ann ar an aghaidh rindreáilte. Athchóiríodh an taobh istigh c. 1980. Suite ar thaobh an bhóthair. Tá reilig ann sa láithreán atá tadhlach leis.** | **BÉAL AN ÁTHA FADA** | **79838,246910** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 631 | 30403706 | Lisnabrucka | Teach sa stíl Éadbhardach ar a bhfuil díon mansardach agus ag a bhfuil 9 mbáfhuinneog agus 2 stór, mar aon le báfhuinneoga lárnacha cuasaithe, fuinneoga dormánta agus íoslach ardaithe leibhéil dheighilte ina gcorpraítear léibheann. Tá sceimhleacha leathana ann ar an aghaidh rindreáilte, mar aon le colúin iónacha i gceangail léi agus fráma dorais peidiméide. Tá an taobh istigh slán. Suite i ndiméin bheag faoi chrainn agus tá lóiste geata agus geata bealaigh isteach ann. | BÉAL AN ÁTHA FADA | 79594,246970 |  |
| 633 | 30403801 | Stáisiún an Gharda Síochána sa Mhám | Seanbheairic Chonstáblachta scoite ag a bhfuil 5 bháfhuinneog agus 2 stór, mar aon le haghaidh rindreáilte, díon gabhail éadain agus póirse beannach, c. 1880. Tá cóiríocht agus cillíní coinneála ann san fhoirgneamh. Tá clós beag fálaithe ann ar a chúl. Suite ar láithreán ard ag féachaint amach ar an ngleann. | TÍR NA CILLE THUAIDH | 96123,252330 |  |
| 635 | 30403901 | Teachín an Dúin | Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór dar dáta deireadh na tréimhse Victeoirí agus ag a bhfuil póirse starrach agus breisithe éagsúla curtha leis. Tá roinnt feisteán inmheánach ann fós, lena n-áirítear tíleanna urláir etc. Tá clós stáblaí fálaithe agus raon foirgneamh 2 stór ann ar a chúl. Suite laistigh de dhiméin faoi chrainn agus balla íseal teorann ann mar aon le piaraí geata spallaí. | DROIM SNÁMHA | 102450,249420 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **642** | **30404801** | **Tithe Solais Cheann Léime** | **Péire tithe solais agus déanmhais fhoghabhálacha ar tógadh ceann acu sa bhliain 1836 agus is teach solais uathoibríoch é ó bhí an bhliain 1990 ann.** | | **51466,241150** |  |
| **644** | **30404901** | **Teampall an Tealaigh Naofa, Teampall Caitliceach Rómhánach** | **Teampall pléineáilte, rindreáilte 5 bháfhuinneog, aon chille ag a bhfuil teanntaí, oscailtí ceannchruinne fuinneoige agus cloigtheach binne, c. 1880. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, mar aon le fuinneog chuimhneacháin Thoir 3 léas dar dáta 1901. Suite isteach ón mbóthar laistigh de charrchlós mór.** | **BAILE CONAOLA** | **62135,244420** |  |
| **646** | **0** | **Túr na nÓglach** | **Iarsmaí túir ochtagánaigh a chuir Richard Geoghegan in airde sa bhliain 1780 chun deonú saorthrádála a chomóradh. Tá post breathnóireachta Chogadh Domhanda II ann taobh leis.** | **BUN ABHANN MÓR** | **59399,242600** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **647** | **0** | **Stáisiún Garda Cósta Bhaile Conaola** | **Seanstáisiún Garda Cósta a bhfuil athrú mór déanta air chun fónamh mar chóiríocht saoire.** | **AN AILL BHREAC** | **59080,241530** |  |
| **649** | **30405002** | **Teach Leitir Daibhche** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, póirse starrach agus cúltithe; tógadh é c. 1890. Tá cúinní ann ar an aghaidh rindreáilte mar aon le colbhaí garbha ar na hoscailtí agus piléir bhalla ar an bpóirse. Tá cuid mhór gnéithe bunaidh ann fós ar an taobh istigh. Tá raon fothithe ann. Suite laistigh de thailte faoi chrainn. Piaraí geata eibhir ghairbh agus péire geataí iarainn theilgthe.** | **LEITIR DAIBHCHE** | **72420,241490** |  |
| **650** | **30328003** | **An Cléirtheach/Teach an Bhealaigh** | **Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil póirse starrach agus péire báfhuinneoga leath-heicseagánacha lánairde ar an taobh-ingearchló; tógadh é c. 1890. Tá díon gabhail éadain ag an teach, chomh maith le haghaidh rindreáilte agus cóiriú bríce ar na hoscailtí. Tá clós stáblaí ann ar a chúl mar aon le raon oifigí 2 stór. Suite laistigh dá thailte féin ar láithreán ard.** | **CLOCH NA RÓN** | **72350,240460** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **652** | **30328009** | **Beola Restaurant [Cloherty Grocer, Draper, roimhe seo]** | **Foirgneamh sraithe 5 bháfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, éadan siopa múnlaithe agus oscailtí ceannteascánacha, c. 1890. Suite agus a aghaidh leis an tsráid agus tá léibheann ardaithe chun tosaigh air.** | **CLOCH NA RÓN** | **72399,240080** |  |
| **653** | **30328008** | **Teampall Chloch na Rón, Eaglais na hÉireann** | **Teampall pléineáilte 4 bháfhuinneog ag a bhfuil saingeal agus fuinneoga ceannchruinne; Joseph Welland a dhear é sa bhliain 1842. Cuireadh túr agus póirse leis sa bhliain 1891. Tógtha as spallaí aolchloiche cúrsáilte agus tá cóiriú cloiche gearrtha ann. Tá síleáil chothrom phlástráilte ann ar an taobh istigh, chomh maith le pláistéireacht mhaisiúil ar an saingeal agus feisteáin saingil dar dáta deireadh na tréimhse Victeoirí. De bhreis air sin, tá plaiceanna cuimhneacháin agus dhá dhátchloch ann. Suite laistigh de chill fhálaithe agus tá an bealach isteach bunaidh ón tsráid fós ann.** | **CLOCH NA RÓN** | **72318,240070** |  |
| **655** | **30328015** | **Teampall Caitliceach Rómhánach Chloch na Rón** | **Teampall croschruthach ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cloigtheach binne agus oscailtí pointeáilte ar a bhfuil féitheach pláta, c. 1880. Cuireadh póirse leis c. 1990. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh. Rinneadh athchóiriú agus athfheistiú c. 1990. Suite ar láithreán ard oscailte.** | **CLOCH NA RÓN** | **72362,239910** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **657** | **30405102** | **Cashel House Hotel** | **Teach neamhshiméadrach 5 bháfhuinneog, 2 stór sa stíl Fho-Iodálach ag a bhfuil báfhuinneog bheannach starrach agus cúltithe céimnithe; tógadh é c. 1870 agus atógadh é sa bhliain 1952. Tá an aghaidh rindreáilte agus tá péire oscailtí fuinneoige ann. Tá gnéithe éagsúla breise curtha leis. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN CAISEAL (BT BHAILE NA hINSE)** | **79842,242550** |  |
| **658** | **30405103** | **Teampall Caitliceach Rómhánach San Séam** | **Teampall 4 bháfhuinneog sa stíl Ghotach ag a bhfuil teanntaí cúinne, saingeal agus taobhthúr ar a bhfuil spuaicín; tógadh é c. 1901. Tógtha as eibhear cairéal-fhásáilte agus tá cinn rindreáilte ar na hoscailtí pointeáilte. Tá díon truis oscailte, fuinneog ghloine daite Thoir 3 léas, áiléar, suíocháin bhunaidh agus painéaladh dádó T & G etc. ann ar an taobh istigh. Suite ar láithreán ard atá tadhlach leis an mbóthar.** | **AN CAISEAL (BT BHAILE NA hINSE)** | **80319,242410** |  |
| **659** | **0** | **The Zetland Hotel** | **Óstán dar dáta deireadh na tréimhse Victeoirí ina gcuimsítear 6 bháfhuinneog agus 2 stór mar aon le sciatháin éagsúla níos airde. Tá aghaidh rindreáilte ag an óstán, chomh maith le díonta gabhail éadain agus mansardacha agus roinnt saisfhuinneog aon phána. Tá sé suite laistigh dá thailte féin.** | **AN CAISEAL (BT BHAILE NA hINSE)** | **80660,242100** |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 662 | 30326017 | Ardbhearna | Teach scoite 3 bháfhuinneog, 2 stór os cionn íoslaigh agus díon gabhail éadain, aghaidh aolchloiche eisléireachta agus fráma dorais leathan cruinn aige, c. 1835. Tá roinnt feisteán bunaidh ann fós. Tá fothithe ann ar a chúl. Tá sé suite laistigh dá thailte féin. | ARDBHEARNA | 112610,242500 |  |
| 663 | 0 | An Chorr | Geata bealaigh isteach ina gcuimsítear piaraí geata aolchloiche gairbhe agus péire geataí iarainn shaoirsithe, c. 1840. Suite agus a aghaidh leis an mbóthar. | AN CHORR | 112940,242410 |  |
| 665 | 0 | O'Fatharta Restaurant /Halloran's | Teach sraithe 3 bháfhuinneog, 2 stór dar dáta lár na tréimhse Victeoirí agus aghaidh rindreáilte ar a bhfuil díon géarchlaonta aige. Éadan siopa simplí cumaisc ag a bhfuil piléir bhalla agus bracanna i stíl bhlianta na 1930-idí. Éadanas sráide. | AN CHREIG (BT MHAIGH CUILINN) | 112320,242830 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 666 | 30326013 | Teampall Pharóiste Chill Chuimín, Eaglais na hÉireann | Teampall 2 bháfhuinneog, aon chille de réir stíl Bhord na gCéadtorthaí ag a bhfuil aghaidh rindreáilte, cóiriú cloiche agus túr céimneach ar a bhfuil forbhallaí; tógadh é sa bhliain 1808. Tá aghaidh spallaí cúrsáilte agus cóiriú cloiche gearrtha ann ar na croslanna agus ar an saingeal a chuir Joseph Welland leis sa bhliain 1852. Tá síleáil phlástar-chlúdaithe ann ar an taobh istigh chomh maith le díon truis oscailte sa chuid a cuireadh leis. Tá puilpid agus suíocháin dar dáta deireadh an 19ú haois ann. Tá plaiceanna éagsúla cuimhneacháin ann. Fuinneog chuimhneacháin ghloine daite Thoir dar dáta 1891. Suite laistigh de chill fhálaithe. Piaraí geata eisléireachta agus geataí iarainn theilgthe. | AN FHUATHACH THIAR | 112060,242740 |  |
| 667 | 30326012 | An Teach Cúirte | Teach cúirte scoite 7 mbáfhuinneog, dé-airde ag a bhfuil íoslach páirteach agus báfhuinneoga cuasaithe bealaigh isteach ag an dá fhoirceann; William Caldbeck a dhear é c. 1837. Tá an taobh amuigh rindreáilte, rialaithe agus líneáilte agus tá cóiriú aolchloiche ann, lena n-áirítear stiallacha, frámaí dorais peidiméide agus taibhléadain ar oscailtí na bhfuinneog uachtarach. Rinneadh athrú ar an sceimhealchúrsa, c. 1960. Suite ar phlionta taobh thiar de ráillí iarainn theilgthe. | AN FHUATHACH THIAR | 111970,242720 |  |
| 669 | 0 | Scoileanna Náisiúnta Uachtar Ard | Scoil náisiúnta scoite 7 mbáfhuinneog, 2 stór ag a bhfuil díon gabhail éadain, aghaidh starrach bheannach agus aghaidh rindreáilte, agus dar dáta 1888. Athfheistíodh na fuinneoga. Suite laistigh de thailte teampaill. | CEANN RAMHAR THOIR | 111810,242680 |  |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **670** | **30326011** | **Teampall Mhuire Gan Smál** | **Teampall mór croschruthach sa stíl Ghotach agus túir ar gach taobh de agus tá cloigtheach ann; Tá sé ann ón mbliain 1829. Tá creiniliú, barrghréasa agus oscailtí pointeáilte ann ar an aghaidh rindreáilte ar a bhfuil bailchríoch gharbhtheilgthe. Tá modhnú déanta ar an taobh amuigh agus ar an taobh istigh agus tá póirse cloiche agus méaduithe eile curtha leis. Tá díon truis oscailte ann ar an taobh istigh, chomh maith le fuinneog gloine daite 3 léas le Harry Clarke, dar dáta 1933. Suite go straitéiseach ag ceann na sráide laistigh dá thailte féin agus é tadhlach le scoileanna náisiúnta.** | **Ceann Ramhar Thoir** | **111780,242680** |  |
| **672** | **30326018** | **V'Soske Carpets** | **Stáisiún iarnróid ina gcuimsítear foirgneamh 4 bháfhuinneog, aon stóir atá tadhlach le teach an mháistir stáisiúin ina bhfuil 3 bháfhuinneog agus 2 stór agus le both innill scoite agus túr uisce; tógadh iad sa bhliain 1895. Tógtha as aolchloch carraig-fhásáilte eisléireachta ar a bhfuil bandáil bhríce. Iarsmaí ardán. Athraíodh é chun fónamh mar mhonarcha chairpéad.** | **AN CHREIG (BT MHAIGH CUILINN)** | **111860,242080** |  |
| 3105 | 30333016 | | Piléar Bosca Poist d’Iarann Teilgthe, Sráid an Chumainn | Tá an dearadh feabhsaithe ag an rúnscríbhinn ríoga leis an móitíf de choróin, a chuireann beocht i gcuma an ruda seo atá feidhmiúil ar bhealach eile. Aithníonn sé réimeas Éadbhard VII (1901-1910). Go simplí athphéinteáileadh go leor boscaí poist roimh ré an Neamhspleáchais glas agus coinníodh a suaitheantais ríoga, agus tá na ceanna ar a bhfuil suaitheantas Éadbhard VII gann go maith de bharr ar chomh gearr agus a bhí a réimeas. Cosúil mórán le hiarann teilgthe sa Bhreatain agus in Éirinn, mhonaraigh teilgcheárta in Albain é, sa chás seo McDowall Stephen agus a Chuideachta i nGlaschú. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185004<br>Y:231203 |  |
| 3107 | 30333028 | | Piléar Bosca Poist d’Iarann Teilgthe, tógtha c.1885, An Phríomhshráid | Is earra tarraingteach é an bosca poist seo atá déanta as iarann teilgthe olltáirgithe luath, atá simplí i ndearadh ach a bhfuil roinnt mionsonraí maisiúla air. Tá sé lonnaithe ar shuíomh suntasach ar an gcoirnéal agus cuireann sé le paitean stairiúil an sráid-dreacha. Níl aon rúnscríbhinn ríoga ná aon shuaitheantas eile air, rud atá neamhchoitianta, mar gheall ar chomh sean agus atá sé nó mar gur athmhúnlaíodh an doras. Tugadh isteach na chéad bhoscaí galláin sorcóireach sa bhliain 1879, agus táirgeadh an múnla seo, a rinne Andrew Handyside Derby, a bhfuil an cró idir na bandaí múnlaithe ón bhliain 1883. Go dtí an bhliain 1887 tugadh an Bosca Galláin 'Gan Ainm' ar an múnla a húsáideadh mar nár cuireadh an Rúnscríbhinn Ríoga san áireamh go dtí an dáta sin. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185354<br>Y:231145 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3108 | 30333031 | | Teach ardáin trí bhá dhá stór, tógtha c.1860. Tógtha mar cheann de phéire agus an teach eile taobh thoir dó | Taispeánann an teach seo colbhaí oscailte brící agus ráillí iarainn teilgthe, atá tipiciúil de lár an naoú haois déag. Cé go bhfuil an dearadh simplí, tá feabhas curtha ar an bhfoirgneamh ag cóireálacha brící agus saisfhuinneoga adhmaid. Déanann sé féin agus an teach atá taobh thoir péire. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185627<br>Y:231074 |  |
| 3109 | 30333032 | | Teach deireadh ardáin dhá bhá dhá stór, tógtha c.1860. Tógtha mar cheann de phéire agus an teach eile taobh thiar dó. Díol claonta sclátaí agus sceimhealchúrsa brící dearga agus stoc simléir brící dearga | Taispeánann an teach seo colbhaí oscailte brící agus ráillí iarainn teilgthe atá tipiciúil den ré sin. Cé go bhfuil an dearadh simplí, tá feabhas curtha ar an bhfoirgneamh ag cóireálacha brící agus saisfhuinneoga sleamhnaithe adhmaid. Tógadh é mar cheann de phéire in éineacht leis an teach ar an taobh thiar agus d’fhéadfadh sé go raibh sé i gceist leanúint ar aghaidh leis an ardán. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185633<br>Y:231074 |  |
| 3111 | 30333036 | | Bosca Poist d’Iarann Teilgthe, c.1870,<br>Ascaill an Chnocáin Aoibhinn | Tá dearadh measartha an bhosca poist seo feabhsaithe ag an rúnscríbhinn ríoga leis an móitíf de choróin, a chuireann beocht i gcuma an ruda seo atá feidhmiúil ar bhealach eile. Aithníonn sé réimeas na Banríona Victoria (1837-1901) agus is déantán caolchúiseach stairiúil atá ann. Go simplí athphéinteáileadh go leor boscaí poist roimh ré an Neamhspleáchais glas agus coinníodh a suaitheantais ríoga. Feistíodh boscaí níos lú ar nós an chinn seo ag ionaid nach raibh chomh gnóthach. | Béal Átha na Sluaighe | CLIATHACH MHÓR | X:184698<br>Y:231269 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3113 | 30333038 | | Ascaill an Chnocáin Aoibhinn –Teach scoite ar dhéanamh L trí bhá dhá stór, tógtha c.1870, a bhfuil bánna gréagáin láir go deireadh beagán chun cinn acu, agus bealach isteach póirse cuasaithe | Léiríonn méid agus scála an fhoirgnimh an rathúnas agus an fás a tháinig ar Bhéal Átha na Sluaighe sa dara leath den naoú haois déag. Fágann an rialtacht agus cóiriú na bhfuinneog ordaithe, curtha in éineacht leis an gcás dorais adhmaid, gur cuid shuimiúil den sráid-dreach atá ann. Cuireann na geataí agus na ráillí le carachtar an tsuímh ar an iomlán. Déanann sé féin agus an teach béal dorais péire suimiúil agus cuireann sé é i gcomhthéacs. | Béal Átha na Sluaighe | CLIATHACH MHÓR | X:184674<br>Y:231264 |  |
| 3114 | 30333039 | | Ascaill an Chnocáin Aoibhinn –Teach scoite ar dhéanamh L trí bhá dhá stór, tógtha c.1870, a bhfuil bánna gréagáin láir go deireadh beagán chun cinn acu, agus bealach isteach póirse cuasaithe | Léiríonn méid agus scála an fhoirgnimh an rathúnas agus an fás a tháinig ar Bhéal Átha na Sluaighe sa dara leath den naoú haois déag. Tagann a fhoirm, a nádúr scoite agus a shiméadracht de chóiriú na bhfuinneog le chéile chun cuid shuimiúil den sráid-dreach a dhéanamh as. Feabhsaíonn sonraí cosúil leis na sceimhleacha leathan agus an aolchloch timpeall ar an mbealach isteach, na cáilíochtaí ailtireachta. Cuireann na geataí agus na ráillí le carachtar an tsuímh. | Béal Átha na Sluaighe | CLIATHACH MHÓR | X:184643<br>Y:231230 |  |
| 3115 | 30333040 | Sunnylawn | Sunnylawn –Teach leath-scoite ar dhéanamh L trí bhá dhá stór, tógtha c.1870, a bhfuil ingearchló dhá bhá ar an taobh aige agus síneadh ina dhiaidh sin de dhá bhá dhá stór agus díon claonta sclátaí le M-próifíl chun an t-ingearchló cúil go cúinne a ath-iontráil. | Léiríonn méid agus scála an fhoirgnimh an rathúnas agus an fás a tháinig ar Bhéal Átha na Sluaighe sa dara leath den naoú haois déag. Feabhsaíonn na saisfhuinneoga adhmaid sleamhnaithe suntasacha a coinníodh an t-ingearchló. Fágann an t-éadanas leathan agus an siméadracht gur cuid shuimiúil den sráid-dreach é. Cuireann na geataí agus na ráillí le carachtar an tsuímh agus déanann sé féin agus an teach béal dorais péire suimiúil agus cuireann sé é i gcomhthéacs. | Béal Átha na Sluaighe | CLIATHACH MHÓR | X:184637<br>Y:231194 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3116 | 30333041 | | Ascaill an Chnocáin Aoibhinn Teach leath-scoite trí bhá dhá stór, tógtha c.1870, a bhfuil ingearchló dhá bhá ar a thaobh. | Léiríonn méid agus scála an fhoirgnimh an rathúnas agus an fás a tháinig ar Bhéal Átha na Sluaighe sa dara leath den naoú haois déag. Feabhsaíonn na saisfhuinneoga adhmaid sleamhnaithe suntasacha a bhfuil coirnéil shnoite orthu a coinníodh an t-ingearchló. Fágann an t-éadanas leathan agus an siméadracht gur cuid shuimiúil den sráid-dreach é.Cuireann na geataí agus na ráillí le carachtar an tsuímh. Déanann sé féin agus an teach béal dorais péire suimiúil agus cuireann sé é i gcomhthéacs. | Béal Átha na Sluaighe | CLIATHACH MHÓR | X:184637 Y:231194 |  |
| 3117 | 30333052 | | Teach deireadh ardáin dhá bhá dhá stór a bhfuil stór áiléir ann, tógtha c.1820, a bhfuil ingearchló dhá bhá ar a thaobh, agus síneadh dhá bhá dhá stór ar a chúl a déanadh le gairid. Tréigthe anois. | Tá gnéithe go leor a bhaineann le spéis ailtireachta, go háirithe an doras snoite as aolchloch ag an teach seo atá suite go suntasach. Is sonra clasaiceach eile é an sonra peidiméide ar an mbinn. Cé go raibh an obair chloiche rindreáilte ar dtús, is tiomna é a dhaingne do scileanna na saor cloiche ó ré luath sa naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185142 Y:231035 |  |
| 3118 | 30333053 | | Teach ardáin trí bhá dhá stór, tógtha c.1820 agus a bhfuil cás an dorais snoite as cloch | Tá an teach seo, cé go bhfuil sé measartha, feabhsaithe de bharr gur coinníodh na saisfhuinneoga adhmaid agus go háirithe an doras mín snoite as aolchloch. Bunaíonn sé grúpa leis na tithe comharsanacha i gcomharsanacht shéipéal Eaglais na hÉireann. Tá na sonraí cloiche tipiciúil den chearadíocht oilte atá le feiceáil in áiteanna eile i mBéal Átha na Sluaighe. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185137 Y:231030 |  |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3119 | 30333060 | | Piléar bosca poist saorsheasaimh d’iarann teilgthe, c.1940, a bhfuil monagram ardaithe 'P&T' air agus 'Post Office' ar an doras agus caipín éadomhain cuinneachánach a bhfuil ciumhais fiaclach air. | Is earra tarraingteach troscán sráide é seo a sheasann d’olltáirgeacht earraí d’iarann teilgthe atá feabhsaithe ag an rúnscríbhinn 'P&T' ar stíl Cheilteach, meabhrúchán caolchúiseach faoin aitheantas náisiúnta a cuireadh chun cinn tar éis Neamhspleáchas a bheith bainte amach. Cosúil le go leor den troscán sráide d’iarann teilgthe ar fud na Breataine agus na hÉireann, táirgeadh é i dteilgcheárta in Albain, Cuideachta Carron i Stirlingshire. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185183<br>Y:230912 |  |
| 3120 | 30333064 | | Iar-trádstóras canála scoite seacht mbá trí stór, tógtha c.1830. Tréigthe anois | Is iar-trádstóras canála agus foirgneamh coimhdeach é seo a bhfuil cuid mhaith dá fhoirm agus struchtúr bunaidh coinnithe aige. Tá beocht curtha sa coimpléacs atá tógtha go dlúth ag an colbha éagsúil dorais agus sonraí cóirithe aolchloiche eile a dhéanann codarsnacht uigeachta suimiúil aeistéitiúil leis na ballaí brablaigh. Is meabhrúchán é an suíomh ar stair iompair canála an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | DÚN LEO | X:185292<br>Y:230737 |  |
| 3121 | 30334011 | | Droichead trí áirse aolchloiche, tógtha c.1780, os cionn an chuid thoir is mó atá tirim de bhrainse den tSuca, a bhfuil ballaí brablaigh aolchloiche agus uchtbhallaí a bhfuil cóipeáil bhrablaigh iontu. Áit ársa trasnaithe é agus d’fhéadfadh sé go bhfuil clocha creatlaigh meánaoiseach sa droichead. | Tá an droichead tirim seo ar an gceann is faide soir de shraith thrí dhroichead os cionn brainsí éagsúla den tSuca. Is codarsnacht iad a bhallaí spallaí leis na háirsí stuachlocha ceardúil, an dara ceann b’fhéidir ag léiriú gur atógadh an droichead. Tugann suíomh an droichid, in aice leis an gcaisleán meánaoiseach i mBéal Átha na Sluaighe, leide gur ionad ársa trasnaithe é seo agus go bhféadfadh sé go bhfuil creatlach mheánaoiseach sa droichead. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE | X:185837<br>Y:231068 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3122 | 30405837 | | Droichead iarnróid aon áirse, c. 1850 atá anois os cionn na ráille traenach idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris nach bhfuil á húsáid níos mó. | Cé go bhfuil líne nach bhfuil in úsáid á réisiú anois, thóg Cuideachta Iarnróid Mór an Iarthair Láir Tíre an droichead seo chun an líne ó Bhaile Átha an Rí go Clár Chlainne Mhuiris a iompar, ach a dúnadh do phaisinéirí sa bhliain 1975. Tá an droichead fós ina shampla tipiciúil d'innealtóireacht iarnróid ó lár an naoú haois déag mar a bhfuil siméadracht thaitneamhach agus cloch nádúrtha atá mionsonraithe go maith aige agus tá sé fós tábhachtach d'oidhreacht thionsclaíoch an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | CROMGHLINN | X:147763<br>Y:239705 |  |
| 3123 | 30405838 | Páirc Chromghlinne | Páirc Chromghlinne–Teach scoite ar dhéanamh neamhrialta, tógtha c.1830 agus athruithe in c.1890, comhdhéanta as bloic dhá stór beannach tosaigh ag cur i láthair ingearchlónna tosaigh aon bhá, atá ceangailte ag trasnú dhá stór ag cur i láthair trí bhá chun tosaigh agus a bhfuil túr iontrála trí chéim starrach ar an gceann thuaidh. | Tá a fhoirm, a charachtar agus a chreatlach luath coinnithe ag an teach beag tuaithe seo. Tá sé tógtha ar dhéanamh casta agus cruthaíonn na bánna starrach a bhfuil claonta éagsúla iontu lorg suimiúil, spraíúil. Cruthaíonn an túr iontrála a bhfuil urlár talún garbhéadain aige agus díon sclátaí fiaclach, gainní éisc siméadracht ingearach agus cuireann sé spéis ealaíne agus don tsúil leis an bhfoirgneamh. | Béal Átha na Sluaighe | CROMGHLINN | X:148239<br>Y:239048 |  |
| 3124 | 30407101 | | Droichead iarnróid aon áirse thar bhóthar, c. 1860 Cúrsaí cearnaithe agus aolchloch sneiceáilte brablaigh agus céanna sneiceáilte brablaigh agus cearnaithe aolchloiche agus ballaí cliathánaithe le cóipeálacha cruinn. | Cé gur líne é nach bhfuil in úsáid níos mó, is iad Cuideachta Iarnróid Mór an Iarthair Láir Tíre a thóg an droichead seo ar dtús chun an líne ó Bhaile Átha an Rí go Clár Chlainne Mhuiris a iompar, ach ar dúnadh é do phaisinéirí sa bhliain 1975. Tá sé déanta as cloch nádúrtha atá mionsonraithe go maith, agus tá siméadracht thaitneamhach aige agus is sampla tipiciúil é de dhroichid iarnróid ó lár an naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | CROMGHLINN | X:147879<br>Y:238763 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3125 | 30407102 | Páirc Chromghlinne | Páirc Chromghlinne –Geata maisithe isteach chuig Teach Pháirc Chromghlinne, tógtha c.1845. Comhdhéanta de phéire lárnach piaraí oscailte d'iarann teilgthe agus a bhfuil maisiúchán de phailm bheaga orthu, bairr bhoghanna agus geataí dúbailte d'iarann teilgthe. | Marcáileann an geata agus an lóiste seo an bealach isteach chuig Teach Pháirc Chromghlinne, a tógadh sa bhliain 1844. Suite ar an mbealach isteach chuig an eastát, is táscaire iad ar an tábhacht a bhain leis an bpríomhtheach. Cé go bhfuil sé tréigthe, is foirngeamh tarraingteach agus maisithe go maith ó dheireadh an naoú haois déag é an lóiste. Cuireann na patrúin suimiúla slinne ar an díon agus an obair adhmaid mhaisithe, chomh maith leis an bhfoirmphlean neamhghnách, lena fhiúntas ealaíonta agus ailtireachta. Cruthaíonn an geata seo bealach isteach pictiúrtha chuig an eastát agus is cuid lárnach é de thailte Theach Pháirc Chromghlinne. | Béal Átha na Sluaighe | CROMGHLINN | X:147906<br>Y:238758 |  |
| 3126 | 30407103 | | Muileann gaoithe dhá chéim ar dhéanamh ciorclach, c. 1750, scriosta anois. Ballaí brablaigh aolchloiche ina gcúrsaí. Oscailtí dorais ceann-cearnógacha agus stuachlocha clocha brablaigh. | Cuireann iarsmaí an mhuilinn gaoithe seo i gcuimhne dúinn oidhreacht thionsclaíoch an cheantair. Úsáideadh muilte den tsórt seo chun arbhar a mheilt agus bhí siad tábhachtach don phobal áitiúil feirmeoireachta. Lonnaithe ar shuíomh ardaithe agus nocht, cuireadh an muileann gaoithe seo sa chás agus go mbainfeadh sé buntáiste as na sruthanna gaoithe is láidre agus anois is pointe fócasach tarraingteach é sa tírdhreach. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHEATHRÚ RIABHACH THOIR | X:149100<br>Y:238375 |  |
| 3127 | 30405822 | Cnoc an tSeagaill | Lóiste geata scoite 3 bhá aon stór ar dhéanamh T, c.1830 a bhfuil bealach isteach póirseáide ina bhfuil dhá cholún gearrtha as aoschloch ar stíl Veinéisach. Síneadh dhá stór ar chúl le déanaí. | Lonnaithe ag an mbealach isteach chuig Teach Chnoc an tSeagail, is foirgneamh clasaiceach tarraingteach é an lóiste geata seo atá frámaithe thar barr ag ráillí d'ardchaighdeán agus ballaí plionta. Is macasamhail den dara ceann é an bealach isteach chuig Teach Chnoc an tSeagail, ag cruthú grúpáil tharraingteach ar thaobh an bhóthair. Tá óstach na sonraí sa lóiste snoite in aolchloch mhaith. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRC AN CHURRAIGH | X:154367<br>Y:239443 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3128 | 30407106 | Stáisiún Gardaí Mhuine Mheá | Stáisiún Gardaí Mhuine Mheá–Iar-theach an reachtaire scoite 3 bhá 2 stór, c. 1830 agus tá síneadh aon stór  díon gabhal éadain ar na beanna thoir agus thiar. Á úsáid mar stáisiún Gardaí anois. | Ba é Stáisún Gardaí Mhuine Mheá teach an reachtaire ar dtús d'Eaglais na hÉireann, atá gar de láthair, ach atá ina fhothrach anois. Tá sé lonnaithe in áit shuntasach i lár an sráidbhaile agus tá a fhoirm shiméadrach feabhsaithe ag gnéithe bunaidh a coinníodh lena n-áirítear saisfhuinneoga agus sclátaí nádúrtha dín. | Béal Átha na Sluaighe | GLEANN NA GCLOCHÁN THEAS | X:153306 Y:236182 |  |
| 3129 | 30407108 | Caisleán Mhuine Mheá | Caisleán Mhuin Mheá–Teach oighir saorsheasaimh, c. 1860 Tá an príomhsheomra faoin díon ithir, agus tá an bealach isteach ar an taobh ó thuaidh. | Ba ghné choitianta d'eastáit tuaithe na hÉireann iad tithe oighre faoi lár an naoú haois déag. Clúdaithe ag ithir, chuir an teach oighir bealach ar fáil chun bia a choinneáil úr do theaghlach ffrench, a bhí ina gcónaí ag an am i gCaisleán Mhuine Mheá gar de láthair. Deisíodh an struchtúr c. 2000. | Béal Átha na Sluaighe | DIMÉIN MHUINE MHEÁ | X:154375 Y:236429 |  |
| 3130 | 30407111 | | Muileann gaoithe saorsheasaimh 2 chéim ar dhéanamh cruinn , c. 1750 agus na doirse trasna óna chéile, agus suite ar thaobh iomaire ag féachaint amach ar ghleann beag. | Tá an muileann gaoithe seo ar cheann de ghrúpa beag acu i dTuaisceart na Gaillimhe. Is díol spéise é ó thaobh oidhreacht thionsclaíoch agus ba struchtúr thábhacht a bhí ann sa cheantar mar gur húsáideadh é chun arbhar a mheilt ina phlúr. Cuireann an áit a bhfuil sé suite, ag breathnú amach ar an ngleann beag, feabhas ar a spéisiúlacht chun féachaint air. | Béal Átha na Sluaighe | CNOC AN CHORRÁIN DUIBH | X:155670 Y:237180 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3131 | 30407201 | Droichead Choill an Chlochair | Droichead Choill an Chlochair –Droichead bóthair 7 háirsí, c. 1780 thar Abhainn Choill an Chlochair. Áirsí cruinne a bhfuil stuachlocha cóirithe aolchloiche acu agus spallaí randamacha chuig spandrail agus ballaí. | Tá an droichead fiúntach aolchloiche seo fós á úsáid agus iompraíonn sé trácht thar Abhainn Choill an Chlochair. Tugann an chodarsnacht idir na stuachlocha cóirithe aolchloiche agus uchtbhalla randamach brablaigh cuma thaitneamhach don droichead sa suíomh tuaithe. | Béal Átha na Sluaighe | COILL AN CHLOCHAIR | X:155914<br>Y:237904 |  |
| 3133 | 30407208 | Séipéal an Ghoirtín | Séipéal an Ghoirtín–Eaglais Chaitliceach saorsheasaimh ar déanamh croschruthach, den dáta 1931, agus túr cloige 3-chéim a chur chuig an iarthuaisceart, baistealann ar déanamh U a chur siar, sacraistí chuig an oirdheisceart & póirse chun luí a chur san oirthuaisceart. | Tá an séipéal fiúntach seo ornáidithe ag a obair chloiche agus fuinneoga daite breátha, agus is iad Stiúideonna aitheanta Harry Clarke a rinne an fhuinneog altóra. Tá an mionsonrú thart ar an bpríomhbhealach isteach ag teacht leis an Athbheochan Rómhánúil-Ibeirneach a raibh móréileamh air faoin bhfichiú haois luath, mar atá an úsáid a bhaintear as dualaíocht ar na fuinneoga ar an taobh de chorp an tséipéil agus den bhaistealann agus den altóir é féin. Tá dualaíocht le feiceáil freisin ar na geataí maisithe chuig an baistealann neamhghnách. Fógraíonn an túr, a chuirfeadh an fhoirm atá ag túr mainistreach i gcuimhne duit, an séipéal ó achar uaidh. Cuireann an foirgneamh go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair agus, mar ionad d'adhartha creidimh, is foirgneamh tábhacht sa phobal áitiúil é Séipéal an Ghoirtín. | Béal Átha na Sluaighe | AN GOIRTÍN | X:161450<br>Y:235302 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3134 | 30407212 | Scoil Sheanbhaile Ard | Scoil Sheanbhaile Ard–Teach scoile scoite 6 bhá aon stór, den dáta 1896 atá anois á úsáid mar áit chónaithe phríobháideach. | Is comhscoil í Scoil an Seanbhaile Ard, atá in úsáid anois mar theach, le Scoil an Ghoirtín agus tógadh í leis an airgead tabhartais ó theaghlach a bhí ina gcónaí i dTeach an Teampaill a bhí gar de láthair. D'úsáid buachaillí agus cailíní sa cheantar áitiúil í araon agus ba fhoirgneamh tábhachtach a bhí inti sa phobal. | Béal Átha na Sluaighe | AN SEANBHAILE ARD | X:163134 Y:232740 |  |
| 3136 | 30407203 | | Áith aoil saorsheasaimh spallaí ina gcúrsaí aolchloiche, tógtha c.1800, ar déanamh cearnóige, agus áirse theascánach chun ingearchló tosaigh agus stuachlocha cóirithe aolchloiche. | Is meabhrúchán fisiciúil é an áith aoil seo ar oidhreacht thionsclaíoch Bhaile Uí Chlúmháin. De bharr go bhfuil a chreatlach agus a fhoirm bhunaidh fós ann, cuireann sé go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | BAILE UÍ CHLÚMHÁIN | X:160309 Y:237566 |  |
| 3138 | 30405901 | | Teach scoite dúchasach ceithre bhá aon stór, tógtha c.1800. Díon gabhal éadain giolcach tuí agus iomaire ardaithe scolbáilte, agus stoc simléir rindreáilte athógtha. | Tá amharc ar thithe ceann tuí traidisiúnta faoin tuath in Éirinn ag éirí gann, ach is meabhrúchán fisiciúil iad ar cheardaíocht na dtógálaithe dúchasacha tuaithe. Tá a scála agus a fhoirm bhunaidh coinnithe ag an sampla seo agus cinntíonn úsáid a bhaint as tuí go bhfuil sé tarraingteach don tsúil mar chuid d'oidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | DOIRE AN GHLASÁIN | X:159131 Y:241586 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3140 | 30404511 | | Muileann gaoithe gan díon 3-chéim, tógtha c.1750. ar dhéanamh cruinn agus ballaí céimnithe randamacha brablach. Doirse a bhfuil ceann cearnógach orthu trasna óna chéile agus colbhaí ó chlocha éagsúla brablach. | Is sampla dá chineál é an muileann gaoithe seo agus, cé go bhfuil sé gan díon, tá foirm agus comhréireanna an fhoirgnimh fós le feiceáil. Tá sé lonnaithe go suntasach ar dhumha beag i bpáirc, agus tá leas teicnúil agus sóisialta mór ag an bhfoirgneamh mar gur húsáideadh é chun ábhar a mheilt don phobal áitiúil. | Béal Átha na Sluaighe | CEATHRÚ NA BÓ | X:161354<br>Y:247644 |  |
| 3143 | 30404508 | | Eaglais Chaitliceach Rómhánach shaorsheasaimh ar déanamh T a tógadh thart ar 1830, ar a bhfuil dhá bhá meánlainne, transeptanna aon bhá, limistéar saingil a ghobann amach beagán, clogthúr cheithre ardán ar an taobh thiar, agus sacraistí ón fichiú aois ar an taobh thoir | Tá an Eaglais Chaitliceach Rómhánach tarraingteach seo suite i gcroílár Mhaigh Locha trasna ó Theach Mhaigh Locha. Go neamhghách, breathnaíonn an foirgneamh Athbheochana Gotach, lena túr chloigín agus stuaiceanna, cosúil le heaglaisí de chuid Chéadthorthaí na hÉireann as an aois chéanna. Is díol suime don súil iad na beanna agus an clogthúr ina bhfuil meánlanna aolchloiche agus cuireann na stuaiceanna leis an gclogthúr go mór leis an ngné spéirlíne álainn. Tá tábhacht shóisialta ag baint leis an bhfoirgneamh agus é ina ionad d'adhradh reiligiúnach do phobal Mhaigh Locha. | Béal Átha na Sluaighe | MAIGH LOCHA MH ÓR | X:162299<br>Y:248749 |  |
| 3144 | 30404504 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe roth-thíopa, a cuireadh in airde thart ar 1880, nach n-úsáidtear anois. | Bhí caidéil uisce fíor-thábhachtach i saol an naoú haois déag agus go luath sa saol san fichiú haois déag trí fhoinse uisce poiblí a chur ar fáil sa phobal áitiúil. Tá an caidéal uisce seo suite in áit áisiúil in aice le Teach Mhaigh Locha laistigh de chearnóg beag. Cuireann an sásra pumpála rothaí neamhghnách agus ceann cruinneoige cuislithe lena díol suime agus tá luach faoi leith ag baint leis, mar aon lena aeistéitiúil agus fiúntas feidhmiúil. | Béal Átha na Sluaighe | MAIGH LOCHA MHÓR | X:162365<br>Y:248806 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3147 | 30404611 | Fearann na Mainistreach | Fearann na Mainistreach – Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1790, lena bhfuil déanamh T, le díon dhá stór claonta ar chúl. | Isteach ón mbóthar, is sampla maith é an teach seo de gháththeach tuaithe Seoirseach na hÉireann. Tá an aghaidh tarraingteach mar gheall ar an bhfoirm siméadrach agus na codanna cothromaithe. Is díol suntais é an bealach isteach ornáideach agus cuireann na saisfhuinneoga adhmaid, díon sclátaí agus sonrú simplí le tarraingteacht an fhoirgnimh. | Béal Átha na Sluaighe | CEATHRÚ NA GAINMHE | X:167286<br>Y:247984 |  |
| 3149 | 30404614 | Droichead An Chreagáin | Droichead An Chreagáin – Droichead bóthair cúig áirse a tógadh thart ar 1810, thar Abhainn an Chaisleáin Ghearr | Suite ar mhórbhealach an Chreagáin, thugtaí Droichead an Chreagáin ar an mbaile seo tráth mar gheall ar an droichead cloiche seo a iompraíonn trácht thar Abhainn an Chaisleáin Ghearr. Tá an tábhacht stairiúil a bhaineann leis an droichead seo le feiceáil sa chlochmhíle snoite atá san uchtbhalla. Ó tharla go bhfuil sé mar chuid den phríomhbhealach idir Gaillimh agus Ros Comáin, tá an droichead seo mar chuid thábhachtach d'infrastruchtúr nua-aimseartha agus stairiúil an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | AN TRIAN RIABHACH<br>An Creagán | X:166726<br>Y:246777 |  |
| 3150 | 30404610 | Droichead An Chreagáin | Clochmhíle aolchloiche snoite, a rinneadh thart ar 1760, atá mar chuid d'uchtbhalla Dhroichead an Chreagáin. | Tá an cuaille míle seo, a bhíonn suite laistigh de dhroichead de gháth, mar thagarmharc den achar idir Bhaile Átha Cliath, Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe, i measc áiteanna eile. Tá sé deanta as aolchloch áitiúil agus cuireann sé le simplí agus tarraingteacht oidhreacht thionsclaíoch An Chreagáin. | Béal Átha na Sluaighe | AN TRIAN RIABHACH<br>An Creagán | X:166719<br>Y:246783 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3151 | 30404615 | Banc na hÉireann | Banc na hÉireann– foirgneamh bainc cúig bhá dhá stór os cionn íoslaigh, a tógadh thart ar 1880. | Tá an banc seo ar cheann de na foirgneamh is tábhachtaí i mbaile an Chreagáin. Tógadh é thart ar 1880, faoi dhearadh Millar agus Symes, cuideachta ailtireachta a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a bhí ina n-ailtírí ag Banc na hÉireann ar fad trí ghlúin. Seasann an aghaidh atá déanta as brící amach go mór sa bhaile ina bhfuil go leor clocha agus suimint, agus cuireann an aolchloch mar aon leis na brící go mór leis an aghaidh tarraingteach. Tugann an plionta aolchloiche bun láidir don struchtúr ar an suíomh, ag tabhairt láidreacht agus seasmhacht dó. Tá sé ina phointe fócasach don phobal áitiúil le os cionn chéad bliana anois ag soláthar seirbhísí airgeadais don Chreagán agus don phobal mórthimpeall. | Béal Átha na Sluaighe | AN TRIAN RIABHACH<br>An Creagán | X:166877<br>Y:246838 |  |
| 3152 | 30404617 | Músaem an Chreagáin | Músaem an Chreagáin – gáirdín a bhfuil balla thimpeall air, a leagadh síos thart ar 1820 agus a úsáidtear anois mar pháirc fianna. Sa pháirc tá ballaí aolchoichle brablaigh anseo agus ansúid mar aon le cóipeálacha brablaigh & bearnaí aolchloiche gearrtha teascánach. | Tá an gairdín ina bhfuil balla, ceárta agus struchtúir eile, mar thréithe atá fanta de chroílár dhiméin an Chreagáin, a bhí ina eastáit bríomhar tráth agus ina cheann tiomána de bhaile an Chreagáin. Laistigh den ghairdín ar a bhfuil balla, tá teach Bellew, áit a chónaigh clann Bellew tráth. Thóg Coimisiún na Talún an t-eastáit ar lámh i 1937 agus scriosadh an teach i 1939 chun clocha a chur ar fáil chun caoi a chur ar bhóithre, in aineoinn agóidí ó dhaoine áitiúla a rinne iarracht an teacht a athrú isteach ina oispidéal dúiche. Rinneadh an teach, a cuireadh tús leis san ochtú haois déag, a chríochnú go luath san naoú haois déag tráth ar leagadh amach an gáirdín ina bhfuil balla timpeall air. Bhí an t-imfhálú leagtha amach chun cúcamair, mealbhacáinagus bláthanna a fhás i measc plandaí eile, agus is féidir iarsmaí theach gloine, grapery agus theach péitseoga fheiceáil fós. Sa bhreis air sin, tógadh teach garraíodóra laistigh de na ballaí féin. Bhí suim mhór ag clann Bellew sa talmhaíocht agus bhunaigh siad Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin leis na Proinsiasaigh i 1904. Cuireann an | Béal Átha na Sluaighe | AN CREAGÁN | X:166218<br>Y:246496 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | gáirdín a bhfuil balla thimpeall air mar aon leis an gceartá lena hais, go mór le tarraingteacht eastáit an Chreagáin. | | | | |
| 3153 | 30404621 | Scoil Naomh Iarla | Scoil Naomh Iarla – dhá fhoirgneamh tithe oibre dhá stór, ceithre bhá déag thart ar 1860, atá ina úsáid anois mar scoil, tá na blocanna ceangailte le chéile ag clocha eisléire le díon aon stór claonta a bhí ina halla bia tráth, le síneadh dhá stór ar chúl | Deimhníodh an *Mountbellew Poor Law Union* go foirmiúil i 1850 agus as sin tógadh an teach oibre atá anois in úsaid mar Scoil Naomh Iarla. Is é an t-ailtire Geroge Wilkinson, ailtre de chuid an Choimisinéara um Dhlí na mBocht, a dhear an foirgneamh bunaithe ar a phlean chun cóiríocht a chur ar fáil do 500 cónaitheoir agus tógadh é ar chostas de £5,150 móide £920 d'fhearais. Tógadh na blocanna leithleacha chun cóiríocht a chur ar fáil do mhná agus d'fhir araon. Tógádh ospidéal fiabhrais agus séipéal freisin ach tá siad sin scriosta ó shin. Nuair a fógraíodh go raibh an teach oibre le díol i 1931, ghlac Coiste Gairmoideachais na Gaillmhe le léas 99 bliain ar an maoin agus i 1932 athosclaíodh an teach oibre mar cheann de na chéad gairmscoileanna sa tír. Cé gur rinneadh oibre feabhsúcháin air thar na mblianta, tá cuid mhór den bhunleagan amach agus creatlach coinnithe ag an teach oibre mar aon leis na blocanna leithleacha arna leagan amach ag Wilkinson, agus cuireann sé so mór le hoidhreacht ailtireachta agus stairiúil an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | BOTH MHUINIÚN<br>An Creagán | X:167934<br>Y:245742 |  |
| 3154 | 30406006 | | Muileann grán scoite 3 bhá aon stór a tógadh thart ar 1770 le híolach & áiléar & bothán oscailte aon stór ar chúl. Tá sé anois tréigthe. | Bhí muilte mar phointí fócasacha tábhachtacha sa phobal áitiúil talmhaíochta agus bhí ról lárnach acu freisin i saibhreas eacnamaíochta an cheantair. Bhain an muileann seo úsáid as uisce as sruth chun an roth muilinn a chumhachtú rud a chuir cumhacht ar fáil freisin don sásra a rinne an grán a mheilt. Tá a bhunchruth agus a bhuncharachtar coinnithe fós ag an struchtúr aolchloice simplí seo, in ainneoin gur baineadh amach an trealamh muilte agus gur aistríodh arís an tarae. Cé nach bhfuil sé in úsáid mar mhuileann tá sé fós mar iarsma de na próisis tionsclaíoch tábhachtacha a bhí ann san am ar caitheadh agus léiríonn | Béal Átha na Sluaighe | BÉAL ÁTHA AN GHEARRTHA | X:165567<br>Y:240455 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | sé phríomhghné d'oidhreacht tionscail an cheantair. | | | | |
| 3157 | 30406014 | Teach an Bhaile Ghlais | Greenville House –Piaraí geataí aolchloice ag an teach a tógadh thart ar 1800. Dhá phiara aolchloiche ar chruth ochtagánach le hais an bóthar, le ráillí panela iarann saoirsithe maisithe uarlíneach le móitíf ceathairdhuille. | Cuireann an geata ornáideach seo bealach isteach galánta ar fáil don teach tuaithe uiríseal seo agus is pointe ar leith é ar an N63, an príomhbhóthar idir Gaillimh agus Ros Comáin. Is grúpa suimiúil é an teacht seo agus an teach lasmuigh. | Béal Átha na Sluaighe | AN BAILE GLAS | X:168926<br>Y:244221 |  |
| 3158 | 30406001 | Teach an Bhaile Ghlais | Teach an Bhaile Ghlais–teach lasmuigh 7 mbá 2 stóra tógadh thart ar 1800, le haghaidh starrach le beannaí lárnacha&cúrsa sceimhleacha aolchloiche cearnógach. | Tá obair cloiche den scoth déanta ar an teach lasmuigh seo, ata suite ar bhóthar poiblí anois. Tá sé tógtha go maith agus léiríonn an obair shonrach an tábhacht a bhain leis an eastáit seo nuair a tógadh é. Tá an grúpa seo ina bhfuil na geataí galánta, an teach úiríseal agus a cheangal leis na Clonbrocks, mar chuid shuimiúil d'oidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | AN BAILE GLAS | X:169213<br>Y:244328 |  |
| 3159 | 30406004 | Eaglais Naomh Solan | Eaglais Naomh Solan– le beanna g chun tosaigh ar stíl Eaglais Chaitliceach Rómhánach, ar tógadh thart ar 1840, ina bhfuil meánlann sé bhá, le pasáistí ar an taobh a cuireadh leis i 1938-9, clogthúr trí chéim ar an taobh thiar den mheánlann, póirse isteach ar an taobh thuas, agus síneadh aon stór ar an taobh ó thuaidh a cuireadh leis ag deireadh an fichiú haois . | Rinne W.H. Byrne & Sons an eaglais uiríseal agus simplí seo a athchruthú agus a shíneadh amach i 1938-9, tráth ar cuireadh na pasáistí ar an taobh leis, agus is é Owen Larkin as Béal Átha na Sluaighe a rinne an obair. Tá an eaglais lonnaithe díreach lasmuigh d'ionad an bhaile ar shuíomh lárnach in aice an bhóthair rud a chruthaíonn pointe suimiúil don súil agus tú ag déanamh ar an gCealtrach. Déantar an taobh amuigh dorcha a chothromú ag taobh istigh atá feabhsaithe ag fuinneoga gloine dhaite stuaireacha agus úrláir le tíleanna mósáice. Tá formhór na mbunghnéithe agus na mbuncreatlaí fós ag an eaglais, agus tá sé fós ina phointe fócasach sóisialta agus spioradálta don | Béal Átha na Sluaighe | AN CHEALTRACH | X:171126<br>Y:243010 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | phobal áitiúil. | | | | |
| 3160 | 30404609 | Teach Chill Liatháin | Teach Chill Liatháin - teach scoite trí bhá, dhá stór le háilear dormánacha tógadh thart ar 1880, ar dhéanamh T le bánna chun tosaigh a ghobann amach chuig an gcéad úrlár ar an síneadh tosaigh agus ó thuaidh agus ar an síneadh a rinneadh sa fichiú haois ar chúl agus chuig an póirse adhmaid ó dheas. | Suite ag an mbealach isteach chuig Teach Killian (nó Killyan), bhí an teach geata neamhghnách seo mar chuid den eastáit tráth.Bhronn Charles II eastáit Killian ar chlann Cheevers i lár na séachtú haoise déag agus bhí an clann ina n-úinéirí agus ina gconáitheoirí san Eastáit go dtí na 1930aí. Léiríonn an nádúr ornáideach agus méid an tí geata le saibhreas agus seasamh sósialta chlann the Cheevers. Cé gur síníodh an teach ar feadh na mblianta, is féidir an bunmhéid agus bunscála an tí gheata a fheiceáil fós agus is sampla é an obair chloiche faoi leith den cheardaíocht bhreá áitiúil. Cinntíonn stíl ealaíochta faoi leith an tí geata, mar aon leis an gceangal le clann Cheever, gur gné thábhachtach é d'oidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | CILL LIATHÁIN | X:174145 Y:249530 |  |
| 3161 | 30404607 | Droichead Thír Úr | Droichead Thír Úr Droichead bóthair trí áirse a tógadh thart ar 1870, thar Abhainn na Simhne. Áirsí teascánach le stuachlocha gearrtha amach as aolchloch | Rinneadh an droichead neamhghnách seo a athrú i rith a shaolré agus ansin tá dhá ghné éagsúil ann. Cuirean aolchloch níos dorcha in áit an uchtbhalla agus na ballaí deiridh agus gobann sé amach beagán ó aghaidh na n-áirsí agus na painéal spandrail, rud a sheasann amach ar an droichead. Cuireann na clocha móra cóipeálacha sa bhreis ar na blocanna móra cloiche a úsáideadh leis an droichead a thógail le láidreacht agus láithreacht an droichid sa thírdhreach oscailte. Cuireann sé go huathúil le hoidhreacht tionsclaíoch an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | TÍR ÚR | X:169895 Y:249107 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3162 | 30404601 | Droichead Thóin le Gaoith | Droichead Thóin le Gaoith – Droichead bóthair ceithre áirse a tógadh thart ar 1860, thar Abhainn na Simhne. Áirsí teascánach le stuachlocha gearrtha amach as aolchloch chuig fáinní áirse, le haolchloch brablaigh randamach i gcúrsaí do spandrail. | Tógtha le hábhair áitiúla, iompraíonn an dlúthdhroichead bóthair seo trácht thar Abhainn na Simhne agus tá sé mar chuid den infrastruchtúr áitiúil le céad caoga bliain anois. Bhí sé ar an bpríomhbhóthar idir Gaillimh agus Ros Comáin tráth, ach anois freastalaíonn an droichead ar mionbhóthar in aice láimhe. Cé gur athraíodh an droichead le céad bliain anuas, is gné tarraingteach sa tírdhreach é an droichead seo mar gheall ar shimplíocht agus sárobair cloiche an droichid seo. | Béal Átha na Sluaighe | Cluain Mhic an Bhithiúnaigh | X:169535 Y:250640 |  |
| 3163 | 30404604 | An Droichead Nua | An Droichead Nua – droichead bóthair cúig áirse a tógadh thart ar 1830, thar Abhainn na Simhne. Áirsí teascánach le stuachlocha gearrtha amach as aolchloch chuig fáinní áirse. | Fuair an baile in aice láimhe, An Droichead Nua, a ainm as an droichead cloiche seo a iompraíonn an bóthar trasna na Simhne. Suite ar an bpríomhbhóthar idir Gaillimh agus Ros Comáin, an N63, tá sé mar chuid thábhachtach den líonra náisiúnta iompair. Tógadh an droichead as ábhair a foinsíodh go háitiúil, agus is cuid rítábhachtach é d'oidhreacht tionsclaíoch an cheantair agus cé gur droichead simplí é tá fiúntas ailtireachta agus teicniúil ag baint leis. | Béal Átha na Sluaighe | AN DROICHEAD NUA | X:171516 Y:250904 |  |
| 3164 | 30403205 | Droichead an Bhaile Nua | Droichead an Bhaile Nua – droichead aolchloiche 5 áirsea tógadh thart ar 1800, thar Abhainn Woodbrook nó Kingstown. Ballaí cloiche brabhlaigh i gcúrsaí le stuachlocha a gearradh go garbh chuig áirsí ciorclach. | Freastalaíonn an droichead tarraingteach seo ar mhionbhóthar agus aige tá áirsí dea-dhéanta agus earrainní a rinneadh go maith ach go háirithe. | Béal Átha na Sluaighe | BÓTHAR BEANNACH | X:170226 Y:252445 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3165 | 30404605 | | Droichead bóthair dhá-réise a tógadh thart ar 1920 thar Abhainn Killian. Deic coincréite atá tacaithe ag ballaí tacaíochta le huchtbhalla seiminte atacaithe ar a bharr. | Tá an droichead coincréite seo suite i dtírdhreach tuaithe agus is iarma fisiciúil é den fhorbait a rinneadh ar innealtóireacht droichid in Éirinn. De réir mar a tháinig costas níos lú ar choincréit sa fichiú haois, bhí sé anois mar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de droichid a thógáil. Dearadh simplí ar dheic ré coincréite agus uchtbhalla seiminte, cuireann an droichead seo le hoidhreacht innealtóireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | AN DROICHEAD NUA | X:172219 Y:250157 |  |
| 3167 | 30402006 | Grand Lodge | Grand Lodge – teach geata scoite trí bhá aon stór a tógadh thart ar 1810, le síneadh ar chúl. | Is teach geata mealltach é seo ar thaobh an bhóthair. Tógadh é ar chaighdeán ard agus tá carachtar speisialta ag baint leis mar gheall ar na fuinneoga rianaire neamhghnách agus an feanléas atá fós ann mar aon leis an gcóiriú aolchloiche. | Béal Átha na Sluaighe | BÉAL ÁTHA GAD | X:180706 Y:257579 |  |
| 3168 | 30402007 | Droichead Bhéal Átha Gad | Droichead Bhéal Átha Gad Droichead bóthair aolchloiche naoi áirse a tógadh thart ar 1725, thar na Suca ag teorainn na Gaillimhe agus Ros Comáin. | Is droichead breá é seo a tógadh go luath san ochtú haois déag a bhfuil earrainní móra agus go leor áirsí aige. Tá na tearmainn neamhghnách, fíor éadomhain agus dá bhrí sin neamhphraiticiúil. Tá an droichead coiméadta go maith. | Béal Átha na Sluaighe | BÉAL ÁTHA GAD | X:180931 Y:257640 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3169 | 30403307 | Teach Phairc na Sceiche | Teach Phairc na Sceiche – Geataí dúchasacha isteach chuig Teach Phairc na Sceiche a cuireadh in airde thart ar 1840, ina bhfuil piaraí inmheánacha agus seachtracha d'aolchloch eisléire clasaithe le coirnisí múnlaithe agus caipíní pirimidiúil ísealchlaonta. | Tógadh an lóiste agus na geataí isteach chuig Teach Pháirc na Sceiche ag an am céanna ag úsáid an eisléir clasaithe céanna, agus tá dearadh chás dorais eisléirí an-neamhghnách. Ba bealach isteach galánta a bhí sna geataí chuig an teach tuaithe atá leagtha anois mar ghúpa ina raibh an droichead agus an lóiste, grúpa de structhúir as an ochtú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | DARÚIR | X:181219<br>Y:252944 |  |
| 3171 | 30403308 | | Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh as aolchloch thart ar 1850, ag a bhfuil díon ré chun tosaigh agus fuinneog bosca-bhá ag an mbinn thoir. | Is sampla maith é an foirgneamh beag úiríseal seo de thithe tuaithe trí bhá dhá stór. Tá obair aolchloiche den scoth le feiceáil ann agus is gnéithe suimiúla iad an bosca-bhá agus an póirse le sonraíocht mhaith. | Béal Átha na Sluaighe | CILL AR GHUALAINN | X:178546<br>Y:251757 |  |
| 3172 | 30403311 | | Teach geata scoite 1 stór a bhfuil beanna chun tosaigh air agus geata a tógadh as aolchloch thart ar 1850 le 3 bhá chun tosaigh & ingearchlónna taobhacha 2 bhá. | Tugann an teach geata seo bealach isteach chuig iartheach an reachtaire chuig Eaglais Chill ar Ghualainn na hÉireann. Tá sé neamhghnách ó tharla go bhfuil an bealach isteach sa bhinn agus cuirtear leis an bhfoirgneamh tríd na fuinneoga beaga laitíse agus doras baitíneach. | Béal Átha na Sluaighe | CILL AR GHUALAINN | X:178519<br>Y:251844 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3173 | 30403303 | Scoil Bhéal Átha Ghártha | Scoil Bhéal Átha Ghártha – scoil scoite ar déanamh U, a tógadh thart ar 1880, le príomhingearchló sé-bha lé dhá bhá atá beagán níos airde agus sciatháin a d'fhéadfaí a thógáil níos déanaí a bheidh ag gobadh amach ag a dheireadh | Tá an foirgneamh scoile mór seo, a síneadh amach sa fichiú haois, suite trasna ón Eaglais Chaitliceach. Tá obair mhaith le feiceáil sa scoil seo, ar nós an stoc simléir aolchloiche eisléir, an phlaic sonraí agus na fáil fothana a cuireadh leis níos déanaí. | Béal Átha na Sluaighe | BÉAL ÁTHA GHÁRTHA | X:178445<br>Y:252648 |  |
| 3175 | 30404703 | Droichead Islandcausk | Droichead Islandcausk, droichead bóthair sé áirse a tógadh thar Abhainn na Simhne thart ar 1830 atá atá deighilte ina dhá chuid ag bunachar talún sa lár. | Tógadh an droichead seo chun bóthar a chur trasna an abhann agus an oileáin sa lár, agus is as sin freisin a fhaigheann sé a ainm. Le himeacht ama rinneadh an droichead a dheilight ina dhá chuid ag an oileán. Is gné álainn é an t-oileán sa tírdhreach agus is cuid luachmhar é freisin in infrastruchtúr stairiúil an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | TREACHAILL THOIR | X:178691<br>Y:249368 |  |
| 3177 | 30404702 | | Bóthar coincréite a tógadh thar droichead uisce thart ar 1940. | Suite i dtírdhreach tuaithe, úsáidtear an droichead seo fós chun feithiclí a iompar thar Abhainn na Simhne. Isteach sa bhfichiú haois, baineadh níos mó úsáide as coincréit le linn tógála rud a shábháil am agus costas agus droichid á dtógáil agus tosaíodh ag tógáil níos mó droichead. Is droichead simplí é déanta as bíomaí coincréite ré agus piaraí seiminte, is sampla maith é freisin den chur chuige athraithe a tháinig chun cinn maidir le tógáil droichead in Éirinn i lár na fichiú haoise de réir mar a bhí modhanna nua tógála ag teacht chun cinn. | Béal Átha na Sluaighe | TREACHAILL THIAR | X:177489<br>Y:248806 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3179 | 30404705 | Droichead Bhéal Átha Feorainne | Droichead Bhéal Átha Feorainne – Droichead bóthair os cionn abhann trí áirse déag a tógadh thart ar 1820 | Suite ag an geatabhealach idir Gaillmh agus Ros Comáin, iompraíonn an droichead tarraingteach seo feithiclí trasna na Suca. Droichead láidir agus dea-dhéanta atá ann agus is sampla maith é de na scileanna innealtóireachta a bhí ann san naoú haois déag. Is cuid thábhachtach í freisin d'oidhreacht tionsclaíoch an cheantair cé gur droichead simplí atá ann ach tá tábhacht ailtireachta agus teicniúil ag baint leis. | Béal Átha na Sluaighe | | X:181654<br>Y:246326 |  |
| 3180 | 30406102 | Cluain Broc | Piaraí geataí aolchloiche a cuireadh in airde thart ar 1800, chun dul isteach chuig eastáit Chluain Broc. Tá siad déanta as péire piaraí aolchloiche cearnógach eisléir le painéil cuasaithe & cóipealacha múnlaithe agus painéal ráillí iarann teilgthe. | Tá sárobair cloiche le feiceáil sa gheatabhealach seo, an príomhbhealach isteach chuig eastáit Chluain Broc ach tá cuid den obair seo caillte in imeacht ama. Ó tharla é suite trasna ón geata lóiste, cuirtear bealach isteach iontach ar fáil don eastáit agus cuireann an ceangal atá acu le Teach Chluain Broc lena dtábhacht. | Béal Átha na Sluaighe | DIMÉIN CHLUAIN BROC | X:175258<br>Y:240773 |  |
| 3181 | 30406009 | Island Bridge | Island Bridge – droichead bóthair aon áirse a tógadh thart ar 1790, thar Abhainn Chluain Broc. Áirse teascánach le stuachlocha ardaithe aolchloiche cóirithe chuig fáinní áirse le haolchloch eisléire chuig spandrail. | Tá an droichead leochaileach ar thailte Eastáit Chluain Broc feidhmeach agus ornáideach. Cuireann an sárobair chloiche, mar aon le ráillí maisithe, go mór le tarraingteacht an struchtúir. Tá an droichead suite in aice le páirceanna oscailte agus tá sé ar an bpríomhbhealach chuig Teach Chluain Broc agus cuireann le go mór le struchtúr an diméin. | Béal Átha na Sluaighe | DIMÉIN CHLUAIN BROC | X:175186<br>Y:240390 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3183 | 30406011 | | Foirgneamh lasmuigh dhá stór deich mbá a tógadh thart ar 1790, atá anois tréigthe, agus ar cuireadh sciathán leis níos déanaí ar an taobh thiar. | Bhí Eastáit Chluain Broc ar cheann de na heastáit is mó a bhí sa cheantar le céad bliain agus cuireadh obair ar fáil ann do go leor daoine sa phobal áitiúil. Cuireann an teach lasmuigh seo, mar aon leis na foirgnimh lasmuigh in aice láimhe, le lorg an eastáit agus tá sé mar chuid lárnach d'oidhreacht Eastát Chluain Broc agus d'oidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | DIMÉIN CHLUAIN BROC | X:174479<br>Y:239504 |  |
| 3184 | 30406103 | An Pháirc Theas | An Pháirc Theas – teach scoite ceithre bhá dhá stór a tógadh thart ar 1760, a bhfuil dhá ingearchló dhá bhá cúltí. Oscailtí fuinneoige le barr cearnógach le saisfhuinneoga sleamhnaithe adhmaid ceithre – os cionn - trí le haol | Tá an teach feirme mealltach ar mheánmhéid seo suite ina chuid tailte féin. Cuireann na sean tréithe atá fós ag an teach lena mhealltacht ar nós díon sclátaí, saisfhuinneoga adhmaid sleamhnaithe agus doras. Is é fócas an tí ná doras aolchloiche gearrtha agus cuireann na tithe lasmuigh leis an gcomhthéacs agus leis an suíomh. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHOILL GHLAS | X:177627<br>Y:240070 |  |
| 3185 | 30407304 | Teach Fhothannaí | Teach Fhothannaí -Teach trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1840 le píle curtha ina dhiaidh sin ar chúl san naoú haois déag agus síntí aon stór ar chúl a tógadh thart ar 2005. | Léirítear na céimeanna tógála éagsúla trí scálaí agus dearaí difriúla, rud a chuireann stair an tí in iúl go héasca agus rud a chuireann le forbairt na hailtireachta baile sa cheantar. Rinneadh sárobair ar an bpóirse isteach dhá stór mar aon le sárobair chloiche rud a chuireann lena thábhacht ailtireachta. | Béal Átha na Sluaighe | FOTHANNACH | X:172371<br>Y:238208 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3186 | 30406008 | Scoil Garafine | Scoil Garafine – teach scoile ceithre bhá aon stór ar dhéanamh T a tógadh i 1926 le póirse beannach a ghobann amach chuig bánna sa lár. Baintear úsáid as anois mar theach cónaithe príobháideach. | Tá cruth deas siméadrach ar an teach scoile agus tá an bunchreatlach coinnithe aige. Is dea-shampla é den dearadh a bhí ar scoileanna tuaithe san fichiú haois. Tugtar suntas faoi leith do na stoic simléir brící agus na saisfhuinneoga adhmaid. Cé gur teach cónaithe príobháideach atá ann anois, d'fhreastail an scoil seo tráth ar bhuachaillí agus ar chailíní an phobail áitiúil agus ba fhoirgneamh thábhachtach a bhí ann sa cheantar tráth. | Béal Átha na Sluaighe | SCARAD | X:169694<br>Y:239300 |  |
| 3187 | 30406013 | Teach na Pailíse | Teach na Pailíse – teach scoite trí bhá dhá stór ar dhéanamh U a tógadh thart ar 1810, atá anois tréigthe, agus a bhfuil síneadh monachlaonta leis ar chúl. | Is sampla atá sa teach cónaithe seo ar stíl simplí de theach tuaithe ón naoú haois déag. Is teach tarraingteach é leis an aghaidh siméadrach agus codanna cothroma. Cé go bhfuil an teach tréighte anois, tá a bhunchruth agus a bhunchreatlach coinnithe aige ar nós na saisfhuinneoige adhmaid agus an díon sclátaí, rud a chuireann le hoidhreacht ailitireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | AN PHAILÍS | X:172939<br>Y:238830 |  |
| 3189 | 30407312 | Droichead Bhaile Mhic an Bhaird | Droichead Bhaile Mhic an Bhaird, droichead bóthair aolchloiche trí áirse a tógadh thart ar 1800. | Cuireann an droichead simplí seo leis an timpeallacht tuaithe áitiúil agus baineadh úsáid as clocha áitiúla sa tógáil. Tá sárobair cloiche simplí le feiceáil sa droichead. | Béal Átha na Sluaighe | AN PHÁIRC BHÁN | X:168038<br>Y:236290 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3190 | 30407308 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe a cuireadh in airde thart ar 1870 nach mbaintear úsáid anois as. | Bhí caidéil pumpaí tábhachtach sa saol sóisialta sa naoú haois déag agus sa bhfichiú haois ó tharla gur chuir siad foirne uisce pobail ar fáil. Cuireann an t-sonraíocht ealaíonta le tarraingteacht an ruda feidhmiúil seo. Cé nach mbaintear úsáid as a thuilleadh is gné mhealltach é seo i mBaile Mhic an Bhaird. | Béal Átha na Sluaighe | BAILE MHIC AN BHAIRD | X:167492<br>Y:236743 |  |
| 3192 | 30407302 | Teach an Gharraí Mhóir | Teach an Gharraí Mhóir – teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1850, le claonfhuinneoga bá go dtí an t-ingearchló ar úrlár na talún chun tosaigh agus póirse aon stór ar chúl le díon claonta | Cuireann siméadracht an déanaimh agus nádúr dlúth an deartha cuma daingean sa tírdhreach. Tá bandaí maisithe púróige ar na claonbhánna agus cuireann an t-sonraíocht múnlaithe chun tosaigh ar an ingearchló le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | AN GARRAÍ MÓR | X:166005<br>Y:237293 |  |
| 3193 | 30406109 | | Túr uisce coincréite treisithe saorsheasaimh a cuireadh in airde thart ar 1930 le seafta ar dhéanamh ciorclach le humar uisce atá tacaithe ag bracanna miotail cuartha. Díon coincréite cruinneachánach go dtí an t-umar. | Is sainchomhartha atá sa túr uisce ar an mbóthar chuig Áth Eascrach. Is gnách sioluait gheoiméadrach soiléir agus an úsáid ar baineadh as coincréit lom, neamhseiminte treisithe a fheiceáil i struchtúir sibhialta feidhmiúla sa bhfichiú haois in Éirinn. Cuireann na séamaí nochtaithe san áit a thagann na painéil réamhtheilgthe le chéile go mór le tarraingteacht an structúir agus cuireann na bracanna móra a thacaíonn an t-umar díol suime agus foscadh ar fáil. Bhí sé mar chuid tráth de líonra dáilithe uisce neamhbhrúchóirithe don phobal áitiúil agus frestalaíonn sé anois mar iarsma fisiciúil de stair innealtóireachta agus teicniúil na hÉireann. | Béal Átha na Sluaighe | ÁTH EASCRACH THIAR | X:178159<br>Y:238800 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3194 | 30407403 | Eaglais Naomh Treasa | Eaglais Naomh Treasa - Eaglais Chaitliceach Rómhánach shaorsheasaimh a tógadh i 1840, le ceithre mheánlann-bá, póirse níos ísle a bhfuil beanna air ó thuaidh agus sacraistí a bhfuil beanna air sa chuid theas den síneadh ar an taobh thiar. Atógadh an eaglais i 1932. Tá an altóir ag an bpíosa deiridh den mheánlann. | Tógadh Eaglais Naomh Treasa i 1835 agus rinne an pobal áitiúil í a thógáil arís i 1930. Tá sé suite ar shuíomh thábhachtach ar an mbealach isteach go dtí an baile áitiúil rud a léiríonn an tábhacht shóisialta a bhaineann léi. Cuireann na fuinneoga gloine-dhaite go mór leis an gcuma uathúil arna dhéanamh i stiúideo an ealaíontóra as Éirinn Harry Clarke. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHEALTRACH LIATH | X:179382 Y:234805 |  |
| 3195 | 30407404 | Droichead Bellagill | Droichead Bellagill – droichead bóthair aolchloiche 9 áirse a tógadh thart ar 1800, thar na Suca. Ballaí brablaigh randamacha i gcúrsaí. Áirsí teascánach le stuachlocha le clocha gearrtha chuig fáinní na n-áirsí. | Baintear úsáid i gcónaí as an droichead bóthair seo a tógadh go luath sa naoú haois déag a théann trasna na Suca agus is é an geatabhealach chuig Contae Ros Comáin. Tá sárcheardaíocht na ndaoine áitúil agus ábhair áitiúil le feiceáil san obair. Is nasc tábhachtach a bhí ann in iompar bóthair idir Gaillimh agus Ros Comáin le beagnach dhá chéad bhliain anois. | Béal Átha na Sluaighe | An tSeanbhuaile | X:184202 Y:234645 |  |
| 3197 | 30407321 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1850 a théann thar iarnród ar dhéanamh siméadrach timpeall ar ais thoir-thiar. Ballaí babhlaigh i gcúrsaí cearnógadh agus sneiceáilte le ballaí cliathánach ar an taobh thiar agus thoir. | Níl aon athrú déanta ar an droichead aolchloiche álainn seo agus tá comhdhéanamh deas siméadrach aige. Déanta as aolchloch nádúrtha sonraithe, réimsíonn sé ó Bhaile Átha Luan go líne na Gaillimhe a d'oscail an *Midland Great Western railway* i 1851. Is sampla é de na cinéal droichead iarnróid a bhí ann i lár an naoú haoise déag. | Béal Átha na Sluaighe | CARTRÚN UÍ DHÚGAIN | X:171707 Y:232840 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3198 | 30407322 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1850 thar iarnród ar dhéanamh siméadrach timpeall ar ais thoir-thiar. Ballaí babhlaigh i gcúrsaí cearnógadh agus sneiceáilte le ballaí cliathánach ar an taobh thiar agus thoir. | Tá an droichead cloiche álainn seo suite idir líne Bhaile Átha Luain agus Gaillimh a d'oscail iarnród Midland Great Western i 1851. É déanta as clocha nádúrtha dea-shonraithe is beag áthrú a rinneadh air agus tá comhdhéanamh álainn siméadrach leis. | Béal Átha na Sluaighe | AN BAILE GLAS | X:172630<br>Y:232710 |  |
| 3199 | 30408506 | | Droichead iarnróid dronnach aon-réise a tógadh thart ar 1851 a iompraíonn an bóthar thar Bhaile Átha Cliath go líne iarnróid Gaillimh. | Droichead iarnróid láidir a tógadh i lár an naoú haois déag agus tá tábhacht innealtóireacht theicniúil agus sibhialta ag baint leis. Tógadh é ag úsáid stíl saoirseachta éadain carraige agus is gnáthghné é sin de dhroichid iarnróid a tógadh le linn lár an naoú haois déag le ballaí uchtbhalla laitíse iarann teilgthe. | Béal Átha na Sluaighe | CLUAIN CATHA | X:162484<br>Y:231149 |  |
| 3200 | 30408509 | Droichead Uachtar Cluana | Droichead Uachtar Cluana – droichead aolchloiche trí áirse a tógadh thart ar 1760 le stuachlocha aolchloiche maisithe chuig áirsí & V-earrainí chuig piaraí. | Tá a bhunchruth agus a bhunchreatlach luath coinnithe ag an droichead beag a tógadh go láidir mar is léir ó na háirsí neamhrialta beaga. Cuireann sé leis an mbóthar ó thaobh suime agus teagmhais de lena chuid ballaí cloiche brablaigh álainn mar aon le droim dronnach. | Béal Átha na Sluaighe | UACHTAR CLUANA | X:164850<br>Y:229111 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3201 | 30409801 | Teach na Ráithe Glaise | Teach na Ráithe Glaise – teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1800, ar cuireadh póirse le díon ré leis chun tosaigh níos déanaí (ó theas). Ní bhaintear úsáid as níos mó. | Is gnáth rud i dtithe Seoirseacha é an t-ingearchló siméadrach deas lena chuid fuinneoga laghdaitheacha. Cuireann na stoic simléir móra le go leor potaí díol suime leis an díon. Tá go leor den bhunchruth coinnithe ag an teach agus cuireann an suíomh atá aige sa tírdhreach aibí go mór leis an teach. | Béal Átha na Sluaighe | AN RÁTH GLAS | X:167799<br>Y:225580 |  |
| 3202 | 30409803 | Droichead Chartha | Droichead Chartha – Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1860, a iompraíonn bóthar os cionn abhann. Ballaí sneiceáilte maisithe le cúrsaí sreinge clocha gearrtha. | Is sampla maith é an droichead seo de dhroichead a tógadh i lár go deireadh an naoú haois déag, mar thoradh ar fhorbairtí innealtóireachta agus draenála, tá sé ar cheann de roinnt de na cinéal droichead seo atá sa cheantar. Léirítear an cheardaíocht cloiche oillte sna clocha dea-ghearrtha. Tá an t-uchtbhalla gearr ina séadchomhartha ar an teorainn idir na bailte fearainn. | Béal Átha na Sluaighe | CARTHA | X:166164<br>Y:223201 |  |
| 3206 | 30407319 | | Teach scoite a tógadh le haolchloch thart ar 1850 a bhí ceangailte le teachín tuaithe d'oibritheoirí iarnróid tráth ag a bhfuil ingearchló ó dheas le trí bhá leath-dhormánach agus ceithre bhá dhá stór ar chúl | Is beag athrú atá tagtha ar an teachín tuaithe leathscoite seo a bhí ina dteachíní tuaithe d'oibritheoirí iarnróid tráth agus tá cuid mhór den bhunfhoirm coinnithe aige agus is comhdhéanamh tarraingteach é leis na teachíní tuaithe eile sa ghrúpa a cuireann go mór le coimpléacs Stáisiún Iarnróid Mhóta. Is tréith shuntasach é an t-sonraíocht ailtireachta Athbheochana Túdarach sna tithe cónaithe seo agus is féidir an dea-cheardaíocht a fheiceáil i maisiúchán na seoirseachta. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHEATHRÚ MHÓR | X:168578<br>Y:232793 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3214 | 30409805 | Teach Chloch Mhic Fhaolaís | Teach Chloch Mhic Fhaolaís- Coimpléacs clós feirme, le raon ar an taobh thiar agus thoir a tógadh thart ar 1800 agus raon ó thuaidh a tógadh thart ar 1860. | Is sampla maith é seo de mhórchoimpleács clós feirme agus tá formhór a mbunchreatlach coinnithe ag na foirgnimh lena n-áirítear cáis dorais aolchloiche uirlisithe, a léiríonn saoirseacht cloiche oillte agus teicnící eile. Tá an úsáid a baineadh as sclátaí laghdaitheach coitianta sa cheantar agus tá tionchar álainn leis. Bhí sé ina chlós feirme tráth do Theach Chloch Mhic Fhaolaís agus léiríonn raon cuimsitheach na bhfoirgneamh lasmuigh an saibhreas a bhí ag clann Usher a chónaigh ann tráth. Rinne Coimisiún na Talún an áit a dheighilt agus athchóiríodh é ansin mar thithe cónaithe agus is meabhrúchán iad an grúpa foirgneamh seo agus an teach lóiste a bhí ann den teach tuaithe atá leagtha anois. | Béal Átha na Sluaighe | Cloch Mhic Fhaolaís | X:171497 Y:223911 |  |
| 3216 | 30408701 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1851. | Cruthaíonn an críoch éadán carraige aonghnéitheach ar an aolchloch a úsáideadh i dtógáil an droichead léargas daingin agus diongbháilteachta. Is meabhrúchán atá sa droichead seo de na héachtaí innealtóireachta a baineadh amach sa i ré mór an iarnróid. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHEAPACH | X:176292 Y:231884 |  |
| 3217 | 30408703 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1851. | Cuireann an úsáid a baineadh as aolchloch éadan carraige lena chruth agus bhí an cineál tógála seo coitianta in ailiteacht/innealtóireacht iarnóid in Éirinn i lár go deireadh an naoú haois déag. Is é an Midland and Great Western Railway Company a thóg ar dtús é. Is meabhrúchán atá sa droichead seo de na héachtaí innealtóireachta a baineadh amach sa i ré mór an iarnróid. | Béal Átha na Sluaighe | COILL MHAÍ LACHA | X:178218 Y:231327 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3219 | 30408720 | Leacht Patrick Hogan | Leacht Patrick Hogan – Cuimhneachán saorsheasaimh aolchloiche chros Cheilteach a cuireadh in airde i 1938. | Is séadchomhartha galánta é an leacht seo sa cheantar. Déanann sé tagairt don áit ar maraíodh Patrick Hogan TD i dtimpiste cairr i 1936. D'fhónaigh sé mar Aire Talún agus Talmhaíochta i gcomhaireacht Cosgrave W.T. ó 1922 go 1932. | Béal Átha na Sluaighe | CÚIL OLA | X:179002<br>Y:228315 |  |
| 3220 | 30409906 | Church of the Assumption | Church of the Assumption - Eaglais Chaitliceach Rómhánach saorsheasaimh a bhfuil beanna chun tosaigh air ón mbliain 1837, a athchóiríodh i 1953-4, le hingearchló meánlainne cúig bhá, ard-iarmhír chun tosaigh ar an mbinn agus sacraistí beannach aon stór ar an ingearchló ó thuaidh. | Is séadchomhartha mór le rá í an eaglais seo agus is féidir í a fheiceáil go héasca ón mbóthar. Ar nós go leor eaglais Caitliceacha, tógadh é sa tréimhse tar éis na fuascailte, nuair a bhí clár tógála eaglaisí cuimsitheach mar thoradh ar shaoirse agus ar mhuinín nua na heaglaise Chaitliceach. Cuirtear le na foirmeacha simplí trí shonraí seiminte péinteáilte agus na díonta sclátaí a coinníodh. Is gné neamhghnách iad na ballaí saoirseachta sa phóirse laistigh ó tharla go mbíonn sciatha adhmaid gloinithe faoin ngailearaí i bhformhór na n-eaglaisí. Is díol spéise iad na tairr agus na gialla sna háirsí chuig an halla, agus is díol spéise sóisialta agus ó thaobh na healaíne de iad na fuinneoga gloine-dhaite stained a cuireadh in airde ó thabhartais na ndaoine áitiúil sa bparóiste. | Béal Átha na Sluaighe | CILL ODHRÁIN | X:176416<br>Y:221661 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3221 | 30409911 | | Droichead aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1860 a iompraíonn bóthar os cionn Abhann Choill Chró. | Gné faoi leith innealtóireachta atá anseo agus dearadh an droichead neamhshiméadraach seo chun bóthar a iompar os cionn abhann comhthreomhar in aice láimhe agus mar gheall air sin ritheann tollán an áirse go trasnánach faoin mbóthar seachas ag dronuilleanacha. Tá scileanna na saor cloiche ón naoú haois déag le feiceáil ní hamháin sna maisiúcháin le himeallacha díreacha chuig na voissoirs garbhéadain, ach sa ghearradh cruinn a rinneadh ar fhoirmeacha neamhrialta. | Béal Átha na Sluaighe | EADARGÚIL | X:180561<br>Y:219428 |  |
| 3222 | 30409908 | | Muileann gaoithe ar dhéanamh ciorclach a tógadh thart ar 1780. | Cé go bhuil sé ag titim as a chéile anois agus gan díon, is meabhrúchán é seo d'oidhreacht thionsclaíoch Dheisceart na Gaillimhe. Tá sé ar cheann de na roinnt muilte gaoithe ar dhéanamh ciorclach atá sa chontae agus tá sé suite ar láthair níos airde agus is séadchomhartha tarraingteach é i dtuaisceart bhaile Kiltomer. | Béal Átha na Sluaighe | AN BAILE NUA | X:181800<br>Y:220937 |  |
| 3223 | 30410703 | Droichead Ahanageelery | Droichead Ahanageelery – droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1860, a iompraíonn bóthar os cionn Abhann Choill Cró | Sampla maith de dhroichead ó lár go deireadh an naoú haois déag mar thoradh ar fhorbairtí innealtóireachta agus draenála sa cheantar. Is codarsnacht dheas iad na huchtbhallaí le cé chomh ín is atá an cloch dea-ghearrtha sna ballaí agus sna stuachlocha. Is séadchomhartha ré iad na huchtbhallaí gearra den teorainn idir na bailte fearainn. | Baile Locha Riach | CLÁR UÍ MHADAÍN | X:180633<br>Y:217242 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3224 | 30410704 | Droichead Choill Cró | Droichead Choill Cró - droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1860, a iompraíonn bóthar os cionn Abhann Choill Cró | Droichead a tógadh i lár go deireadh an naoú haois déag mar thoradh ar fhorbairtí innealtóireachta agus draenála sa cheantar. Roimhe seo, b'éigean an abhainn a ghabháil ag an bpointe seo. Is codarsnacht dheas iad na ballaí sneiceáilte leis an g.cloch dea-ghearrtha sna ballaí agus sna stuachlocha. Is séadchomhartha ré iad na huchtbhallaí gearra den teorainn idir na bailte fearainn. | Béal Átha na Sluaighe | AN LEATHCHOILL | X:181320<br>Y:215921 |  |
| 3225 | 30410702 | An Ráithín | An Ráithín – teach scoite dhá stór cúig bhá a tógah thart ar 1800, le cúlteach dhá stór ag an gcúl deireadh thiar, cúlteach níos ísle arís chuig an síneadh ó thuaidh agus póirse a cuireadh leis le déanaí chuig an t-ingearchló ó dheas. | Tá ingearchló suimiúl fada siméadrach ag an teach seo, le cóiriú atá spásáilte go neamhghnách, le béim cothrománach fritháirithe ag na hoscailtaí fuinneoige agus na stoic simléire. Cuirtear an teach chun cinn trí maisiúcháin seiminte agus tríd na saisfhuinneoga adhmaid coinnithe. Tugann na foirgnimh lasmuigh ar chúl, leis na sclátaí atá ag dul i léig sa cheantar, comhthéacs don cheantar agus cuireann siad an mhaoin chun cinn freisin. | Béal Átha na Sluaighe | AN RÁITHÍN | X:184382<br>Y:217755 |  |
| 3226 | 30410707 | Eaglais Chaitliceach Rómhánach Christ the King | Church of Christ the King – Scrín Mhuire shaorsheasaimh aolchloiche beannach a tógadh thart ar 1930 | Is struchtúr deas é seo mar gheall ar na foirmeacha geoméidreacha simplí atá sa scrín. Is díol suime é an dealbh ó thaobh na healaíne de le maisiúchta dea-snoite. Is séadchomhartha ar leith é ar an mbóthar, agus is grúpa beag eaglasta é agus an eaglais ar an taobh eile den bhóthar. | Béal Átha na Sluaighe | AN ARDGHRÁIG | X:184231<br>Y:214576 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3227 | 30410807 | Teach Ghort na Móna Thoir | Teach Ghort na Móna Thoir – teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1900, le starrach aon stór ar an taobh thiar | Is teach de mhéid réasúnta é Teach Ghort na Móna Thoir sa fichiú haois. Tá sonraíocht mhaithe seiminte ann agus cóiriú fuinneoige éagsúil rud a chuireann an foirgneamh chun cinn. | Béal Átha na Sluaighe | GORT NA MÓNA THOIR | X:187272 Y:215339 |  |
| 3228 | 30410812 | Teach Stabhlainne | Teach Stabhlainne - Teach scoite os cionn íoslaigh trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1780, le póirse ingearchló isteach le díon ré (ó dheas), dhá ingearchló dhá bhá ar an taobh, agus cúlteach dhá stór ar an taobh thoir. | Eastáit Daly a bhí ann ar dtús. I 1783, thaifid Taylor agus Skinner Queensborough mar chathaoirleach Iarla Lú. Tá ingearchló trí bhá chun tosaigh ann rud atá gnáth i dtithe saibhre de chónaitheoirí faoin tuath san ochtú agus sa naoú haois déag. Daingníonn na sceimleacha an struchtúr ard sa tírdhreach. Tugtar Teach Stabhlainne ar an teach anois ar a dtugtaí Lóiste Quansbury nó Quainsborough tráth, bunaithe ar an mbaile fearainn. | Béal Átha na Sluaighe | STABHLANN | X:185539 Y:214791 |  |
| 3229 | 30411802 | Teach Allington | Teach Allington – teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1850, atá ag breathnú soir le cúlteach ceithre bhá ar an taobh thiar. Tá na foirgnimh lasmuigh lonnaithe timpeall an chlóis ar an taobh thiar den teach. | Is gnáth-theach feirme ar mheánmhéid é an teach feirme seo agus tugann an cúlteach ar dhéanamh L tréitheach dó. Cuireann an díon sclátaí agus na saisfhuinneoga adhmaid a coinníodh go mór leis an bhfoirgneamh. | Béal Átha na Sluaighe | AN MHOING BHÁN | X:185234 Y:211075 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3230 | 30410819 | | Bosca poist d'iarrann teilgthe atá crochta ar an mballa a cuireadh in airde thart ar 1905 le móitíf corónach ardaithe air. Ní bhaintear úsáid as a thuilleadh. | Baineadh úsáid as boscaí ar na ballaí ar nós an ceann seo i gceantair tuaithe nuair nach raibh an méid poist feiliúnach do bhosca piléir. Cuireann an rúnscríbhinn ríoga leis an móitíf corónach go mór leis an dearadh, a chuireann beocht leis an gcuma atá ar an rud feidhmiúil seo. Aitheantas atá ann do réimeas Edward VII (1901-10). Is péint uaine a bhí ar fhormhór na mboscaí roimh am na Saoirse agus bhí an suaitheantas ríoga coinnithe orthu ach tá siad gann anois agus is fiú iad a choinneáil mar iarsmaí stairiúla. Léiríonn an suaitheantas ardaithe an cumas ealaíne a bhí san olltáirgeacht ag an am. | Béal Átha na Sluaighe | AN FHAICHE | X:189336<br>Y:213462 |   |
| 3231 | 30410817 | | Teach ceann tuí dúchasach cúig bhá aon stór a tógadh i 1773, le póirse isteach ré chun tosaigh a cuireadh leis le déanaí (ó thuaidh) | Is gnách an t-ingearchlór fada íseal seo agus foirm shimplí agus stoic simléir íoseal a fheiceáil i dtithe ceann tuí in Éirinn. Tá siad ag fáil gann i gcónaí anois, ach bhí siad ar an gcineál ba choitianta in Éirinn tráth. Bhí oscailt na bhfuinneog níos mó ar na tithe seo sa bhfichiú haois agus rinneadh athsholáthar ar na bunleaca fuinneoige. Tá ceann de na leaca fuinneoige, nó b'fhéidir fardoras, fós ann ón mbliain 1773, agus is rud annamh é dátchloch a fheiceáil in ailtireacht dhúcasach na hÉireann. Deirtear go háitiúil gur iartheach maoir a bhí anseo d'Eastáit Dhún an Uchta. | Béal Átha na Sluaighe | MAIGH ODHAR | X:191676<br>Y:214841 |  |
| 3232 | 30410816 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe a cuireadh in airde thart ar 1870, le seafta bandáilte ar dhéanamh ciorclach, le muineál cuisilithe agus barr cruinneachánach le barrghréas biorrach, le gob cuislithe agus greim buicéid mar aon lámh eireaball bó cuartha. | Bhí tábhacht shóisialta agus feidhmeach ag caidéil uisce ar nós an ceann seo ag cur foinse uisce pobail ar fáil. Cuireann an seafta bandáilte agus an barr cuislithe go mór le cuma an ruda feidhmiúil seo. As na roinnt caidéal atá sa Mhíleac, is é seo an caidéal is fearr oibrithe. Is meabhrúchán suimiúil sóisialta atá ann ar cheantar tuaithe na hÉireann sular forbraíodh an príomhsholáthar uisce sa bhfichiú haois, agus cuireann sé díol suime le hais an bhóthair. | Béal Átha na Sluaighe | DOIRE | X:191588<br>Y:214839 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3233 | 30410810 | Teach Fhiar Mór | Teach Fhiar Mór – teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1820, le haghaidh starrach chuig an ingearchló chun tosaigh (thiar). | Cuirtear leis an ingearchló neamhghnách chun tosaigh trí oscailtí le cinn teascánacha orthu mar aon le fuinneog ciorclach maisithe. Cuireann na cúinní seiminte agus timpeallachtaí fuinneoige le háiríonn foirmiúla an tí, agus cuireann na gáirdíní aibí suíomh deas ar fáil. | Béal Átha na Sluaighe | AN FIAR MÓR | X:192635<br>Y:216439 |  |
| 3234 | 30410803 | Teach na Gléibe | Teach na Gléibe -  teach gléibe scoite os cionn íoslaigh trí bhá dhá stór ar dhéanamh L  a tógadh thart ar 1820,  le póirse beannach chun tosaigh (ó dheas) chuig an ingearchló, cúlteach ar chúl, agus bloc breise dhá bhá breise a ghobann amach ón gcoirnéal infhillteach | Ar nós go leor tithe gléibh sa tréimhse sin, is foirgneamh de dhearadh maith é an foirgneamh seo, ag teacht le stádas ministir eaglais 'bhunaithe' (Eaglais na hÉireann). Tá dhá ingearchló foirmiúil, siméadrach le fuinneoga laghdaitheach ar an taobh thiar agus ar an taobh theas den teach (chun tosaigh), le haghaidheanna neamhfhoirmiúla  ar chúl. Cuireann a suíomh i dtírdhreach aibí leis an teach agus tá na tailte gléibe fós ceangailte leis an maoine agus leis an geatabhealach chuig an mbóthar. | Béal Átha na Sluaighe | Ceapaigh an Leamháin | X:192617<br>Y:217218 |  |
| 3238 | 30338012 | | Muileann il-bhá dhá stór a tógadh thart ar 1800 atá in úsáid anois mar theach feirme lasmuigh, le staighre cloiche seachtrach agus síneadh bráca chuig an ingearchló ar an taobh thoir. | Is iarsma fisiciúil é an muileann d'oidhreacht tionsclaíoch an cheantair. Cé go mbaintear úsáid anois as mar theach feirme lasmuigh tá go leor den bhunchreatlaigh fós coinnithe. Cuireann an sruthmuilinn agus an iartheach bainisteora muilinn in aice láimhe comhthéacs leis an struchtúr. | Béal Átha na Sluaighe | LIOS FHINÍN<br>Dún an Uchta | X:191757<br>Y:216396 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3239 | 30410806 | An Fiodh Mór | An Fiodh Mór – teach scoite ar dhéanamh L trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1890, le póirse isteach lárnach chuig an ingearchló chun tosaigh (ó dheas) le díon gabháil éadain agus ingearchló trí bhá ar an taobh thoir. | Is gnách ingearchló siméadrach atá feabhsaithe ag póirse lárnach agus péire stoc simléir a fheiceáil i tithe ar mheánmhéid amuigh faoin tuath. Is léir ó na stoic simléir le brící dearga gur leagan níos déanaí den chineál seo atá ann. Is féidir é a fheicéil ón mbóthar agus is díol suime é le hais an bhóthair. Cuireann an díon scálátaí atá fós aige agus na foirgnimh atá sa chlós ar chúl go mór leis an teach. | Béal Átha na Sluaighe | An Fiodh Mór Íochtair | X:187517<br>Y:215966 |  |
| 3240 | 30410813 | | Iarscoil náisiúnta dhá bhá aon stór scoite a tógadh i 1909 le póirse isteach beannach dhá bhá chuig an ingearchló tosaigh (ó thuaidh), le hoscailtí dorais ar an dá thaobh, le dhá ingearchló dhá bhá, agus le catslide a cuireadh leis an teach ar chúl. Baintear úsáid as anois mar theach. | Cuireann an plaic sonraí comhthéacs le suim shóisialta an fhoirgnimh, atá anois ina theach príobháideach. Feabhsaíonn an méid mhór den bhunchreatlach a coinníodh, mar aon leis na stoic simléir brící, sclátaí agus fuinneoga luath, an fhoirm shimplí. Tá an fhoirm shiméadrach coitianta i scoileanna náisiúnta luath, a chuireann dhá bhealach isteach ar fáil, dhá sheomra ranga agus dhá chlós spraoi, ceann do bhuachaillí agus ceann do chailíní. Bhí na fuinneoga arda atá suite ard sna ballaí  coitianta freisin a cheadaigh solas isteach gan aon radharc a bheith amach rud nár chuir isteach ar na daltaí. | Béal Átha na Sluaighe | Ceathrú na Feannóige | X:189003<br>Y:214856 |  |
| 3241 | 30410809 | | Bosca poist iarann teilgthe peidiméide atá crochta ar an mballa, a cuireadh in airde i 1930, le claibín le 'Post Office' scríofa air agus 'Letter box' scríofa faoin oscailt agus 'cleared at' ag an doras. | Is bosca poist neamhghnách agus annamh é seo, le cuma luath air mar gheall ar an mbarr peidiméinte agus claibhín starrach, atá díreach cosúil den chuid is mó leis an dara chinéal caighdeánach náisiúnta a úsáideach ó 1859 sa Bhreatain agus sna coilíneachtaí. Mar sin féin, níl an suaitheantas VR agus coróin aige a bhí ina lárchuid de na bocaí ballaí le linn réimeas na Banríona Eilís. Ó tharla go raibh an suaitheantas ar dhoras an mhúnla seo, is dócha gur cailleadh an suaitheantas nuair a cuireadh doras nua air, foirm ar leith d'aisgabháil cultúrtha. Is cosúil gur athlonnaíodh anseo é ó shuíomh roimhe seo tar éis athrú a rinneadh ar leagan amach bóthair ag deireadh an naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | AN TULAIGH | X:189826<br>Y:215765 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3242 | 30338001 | Radharc na Coille | Radharc na Coille – teach scoite ar dhéanamh L trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1820, le póirse isteach ar dhíon ré chuig an mbealach isteach chun tosaigh (iardheisceart). Clós feirme ar chúl an tí (oirthuaisceart) le balla teorainn le hais an bhóthair. Piaraí cearnógacha le geataí iarainn saoirsithe dédhuille isteach. | Níl an t-ingearchló gnách chun tosaigh trí bhá dhá stór i lár an tí tuaithe ar mheánmhéid seo, sa sampla seo, os comhair an bhóthair, tá sé ag breathnú amach ar an iardheisceart. Is díol suime ar an mbóthar poiblí é balla an chlóis agus na geataí, leis na barrghréasa anainn a dtagraíonn do na geataí sin ar an mbealach isteach chuig Caisleán Dhún an Uchta. | Béal Átha na Sluaighe | Broideal agus An Chloch Bhreac Dún an Uchta | X:190315 Y:217242 |  |
| 3244 | 30338016 | Park Cottage | Park Cottage - Teach scoite ceithre bhá dhá stór, a tógadh thart ar 1820, le póirse le díon ré chuig an ingearchló chun tosaigh, le claonfhuinneog oiriail le díon gabháil éadain chuig an binn ó thuaidh agus síneadh brácа aon stór chuig an binn ó dheas | Is codarsnacht dheas atá i bhfoirm shimplí an tí seo, lena déanamh dronuilleogach cúng agus cóiriú fuinneog íosta ar chúl, i leith chlár binne maisithe agus fuinneog oiriail, le hathruithe a tharla níos déanaí sa naoú haois déag. Is cuid shuimiúil de shráid-dreach Dhún an Uchta é lena shuíomh tuaithe agus an bhinn iompaithe amach ar an tsráid, mar aon leis na geataí isteach chuig Caisleán Dhún an Uchta. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE Dún an Uchta | X:191557 Y:216667 |  |
| 3245 | 30338005 | | Teach scoite os cionn íoslaigh cúig bhá dhá stór a tógadh thart ar 1820 le haghaidh starrach éadomhain. Bhí sé ina chlochar tráth agus úsaidtear anois é mar theach le grianán a cuireadh leis le déanaí ar an mbinn ó thuaidh. | Is meabhrúchán atá san úsáid ar baineadh as an bhfoirgneamh seo tráth mar chlochar ar thréimhse in raibh orduithe reiligúnacha coitianta ar fud bailte agus sráidbhailte beaga fiú. Tá go leor de na buntréithe agus an buncharachtar coinnithe ag an bhfoirgneamh agus cuireann sé go mór le caighdeán ailiteachta Shráid an Mhargaidh. Cuirtear le siméadracht aghaidh leathan an ingearchló tríd an bpéire stoic simléir agus aghaidh starrach éadomhain a leagan béim ar an mbealach isteach. | Béal Átha na Sluaighe | PÁIRCEANNA AN BHAILE Dún an Uchta | X:191368 Y:216784 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3246 | 30338019 | Caisleán Dhún an Uchta | Caisleán Dhún an Uchta - Iarsmaí gan díon de theach tuaithe scoite seacht mbá dhá stór os cionn íoslaigh a tógadh thart ar 1665, le haghaidh starrach peidiméide sé bhá dhá stór os cionn ingearchlóanna ar an taobh leathíoslach. Tá tréithe an fhoirgnimh luath coinnithe ag an teach | Tógadh é don Chormal John Eyre, a bronnadh na tailte air tar éis choncas Chromail, is teach tuaithe luach a bhí i gCaisleán Dhún an Uchta a tógadh ar dhéanamh siméadrach. Is príomhtheach é de chuid stair ailtireaachta na hÉireann, agus é ar cheann na fíorthithe tuaithe neamhchostana. Is iontach iad na buntréithe sa bhfoirgneamh atá fos gan athrú, lena n-áirítear iarsmaí frámaí fuinneoige adhmaid múnlaithe agus mionbhracanna scrolla chuig na sceimhleacha. Cé go bhfuil sé ina fothrach le céad bliain anois, agus nach bhfuil aon radharc le fáil ar mar gheall ar fhoirgnimh feirme a tógadh níos déanaí, tá iarsmaí an tí mar sin fhéin mar chuid thábhachtach den ghrúpa leis na geataí isteach agus an séipéal fothraigh sna tailte. | Béal Átha na Sluaighe | DIMÉIN DHÚN AN UCHTA | X:191963<br>Y:216815 |  |
| 3247 | 30410025 | Redmount | Redmount - Teach feirme scoite ceithre bhá dhá stór a tógadh thart ar 1855, le bánna beannach atá beagán níos airde chuig an ingearchló tosaigh (ó thuaidh). Tá clós ar chúl le foirgnimh lasmuigh il-bhá agus aon stór agus dhá stór, roinnt díobh tréigthe nó fothaigh, le díon sclátaí cloanta. | Bhí seo ar cheann de na roinnt áitreabh feirme a thóg Allan Pollok, an tiarna talún áitiúil, sa leath dheireadh den naoú haois déag, mar iarracht chun feirmeoirí tionónta le caipitil a mhealladh chun infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsuithe talún agus saothair. Tar éis tailte a cheannach ó na heastáit Eyre agus West, tríd an Encumbered Estates Court, chuaigh go leor in aghaidh iarrachtaí Pollock athrú a dhéanamh ar an tionacht thraidisiúnta agus ar na múnlaí talún trí leas na bhfeirmeoirí tionachta níos lú a cheannach amach agus iad a fhostú arís mar shaothraithe. Mar sin féin, luaigh cuntas nua-aimseartha gur thóg Pollock 40 teachín tuathe do mhaoir, d'fhir ceirde agus do shaothraithe mar aon le hocht dteach feirme, áitreabh fir ceirde agus muilte. Is teach feirme ar scála mór é an teach seo, agus tá airde agus cúlú na n-aghaidheanna agus na mbeanna iliomad gnáth sa tréimhse Victeoiriach. Cuireann na saisfhuinneoga adhmaid doimhneacht agus uigeacht ar fáil do na hingearchlónna, agus tá na | Béal Átha na Sluaighe | BAILE NA mBODACH | X:190026<br>Y:219643 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | hingearchlónna leis na trasnáin glónraithe ingearacha beagán neamhghnách. Léiríonn na ballaí aolchloiche sneiceáilte le cóireálacha cloiche-gearrtha an saibhreas agus an caipitil a bhí ar fáil do Allan Pollok, mar aon leis na scileanna a bhí ag na saoir cloiche sa naoú haois déag. Tugann na tithe lasmuigh cuimsitheacha ar chúl, cé go bhfuil roinnt acu i ndrochchaoi, comhthéacs ar fáil don suíomh. | | | | |
| 3249 | 30410024 | Teach Paróiste | Teach Paróiste –Teach paróiste dhá stór scoite ar dhéanamh L, a tógadh tuairim is sa bhliain 1910, le stuabhealach stuara oscailte don choirnéal infhillteach, le háit an dorais dírithe ó dheas, rud a fhágann déanamh cearnóige ar an iomlán. | Tá ingearchló neamhshiméadrach ag an teach paróiste neamhghnách seo agus plean dín nach bhfuil neamhghnách ar go leor foirgnimh go luath sa fichiú haois. Tugann úsáid fhorleathan na haolchloiche gearrtha comhleanúnachas don struchtúr. Cé nach bhfuil an ghloine dhaite agus na tíleanna le céir the an-eaglasta, úsáideadh go forleathan iad i bhfoirgnimh bainteach leis an eaglais agus tugann siad beocht don bhealach isteach. | Béal Átha na Sluaighe | AN BAILE MÓR | X:188644 Y:220792 |  |
| 3254 | 30410007 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d’iarann teilgthe a leagadh síos tuairim is sa bhliain 1870 le seafta bandáilte, bior agus caidhp chuislithe, sconna duillithe ar chuma cloigeann reithe le greim buicéid agus lámh cuartha cosúil le heireaball bó | Bhí páirt thábhachtach shóisialta agus fheidhmiúil uair amháin ag caidéil uisce mar an gceann seo agus iad ag cur foinse uisce phobail ar fáil. Tugtar beocht do chruth an ruda feidhmiúil seo ina mhionghé leis an seafta bandáilte agus an caidhp chuislithe. Tugann sé chun cuimhne gné shuimiúil shóisialta den saol tuaithe in Éirinn  sular ndearnadh forbairt ar sholáthar príomhlíonra uisce san fhichiú haois agus cuireann an caidéal go mór leis an suim a chuirtear san áit a bhfuil sé lonnaithe ar an mbóthar. | Béal Átha na Sluaighe | EOCHAILL BHEAG | X:187931 Y:222113 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3255 | 30410008 | Gort an Daingin | Gort an Daingin - Teach feirme scoite a tógadh tuairim is sa bhliain 1860, le haghaidh bheannach dhúbailte aoon stór le trí bhá air, le fuinneoga dormánta leis na beanna, agus póirse starrach le díon cothrom | Tá sé seo ar cheann den iliomad tithe feirme a tógadh ar eastáit Allan Pollok, a cheannaigh breis is 25,000 acra talún i nGaillimh ó Chúirt na nEastát Fiachbháite sna 1850'adaí. Bhí tionchar ollmhór ar an gceantar ag a chuid iarrachtaí chun barra na dtailte a fheabhsú agus modhanna nua seilbhe a thabhairt isteach, ní hamháin gur tógadh roinnt áitribh feirme mhóra, ar ndearnadh cur síos orthu sa Dublin Builder sa bhliain 1859 mar 'Monster Steadings'. Tá an teach seo dea-thógtha le haolchloch d'archaighdeán le mionghné mhaith ar na fuinneoga, an póirse agus na simléir. Cuirtear níos mó suime ann mar gheall ar na saisfhuinneoga adhmaid éagsúla . | Béal Átha na Sluaighe | GORT AN DAINGIN | X:188229<br>Y:222613 |  |
| 3256 | 30410004 | | Lóiste geata scoite trí bhá le dhá stór a bhí anseo a tógadh tuairim is sa bhliain 1860. Tá póirse tosaigh beannach i dtreo dheiridh thoir an ingearchló tosaigh, ag claonadh chun cur leis an gcuide eile den ingearchló tosaigh, le fuinneog dhormánta bheannach os cionn an cheann deiridh agus cúlteach airde iomlán ar chúl | Bhí sé seo ar cheann de na lóistí geataí do Theach Lios Maine, a mhéid measartha agus a mhaisiúchán suntasach mar ghnéithe tipiciúla den chineál seo. Tagann na colbhaí brící múnlaithe agus na cláir bhinne adhmaid snoite le chéile go deas leis na díonta géarchlaonta, a chruthaigh réamhtheachtaí tarraingteach oiriúnach tráth do Theach Lios Maine, atá leagtha go talamh anois. Mar lárionad ar eastáit Allan Pollock tar éis dó tailte a cheannacht ó Chúirt na nEastát Fiachbháite ar cheann den líon foirgnimh Victeoiriacha a tógadh faoi threoir Pollok atá fós le feiceáil i gceantar thoir theas na Gaillimhe. | Béal Átha na Sluaighe | LIOS MAINE | X:187591<br>Y:223414 |  |
| 3257 | 30410005 | Teach Lios Maine | Teach Lios Maine – Teach scoite aon stór amháin le trí bhá a tógadh thart ar 1860 le hurlár áiléir ann le díon ar phróifíl-M chuig an t-ingearchló tosaigh (ó dheas), póirse tosaigh le díon cothrom leis an ingearchló tosaigh agus ardchlóis bheannacha ar cheann deiridh na dtaobhchlónna. | Meabhrúchán amhairc ar eastáit Allan Pollok sa leath dheireanach den naoú haois déag, tá an foirgneamh seo ar cheann den iliomad foirgnimh ar marthain atá fós bainteach le Teach Lios Maine, áit chónaithe Pollok atá anois leagtha go talamh. Tá forás agus cúlú na n-aghaidheanna agus an iliomad beanna mar thréithe den ghnáthstíl in ailtireacht Victeoiriach. Léiríonn an aolchloch ghearrtha scil na saor cloichesa naoú haois déag. Cheannaigh Allan Pollok conairí mhóra talúna in Oirthear na | Béal Átha na Sluaighe | LIOS MAINE | X:188061<br>Y:223603 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Gaillimhe agus i gContae Ros Comáin ó Chúirt na nEastát Fiachbháite, a bunaíodh sa bhliain 1849 chun iarracht a dhéanamh úinéirí a chur ar an eolas maidir le caipiteal agus suim i bhfeabhsúcháin fheirme in Éirinn. D'fhéadfadh sé gur teach bainisteora feirme a bhí anseo. | | | | |
| 3258 | 30410031 | | Bosca poist iarainn theilgthe balla a cuireadh suas thart ar 1905, le rúnscríbhin ríoga Éadbhard VII agus móitíf an chcoróin ardaithe air. | Baineadh úsáid as boscaí ballaí mar seo seo i gceantair thuaithe agus bheadh sé deacair teacht trasna ar bhoscaí piléir. Cuireann an rúnscríbhinn ríoga leis an mhóitíf chorónach go mór leis an dearadh measartha seo a thugann beocht do chruth an ruda feidhmiúil seo, d'uireasa seo. Tugann sé aitheantas do réimeas gearr Edward VII. Péinteáladh dath uaine go simplí ar go leor boscaí poist roimh tréimhse na Saoirse agus choinnigh siad a suaitheantas ríoga agus is fiú go mór iad a choinneáil mar iarsmaí stairiúla. Léiríonn an suaitheantas ardaithe na hacmhainní ealaíonta in olltáirgeadh ag an am ar múnlaíodh iad. | Béal Átha na Sluaighe | GAINMHÍN | X:187005 Y:224146 |  |
| 3259 | 30410002 | | Lóiste geata aon stór amháin, trí bhá ar déanamh L scoite, a tógadh thart ar 1860, le hurlár áiléir agus bá starrach airde iomlán deiridh thoir chun tosaigh | Bhí sé seo ar cheann de na lóistí geataí do Theach Lios Maine, a mhéid measartha agus a mhaisiúchán suntasach mar ghnéithe tipiciúla den chineál seo. Léiríonn úsáid fhorleathan na haolchloiche ghearrtha agus snoite, ní hamháin scil na saor cloichesa naoú haois déag ach freisin saibhreas an úinéara talún i gcruthú an réamhtheachtaí tarraingteach oiriúnach do Theach Lios Maine, atá leagtha go talamh anois. Mar lárionad ar eastáit Allan Pollock tar éis dó tailte a cheannacht ó Chúirt na nEastát Fiachbháite ar cheann den líon foirgnimh Victeoiriacha a tógadh faoi threoir Pollok atá fós le feiceáil sa cheantar mórthimpeall an cheantair timpeall ar an mBaile Mór agus Dún an Uchta. | Béal Átha na Sluaighe | LIOS MAINE | X:187051 Y:224134 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3260 | 30410001 | Droichead Lios Maine | Droichead Lios Maine – Droichead canála aolchloiche le háirse amháin, a tógadh thart ar 1828, a d'iompair an bóthar thar bhrainse Bhéal Átha na Sluaighe den Chanáil Mhór, nach bhfuil in úsáid anois. | Tógadh an droichead cánala seo faoi chúram an innealtóra agus an tsuirbhéara Hamilton Hartley Killaly (1800-74) agus moladh teicniúil soiléir ag dul dó agus áirse sách ard air chun cead a thabhairt do bháirsí gluaiseacht thíos faoi. Feictear an dearadh iocónach leis na huchtbhallaí spréite agus na piaraí barrchaolaithe ar feadh bhealaigh na Canálach Móire, a chuir bealach trádála agus iompair luachmhar ar fáil ó Bhaile Átha Cliath go Béal Átha na Sluaighe. Léiríonn an chloch atá gearrtha go beacht leis an stiallchúrsa cuarach scil na saor cloiche sa naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | LIOS MAINE | X:188892<br>Y:225196 |  |
| 3261 | 30409913 | Teach Ghort na Móna | Teach Ghort na Móna – Clós feirme ar an taobh thiar de Theach Ghort na Móna, a tógadh c. 1800, ina gcuimsítear trí bháfhuinneog déag, réimse theas dhá stór, mar aon le claonseantán aon stór lánleithid a cuireadh leis an ingearchló theas (ar an taobh thiar), teach carráiste trí bháfhuinneog dhá stór agus réimse thiar ann ag a bhfuil staighre cloiche garbhshaoirseachta seachtrach, agus iarsmaí d'fhoirgneamh dhá bhá aon stór ar an taobh thoir le háirsí carráiste. | Coimeádann na fothithe seo cuid mhór fabraice tábhachtaí, agus tá a scála agus a bhfoirm comhchosúil le foirgnimh a bhaineann leis an ré atá i gceist. Feabhsaíonn siad Teach Ghort na Móna, agus tugann siad comhthéacs dó, agus tugann a méid léiriú ar shaibhreas agus ar rathúnas na ndaoine a raibh cónaí orthu anseo tráth. Is cuid de ghrúpa beag spéisiúil diméine iad in éineacht le Teach Ghort na Móna agus leis an mbealach isteach chuig an láithreán. | Béal Átha na Sluaighe | GORT NA MÓNA | X:183797<br>Y:221863 |  |
| 3262 | 30409912 | Teach Ghort na Móna | Teach Ghort na Móna - Teach scoite trí stór tuaithe lena ngabhann trí bháfhuinneog agus a tógadh c.1720, ar cuireadh fuinneoga nua ann c.1860, agus tá ingearchló aghaidhe starraí aige chun tosaigh (thuaidh), mar aon le filleadh trí stór chuig ingearchló cúil, agus, ina dhiaidh sin, méadú Athbheochana Gotaí dhá bháfhuinneog dhá stór a | Tá codarsnacht spéisiúil ann maidir leis an teach seo, is é sin, codarsnacht idir soiléire agus simplíocht ingearchló tosaigh an phríomhbhloic Sheoirsigh agus an sciathán Victeoireach níos déanaí lena ngabhann cuid mhór mionsonraí Gotacha. Tá díon géarchlaonta air, agus stoic mhóra simléir ar gach foirceann, agus tá oscailtí beaga fuinneoige ann ar an taobh thiar, ar oscailtí iad ina bhfuil ilphánaí, agus léiríonn sé sin dáta luath. D'fhéadfadh gurb é is cúis leis an díon neamhshiméadrach ná ardú an dín sa | Béal Átha na Sluaighe | GORT NA MÓNA | X:183813<br>Y:221900 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | tógadh c. 1860, ar an taobh thoir den ingearchló cúil, le haghaidh starrach beannach le fuinneog oiriail chuig an ingearchló ar an taobh thoir. | dara leath den naoú haois déag, tráth ar cuireadh fuinneoga nua isteach san ingearchló tosaigh, de réir dealraimh, agus ar tógadh an sciathán Gotach. Coimeádann an teach cuid mhór dá fhabraic thábhachtach agus tá fianaise ar cheardaíocht ardoilte le fáil sa tsiúinéireacht adhmaid agus i mionsonraí na gcloch gearrtha. Ag céimeanna éagsúla dá stair, bhí daoine de chuig mhuintir Eyre, de Bláca agus de Búrca. | | | | |
| 3263 | 30409904 | Scoil Chluain Tuaiscirt | Scoil Chluain Tuaiscirt – Scoil scoite ar déanamh T, aon stór ina bhfuil cúig bhá agus teach an mháistir san áireamh, dar dáta 1835, agus arb é an bloc thoir-thiar an chuid de a úsáideadh mar scoil iarbhír, agus ag a bhfuil póirsí beannacha ar na bealaí isteach ag gach foirceann den ingearchló tosaigh, mar aon le teach múinteora trí bhá dhá stór ingearach leis an gcúl. | Cé go bhfuil sé i ndrochriocht anois, tá an scoil luathré seo, agus teach an mháistir a ghabhann léi, ina cuid thábhachtach de stair shóisialta an cheantair. Tá an t-ingearchló tosaigh, ina bhfuil póirsí péireáilte bealaigh isteach, ina sampla de na gnáthfhoirgnimh a bhí ann suas go dtí lár an fichiú haois, is é sin le rá, bealaí isteach agus seomraí cótaí ar leithligh a bheith ann, ceann amháin do bhuachaillí agus ceann eile do chailíní go hiondúil. Bhí solas an lae le fáil trí na fuinneoga atá suite go hard sa bhalla, rud a d'fhág nár tarraingíodh aird na ndaltaí ar an taobh amuigh den fhoirgneamh. Bhí soláthar cóiríochta múinteora in aice leis an scoil ina ghné choitianta de scoileanna sa naoú haois déag, ach socrú neamhghnách atá ann anseo, is é sin an teacht a bheith ar dronuillinn. | Béal Átha na Sluaighe | CROIS CHONAILL MHÓR | X:184158 Y:224611 |  |
| 3265 | 30409901 | Teach Lios Ceallaigh | Teach Lios Ceallaigh – Teach scoite ar dhéanamh L, trí bhá dhá stór, a tógadh c. 1780 ... Tá clós feirme ann ar an taobh thiar, agus fothithe il-bháfhuinneoige, dhá stór ann ar an réimse thoir agus thiar agus theas, agus tá balla teorann ann mar aon le geata a suiteáladh le déanaí ar an teorainn thuaidh.. | Teach suaitheanta atá ann agus coimeádann sé cuid mhaith dá fhabraic níos luaithe, agus soláthraíonn an rindreáil gharbh agus na fuinneoga saise ábhar spéise uigeachta mar aon le paitean na haoise. D'fhéadfadh sé gurb ionann na hoscailtí caochfhuinneoige ar an ingearchló thuaidh agus modh stíleach chun rilíf a chur ar fáil ar an mballa bán. Is fearrde an teach, agus tá comhthéacs ann, de bharr an tírdhreacha aibí agus na bhfothithe atá ann, agus is gné shuntasach ar an mbóthar í an geata dea- | Béal Átha na Sluaighe | LIOS CEALLAIGH | X:180155 Y:225403 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | dheartha ag an mbealach isteach. | | | | |
| 3266 | 30408732 | Teach Lios Ceallaigh | Teach Lios Ceallaigh – Tógadh geata an bhealaigh isteach c. 1840 agus tá geata dúbailte d'iarann teilgthe mhaisiúil feithicle ann, agus piaraí cruinne ar an dá thaobh, mar aon le cúrsa sreinge múnlaithe, coirnis mhúnlaithe & bonn, plionta cloiche gearrtha & caipín. | Tugann an bealach isteach breá seo léiriú tosaigh ar Theach Lios Ceallaigh, ar teach measartha modhúil é, agus ar an gclós feirme a ghabhann leis. Is neamhghnách an rud é piara cruinne agus piara cearnógach a bheith ann in éineacht lena chéile, tá mionsonraí maithe iontu agus tá na geataí agus na ráillí ina sampla maith de shaothar d'iarann teilgthe an naoú haois déag. Tá an bealach isteach ina iomláine ina ghné chuidsúlach ar thaobh an bhóthair agus tá ceardaíocht ardchaighdeáin ann. | Béal Átha na Sluaighe | COILL NA hABHANN | X:179849 Y:225622 |  |
| 3267 | 30408729 | Droichead Abhainn Bhaile an Iúir | Droichead Abhainn Bhaile an Iúir – droichead aolchloiche bóthair 3 áirse, a tógadh c. 1800 agus a fheidhmíonn mar bhóthar thar Abhainn Bhaile an Iúir. | Tá Droichead Abhainn Bhaile an Iúir déanta go daingean cé gur droichead beagscála é agus coimeádann sé a charachtar bunaidh. Is sainchomhartha fíneáilte é ar an mbóthar idir Port Omna agus Béal Átha na Sluaighe. Tá na háirsí beaga ina sampla de dhroichid luath-ré. | Béal Átha na Sluaighe | TUAIM CATRAÍ | X:184055 Y:226754 |  |
| 3268 | 30408728 | Ros Glas | Ros Glas – Teach scoite trí bhá dhá stór, a tógadh c. 1860 as aolchloch, ina bhfuil bá ardaithe an fhoircinn theas ag síneadh chuig an ingearchló tosaigh (thiar), agus ina bhfuil aisghabháil chuig leibhéal níos ísle dhá bhá dhá stór ar gcúl. | Tá fabraic mhaith agus mionsonraí maithe ann fós sa teach suntasach seo de chuid lár/dheireadh an naoú haois déag. Cuireann an bháfhuinneog starrach foircinn le hábhar spéise an ingearchló tosaigh atá neamhshiméadrach ach a bhfuil ord maith air freisin. Léiríonn úsáid fhorleathan aolchloiche uirlisithe oilteacht na gceardaithe sa naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | GRÁIG AN MHÓINÍN | X:184057 Y:227961 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3269 | 30408704 | | Droichead iarnróid aolchloiche réimse amháin a tógadh sa bhliain 1851, agus a fheidhmíonn mar mhionbhóthar thar an líne iarnróid ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. Ballaí agus stuachlocha aolchloiche gearrtha carraig-éadain ghairbh, uchtbhallaí carraig-éadain ghairbh, mar aon le piaraí foircinn ar a bhfuil caipíní cloiche gearrtha. | Baineann fiúntas mór innealtóireachta teicniúla agus sibhialta leis an droichead daingean seo ar sampla maith é de ghnáthdhroichid iarnróid de chuid an naoú haois déag. Tógadh é agus úsáid á baint as an mbailchríoch charraig-éadain ghairbh ar ghnáthghné í de dhroichid iarnróid a tógadh le linn lár an naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | CILL CHLUANAIGH | X:181310 Y:231338 |  |
| 3270 | 30407405 | Droichead Chill Chluanaigh | Droichead Chill Chluanaigh – Droichead bóthair aolchloiche, dhá áirse a tógadh c. 1850 thar Abhainn Pháirc na bhFianna. Áirsí teascánacha maille le stuachlocha cloiche cóirithe chuig fáinní áirse, earrainní triantánacha cloiche eisléireachta | Tá an droichead beag bóthair seo, ina bhfuil mionsonraí galánta dá ainneoin sin, suite i suíomh pictiúrtha agus tá deashaoirseacht chloiche agus áirsí ardchaighdeáin le feiceáil ann. Iompraíonn sé trácht bóthair thar Abhainn Pháirc na bhFianna agus is cuid thábhachtach bhreise é d'oidhreacht tionscail agus iompair an cheantair. | Béal Átha na Sluaighe | CILL CHLUANAIGH | X:182658 Y:232085 |  |
| 3271 | 30410006 | | Seanscoil cheangailte dhá bhá aon stór a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil bealach isteach ardaithe ar an ingearchló thiar, agus a bhfuil teach trí bhá dhá stór ceangailte den fhoirceann thuaidh dá hingearchló thiar. Á úsáid mar theach anois. | Mar thoradh ar fhoirm agus ar scála an fhoirgnimh seo ag a bhfuil fuinneoga cruinncheannacha, díon géarchlaonta agus cóipeálacha aolchloiche gearrtha, tá cuma eaglaise ar an bhfoirgneamh seo d'ainneoin easpa siombailí follasacha Críostaíochta a bheith ann. Léiríonn an cóiriú aolchloiche gearrtha fianaise ar cheardaíocht oilte. Tugtar Scoil na Coille Móire air ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis na bliana 1892 agus úsáideadh mar Scoil Náisiúnta é go dtí blianta na 1940-aí. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHOILL MHÓR | X:190688 Y:222907 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3272 | 30410003 | Droichead na Coille Móire | Droichead na Coille Móire – Droichead canálach aon áirse aolchloiche a tógadh c.1828 a d'fheidhmigh tráth mar bhóthar thar bhrainse Bhéal Átha na Sluaighe na Canálach Móire ach ní úsáidtear a thuilleadh é. | Tógadh é faoi chúram an innealtóra agus an tsuirbhéara darbh ainm Hamilton Hartley Killaly (1800-74), agus is léir go mbaineann fiúntas teicniúil leis an droichead seo ag a bhfuil áirse atá sách ard chun ligean do bháirsí dul faoi. Tá an dearadh íocóineach atá ann, mar aon leis na huchbhallaí spréite agus na piaraí barrchaolaithe, le feiceáil ar fud bhealach na Canálach Móire a bhí ina bealach luachmhar trádála agus iompair ó Bhaile Átha Cliath go Béal Átha na Sluaighe. Léiríonn an chloch chruinnghearrtha, agus an cúrsa cuarach sreinge, an oilteacht a bhí ag saoir chloiche an naoú haois déag. | Béal Átha na Sluaighe | AN CHOILL MHÓR | X:192295<br>Y:224010 |  |
| 3273 | 30410027 | Canáil Bhéal Átha na Sluaighe | Canáil Bhéal Átha na Sluaighe – Seanchanáil a osclaíodh sa bhliain 1828 agus a dúnadh sa bhliain 1961 agus í á húsáid go páirteach anois mar iarnród tionscail i ndáil le baint móna ag Bord na Móna. Tá roinnt port aolchloiche gearrtha i gcúrsa ann fós, mar aon le hiarsmaí geataí adhmaid loic. Tá cosán tarraingthe ann ar an dá thaobh. Leithead iarnróid cruach chuig grinneall. | Shroich an Chanáil Mhór Béal Átha na Sluaighe sa bhliain 1828 agus, ar feadh tamaill, ba í an príomhbhealach í maidir le hiompar paisinéirí agus lastais go Baile Átha Cliath. Bhí rath uirthi ó thaobh cúrsaí airgeadais de go dtí gur ghlac an t-iarnród a hionad. Rinneadh an fad cúig mhíle dhéag den chanáil a nascann Béal Átha na Sluaighe leis an gCanáil Mhór a thógáil faoi mhaoirseacht Hamilton Hartley Killaly (1800-74) sa bhliain 1822, agus rinne na hinnealtóirí conarthacha, Mullins and McMahon, cuid den mhiondearadh agus den obair innealtóireachta. Baineadh úsáid as cainéal réamhdhraenála a bhí comhthreomhar leis an gcanáil le go bhféadfaí an canáil a réiteach sa talamh portaigh gan na poirt a bhriseadh. Tar éis páipéar a d'ullmhaigh Mullins i gcomhair léachta a fhoilsiú, tháinig an teicníocht sin chun bheith ina caighdeán lenar glacadh ar bhonn idirnáisiúnta i ndáil le canálacha a réiteach i dtalamh bog. Cé nach bhfuil an chuid is mó de na poirt ann fós, léiríonn na cinn atá ann oilteacht saor cloiche an naoú haois déag a mhéid a bhaineann le gearradh beacht. Tá bealach na canálach le feiceáil fós, mar aon leis na cosáin tarraingthe ar an dá thaobh, agus fónann sí mar chuimhneachán ar | Béal Átha na Sluaighe | AN CHOILL MHÓR | 3273 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | thábhacht na canálach mar bhealach trádála agus iompair suas go dtí blianta na 1960-idí. Tar éis bhlianta na 1960-idí, ardaíodh cuid den bhealach chun feidhmiú mar iarnród tionscail ar a n-iompraítear móin. | | | | |
| 3276 | 30410015 | Lisbeg House | Lisbeg House - Teach scoite ar dhéanamh U, 2 stór a tógadh c. 1895; tá éadan 3 bháfhuinneog ann agus tá fuinneoga péireáilte ann sna báfhuinneoga foircinn, mar aon le bloc 3 bháfhuinneog 1 stóir atá cuasaithe beagáinín ar an bhfoirceann thoir. | Ar dtús, bhí sé seo i measc na bhfeirmeacha móra a thóg Allan Pollok, ar úineir talún áitiúil é sa dara leath den naoú haois déag, agus é ag iarraidh feirmeoirí tionóntacha a mhealladh a raibh caipiteal acu chun infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsúcháin talún agus i saothar. Tar éis dóiteáin sa bhliain 1894, atógadh an teach seo do dhuine darbh ainm John Gairdner ar cliamhain le Allan Pollok é de réir dealraimh. Tá scála mór neamhghnách ag baint leis an teach seo agus tá gnéithe ardaithe agus cuasaithe na n-aghaidheanna a bhí coitianta sa ré Victeoireach. Mar thoradh ar chóiriú na mbrící dearga múnlaithe a úsáideadh leagtar béim ar fhoirm an fhoirgnimh. Soláthraíonn na fuinneoga saise adhmaid agus an rindreáil gharbh doimhneacht agus uigeacht do na hingearchlónna, soláthraíonn an méid sin agus sclátaí an dín agus na hearraí báistí d'iarann teilgthe paitean na haoise. Tá clós stábla ann ar chúl an fhoirgnimh, agus é á úsáid fós, agus cuireann sé sin comhthéacs leis an teach seo. | Béal Átha na Sluaighe | AN LIOS BEAG | X:193233 Y:220927 |  |
| 3277 | 30410016 | Teach an Leasa Bhig | Teach an Leasa Bhig – Teach geata scoite ar dhéanamh L, dhá bhá aon stór a tógadh c. 1860, ar cuireadh báfhuinneog bhreise leis ar an bhfoirceann thoir den ingearchló theas agus, tráth níos déanaí, ar cuireadh díon cothrom le coirnéal aisfhillteach ag cúl an tí. | Tógadh é mar theach geata do Theach an Leasa Bhig is gnáthghnéithe den chineál seo tí iad a mhéid mhodhúil agus an sciamhú fairsing atá déanta air. Deirtear gurbh é a bhí freagrach as an dearadh ná James Forth Kempster (1816-93), a bhí ina shuirbhéir contae don Trian Thoir de Chontae na Gaillimhe. Tá an foirgneamh seo i measc roinnt foirgneamh Victeoireach a tógadh faoi stiúradh an tiarna talaimh áitiúil, Allan Pollok, agus tá sé le feiceáil fós i gceantar Thoir-Theas na Gaillimhe. Foirmíonn sé cuid de ghrúpa | Béal Átha na Sluaighe | AN LIOS BEAG | X:193380 Y:220650 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | iomráiteach ina gcuimsítear geataí bealaigh isteach, Teach an Leasa Bhig, na fothithe agus an reilig bheag do pheataí. | | | | |
| 3279 | 30410802 | | Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh c. 1900 agus ar a bhfuil aisfhilleadh dhá stór mar aon le díon déchlaonta ar an ingearchló cúil (thuaidh), mar aon le méadú aon bháfhuinneoige, aon stór ar a bhfuil díon claonta sclátaí ar an taobh thiar. Gan úsáid agus tréigthe anois. | Cé go bhfuil sé i ndrochriocht, coimeádann an teach seo cuid mhór dá fhabraic thábhachtach, lena n-áirítear fuinneoga trípháirteacha saise adhmaid agus doras painéalta atá roinnte go hingearach, rud a léiríonn obair oilte cearpantóireachta. Cuireann sclátaí an dín agus an rindreáil gharbh ábhar spéise breise leis na hingearchlónna. | Béal Átha na Sluaighe | FEARANN NA MAINISTREACH MÓR | X:193257 Y:217664 |  |
| 3282 | 30410904 | Lairakeen | Lairakeen – Teach scoite trí stór a tógadh c, 1870 agus ina gcuimsítear bloc lárnach cúig bhá mar aon le bealach isteach aghaidhe starraí chuig báfhuinneog láir a shroichtear trí chéimeanna chuig an mbealach isteach ar leibhéal an chéad urláir, agus tá báfhuinneoga uilleacha starracha ann ar an dá thaobh rud a fhágann go bhfuil trí bháfhuinneog ann chun tosaigh. | Fágann an t-ingearchló leathan tosaigh, a bhfuil báfhuinneoga uilleacha ann ar gach taobh de, mar aon leis an tríú ceann ar gcúl, gur teach an-sainiúil tuaithe é seo. De bharr a scála tá sé mar a bheadh institiúid ann lena ngabhann mothúchán foirmiúlachta agus uaisleachta. Tá bealach isteach an chéad urláir neamhghnách agus is díol suntais an doras breá stuach aolchloiche agus an staighre mórthaibhseach. Tá codarsnacht ann idir cuma chothrománach an tí atá an-ghar don talamh agus béim ingearach na bhfuinneog agus na mbloc foircinn. Tá an teach ina chuid de ghrúpa foirgneamh eastáit agus na fothithe agus teach cóiste díreach ó thuaidh ón teach, agus an teach báid ar bhruacha na Sionainne, san áireamh. | Béal Átha na Sluaighe | COILL NA BUIRÍSE | X:197325 Y:216336 |  |
| 3283 | 30410902 | | Cuid de chanáil a tógadh c. 1755. Gan úsáid anois agus líonta isteach go páirteach. Locsheomra aolchloiche eisléireachta ar an gceann thiar den chanáil. | Tá an chanáil seo ina cuid de líon spéisiúil déanmhas ar cheann na Gaillimhe de Dhroichead Bheannchair ar an tSionainn. Ba é an t-innealtóir, Thomas Omer, a dhear í mar chuid d'oibreacha feabhsúcháin ar an tSionainn, agus teach an loc-choimeádaí in aice láimhe san áireamh. In éineacht leis an teach, leis an túr Martello, le Caisleán Chromail agus le Droichead Bheannchair, tá sí ina cuid | Béal Átha na Sluaighe | AN EISCIR | X:200235 Y:215899 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | d'oidhreacht uisceabhealaí intíre na Sionainne.  Ar dtús, bhí an chanáil ceaptha mar bhealach chun na fánsrutha ag Beannchar a sheachaint ach éiríodh as í a úsáid tar éis áirse nua loingseoireachta a thógáil ar an taobh thoir den abhainn mar chuid den droichead nua le linn bhlianta na 1840-aí. | | | | |
| 3285 | 30325001 | | Seanteach reachtaire ina bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór agus a tógadh c. 1860, ar teach é ag a bhfuil ingearchló taoibhe ceithre bháfhuinneog agus ingearchló cúil, mar aon le póirse gabhail éadain níos déanaí chun tosaigh agus méadú aon stór ar gcúl. | Tá an seanteach reachtaire iomráiteach mar gheall ar a fhoirm chearnógach íseal, ar a stoic mhóra shimléir agus ar a sceimhleacha bractha. Mar thoradh ar an meascán fuinneog agus piléar cearnógach agus cruinncheannach atá ann sna coirnéil, cuirtear ábhar spéise breise leis na hingearchlónna. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65440<br>Y:250628 |  |
| 3286 | 30325005 | Óstán Foyle/Bialann Marconi | Óstán Foyle; Óstán ceangailte sé bhá trí stór a tógadh c. 1890 agus ag a bhfuil báfhuinneoga uilleacha i lár leibhéal na talún agus an chéad urláir, mar aon le báfhuinneoga foircinn, póirseáid chlaonta ghlónraithe d'iarann teilgthe ag an bpríomhbhealach isteach, ar póirseáid í lena ngabhann colúin mhaisiúla d'iarann teilgthe. Bloic bhreise ar chúl a tógadh c.1900. | Tá an t-óstán seo suite in áit fheiceálach agus, de bharr an éadain báfhuinneog uilleach agus na mionsonraí clasaiceacha atá ann, is foirgneamh suntasach é i mbaile an Chlocháin. Léiríonn a shuíomh sa bhaile an ról tábhachtach a bhí ag an turasóireacht maidir le leathnú agus forbairt an bhaile. Tá an foirgneamh bainteach le Marconi, an té a chéadcheap raidió, agus cuireann sé sin leis an tábhacht staire atá aige. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65767<br>Y:250619 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3287 | 30325009 | | Clochar N. Iósaif; Seanchlochar scoite seacht mbáfhuinneog, dhá stór a tógadh sa bhliain 1855 agus ag a bhfuil bealach isteach beannach aghaidhe starraí, mar aon le báfhuinneoga foircinn ardaithe (ba é an bháfhuinneog thiar báfhuinneog shéipéal an tseanchlochair). Úsáidtear anois é mar chóiríocht dhídeanach do dhaoine scothaosta. | D'oscail Siúracha na Trócaire é sa bhliain 1855 agus tá macasamhail an fhoirgnimh clochair seo, a thóg J.S. Butler, le fáil ina lán áiteanna eile in Éirinn agus léiríonn sé an tionchar mór a bhí ag an Eaglais Chaitliceach ar fhabraic shóisialta an bhaile. Fágann a shuíomh idir Eaglais N. Iósaif agus scoil an chlochair gur cuid de choimpléacs tábhachtach eaglasta é. Cé gur cuireadh cuid mhór méaduithe le cúl an phríomhfhoirgnimh, coimeádann sé an chuid is mó dá ghnéithe bunaidh atá le feiceáil go háirithe ar an ingearchló theas. Is ábhar mórtais é go bhfuil an foirgneamh seo á úsáid fós ar mhaithe le leas an daonra áitiúil. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:66060<br>Y:250749 |  |
| 3288 | 30325012 | | Teach cinn sraithe dhá bhá dhá stór a tógadh c. 1904, agus lena ngabhann póirse ar a bhfuil díon cothrom. Seanteach garda cósta | Tá an teach seo ina chuid de shraith seantithe garda cósta atá suite ar aghaidh na farraige. Fágann mionsonraí na rindreála, go háirithe sna clocha cúinne agus san ábhar thart ar na fuinneoga, gur gnéithe suntasacha iad i gceantar an chuain sa bhaile, agus is fearrde an teach seo de bharr na fuinneoga saise adhmaid a bheith coimeádta ann. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65352<br>Y:250463 |  |
| 3289 | 30325013 | | Teach sraithe dhá bhá dhá stór a tógadh . -1904, agus lena ngabhann póirse ar a bhfuil díon cothrom a chomhroinntear leis an teach atá ceangailte de. Seanteach garda cósta | Tá an teach seo ina chuid de shraith seantithe garda cósta atá suite ar aghaidh na farraige. Fágann mionsonraí na rindreála, go háirithe sna clocha cúinne agus san ábhar thart ar na fuinneoga, gur gnéithe suntasacha iad i gceantar an chuain sa bhaile, agus is fearrde an teach seo de bharr na fuinneoga saise adhmaid a bheith coimeádta ann. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65355<br>Y:250465 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3290 | 30325014 | | Teach sraithe dhá bhá dhá stór a tógadh. 1904, agus lena ngabhann póirse ar a bhfuil díon cothrom a chomhroinntear leis an teach atá ceangailte de. Seanteach garda cósta. | Tá an teach seo ina chuid de shraith seantithe garda cósta atá suite ar aghaidh na farraige. Fágann mionsonraí na rindreála, go háirithe sna clocha cúinne agus san ábhar thart ar na fuinneoga, gur gnéithe suntasacha iad i gceantar an chuain sa bhaile, agus is fearrde an teach seo de bharr na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid a bheith coimeádta ann. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65359<br>Y:250467 |  |
| 3291 | 30325015 | | Teach cinn sraithe 2 bhá 2 stór a tógadh . -1904, agus lena ngabhann póirse ar a bhfuil díon cothrom a chomhroinntear leis an teach atá ceangailte de. Seanteach garda cósta. | Tá an teach seo ina chuid de shraith seantithe garda cósta atá suite ar aghaidh na farraige. Fágann mionsonraí na rindreála, go háirithe sna clocha cúinne agus san ábhar thart ar na fuinneoga, gur gnéithe suntasacha iad i gceantar an chuain sa bhaile, agus is fearrde an teach seo de bharr na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid a bheith coimeádta ann. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65359<br>Y:250467 |  |
| 3293 | 30325020 | The Central | The Central – Seanteach cinn sraithe trí bhá trí stór a tógadh c. 1880 agus atá á úsáid anois mar theach tábhairne agus mar theach aíochta. | Cuireann an foirgneamh seo, ag a bhfuil mionsonraí breátha rindreála, le hornáidíocht na Príomhshráide agus tá sé i measc na bhfoirgneamh is sainiúla dá bhfuil ann sa Chlochán. Tá éadan siméadrach pléisiúrtha aige agus tá sé níos suntasaí fós mar thoradh ar shuíomh na stoc simléir agus na mbáfhuinneog. | Conamara | AN CLOCHÁN | X:65841<br>Y:250588 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3299 | 30404904 | Cé na hAille Brice | Cé na hAille Brice – Cé bhloic aolchloiche eisléireachta ar déanamh L, a tógadh c. 1820, agus fánán ann ag ceann theas an ingearchló thiar thuaidh, agus cé níos déanaí ann ar an taobh thiar thuaidh. | Tá tábhacht fheidhmiúil agus tábhacht staire ag an gcé seo a mhéid a bhaineann le stair mhuirí an cheantair. Cuireann sí i gcuimhne gníomhaíochtaí muirí iascairí áitiúla agus is nasc riachtanach cumarsáide í do na hoileáin atá gar di. Léiríonn sí ceardaíocht bhreá áitiúil agus tugann cáilíocht agus cainníocht na saoirseachta cloiche leide faoin gcostas a bhain le tógail na cé. Cuireann sí go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Conamara | AN AILL BHREAC | X:59294<br>Y:241542 |  |
| 3300 | 30404905 | Piara Dhumhaigh Shalach | Piara Dhumhaigh Shalach – Cé aolchloiche gharbhshaoirseachta ar déanamh L a tógadh c. 1820 ag a bhfuil foirceann cruinn ar an taobh theas, mar aon le cabhsa batair ar an taobh thiar thuaidh. Fáinní iarainn agus dréimirí cruach a cuireadh isteach le déanaí ar an taobh thoir thuaidh, mar aon le ráillí cruach. Mullard cónúil ar an taobh thoir theas den phiara. | Tá tábhacht fheidhmiúil agus tábhacht staire ag an gcé seo a mhéid a bhaineann le stair mhuirí an cheantair. Cuireann sí i gcuimhne gníomhaíochtaí muirí iascairí áitiúla agus is cuid í de choimpléacs modhúil tráchtála muirí. Léiríonn sí ceardaíocht bhreá áitiúil agus tugann cáilíocht agus cainníocht na saoirseachta cloiche leide faoin gcostas a bhain le tógail na cé. Cuireann sí go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Conamara | | X:64038<br>Y:242155 |  |
| 3302 | 30403505 | | Cé shaorsheasaimh ar déanamh S a tógadh c. 1867 agus ag a bhfuil foirceann boghach, agus trína gcruthaítear dhá chuan shaorga. | Is léir go ndearnadh obair mhór le linn an piara seo a thógáil, rud is léir ó mhéid na mbloc mór aolchloiche gearrtha ar tógadh astu é. Feidhmíonn an ché seo ról tábhachtach i dtaca le báid a chosaint don phobal áitiúil a tháinig le chéile chun airgead a bhailiú chun an piara a atógáil tar éis stoirme sa bhliain 1991 ar stoirm í ba chúis, nach mór, le scriosadh bhallaí na cé. Coimeádann sí cuid mhór gnéithe spéisiúla amhail na poist feistithe eibhir, fáinní feistithe iarainn agus céimeanna cloiche, ar nithe iad sin ar fad a chuireann le feidhmiúlacht agus cáilíocht aeistéitiúil na cé. | Conamara | AN DROIMÍN | X:61389<br>Y:250282 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3303 | 30403514 | | Cé aolchloiche shaorsheasaimh ar déanamh traipéasóideach a tógadh c. 1850 agus ag a bhfuil ballaí batair garbhshaoirseachta, mar aon le fánán garbhshaoirseachta breise ar an taobh theas, rud a chruthaíonn cuan beag laistigh de chuainín foscúil. | Tá an ché seo ina gné fheidhmiúil, agus ina gné shuntasach freisin, den cheantar agus úsáideann sí cuainín nádúrtha ina bhfuil uisce níos doimhne ar an taobh thoir. D'fhéadfadh sé gurbh iad úinéirí Theach Bhéal Átha na Bá a thóg í. Bheadh dóthain foscaidh agus áiteanna feistithe le fáil sa chuan do bháid bheagscála a bheadh á n-úsáid i gcomhair gníomhaíochtaí iascaireachta agus fóillíochta. | Conamara | | X:65911<br>Y:248231 |  |
| 3304 | 30403516 | Droichead Bhéal Átha na Bá | Droichead Bhéal Átha na Bá – Droichead bóthair trí áirse atá déanta as aolchloch gharbhshaoirseachta agus a tógadh c. 1820, ar droichead é ag a bhfuil ballaí garbhshaoirseachta, stuachlocha garbhshaoirseachta ar áirsí teascánacha, earrainní triantánacha agus athneartú coincréite ar an mbonn | Is droichead tarraingteach é agus is dócha gur tógadh é tar éis bóthar cósta Alexander Nimmo, atá soir ón mbóthar, a thógáil Tá an droichead seo ina chuid thábhachtach de bhonneagar bóthair iarthar na Gaillimhe agus bhí sé i measc na gcéad chéimeanna d'uasghrádú na raonta áitiúla marcaíochta chuig bóithre iarbhír rud a chabhródh le forbairt Chonamara agus, níos tábhachtaí fós, le forbairt na mbailte nua, is é sin, an Clochán i gcás D'Arcy agus Cloch na Rón i gcás Alexander Nimmo. | Conamara | ARDACH | X:66036<br>Y:247869 |  |
| 3305 | 30403601 | | Droichead iarnróid aon áirse a tógadh c. 1895 agus ag a bhfuil teanntaí claonta ar gach ingearchló. Ní úsáidtear anois é. | Tá an droichead dea-thógtha seo i measc cuid mhór droichead den chineál seo feadh na líne iarnróid seo nach n-úsáidtear a thuilleadh agus is fianaise é ar leathnú na ngréasán cumarsáide agus iompair sa cheantar seo ag deireadh an naoú haois déag agus i dtosach an fichiú haois. Is léir an cheardaíocht oilte sa chúrsa sreinge agus sna stuachlocha brící dearga. | Conamara | AN GABHLÁN THIAR | X:68707<br>Y:250082 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3307 | 30403517 | | Piara aolchloiche garbhshaoirseachta a tógadh c. 1830 ar bhuncharraig, lena ngabhann éadain bhatair beagscála agus ag a bhfuil céimeanna coincréite a tógadh le déanaí ar an ingearchló thuaidh. Tá dromchla an phiara comhdhéanta de dhuirleoga agus de choincréit agus tá trí mhullard feistithe aolchloiche ann. Tá balla cloch singil ann. | Léiríonn an ché chloiche seo stair mhuirí Chonamara. Tá sí i riocht maith agus leanann báid bheaga de bheith á húsáid. | Conamara | DEIRGIMLEACH | X:64761 Y:247344 |  |
| 3308 | 30402207 | | Hiodrant uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe a suiteáladh c. 1870 agus ina gcuimsítear seafta cuislithe sorcóireach ar a bhfuil muineál agus bonn múnlaithe, agus caipín cuislithe ar a bhfuil ceannchríoch dhearcáin. | Is é atá sa ghné spéisiúil seo ar thaobh an bhóthair sa Chloigeann ná gné fheidhmiúil shimplí óna bhfuair an pobal áitiúil soláthar uisce tráth. Is fearrde é mar gheall ar úsáid chliste maisiúcháin shimplí amhail cuisliú agus ceannchríoch dhearcáin. | Conamara | AN CNOC BREAC | X:60324 Y:258247 |  |
| 3309 | 30402209 | | Droichead bóthair 1 áirse aolchloiche garbhshaoirseachta a tógadh c. 1810; Áirse chruinn ag a bhfuil stuachlocha garbhchóirithe, ballaí garbhchúrsáilte & clocha garbhshaoirseachta ar na bealaí chuige, mar aon le cóipeálacha athsholáthair ina bhfuil duirleoga trá & clocha garbhshaoirseachta ar na huchtbhallaí. | Tá an droichead tarraingteach seo suite in ionad pictiúrtha gar do Chuan an Chloiginn. Tá dearadh simplí clasaiceach ag baint leis agus cuirtear beocht ann de bharr na stuachlocha ar a bhfuil dathanna níos gile ná mar atá ar chodanna eile de. | Conamara | AN CLOIGEANN | X:61388 Y:258380 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3310 | 30402210 | Teach an Ghearráin Bháin | Teach an Ghearráin Bháin – Teach scoite cúig bhá dhá stór a tógadh c. 1852 agus ag a bhfuil dhá ingearchló taoibhe báfhuinneoige, agus dhá aisfhilleadh dhá stór ar leibhéal rud beag níos ísle ar a chúl, mar aon le claonseantán a cuireadh leis agus méadú aon stór a cuireadh leis an aisfhilleadh theas, chomh maith le claonseantán aon stór | Maidir leis an teach beag tuaithe seo, a bhfuil radhairc lánléargais le fáil ar na Beanna Beola uaidh, tá cóiriú pléisiúrtha dea-dheartha fuinneog ann mar aon le fuinneog laghdaitheacha. Is fearrde é de bharr na fuinneoga adhmaid saise, lena ngabhann leaca cloiche uirlisithe, a bheith coimeádta ann. Tá na breisithe éagsúla ar aon dul le breisithe i dtithe den sórt seo agus cuireann siad ábhar spéise breise leis. | Conamara | AN GEARRÁN BÁN | X:66301<br>Y:257523 |  |
| 3313 | 30402317 | Droichead Traheen | Droichead bóthair dhá áirse aolchloiche a tógadh c. 1840 agus ag a bhfuil áirsí teascánacha lena ngabhann stuachlocha garbha, tairr ghunailithe, ballaí cloiche sneiceáilte agus piaraí ag a bhfuil barrchúrsaí uirlisithe agus tacaí garbha cóirithe ar gach taobh a fhéachann i dtreo na talún. | Téann an droichead bóthair seo thar Abhainn Traheen agus is droichead suntasach dea-thógtha é ar cuid thábhachtach é de bhonneagar bóthair an cheantair seo. De bharr na saoirseachta breá aolchloiche, atá le feiceáil i ngnéithe amhail stuachlocha agus earrainní, tugtar beocht don déanmhas innealtóireachta seo. | Conamara | ÁIT TÍ ROBHARTAIGH | X:68857<br>Y:256676 |  |
| 3314 | 30402318 | | Cé shaorsheasaimh a tógadh c. 1860. Ballaí aolchloiche cóirithe garbhshaoirseachta lena ngabhann clocha cóipeála aolchloiche agus croí-chloch ina gcorpraítear buncharraig. Céimeanna leice aolchloiche atá leagtha isteach san ingearchló thoir agus san ingearchló thiar. Dromchla gairbhéil mar aon le poist feistithe aolchloiche uirlisithe | Tá an ché seo suite ar thrá theas Chuan Bhearna Dhearg agus cuireann sí i gcuimhne an tábhacht atá ag stair mhuirí an cheantair seo. Baineann fiúntas teicniúil agus ailtireachta leis an dearadh maith ina n-úsáidtear píosaí móra buncharraige. | Conamara | CAOLCHOILL | X:69719<br>Y:257453 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3315 | 30329004 | Droichead Chaolchoille | Droichead bóthair aon áirse a théann thar an Abhainn Owenga agus a tógadh c. 1810 | Cé go bhfuil dearadh an droichid bóthair seo simplí, is léiriú sármhaith é ar cháilíocht na ceardaíochta agus na hinnealtóireachta a bhí ann sa naoú haois déag. Cuireann na stuachlocha dea-shaothraithe, na bloic aolchloiche uirlisithe agus an bhailchríoch sneiceáilte le Cuma an droichid, ar cuid an-tábhachtach é den ghréasán cumarsáide idir an Clochán agus Leitir Fraic. | Conamara | CAOLCHOILL | X:70142<br>Y:257409 |  |
| 3316 | 30329008 | Reilig Scoil Saothair Leitir Fraic | Reilig Scoil Saothair Leitir Fraic, c. 1890, ina bhfuil uaigheanna marcáilte 78 leanbh a bhfuair 61 leanbh díobh bás i scoil saothair na mBráithre Críostaí atá gar don reilig. Tá na huaigheanna marcáilte le clocha croí-chruthacha ar leaca cloiche. | Sa reilig dhuairc seo, faightear taisí adhlactha ocht mbuachaill óga is seachtó, a bhfuair 61 duine díobh bás sa scoil saothair in aice láimhe a bhí á reáchtáil ag na Bráithre Críostaí. Rinneadh an reilig a athbhunú le déanaí i gcuimhne ar na leanaí ar tugadh droch-íde uafásach do chuid mhór acu le linn a saol gearr. | Conamara | LEITIR FRAIC | X:71148<br>Y:257570 |  |
| 3317 | 30329011 | | Teach tionóil trí bhá aon stór de chuid Chumann na gCarad a tógadh c. 1850 agus lena ngabhann breisithe ar an taobh thoir thuaidh agus ar an taobh thiar theas. | Tá an déanmhas beag simplí seo iomráiteach mar gheall ar na clocha uirlisithe thart ar na fuinneoga agus ar na leaca agus ar na fuinneoga saise dúbailte. Ba iad James agus Mary Ellis, ar bhaill de chuid Chumann na gCarad iad, a thóg é mar theach tionóil ach úsáideadh mar scoil é freisin. Tar éis imeacht mhuintir Ellis, díoladh a n-eastát ar cíos le John Hall a d'úsáid an foirgneamh mar shéipéal Caitliceach go dtí an bhliain 1925 agus, ina dhiaidh sin, d'fheidhmigh sé mar theach cúirte go dtí le déanaí. | Conamara | LEITIR FRAIC | X:71083<br>Y:257610 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3322 | 30401004 | | Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1840 thar Shruthán Thuairín Áithe. Ballaí bloc garbh cúrsáilte aolchloiche, mar aon le háirse chrú capaill agus tacaí bloic cloiche ar na foircinn. | Tá an droichead pictiúrtha seo ina chuid thábhachtach de bhonneagar bóthair an réigiúin. Is fearrde a fhoirm shimplí mar gheall ar a dhéanamh cloiche gairbhe agus cuirtear beocht bhreise ann de bharr na dtacaí cliathánacha agus an chúrsa sreinge. | Conamara | TUAIRÍN ÁITHE Crois na Tulaí | X:70404 Y:261936 |  |
| 3328 | 30402305 | Droichead na Tulaí Buí | Droichead na Tulaí Buí – Droichead saorsheasaimh bóthair 1 réise a tógadh c. 1840. Áirse theascánach ar a bhfuil ballaí garbhshaoirseachta aolchloiche, mar aon le stuachlocha, cúrsa sreinge agus uchtbhallaí ar a bhfuil cóipeálacha garbhshaoirseachta tuathúla. | Cé go bhfuil dearadh an droichid dhea-dhéanta seo simplí, is gné thábhachtach é den diméin a ghabhann le Mainistir na Coille Móire. Is fearrde an t-aon áirse amháin atá ann mar gheall ar an gcúrsa sreinge agus ar na barrchúrsaí dea-shaothraithe. | Conamara | POLL AN CHAPAILL | X:73019 Y:258553 |  |
| 3329 | 30401102 | | Droichead bóthair aon áirse atá déanta as bloic aolchloiche agus a tógadh c. 1820 thar an Abhainn Bhuí. Tá áirse ard theascánach ann mar aon le stuachlocha cloiche garbhshaoirseachta, barrchúrsaí agus tarr. | Tá an déanmhas seo ina chuid de ghrúpa droichead sainiúil cloiche sa chuid seo de Chonamara agus tá áirse ard chúng aige mar aon le teanntaí ag a bhfuil próifílí céimnithe. Mar thoradh ar an gceardaíocht mhaith atá ann, tá sé i riocht maith caomhantais. Is fearrde fós an droichead mar gheall ar na codarsnachtaí idir an tsaoirseacht atá le feiceáil sna huchtbhallaí, san áirse agus sna teanntaí. | Conamara | DOIRE NA CLOICHE | X:82707 Y:261204 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3330 | 30401103 | Droichead Thulaigh Uí Chonchúir | Droichead Thulaigh Uí Chonchúir – Droichead bóthair aolchloiche, aon áirse a tógadh c. 1820 thar Abhainn Bhun Abhann. Tá áirse chruinn ann mar aon le stuachlocha cloiche garbhshaoirseachta agus tarr gunailithe. Piaraí éadromchóirithe garbhshaoirseachta agus tacaí cliathánacha céimphróifíle. | Is sampla breá an droichead seo den innealtóireacht agus den cheardaíocht a bhí ann sa chuid luath den naoú haois déag agus is droichead é de chuid grúpa droichead i gConamara ag a bhfuil teanntaí céimnithe ar áirse shingil Tá áirse an droichid seo déanta go soladach agus is fearrde an déanmhas mar gheall ar na tacaí cliathánacha agus ar an gcúrsa sreinge trína gcruthaítear amharc-fhráma timpeall na háirse. | Conamara | TULAIGH UÍ CHONCHÚIR | X:82351 Y:260813 |  |
| 3331 | 30401104 | Droichead na hAbhann Duibhe | Droichead na hAbhann Duibhe – Droichead bóthair aon áirse, garbhshaoirseachta a tógadh c. 1820 thar an Abhainn Dhubh. Tá áirse theascánach ann mar aon le stuachlocha garbhshaoirseachta. | Tá an droichead seo comhchosúil leis an gceann atá soir ó thuaidh uaidh agus is sampla breá é den innealltóireacht a bhaineann leis an gcuid luath den naoú haois déag agus ina n-úsáidtear clocha a fhaightear go háitiúil, rud a fhágann go n-oireann an droichead don cheantar máguaird. Baineadh úsáid as an mbuncharraig nocht chun spriongú na háirse a chruthú. Comhlánaítear amharc-éifeacht na háirse cloiche le heagar na gcloch a shíneann ina ngathana chuig na hascaillí stua. | Conamara | BUN ABHANN | X:81041 Y:259599 |  |
| 3332 | 30403610 | Droichead Chluain Beag | Droichead Chluain Beag – Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1810 thar an Abhainn Mhór. | Léiríonn an droichead seo an leathnú a rinneadh ar an ngréasán bóithre sa chuid luath den naoú haois déag agus, dá bharr sin, mhéadaigh sé na deiseanna chun feabhas a chur ar thráchtáil agus ar chumarsáid sa cheantar ar bhain deacrachtaí leis an tráth sin ó thaobh taistil de. Tógadh go soladach é chun fónamh dá fheidhm, agus tá luach aeistéitiúil aige freisin mar thoradh ar na mionsonraí níos mine atá ann ar na piaraí agus ar an gcúrsa sreinge. | Conamara | BAILE NA hINSE | X:75871 Y:246584 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3333 | 30403611 | | Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1810 thar an Abhainn Mhór. | Léiríonn an droichead seo an leathnú a rinneadh ar an ngréasán bóithre sa chuid deiridh den ochtú haois déag agus sa chuid luath den naoú haois déag. Tá saoirseacht mhaith chloiche le sonrú ann. | Conamara | CLUAIN BEAG | X:75905<br>Y:246571 |  |
| 3334 | 30403612 | | Droichead iarnróid dhá réise a cuireadh in airde sa bhliain 1895 agus nach n-úsáidtear a thuilleadh. Cuimsíonn foircinn talún an droichid sraodbhallaí garbhshaoirseachta aolchloiche cúrsála briste mar aon le huchtbhallaí cliathánacha agus tá clocha cúinne imeallaithe carraigéadanacha, cúrsa sreinge agus cóipeálacha ann, agus tacaí claonta cliathánacha ann. | Léiríonn an droichead iarnróid seo an leathnú a rinneadh ar an ngréasán iarnróid sa tír ag deireadh an naoú haois déag agus oscailt tuilleadh ceantar trádála agus tráchtála. Léiríonn úsáid cloiche agus cruach mar ábhair thógála neart an gheilleagair agus an réimse tionscail ag deireadh na ré Victeoirí. | Conamara | CLUAIN BEAG | X:75922<br>Y:246506 |  |
| 3336 | 30403609 | Caisleán Bhaile na hInse | Caisleán Bhaile na hInse – Geata cheathramhán an bhealaigh isteach chuig Caisleán Bhaile na hInse, a tógadh c. 1850, agus bealach isteach d'fheithiclí ann mar aon le bealach isteach amháin do choisithe. | Léiríonn an geata mórthaibhseach seo saibhreas, tionchar agus tábhacht eastát Bhaile na hInse. Tá an geata ina chuid de ghrúpa déanmhas suntasach ina n-áirítear an teach geata. Tá dea-cheardaíocht le feiceáil sa saothar cloiche agus sa saothar iarainn. | Conamara | CLUAIN BEAG | X:76636<br>Y:246875 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3337 | 30403605 | Caisleán Bhaile na hInse | Caisleán Bhaile na hInse – Droichead eastáit aon áirse a tógadh c. 1775 agus ina gcorpraítear sraodbhalla cloiche a iompraíonn an bóthar thar an Abhainn Mhór. | Iompraíonn an droichead breá eastáit seo bóthar an bhealaigh isteach thoir chuig Caisleán Bhaile na hInse thar an Abhainn Mhór. Tá cuid mhór gnéithe breátha ailtireachta aige amhail na piaraí dea-chóirithe agus an chóipeáil dhea-chóirithe, mar aon leis an bpasáiste neamhghnách faoi bhun an bhóthair. | Conamara | AN CILLÍN | X:76505 Y:247153 |  |
| 3339 | 30403702 | Scoil Bhéal an Átha Fada | Scoil Bhéal an Átha Fada – Seanscoil scoite ceithre bhá aon stór, ar déanamh T a tógadh sa Bhliain 1830 agus ag a bhfuil bealach isteach starrach lárnach dhá bháfhuinneog a cuireadh le tosach an fhoirgnimh sa bhliain 1925. Á úsáid mar theach anois. | Tá an foirgneamh seo ina shampla maith de theach scoile tuaithe de chuid bhlianta tosaigh an naoú haois déag, Ar foirgneamh é ar cuireadh breisiú leis go luath san fhichiú haois tar éis bhunú Shaorstát Éireann sa bhliain 1922. Tá an scoil athraithe chun fónamh mar theach agus tá cuid mhaith dá fabraic stairiúil ann fós, amhail na fuinneoga agus na doirse éagsúla adhmaid. | Conamara | BÉAL AN ÁTHA FADA | X:79124 Y:246691 |  |
| 3340 | 30403701 | | Droichead aolchloiche aon áirse thar an Abhainn Mhór, a tógadh c. 1830. Stuachlocha garbha ar áirse theascánach, ballaí cúrsáilte garbha agus tarr gunailithe. | Trasnaíonn an droichead galánta bóthair seo an Abhainn Mhór sa áit ar a dtugtar an chanáil. Is cuid thábhachtach é den ghréasán cumarsáide idir Gaillimh agus an Clochán ar an mbealach ar a dtugtaí Bóthar Nia Lár Chonamara tráth, ar bealach é a dhear Alexander Nimmo. Léiríonn an déanmhas teicníochtaí éagsúla saothair cloiche agus, go háirithe, tá ceardaíocht mhaith le sonrú sna tacaí gearra. | Conamara | GLEANN CHÓCHAN | X:80250 Y:247495 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3342 | 30402405 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1850 thar chraobhabhainn an Muinaboy River. Áirse theascánach lena ngabhann stuachlocha garbhchóirithe agus ballaí cúrsáilte, sneiceáilte, garbhshaoirseachta agus tarr cúrsáilte garbhshaoirseachta. | Is sampla maith é seo den innealtóireacht mhodhúil de chuid an naoú haois déag agus foirmíonn sé nasc fíorthábhachtach iompair agus cumarsáide idir Sléibhte Mhám Toirc agus na Beanna Beola. Tá cuma pléisiúrtha air, ó thaobh na haeistéitice de, agus coimeádann sé a cháilíocht bhunaidh, agus is teist é sin ar an gceardaíocht oilte áitiúil a bhaineann leis. Soláthraíonn déanamh na mbloc aolchloiche sneiceáilte neart breise don droichead, rud atá riachtanach mar gur minic a bhíonn tuiliú ann san abhainn. | Conamara | FIONASCLAINN | X:84293<br>Y:254046 |  |
| 3343 | 30402404 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1850 thar an Muinaboy River. Áirse theascánach lena ngabhann stuachlocha garbhshaoirseachta garbhchóirithe ... | Is sampla maith é seo, agus sampla measartha iomlán, den innealtóireacht de chuid an naoú haois déag agus foirmíonn sé nasc fíorthábhachtach iompair agus cumarsáide idir Sléibhte Mhám Toirc agus na Beanna Beola. Tá cuma phléisiúrtha ar an droichead ó thaobh na haeistéitice de agus tá codarsnacht ann idir na stuachlocha garbh-chearnógacha agus na ballaí agus an aisfhilleadh garbhshaoirseachta. Tá sé inchomparáide le droichid eile sa cheantar agus soláthraíonn téama na mballaí aisfhillte ábhar taca freisin. | Conamara | LEITIR BREACÁIN | X:84079<br>Y:254339 |  |
| 3344 | 30402403 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1850 thar Abhainn Thuairín Uí Chuanna, agus ag a bhfuil áirse theascánach lena ngabhann stuachlocha garbhchóirithe | Léiríonn an droichead bóthair seo ceardaíocht oilte áitiúil agus saothair cloiche dea-dhéanta. Tá sé inchomparáide le droichid eile sa cheantar agus tá cosúlachtaí ann san aisfhilleadh spréite. Is nasc riachtanach cumarsáide agus iompair é idir Sléibhte Mhám Toirc agus na Beanna Beola agus soláthraíonn sé léargas luachmhar ar thógáil droichead faoin tuath in Éirinn i lár an naoú haois déag. | Conamara | GLEANN EIDHNEACH | X:82430<br>Y:255514 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3345 | 30401201 | | Piara ar dhéanamh dronuilleogach a tógadh c. 1850 agus a ritheann ó thuaidh agus ó dheas. Bloic aolchloiche sneiceáilte ag a bhfuil éadain batair mar aon le cóipeálacha coincréite, staighre aolchloiche agus fáinní feistithe iarainn ar na taobh-ingearchlónna. | Tá dearadh agus déanamh thar a bheith maith ag baint leis an bpiara seo agus léiríonn sé ceardaíocht shármhaith saothair cloiche agus carachtar aeistéitiúil sna bloic chloiche sneiceáilte atá ann agus sna céimeanna dea-thógtha ar gach ingearchló fada. Tá roinnt gnéithe neamhghnácha aige, lena n-áirítear an balla íseal a roinneann an piara ina dhá chuid agus an lána tochailte a léiríonn tráth nuair a bhí cairteacha capalltarraingthe ann mar phríomhfhoinse iompair. | Conamara | GLEANN NA nGEIMHLEACH | X:88970 Y:263537 |  |
| 3346 | 30402501 | | Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1860 thar abhainn bheag. Cuimsíonn sé áirse chruinn lena ngabhann stuachlocha agus tairr chloiche charraig-éadanacha agus iad leagtha isteach i bhfráma a fhoirmítear as piléir bhloc aolchloiche, mar aon le bonn uchtbhalla ag a bhfuil coirbéalchlár ar an ingearchló theas agus cloch garbhshaoirseachta scoilte ar an ingearchló ó thuaidh. | Tá an droichead dea-dheartha seo ina chuid dílis d'oidhreacht ailtireachta thuaisceart Chonamara agus leanann sé dá fheidhm bhunaidh a chomhlíonadh, is é sin, ligean do dhaoine taisteal idir na sléibhte. Is sampla breá é den innealtóireacht a bhí ann sa chuid luath den naoú haois déag agus tá oilteacht na gceardaithe a thóg é an-soiléir sna stuachlocha, sna hascaillí stua agus sa choirbéalchlár. | Conamara | NA GRIGÍNEACHA | X:92669 Y:257538 |  |
| 3347 | 30401202 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1850 thar shruthán | Léiríonn an sampla breá seo d'innealtóireacht lár an naoú haois déag an éagsúlacht a bhain le tógáil droichead i gConamara. De bharr na modhanna éagsúla inar cóiríodh an chloch, cruthaítear éifeacht pléisiúrtha. Tá codarsnacht idir an aolchloch gharbh a úsáideadh sna stuachlocha agus sna cóipeálacha agus na clocha áitiúla garbhshaoirseachta atá ann in áiteanna eile sna hingearchlónna. | Conamara | MUINTIR EOGHAIN LÁIR | X:90290 Y:259058 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3348 | 30403707 | | Droichead iarnróid aon réise ina bhfuil cearchaillí d'iarann teilgthe thar Abhainn Bhéal na Cora agus dar dáta 1893. | Rinneadh an sampla seo d'innealtóireacht dheireadh an naoú haois déag a chur in airde don Midland Great Western Railway Company agus tá sé ina chuid de bhrainse ó Ghaillimh go dtí an Clochán nach bhfuil ann a thuilleadh. Ba iad na hinnealtóirí agus na conraitheoirí darbh ainm Joseph Westwood & Co., as Londain, a rinne an déanmhas. Coinníodh an droichead go maith agus tá sé i riocht maith fós. | Conamara | AN GHARMAIN Sraith Salach | X:83471 Y:247593 |  |
| 3349 | 30403703 | | Droichead iarnróid a tógadh c. 1895 thar an líne iarnróid ó Ghaillimh go dtí an Clochán nach n-úsáidtear a thuilleadh. | Is droichead iarnróid dea-thógtha é seo agus tá mionsonraí breátha le feiceáil i gcáilíocht an chúrsa sreinge agus na gcóipeálacha. Is cuimhneachán é ar an líne iarnróid ó Ghaillimh go dtí an Clochán nach n-úsáidtear a thuilleadh. | Conamara | LIOS UACHTAIR | X:85676 Y:247447 |  |
| 3351 | 30405107 | | Droichead bóthair trí áirse thar Abhainn Ghabhla, a tógadh c. 1860. Tá sé déanta as aolchloch chúrsáilte charraigéadanach agus tá áirsí uilleacha aige lena ngabhann stuachlocha. | Léiríonn an droichead bóthair seo ceardaíocht oilte áitiúil, saothar maith cloiche agus aird ar mhionsonraí, ar nithe iad sin atá soiléir sna háirsí, sna stuachlocha agus sa chóipeáil. Is nasc riachtanach cumarsáide agus iompair é don cheantar agus soláthraíonn sé léargas ar thógáil droichead faoin tuath in Éirinn i lár an naoú haois déag. | Conamara | LEITIR SEANAIDH | X:83109 Y:241253 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3353 | 30405105 | | Piara céimnithe dronuilleogach a tógadh c. 1860, agus é ardaithe rud beag ar an bhfoirceann cuasaithe ar thaobh na farraige agus ag a bhfuil staighrí eibhir chuig an taobh foscúil den dá chuid | Cuireann an piara dea-thógtha láidir seo i gcuimhne an tábhacht a bhíodh ag gníomhaíochtaí muirí sa cheantar seo. D'fhéadfadh sé a bheith bainteach leis an Óstán Zetland Arms in aice láimhe. Tá sé suite go pictiúrtha san inbhear is foscúla de chuid Chuan an Chaisil | Conamara | | X:80526<br>Y:242155 |  |
| 3354 | 30405104 | The Kelp House | The Kelp House – Teach báid scoite aon stór a bhfuil éadan beannach air agus a tógadh c. 1800. Tá sé folamh anois agus d'úsáidtí é roimhe seo mar stóras ceilpe | Tá an teach báid dea-thógtha láidir seo bainteach leis an gCaptaen T. Hazell as Teach an Dúin. Fágann úsáid eibhir nocht áitiúil go bhfuil dlúthbhaint ag an bhfoirgneamh leis an gceantar ina bhfuil sé suite. | Conamara | DÚN RIACHÁIN | X:79330<br>Y:242331 |  |
| 3356 | 30402503 | | Bosca poist d'iarann teilgthe atá ceangailte den bhalla – tá feathal ríoga na Banríona Victoria air agus suiteáladh é c. 1890. | Tá an bosca poist seo ina chuid de shraith boscaí poist olltáirgthe ar a bhfuil foirm shimplí fheidhmiúil agus ar fearrde iad mar gheall ar an litreoireacht ardaithe atá orthu. Tá boscaí poist den sórt seo ag éirí tearc de réir a chéile agus cuireann siad i gcuimhne stair luath na seirbhíse poist in Éirinn agus stair choilíneachta na tíre. | Conamara | NA BRAONÁIN | X:93121<br>Y:255066 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3357 | 30403802 | Droichead Thír na Cille | Droichead Thír na Cille – Droichead bóthair aon réise a tógadh c. 1830 thar Abhainn Thír na Cille agus ina bhfuil áirse eilipseach. | Tógadh an droichead go soladach agus tá sé pléisiúrtha ó thaobh na haeistéitice de. Cuireann sé i gcuimhne cáilíocht na ceardaíochta áitiúla ina léirítear roinnt saothair bloc nocht aolchloiche. Is fearrde carachtar aeistéitiúil an droichid seo mar gheall ar a shuíomh in ionad pictiúrtha i measc crann. | Conamara | TÍR NA CILLE THUAIDH<br>An Mám | X:96188<br>Y:252080 |  |
| 3359 | 30403903 | | Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1830 thar cainéal idir cuislí Loch Ardderry | Iompraíonn an droichead seo an bóthar a thagann aneas chuig an Teach Dóite agus, sa tslí sin, comhtháthaíonn sé an gréasán bóithre i gConamara. Tá an droichead i riocht maith agus, ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar an méid tráchta a théann thairis, tá plátaí snaidhmthe curtha leis chun an droichead a neartú. | Conamara | AN LORGAIN nó SINDILE<br>An Tech Dóite | X:97609<br>Y:246067 |  |
| 3361 | 30405305 | Droichead an 'Quiet Man' | Droichead an 'Quiet Man' – Droichead dronnach bóthair dé-áirse garbhshaoirseachta a tógadh c. 1800 | Tá an droichead uathúil seo suite i dtírdhreach uathúil agus cuireann sé le hoidhreacht ailtireachta Iarthar Chontae na Gaillimhe. Droichead de chuid dheireadh an ochtú haois déag atá ann agus léiríonn an riocht maith ina bhfuil sé ceardaíocht na dtógálaithe a d'úsáid clocha áitiúla amháin le linn é a thógáil. Tá radhairc shármhaithe ar na sléibhte sa chomharsanacht le fáil ó shuíomh an droichid ag foirceann Loch an Droichid agus, mar gheall ar an mírialtacht agus ar an ngarbhshaoirseacht atá le feiceáil ann, tá idirdhealú ann idir an droichead seo agus droichid eile sa cheantar. Meallann an droichead cuid mhór turasóirí freisin agus tugtar Droichead an 'Quiet Man' air ós rud é gur anseo a rinneadh scannán clúiteach dar teideal 'The Quiet Man' le linn bhlianta na 1950-idí. | Conamara | DOIRE OIRGHLINNE | X:105463<br>Y:242796 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3363 | 30405302 | | Teach dúchasach scoite cúig bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar. | Cuireann an teach seo, mar aon leis an líon beag fothithe a ghabhann leis, go mór leis an tírdhreach tuaithe sa chomharsanacht. Tá na foirgnimh níos suntasaí fós mar thoradh ar na díonta ceann tuí agus na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid a bheith coimeádta iontu. | Conamara | LEITIR FEOIR | X:104176 Y:243929 |  |
| 3365 | 30405304 | | Seanteach múinteora scoile scoite ina bhfuil dhá bháfhuinneog agus aon stór, mar aon le háiléar dormánta, agus a tógadh c. 1880. | Tá an teach seo pléisiúrtha ó thaobh na haeistéitice de agus cuireann sé le héagsúlacht oidhreacht ailtireachta an cheantair. Ar dtús, bhí an teach bainteach le Scoil na Léime in aice láimhe. Coimeádann sé a fhabraic stairiúil amhail díon sclátaí agus fuinneoga saise adhmaid. Feabhsaíonn éagsúlacht na bhfuinneog carachtar an tí agus, ag an am céanna, déanann cóiriú neamhghnách na bhfuinneog ar an ingearchló tosaigh an fhoirgneamh a fheabhsú tuilleadh. Ábhar eile spéise is ea an ceantar máguaird a bhfuil eolas air mar cheann de na suímh a úsáideadh sa scannán 'The Quiet Man' agus ina bhfuil an droichead ar a dtugtar Droichead an 'Quiet Man'. | Conamara | AN LÉIM THOIR | X:105397 Y:242784 |  |
| 3366 | 30407601 | Cé an Mhása | Cé an Mhása – Cé ar déanamh L a tógadh c. 1860 agus ar cuireadh méadú léi c. 1900. Tá ballaí cloch garbhshaoirseachta neamhchúrsáilte ar an gcé bhunaidh. Saothar bloc eibhir chúrsáilte, sneiceáilte ar mhéadú ina dhiaidh sin, agus cóipeáil eibhir agus coincréite ann. | Léiríonn an ché dhea-thógtha fheidhmiúil seo an tábhacht atá ag gníomhaíochtaí muirí sa cheantar seo. Tá Cuma phléisiúrtha uirthi ó thaobh na haeistéitice de freisin mar thoradh ar na teicníochtaí éagsúla saoirseachta cloiche atá le feiceáil inti. Léiríonn an dá chéim i stair na cé an leathnú ar thrádáil sa cheantar seo i rith dheireadh an naoú haois déag. | Conamara | AN MÁS | X:74282 Y:231691 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3367 | 30407602 | Cé an Mhása | Cé an Mhása a tógadh c. 1880 agus ag a bhfuil ballaí bloc eibhir, agus í atógtha go páirteach le coincréit. | Léiríonn an ché bheag fheidhmiúil an tábhacht atá ag gníomhaíochtaí muirí sa cheantar seo agus, ag an am céanna, cuireann an dearadh, lena ngabhann draenacha ar dhromchla na cé, mar aon leis an ingearchló batair theas, in iúl fíochmhaire na stoirmeacha geimhridh a bhíonn le seasamh ag an déanmhas seo. | Conamara | | X:74161 Y:231573 |  |
| 3368 | 30407604 | Cé na hAirde Thiar | Cé na hAirde Thiar - Cé ar déanamh L a tógadh c. 1895 ina dhá céim. | Tá an ché seo, a tógadh ina dhá céim, ina sampla an-mhaith d'innealtóireacht mhuirí agus tá scileanna na saor cloiche le feiceáil inti. Oireann sí go hiomlán don lánléargas cósta agus tá cuma an-phléisiúrtha uirthi. Comhlánaíonn an phríomhchuid den ché an taobh is sine de. | Conamara | | X:75053 Y:230996 |  |
| 3369 | 30407706 | Cé Charna | Cé Charna – Cé shaorsheasaimh ar déanamh L a tógadh c. 1880 agus lena ngabhann droichead iompair agus teach caidéil mar bhreisithe ar na hingearchlónna theas agus thiar. | Tógadh an ché seo chun cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil iascaireachta agus tá baint ag OÉ, Gaillimh, leis na breisithe a cuireadh léi. Cuireann an tsaoirseacht bhreá chloiche le carachtar an chósta sa cheantar seo. | Conamara | CARNA | X:78088 Y:230457 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3371 | 30407708 | Cé na hAirde Móire | Cé na hAirde Móire – Cé ar déanamh L a tógadh c. 1880 agus lena ngabhann stóras ar an taobh theas. | Tógadh an ché mhórthaibhseach seo chun na báid iascaireachta áitiúla a chosaint ar scriosadh na farraige agus tá sí ina cuid thábhachtach de charachtar an chuain bhig ghainmhigh atá á chosaint aige. | Conamara | AN ARD MHÓR | X:81769<br>Y:229269 |  |
| 3372 | 30407705 | Cé Chill Chiaráin | Cé Chill Chiaráin – Cé shaorsheasaimh ar déanamh L a tógadh c. 1880 agus lena gabhann foirgnimh ghaolmhara ar an taobh thiar thuaidh, dhá fhánán ar an taobh thuaidh.. | Tá an ché fhairsing seo ina chuid shuntasach de thírdhreach Chill Chiaráin agus tógadh é chun cabhrú le hiompar ábhair a bhaineann leis an tionscal ceilpe – go háirithe longa a bhí ag dul go hAlbain a lódáil i lár, agus ag deireadh, an naoú haois déag. Tá monarcha cheilpe á hoibriú fós gar don ché. | Conamara | | X:84597<br>Y:231494 |  |
| 3373 | 30406401 | Droichead Ghabhla Beag | Droichead Ghabhla Beag – Droichead cloiche aon áirse a tógadh c. 1820 agus ina bhfuil garbhshaoirseacht eibhir agus plátaí snaidhmthe d'iarann teilgthe. | Is droichead dea-thógtha é seo agus léiríonn sé leathnú na ngréasán bóthair sna ceantair is iargúlta de chuid na hÉireann i mblianta tosaigh an naoú haois déag. | Conamara | GABHLA | X:81555<br>Y:239177 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3374 | 30406402 | | Fotheach scoite aon bháfhuinneoige aon stór ar a bhfuil díon claonta tuí agus a tógadh c. 1860. | Baineann an fotheach dúchasach seo le sraith shainiúil fothithe atá ann in Iarthar na Gaillimhe. Foirgneamh beag modhúil atá ann agus léiríonn sé simplíocht choibhneasta na hailtireachta dúchasaí. | Conamara | GABHLA | X:81497 Y:239123 |  |
| 3375 | 30405108 | Droichead Bhun na hAbhann/Droichead Ghabhla Mór | Bun na hAbhann/Gabhla Mór – Droichead bóthair aon áirse thar Abhainn Ghabhla, c. 1820 | Léiríonn an droichead bóthair seo ceardaíocht oilte áitiúil, saothar maith cloiche agus aird ar mhionsonraí, ar nithe iad sin atá soiléir sna háirsí, sna stuachlocha agus sa chóipeáil. Is nasc riachtanach cumarsáide agus iompair é don cheantar agus soláthraíonn sé léargas ar thógáil droichead faoin tuath in Éirinn i dtosach an naoú haois déag. | Conamara | BUN NA hABHANN | X:81822 Y:239772 |  |
| 3377 | 30406507 | Scoil Chamais | Scoil Chamais – Seanscoil náisiúnta scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1876 agus ag a bhfuil póirse binn-éadanach ar an taobh-ingearchló (thiar thuaidh) | Léiríonn an tseanscoil náisiúnta beag seo an ghaolmhaireacht idir an pobal agus an eaglais a mhéid a bhaineann le hiarracht a dhéanamh oideachas a sholáthar sa cheantar tuaithe seo. Tá cuid mhór d'fhoirm bhunaidh agus de charachtar bunaidh na scoile ann fós d'ainneoin úsáid a bheith bainte as roinnt ábhar nua-aimseartha le déanaí. | Conamara | CAMAS UACHTAIR | X:97139 Y:237211 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3378 | 30407803 | | Cé fhadaithe mhírialta ar déanamh U a tógadh c. 1890. - Garbhshaoirseacht eibhir | Léiríonn an ché seo, ina bhfuil scála tionsclaíoch, an tábhacht a bhíodh ag tráchtáil mhuirí, idir iascaireacht agus lódáil agus dílódáil lasta, agus tábhacht na tráchtála sin don phobal sa chomharsanacht. | Conamara | | X:96156<br>Y:232989 |  |
| 3379 | 30407710 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite cúig bhá aon stór a tógadh c. 1820. | Tá cuid de charachtar agus de mhionsonraí bunaidh an tí bhreá dhúchasaigh seo ann fós. Tá sé suite in aice le cé agus tá radhairc bhreátha le fáil uaidh ar an taobh theas agus ar an taobh thiar agus cuireann sé go mór le scéimhiúlacht an cheantair ina bhfuil sé suite. | Conamara | LEITIR CALAIDH | X:87121<br>Y:228109 |  |
| 3380 | 30407807 | | Hiodrant uisce saorsheasaimh péinteáilte d'iarann teilgthe a suiteáladh c. 1890. | Tá beocht sa hiodrant feidhmiúil seo mar thoradh ar na mionsonraí cuislithe atá ann ar an seafta agus ar an gcaipín agus tá bailchríoch dheas air, is é sin, barrghréas maisiúil dearcáin. | Conamara | LEITIR MÓIR | X:89687<br>Y:227869 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3381 | 30407806 | | Cabhsa cuarlíneach ina gcuimsítear oileán beag ar an taobh thiar theas agus droichead coincréite a tógadh c. 1895 ar an taobh thiar theas. | Tógadh an cabhsa fairsing seo chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar thráchtáil le pobail measartha iargúlta Eanach Mheáin, Leitir Móir agus Gharmna. Is díol spéise teicniúla é an mhír seo innealtóireachta muirí agus, chomh maith leis sin, is díol spéise é ó thaobh na haeistéitice de. | Conamara | | X:91070<br>Y:229534 |  |
| 3382 | 30407805 | | Cé T-chruthach a tógadh c. 1820 agus lena ngabhann cabhsa – Ballaí batair garbhshaoirseachta eibhir mar aon le cóipeáil eibhir. | Tá cuma neamhghnách ar an gcé seo, rud a chuireann le hábhar spéise an déanmhais ó thaobh na haeistéitice de agus ó thaobh cúrsaí teicniúla de. Dá bhrí sin, cuireann an déanmhas le héagsúlacht na ndéanmhas cósta ar chósta Chonamara. | Conamara | | X:91773<br>Y:230181 |  |
| 3383 | 30407804 | Droichead Bhéal an Daingin | Droichead Bhéal an Daingin – Cabhsa cuarlíneach a tógadh c. 1895 as clocha singile agus ag a bhfuil dhá réise coincréite | Tógadh an cabhsa measartha fairsing seo chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar thráchtáil le pobail measartha iargúlta Eanach Mheáin, Leitir Móir agus Gharmna. Is díol spéise teicniúla é an mhír seo innealtóireachta muirí agus, chomh maith leis sin, is déanmhas pléisiúrtha é ó thaobh na haeistéitice de. | Conamara | | X:91919<br>Y:230359 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3384 | 30407809 | Droichead Charraig an Liagáin | Cabhsa cuarlíneach a tógadh c. 1895 agus ina gcuimsítear ballaí cloiche batair, mar aon le lárchuid ardaithe agus dhá réise coincréite chomhionanna. | Tógadh an droichead seo chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar thráchtáil le pobail measartha iargúlta Leitir Móir agus Gharmna. Is díol spéise teicniúla an déanmhas seo agus tógadh é ar láithreán ina raibh raon nó áth roimhe seo. | Conamara | | X:89574<br>Y:227442 |   |
| 3385 | 30409001 | Cé an Mháimín | Cé an Mháimín – Cé ar déanamh S a tógadh c. 1820 agus ar cuireadh fánán léi le déanaí ar an taobh thoir. | Léiríonn an ché seo, atá tógtha go maith agus atá pléisiúrtha ó thaobh na haeistéitice de, an tábhacht a bhí ag an trádáil mhuirí don cheantar seo tráth nach raibh aon ghréasán cuimsitheach bóthair ann. | Conamara | | X:89769<br>Y:226724 |  |
| 3386 | 30409002 | | Cé a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil sraodbhalla cloch singil batair agus lena bhfoirmítear limistéar beag cuain | Léiríonn an ché bheag seo an tábhacht a bhíodh ag trádáil mhuirí don gheilleagar áitiúil. | Conamara | | X:87836<br>Y:225826 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3388 | 30409004 | | Cé a tógadh c. 1860 agus ina gcuimsítear bloic bhatair eibhir mar aon le bloic mhóra ar an dromchla | D'ainneoin gur cé measartha buntúsúil é seo, tógadh go maith í agus léiríonn sí tábhacht an tionscail muirí don cheantar seo. | Conamara | | X:89745 Y:225258 |  |
| 3389 | 30409015 | | Bosca poist d'iarann teilgthe atá ceangailte den bhalla agus a tógadh c. 1885 | Tá an cineál seo bosca poist de chuid dheireadh na ré Victeoirí ag éirí tearc de réir a chéile. Is léiriú é ar an tréimhse ina raibh Éire ina coilíneacht de chuid Impireacht na Breataine. Cé go ndearnadh iad a olltáirgeadh, tá mionsonraí maisiúla acu chomh maith le luach stairiúil, ar nithe iad sin a fhágann gur cuid thábhachtach iad den oidhreacht áitiúil. | Conamara | TÍR AN FHIA | X:89081 Y:225582 |  |
| 3392 | 30407811 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. | Tá an teach beag tuaithe seo ina shampla maith den traidisiún coitianta tógála dúchasaí agus tá díon tuí air fós. Tá na cúinní péinteáilte tar éis teacht chun bheith ina ngné thraidisiúnta freisin agus cuireann siad ábhar spéise breise leis an teach ó thaobh an mhaisiúcháin de. | Conamara | CLADHNACH | X:95724 Y:227418 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3393 | 30407810 | Droichead an Chroisín | Droichead bóthair aon áirse a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil ballaí cloiche agus teanntaí garbhchúrsáilte. Tá sraodbhalla cloch singil ann a cuireadh isteach le déanaí. | Tá an droichead seo tógtha go maith agus comhréireach agus cuireann sé go mór le radharc cósta an cheantair. Ina theannta sin, léiríonn sé leathnú an ghréasáin bóithre chuig na ceantair is iargúlta de chuid na tíre i lár an naoú haois déag. | Conamara | CLADHNACH | X:96095 Y:227646 |  |
| 3394 | 30409012 | | Fánán cé fiarlán ar an taobh thoir agus stóras bloc coincréite a cuireadh isteach le déanaí ar an taobh thiar. | Is fearrde an ché mhaischoincréite, dhea-thógtha seo mar gheall ar an chóipeáil aolchloiche cóirithe agus ar na poist feistithe atá ann. Tá an ché bainteach leis an stáisiún garda cósta in aice láimhe agus tá tábhacht ag an ngrúpa foirgneamh don réigiún ó thaobh cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus staire de. | Conamara | | X:96544 Y:222834 |  |
| 3395 | 30409105 | | Teach scoite dúchasach ceithre bháfhuinneog aon stór a tógadh c. 1800 agus ar cuireadh báfhuinneog breise leis ar an mbinn thoir | Tá an teach seo suite i gceantar tuaithe droimneach agus is gné chuidsúlach é mar gheall ar a dhíon tuí a bhfuil na sraitheanna bunaidh tuí de le feiceáil faoin tuí is nua atá ann. Tá na hoscailtí measartha beag fuinneoige agus dorais agus na doirse os coinne a chéile a bhí ann ón tús coimeádta ann, rud a choinníonn carachtar an tí. | Conamara | AN BHÁNRAINN BHÁN THEAS | X:98301 Y:222542 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3396 | 30409107 | | Bosca poist d'iarann teilgthe atá ceangailte den bhalla agus a suiteáladh c. 1890 agus ar a bhfuil coróin agus feathal ríoga an Rí Edward VII | Is gnáthbhosca poist tuaithe de chuid dheireadh an naoú haois déag é seo agus tá sé in úsáid fós. Is sampla é de na boscaí poist olltáirgthe a dearadh go simplí agus is fearrde é mar gheall ar úsáid na litreoireachta ardaithe agus na rúnscríbhinn ríoga agus fónann sé mar chuimhneachán ar an tráth a raibh Éire ina coilíneacht de chuid Impireacht na Breataine. Tá ainm an teilgeora le feiceáil ar aghaidh an bhosca poist freisin, is é sin, W. T Allen & Co, London (1881-1955), a thosaigh ar bhosca poist a mhonarú don Choróin sa bhliain 1886. | Conamara | AN CARTÚR LEATHAN | X:102612 Y:222126 |  |
| 3397 | 30407903 | Scoil Nioclás Naomhtha | Scoil Nioclás Naomhtha – Seanscoil scoite trí bhá aon stór a tógadh c. 1890 agus a bhfuil stór áiléir aige. | Tá an tseanscoil seo suite laistigh dá tailte féin in aice le habhainn agus tá an déanamh agus an leagan amach comhchosúil le scoileanna tuaithe eile i gContae na Gaillimhe agus ar fud na hÉireann agus coimeádann sí cuid dá fabraic stairiúil, lena n-áirítear leaca aolchloiche uirlisithe agus geata luascánach iarainn shaoirsithe ar saintréith é de chuid mhór scoileanna den sórt seo. Bheadh an foirgneamh seo ina lárionad tábhachtach oideachais don phobail áitiúil tuaithe a mbeadh orthu achair fhada a thaisteal, murach é, chun teacht ar shaoráidí oideachais. Tá roinnt mionsonraí ealaíonta ann san fhoirgneamh agus tá rachtaí ann atá gearrtha go maisiúil agus iad ag gobadh amach as na sceimhleacha, rud a chuireann le cuma na haghaidhe. | Conamara | GLEANN MHAC MUIRINN | X:101671 Y:229386 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3398 | 30407901 | | Lóiste Fhormaoil – Lóiste scoite trí bhá dhá stór a tógadh le déanamh neamhrialta c. 1875 | Rinne muintir Berridge an lóiste pictiúrtha seo, atá suite i bhfiántas Chonamara agus radhairc fhorleathana uaidh ar na Beanna Beola agus ar Shléibhte Mhám Toirc, a thógáil mar chuid d'Eastát Bhaile na hInse ar dtús agus úsáideadh é mar lóiste spóirt. Tógadh an teach ar bhealach oilte trí úsáid a bhaint as bloic gharbha chloiche agus as dhá chineál saoirseachta, rud a fhágann go bhfuil cuma spéisiúil ar an bhfoirgneamh. Trí úsáid a bhaint as brící dearga chun suntas a thabhairt do na mionsonraí ar an bhfoirgneamh, cruthaítear codarsnacht phléisiúrtha leis an gcloch nádúrtha, rud a chuireann feabhas ar charachtar aeistéitiúil an fhoirgnimh. Is léir an aird a tugadh ar mhionsonraí sa mhéid go ndéanann dearadh na méaduithe is luaithe aithris ar an teach bunaidh agus tá cuid de na méaduithe is déanaí i gcomhréir le déanamh an tí bunaigh sa mhéid gur baineadh úsáid as clocha nádúrtha le linn an obair sin a dhéanamh. | Conamara | GLEANN MHAC MUIRINN | X:102999<br>Y:232256 |  |
| 3399 | 30407902 | | Seanteach scoite ceithre bhá aon stór de chuid maoir géim a tógadh c. 1890 agus a úsáidtear mar cheardlann anois | Tógadh é ar dtús do mhuintir Berridge mar theach maoir géim ar eastát Bhaile na hInse. Bhí ról tabhachtach ag an maor géim ar eastát lámhaigh amhail eastát Bhaile na hInse agus tá an foirgneamh seo ina chuid tábhachtach d'oidhreacht ailtireachta Chontae na Gaillimhe. Ós rud é gur úsáideadh coincréit agus iarann roctha i bhfabraic an fhoirgneamh, bhíothas in ann an tógáil a dhéanamh go tapa agus mhair sé tamall fada i riocht maith. Modh neamhghnách tógála atá ann sa cheantar seo i gContae na Gaillimhe mar gur clocha an rogha is fearr le daoine. | Conamara | GLEANN MHAC MUIRINN | X:102988<br>Y:232138 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3400 | 30409109 | | Áith feamainne saorsheasaimh ar déanamh cruinn atá scriosta anois. Ballaí garbhshaoirseachta eibhir agus d'fhéadfadh sé go raibh múchán ann. | Tá áitheanna feamainne ina ngné de chóstaí Atlantacha ach is annamh a mhaireann siad slán. Ba shócmhainn thábhachtach iad don phobal áitiúil de bharr fostaíocht luachmhar a sholáthar. Rinneadh feamainn dhubh a bhailiú agus í a dhó sna háitheanna chun ceilp a dhéanamh a díoladh le gníomhairí agus a úsáideadh chun línéadach a thuaradh agus gloine a mhonarú. Tá na háitheanna seo suite go maith ar limistéar ardaithe buncharraige agus bhí siad suite gar do chuan beag a dtabharfaí an fheamainn a bhí bailithe chuige. | Conamara | COR NA RÓN | X:104333<br>Y:221300 |  |
| 3405 | 30405306 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí, trí bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus a bhfuil claonseantán curtha leis | Is sampla maith é seo den ghnáth-theach ceann tuí sa cheantar seo. Ós rud é go bhfuil an díon tuí agus na hoscailtí fuinneoige measartha beag ann fós, caomhnaítear carachtar dúchasach an fhoirgnimh. Is fearrde suíomh an tí agus na bhfothithe mar gheall ar na garraithe agus teorainn an bhóthair. | Conamara | GLEANN GABHLA THIAR | X:106978<br>Y:242116 |  |
| 3406 | 30404002 | Teach an Ghoirt Dhrisigh | Teach an Ghoirt Dhrisigh – Teach scoite trí bhá dhá stór, ar dhéanamh L a tógadh c. 1870 agus ag a bhfuil báfhuinneog foircinn starrach ar an ingearchló tosaigh, mar aon le báfhuinneog uilleach ar a bhfuil díon cothrom, póirse oscailte ar an gcoirnéal aisfhillteach, agus trí bháfhuinneog ar an taobh-ingearchló thiar thuaidh agus le bloc ar an taobh thoir theas a tógadh c.1990 a mheaitseálann an teach bunaidh agus le báfhuinneoga uilleacha go dtí urlár na talún. | Baineann Teach an Ghoirt Dhrisigh le tréimhse measartha déanach agus is teach beag tuaithe é atá suite ar chladach theas Loch Coirib. Is ionann a fhoirm agus gnáthfhoirme thithe na ré sin agus is fearrde go mór é mar gheall ar éagsúlacht na gcodanna starracha de agus mar gheall ar an bpóirse colúnáidithe. Cuireann na fuinneoga saise adhmaid agus an doras painéalta atá coimeádta ann leis an ábhar spéise a bhaineann leis an bhfoirgneamh, agus is amhlaidh an scéal i gcás mhionsonraí an bhloic dhea-thógtha a cuireadh leis an bhfoirgneamh tráth níos déanaí. Tá comhthéacs spéisiúil ann mar thoradh ar a shuíomh cois locha agus mar thoradh ar an gcuan agus na garraithe breátha tírdhreachaithe a ghabhann leis. | Conamara | AN GORT DRISEACH | X:111193<br>Y:246467 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3407 | 30405401 | | Droichead cloiche bóthair aon áirse a tógadh c. 1870 agus ina gcuimsítear áirse theascánach ar a bhfuil tacaí batair cliathánacha. | Tá an sampla breá seo d'innealtóireacht lár an naoú haois déag i riocht maith caomhantais. Tá an dearadh pléisiúrtha ó thaobh na haeistéitice de agus tá codarsnacht ann idir na stuachlocha agus na codanna eile den droichead. Is gné thábhachtach struchtúrach iad na tacaí batair agus cuireann siad le cuma shainiúil an droichid freisin. | Conamara | BARR ROISÍN | X:112038 Y:244219 |  |
| 3408 | 30405402 | | Teach scoite dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil póirse ar an ingearchló tosaigh agus méadú dhá bhá agus dúin cothrom air, ar an bhfoirceann thiar thuaidh | Tá an teach ceann tuí seo ionadaitheach d'iarthar na Gaillimhe agus coimeádann sé gnéithe a bhí coitianta i dtithe dúchasacha, amhail oscailtí beaga fuinneoige ar a bhfuil saiseanna adhmaid agus stoc íseal simléir. Tá sé i measc líon an-bheag tithe ceann tuí atá ann fós sa cheantar seo. | Conamara | TULAIGH AN BHROIC | X:111989 Y:243791 |  |
| 3410 | 30405405 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí, cúig bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus a bhfuil méadú, agus díon cothrom air, curtha leis ar chúl an tí. | Tá an teach ceann tuí seo measartha fada, rud atá neamhghnách in iarthar na Gaillimhe agus tá gnéithe riachtanacha de chuid ailtireacht dhúchasach na hÉireann coimeádta ann amhail oscailtí fuinneoige measartha beag, ballaí tiubha batair, stoic ísle simléir agus mionsonraí simplí dín. | Conamara | AN GORT RIABHACH | X:113853 Y:241967 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3411 | 30402708 | Lóiste na Carraige | Lóiste na Carraige – Teach scoite trí bhá aon stór a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil póirse ar an mbealach isteach ar thaobh tosaigh an tí mar aon le taobh-ingearchlónna trí bháfhuinneog | Tá an teach suntasach seo suite go pléisiúrtha agus go comhréireach sa tírdhreach agus is fearrde an chuma atá air mar gheall ar an simléar mór lárnach ar bharr an dín sclátaí bunaidh agus tá moidillin mhaisiúla ann mar thaca don díon sin. Tá garraithe maisithe agus crainn mhóra dhuillsilteacha ann timpeall an tí agus cuireann siad sin go mór leis an suíomh ina bhfuil sé. | Conamara | AN CHARRAIG THOIR | X:107170<br>Y:252881 |  |
| 3412 | 30402601 | Droichead Chorr na Móna | Droichead Chorr na Móna – Droichead bóthair aon áirse aolchloiche eisléireachta a tógadh c. 1840 thar Abhainn Dhubhachta/Chorr na Móna agus ag a bhfuil áirse éilipseach | Tá an droichead seo ina shampla breá d'innealtóireacht thús an naoú haois déag agus léiríonn sé an leibhéal ard saothair agus oilteachta a bhí ann an tráth sin. Tá sé sin soiléir go háirithe sna bloic aolchloiche uirlisithe. Bhíothas in ann an droichead a úsáid fós d'ainneoin an damáiste a rinneadh dó le buama Poblachtach i rith Chogadh Cathartha bhlianta na 1920-idí. Cuireann na stuachlocha aolchloiche seaimféaráilte agus na tacaí spréite feabhas ar charachtar aeistéitiúil an droichid. | Conamara | AN CHARRAIG THIAR<br>Corr na Móna | X:103954<br>Y:252609 |  |
| 3414 | 30402703 | | Seanbheairic scoite chonstáblachta ar déanamh L, trí bhá dhá stór a tógadh c. 1880. | Coimeádann an tseanbheairic chonstáblachta seo an chuid is mó dá gnéithe agus dá carachtar bunaidh. Tá an aghaidh níos suntasaí mar gheall ar roinnt gnéithe tábhachtacha amhail cláir bhinne shnoite agus barrghréasa snoite, báfhuinneoga uilleacha dhá stór agus an chodarsnacht idir na fuinneoga cearnógcheannacha agus an fhuinneog aonair chruinncheannach dhépháirteach. Ós rud é gur úsáideadh é mar bheairic chonstáblachta is mó an t-ábhar spéise atá ag an bhfoirgneamh. | Conamara | AN FHAICHE | X:109293<br>Y:256024 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3415 | 30402707 | | Seaníoclann scoite ar déanamh L, dhá stór a tógadh c. 1860, ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog ar an gcéad urlár agus cúig bháfhuinneog ar an mbunurlár | Is teach modhúil é seo ach is teach tarraingteach é a bhí coitianta faoin tuath sa naoú haois déag ó thaobh stíle agus foirme de. Is fearrde é de bharr na fuinneoga saise adhmaid agus an díon sclátaí a bheith coimeádta ann. Tá cuma shainiúil ar an aghaidh mar gheall ar shocrú neamh-aonfhoirmeach na bhfuinneog. | Conamara | AN ROISÍN THIAR | X:109539 Y:255686 |  |
| 3425 | 30402711 | | Seancheárta scoite binn-éadanach, aon stór a tógadh c. 1850 agus nach n-úsáidtear faoi láthair. Díon claonta sclátaí agus cóipeálacha coincréite ar na beanna. | Is iad saintréithe na seancheárta seo na ballaí cloiche garbhghearrtha atá cúrsáilte go randamach agus cruth an chrú capaill ar an bpríomhbhealach isteach chuici, ar cruth é a léiríonn cuspóir an fhoirgnimh. Méadaíonn an crú capaill aolchloiche uirlisithe atá thart ar an mbealach isteach agus an painéal os a chionn sin an cháilíocht mhaisiúil a bhaineann le foirgneamh atá suite in ionad feiceálach i gcomharsanacht Chonga agus eastát Chaisleán Cheapach Chorcóige Thoir. | Conamara | CREIG AN RÍ | X:114391 Y:255587 |  |
| 3426 | 30402712 | | Droichead aon áirse aolchloiche a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil áirse theascánach lena ngabhann stuaclocha, ballaí agus piaraí cóirithe. | Cé go bhfuil dearadh an droichid bóthair seo simplí, léiríonn sé saintréithe na dea-innealtóireachta a bhí ann sa naoú haois déag. Tá codarsnacht ann idir na stuachlocha agus na clocha cóipeála garbha agus cuireann siad le cuma an droichid. Is fearr a oireann an droichead dá shuíomh mar gheall ar chlocha garbha na n-oscailtí. | Conamara | CREIG AN RÍ | X:114465 Y:255586 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3429 | 30405404 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe a monaraíodh c. 1880 | Tá an caidéal uisce tearc seo ar marthain ó bhí deireadh an naoú haois déag ann. Léiríonn sé mionsonraí ealaíonta sa dearadh, rud a chuireann feabhas ar chuma aeistéitiúil an chaidéil nach mbeadh ann ach rud feidhmiúil murach sin. Bheadh ról tábhachtach ag an gcaidéal seo sa naoú haois déag agus san fhichiú haois trí fhoinse uisce a sholáthar do phobal an cheantair tuaithe seo. | Conamara | CNOC AN BHRACHÁIN THIAR | X:116500 Y:240704 |  |
| 3430 | 30406815 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe a cuireadh in airde c. 1880. | Léiríonn an caidéal uisce seo de chuid dheireadh an naoú haois déag mionsonraí ealaíonta ina dhearadh, lena n-áirítear seafta bandáilte agus caipín, mar aon le hanla cuartha ar déanamh eireabaill bó, ar nithe iad sin a chuireann feabhas ar chuma aeistéitiúil an chaidéil fheidhmiúil seo. Léiríonn na tracha coincréite chun tosaigh agus ar gcúl a ról mar sholáthar uisce d'ainmhithe. Léiríonn an greim simplí buicéid ar an sconna a thábhacht sa naoú haois déag agus san fhichiú haois maidir le foinse uisce a sholáthar do phobal an cheantair tuaithe. | Conamara | ROS CATHAIL THIAR | X:116710 Y:239048 |  |
| 3431 | 30406802 | | Bosca poist saorsheasaimh d'iarann teilgthe a cuireadh in airde c. 1910. | Cuireann an bosca poist d'iarann teilgthe seo le tarraingteacht an tírdhreacha máguaird. Bhí an bosca poist an-tábhachtach don phobal áitiúil tuaithe i dtaca le cúrsaí cumarsáide de. Tá an cineál seo bosca poist ag éirí níos teirce in Éirinn. | Conamara | AN ROS Ros Cathail | X:117138 Y:238411 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3437 | 30408103 | Droichead Leamhchoille | Droichead Leamhchoille – Droichead bóthair aon réise, garbhshaoirseachta a tógadh c. 1830 agus ag a bhfuil aon áirse dhronncheannach. | Tá an droichead bóthair cloiche seo ina chuid thábhachtach de bhonneagar bóithre Chontae na Gaillimhe. Cruthaíonn a aolchloch uirlisithe codarsnacht amhairc agus uigeachta leis na spandrail garbhshaoirseachta agus cuireann sí feabhas ar charachtar foriomlán aeistéitiúil an déanmhais. | Conamara | Leamhchoill | X:118665<br>Y:229841 |  |
| 3439 | 30409304 | Carraig Mór House | Carraig Mór House – Teach scoite ar dhéanamh L, trí bhá dhá stór a tógadh c. 1860 agus ag a bhfuil bá iontrála starrach dhá stór ar leibhéal beagáinín níos ísle | Tá scála suntasach, mórthaibhseach an tí seo ar aon dul le scála na hailtireachta a bhaineann le tithe móra cónaithe an naoú haois déag. Is mó tarraingteacht an fhoirgnimh mar gheall ar a fhoirm shainiúil, lena n-áirítear báfhuinneog bhosca, díon mionsaothraithe agus sraith stoc simléir. Tá sé níos tarraingtí fós mar gheall ar na mionsonraí atá coimeádta ar na ballaí agus ar na hoscailtí. Fágann dearadh agus mórdhlúthú an tí seo, chomh maith lena shuíomh cósta cois bóthair, gur gné shuntasach é ar an bpríomhbhóthar siar feadh Chuan na Gaillimhe. | Conamara | NA FORBACHA GARBHA | X:120407<br>Y:222617 |  |
| 3440 | 30408104 | Killeen House | Killeen House – Teach saorsheasaimh 5 bhá 2 stór ag a bhfuil áiléar dormánta lena ngabhann báfhuinneog bhosca dhá stór, agus é déanta as aolchloch go formhór, ar teach é a tógadh c. 1837 agus a ndearnadh athfheistiú mór air sa bhliain 1963 | Ta an foirgneamh mórthaibhseach seo suite ar limistéar ardaithe talaimh óna bhfuil radharc fairsing le fáil amach ar Loch Coirib. Cuirtear beocht mhór le haghaidh an fhoirgnimh mar thoradh ar an bháfhuinneog bhunaidh chreinilithe atá coimeádta ann. Tá bealach isteach suntasach ag an bhfoirgneamh agus tá barrghréasa cloiche maisiúla ar na piaraí agus tá geataí suntasacha iarainn shaoirsithe ann. | Conamara | AN CILLÍN | X:126210<br>Y:228806 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3441 | 30408201 | Glenloe Abbey Hotel | Glenloe Abbey Hotel – Seanteach tuaithe scoite 5 bhá dhá stór, os cionn leathíoslaigh, a tógadh c. 1740 agus a athchóiríodh sa bhliain 1984. | Tá an seanteach tuaithe seo, arb é teach dúchais mhuintir Ffrench é, ar aon dul le teaghaisí móra diméine a bhí ann ar fud na hÉireann san ochtú haois déag. Baineann foirm shainiúil leis an bhfoirgneamh, lena n-áirítear báfhuinneog uilleach agus staighre mórthaibhseach ag an mbealach isteach. Cuirtear go mór lena luach ailtireachta mar gheall ar cholbha mionsaothraithe an dorais agus mar gheall ar a shuíomh suntasach ó thaobh an tírdhreacha de. | Conamara | BAILE AN CHEANTAIGH | X:126838<br>Y:228296 |  |
| 3445 | 30341002 | | Teach dhá stór ag ceann sraithe, Cearnóg an Mhargaidh, a tógadh c. 1860 agus cúig bháfhuinneog ar a bhunurlár agus trí bháfhuinneog ar a chéad urlár. | Is suntasach an rindreáil dhomhain-chlasaithe ar an teach seo agus, chomh maith leis na colbhaí rindreáilte ar na hoscailtí agus ar na cúinní, tá sé ceaptha chun aithris a dhéanamh ar fhoirgnimh eile is airde stádas lena ngabhann aghaidheanna cloiche gearrtha. Tá cóiriú dea-eagraithe na bhfuinneog pléisiúrtha agus tá ionad ar leith aige sa sráid-dreach mar gheall ar an éadan leathan ar thaobh na sráide. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA<br>An Gort | X:145009<br>Y:202044 |  |
| 3451 | 30341012 | Power of Flowers, An Gort | Power of Flowers, Cearnóg an Mhargaidh. Teach sraithe ceithre bhá trí stór a tógadh c. 1800 agus éadain siopa aige ar an mbunurlár, mar aon le háirse charráiste. | Is fearrde éadan leathan an tsiopa, a bhfuil cóiriú a chuid fuinneog rud beag neamhshiméadrach, mar gheall ar áirse a bheith ann trína bhfaightear rochtain ar lána. Cuireann an colbha thart ar an doras Gibbsiach beocht isteach san aghaidh agus fágann sé sin go bhfuil an foirgneamh ina chuid de ghrúpa foirgneamh eile thart ar an tseanchearnóg mhargaidh agus, ina theannta sin, léiríonn sé an fheidhm dhéach a bhí ag déanmhais uirbeacha, is é sin le rá, feidhm thráchtála agus feidhm chónaitheach. Is léir staid thraidisiúnta an Ghoirt mar bhaile margaidh don cheantar sa líon tithe ceannaithe rathúla atá ann i gCearnóg an Mhargaidh agus sa Phríomhshráid agus sa cheantar thart ar na sráideanna sin. | Baile Locha Riach | AN GORT | X:145098<br>Y:202144 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3452 | 30341016 | Críost Rí | Leacht saorsheasaimh, Cearnóg an Mhargaidh, a cuireadh in airde c. 1930, agus ina gcuimsítear fíor marmair snoite ar thomhas nádúrtha de Chríost Rí, agus é suite ar bhonn aolchloiche snoite barrchaolaithe cearnóg-phróifíle, agus inscríbhinn air mar aon le painéil snoite crosfhí ceiltí ar an mbonn faoin dealbh | Léiríonn mionsonraí breátha na deilbhe seo le Albert Power an ardoilteacht a bhain leis an snoíodóireacht chloiche agus leis an dealbhóireacht a bhí i gceist. Ba é Thomas Cullen a dhear an bonn. Léiríonn an chrosfhí shnoite Cheilteach agus an litreoireacht Ghaelach an spéis mhéadaitheach san fhéiniúlacht náisiúnta sa tréimhse go gairid tar éis bhunú an Stáit. Fágann an bonn ard gur gné shuntasach é agus fágann a shuíomh laistigh de Chearnóg an Mhargaidh go bhfuil sé infheicthe ó gach treo agus gur pointe fócasach é i lár an bhaile. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA An Gort | X:145117 Y:202114 |  |
| 3458 | 30341025 | Stáisiún an Gharda Síochána, an Gort | Seanbheairic scoite RIC ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór agus a tógadh c. 1850, agus taobh-ingearchló dhá bháfhuinneog (thoir thuaidh) aige, mar aon le aisfhilleadh lánairde cúig bháfhuinneog atá i gceangal le bloc dhá stór ar an taobh thiar thuaidh. Úsáidtear é anois mar stáisiún Garda. | Foirgneamh suntasach feidhmiúil ag a bhfuil aghaidh ghruama agus é rud beag doicheallach. Cuireann na doirse aolchloiche gearrtha, colbhaí na bhfuinneog agus na leaca fuinneog feabhas air agus cruthaíonn siad fócas fíneálta maisiúil. Tá sé ina chuid de ghrúpa níos mó déanmhas míleata agus constáblachta. | Baile Locha Riach | AN GORT | X:145201 Y:202146 |  |
| 3459 | 30341026 | | Teach scoite trí bháfhuinneog dhá stór, Sráid na Beairice, a tógadh c.1850 agus ag a bhfuil sean-fhotheach atá teorantach leis an ingearchló thoir, mar aon le méadú ar chúl an fhoirgnimh. | Tá an foirgneamh seo suntasach mar gheall ar dhea-cháilíocht na saoirseachta aolchloiche agus na mionsonraí atá ann. Sa bhliain 1837 luadh an méid seo a leanas in Lewis's Topographical Survey "*Barracks have existed at Gort for a very long period, and £7000 have been lately expended in building houses for officers and store-rooms; they will now accommodate 8 officers, 88 men, and 116 horses*." Tugann foirm agus ionad an fhoirgnimh seo le fios go bhfuil an foirgneamh seo ina cheann de na foirgnimh dá ndéanann sé tagairt. | Baile Locha Riach | AN GORT | X:145195 Y:202119 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3464 | 30341036 | | Seanbheairic mhíleata scoite ag a bhfuil deich bháfhuinneog agus trí stór agus a tógadh c. 1820 i Sráid na Beairice. Á úsáid mar stóras anois. | Tá dearadh simplí agus mionsonraí simplí ann sa tseanbheairic seo, rud a léiríonn a chuspóir feidhmiúil agus coimeádann sé cuid mhór gnéithe spéisiúla agus ábhar spéisiúil, amhail na fuinneoga saise, colbhaí aolchloiche na ndoirse agus an díon sclátaí. Tá sé suite laistigh de thailte na seanbheairice míleata agus tá sé ina chuid de ghrúpa déanmhas gaolmhar. Sa bhliain 1837 luadh an méid seo a leanas in Lewis's Topographical Survey '*Barracks have existed at Gort for a very long period, and £7000 have been lately expended in building houses for officers and store-rooms; they will now accommodate 8 officers, 88 men, and 116 horses*.' | Baile Locha Riach | AN GORT | X:145279<br>Y:202138 |  |
| 3467 | 30341043 | Ambiance / Dragon King | Ambiance / Dragon King, Sráid an Droichid, Sráid na Banríona. Teach aolchloiche deireadh sraithe, trí bhá trí stór a tógadh c. 1860 agus ar cuireadh méadú cúig bhá trí stór leis le déanaí, ag cúl an fhoirgnimh. Á úsáid anois mar bhialann freisin. | Tá an foirgneamh seo suite ag cúinne feiceálach i lár an bhaile. Oireann a fhoirm ard dá shuíomh agus is foirgneamh suntasach é mar gheall ar na fuinneoga laghdaitheach, rud a bhí ina shaintréith de chuid foirgneamh sa tréimhse lena mbaineann. Tá déanamh maith sa doras agus soláthraíonn sé ábhar spéise breise don aghaidh. Is fearrde an leagan amach atá air mar gheall ar na fuinneoga saise adhmaid agus na ráillí maithe teorann atá coimeádta ann. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA<br>An Gort | X:145216<br>Y:201975 |  |
| 3468 | 30341044 | | Teach sraithe aolchloiche dhá bhá trí stór, Sráid an Droichid, a tógadh c. 1860. | Tá díonlíne an fhoirgnimh mhórthaibhsigh seo i gcomhréir leis an gcuid eile den tsraith agus tá dearadh a aghaidhe comhchosúil le dearadh na bhfoirgneamh in aice leis. De bharr na haonfhoirmeachta sin, tá cuma dhearfach ar an sráid-dreach. Is gné shuntasach é colbha aolchloiche an dorais agus soláthraíonn sé sin ábhar spéise breise ó thaobh an mhaisiúcháin de. Tá cóiriú laghdaitheach na bhfuinneog ina ghné choitianta den tréimhse lena mbaineann. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA<br>An Gort | X:145209<br>Y:201969 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3469 | 30341045 | Banc na hÉireann | Banc na hÉireann, Sráid an Droichid. Foirgneamh sraithe bainc ag a bhfuil sé bháfhuinneog agus trí stór agus a tógadh c. 1860 agus is dóigh gur dhá theach a bhí ann ar dtús. Balla plionta aolchloiche mar aon le ráille iarainn shaoirsithe chun tosaigh ar an láithreán. | I gcomhréir le foirgnimh bhainc de chuid an naoú haois déag, léiríonn an foirgneamh seo méid mór oilteachta agus ceardaíochta i dtaca lena dhearadh agus leis an déanamh atá ann. Cuireann stua-mhóitíf an bhunurláir teach margaidh i gcuimhne agus, ag an am céanna, is fearrde an aghaidh mar gheall ar na mionsonraí clasaiceacha sa rindreáil, ar mionsonraí iad a chuireann beocht san aghaidh. Fágann a éadan leathan sráide gur cuid shubstaintiúil é de shráid-dreach Shráid an Droichid. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA An Gort | X:145232 Y:201955 |  |
| 3470 | 30341047 | Scoil Náisiúnta Chlochar na Trócaire | Scoil Chlochar na Trócaire, Sráid na Banríona. Scoil scoite ar déanamh H, il-bháfhuinneoige, dhá stór a tógadh c. 1860. | Tá mórdhlúthú measartha simplí ann san fhoirgneamh substaintiúil scoile seo, agus é i bhfoirm H, agus tagann na ceannbhánna starracha agus cóiriú rithimiúil na bhfuinneog le chéile chun taobh amuigh pléisiúrtha a chruthú. Mar thoradh ar an úsáid a bhaintear as foirmeacha éagsúla fuinneog agus mar thoradh ar chineálacha éagsúla fuinneog sleamhnáin saise adhmaid a bheith coimeádta ann, cuirtear go mór lena luach oidhreachta. Tá sé ina chuid de ghrúpa níos mó foirgneamh gaolmhar ina bhfuil an clochar, an séipéal agus an droichead coisithe. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ AODHA | X:145179 Y:201880 |  |
| 3471 | 30341050 | Woodley B & B | Woodley B & B, Sráid Sheoirse. Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh sa bhliain 1929 agus ag a bhfuil báfhuinneoga foircinn uilleacha lánairde ar an ingearchló tosaigh (thiar theas) agus aisfhilleadh lánairde dhá bháfhuinneog ar a chúl. | Teach dathúil ar stíl bailtín agus é ionadaitheach do dhearadh tithe de chuid thús an fichiú haois. Fágann an úsáid a bhaintear as brící múnlaithe go bhfuil cuma spéisiúil, phléisiúrtha air, ar fearrde é mar gheall ar an úsáid a bhaintear as terracotta mar ghné mhaisiúil, de réir mar is léir sna barrghréasa, sa choirnis agus sna stuachlocha. | Baile Locha Riach | AN LEATHBHAILE An Gort | X:145304 Y:201919 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3472 | 30341052 | | Droichead Iarnróid, Sráid Sheoirse. Droichead iarnróid aon réise a tógadh sa bhliain 1869 agus a iompraíonn líne iarnróid na hInse-Bhaile Átha an Rí thar an tsráid. | Mar thoradh ar fhoirm shimplí agus ar neart teanntachta na cruach, is féidir réise níos leithne a bheith ann ná mar a bheadh indéanta i gcás áirse shaoirseachta. Tá an droichead seo sa Ghort i measc roinnt cineálacha éagsúla droichid iarnróid ar líne iarnróid na hInse-Bhaile Átha an Rí, a bhí á reáchtáil ag an Great Southern and Western Railway tráth. Léiríonn sé fianaise ar cheardaíocht ardoilte a mhéid a bhaineann leis an tsaoirseacht – tá bailchríoch curtha ar na teanntaí garbha tríd an bhfilléad imill dhírigh atá ann sna cúinní. Is gné spéisiúil ailtireachta é thar bhóthar gnóthach. | Baile Locha Riach | AN LEATHBHAILE An Gort | X:145326 Y:201867 |  |
| 3473 | 30341053 | J.J. Noone | J.J. Noone, Teach sraithe ceithre bhá dhá stór a tógadh c. 1820 agus éadan siopa aige ar an bhfoirceann thuaidh den bhunurlár. | Foirgneamh suntasach ar an tsráid agus duine ag dul i dtreo lár an Ghoirt ón taobh theas. Is fearrde an aghaidh mar gheall ar na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid atá coimeádta ann agus mar gheall ar an éadan siopa atá cothabháilte go maith. Tá scála an fhoirgnimh seo níos mó ná scála na bhfoirgneamh siopa agus tí laistigh den bhaile agus dhá theach a bhí ann ar dtús i gcás cuid mhór acu. | Baile Locha Riach | AN LEATHBHAILE An Gort | X:145367 Y:201826 |  |
| 3474 | 30341056 | Ceárta an Ghoirt | Ceárta an Ghoirt, Sráid Sheoirse, Seancheárta scoite bin-éadanach ag a bhfuil aon bháfhuinneog agus aon stór agus dar dáta 1912. Déanann an phlaic aithris ar an bplaic ar chuir Yeats faoi deara í a chur in airde ar a thúrtheach i dTúr Bhaile Uí Laoi tar éis dó an foirgneamh a athbhunú ón mbliain 1916 ar aghaidh. | Tá foirm shimplí ag an teach beag tarraingteach seo ar a bhfuil maisiúchán rindreála a léiríonn a fheidhm. Tugann plaic an dáta agus an phlaic faisnéise ar an mballa comhthéacs leis an láithreán. Déanann an phlaic aithris ar théacs na plaice ar chuir Yeats faoi deara í a chur in airde ar a thúrtheach i dTúr Bhaile Uí Laoi tar éis dó an foirgneamh a athbhunú ón mbliain 1916 ar aghaidh agus cabhair aige ó shaothar an ghabha i gceárta an Ghoirt. Cé gurb é an bhliain 1912 a luaitear mar dháta don fhoirgneamh seo, bhí ceárta ar an láithreán seo sa chuid deiridh den naoú haois déag. | Baile Locha Riach | AN LEATHBHAILE An Gort | X:145448 Y:201710 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3476 | 30339001 | Delamain Lodge | Delamain Lodge. Teach scoite cúig bhá aon stór os cionn leathíoslaigh, a tógadh c. 1775 agus aisfhilleadh beannach aige ar an ingearchló cúil (thiar). | Tógadh an teach seo de réir na stíle bailtín agus tá siméadracht láidir ann, rud atá soiléir óna dhoras lárnach, ó na taobhshoilse agus ón staighre gaolmhar. Tá ábhar spéise breise le fáil i mionsonraí eile amhail na potaí simléir neamhghnácha atá ann agus na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann. | Baile Locha Riach | CINN MHARA | X:137060 Y:210602 |  |
| 3477 | 30339007 | | Cuan a tógadh c. 1800. Tá dhá ché feistithe ann mar aon le ballaí aolchloiche cearnaithe agus staighre ionsuite a thugann rochtain ar an uisce, agus fánán pabháilte coincréite ann ar an bhfoirceann. | Léiríonn an cuan fairsing seo tábhacht Chinn Mhara mar shráidbhaile iascaireachta agus, chomh maith leis sin, tá sé ionadaitheach do na scileanna teicniúla agus innealtóireachta a bhí ag na daoine a dhear é agus a thóg é. Úsáideadh aolchloch áitiúil chun é a thógáil. Is ionad trádála é an cuan mar chuid de ghrúpa déanmhas ina n-áirítear an stóras in aice láimhe. | Baile Locha Riach | CINN MHARA | X:137301 Y:210315 |  |
| 3479 | 30339012 | | Teach sraithe trí bhá trí stór, a tógadh c. 1810 | Fágann aghaidh mhórthaibhseach an fhoirgnimh seo rian suntasach ar an sráid-dreach. Is gné shuntasach iad na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid, idir fhuinneoga aonair agus fhuinneoga dépháirteacha, agus cuireann siad leis an spéis ailtireachta a bhaineann leis. Soláthraíonn na leaca fuinneoige aolchloiche agus colbha gréasa fada agus gearr thart ar dhoras Gibbs codarsnacht leis an aghaidh mhínrindreáilte agus is fianaise na nithe sin ar an saibhreas a caitheadh ar thógáil an tí seo. | Baile Locha Riach | CINN MHARA | X:137351 Y:210202 |  |
| 3484 | 30339017 | Coláiste Seamount | Coláiste Seamount, mórláthair Chlochair agus meánscoile, Cinn Mhara, ina gcuimsítear teach trí bhá dhá stór a tógadh c. 1830 agus, ar an taobh thuaidh, tá póirse dín chothroim ann ar | Tá athrú tagtha ar an mórláthair seo ó theach dochtúra a dearadh go foirmiúil agus tá clochar agus scoil ann anois, mar aon le breisithe níos déanaí lena ngabhann stíleanna éagsúla agus a cuireadh isteach de réir mar a tháinig leathnú ar an gclochar agus ar an scoil. Tá | Baile Locha Riach | AN CARTRÚN | X:137433 Y:210170 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | an ingearchló tosaigh agus, ar an taobh thoir, tá bloic éagsúla aon stór agus dhá stór ann a bhaineann leis an tréimhse c. 1930-60, agus díon cothrom orthu ar an taobh thoir agus ar chúl le clós beag agus bloc ar dhéanamh L ceangailte leis an gcúinne thiar theas. | cuma mhórthaibhseach ar an mórláthair agus í suite ar chnoc a fhéachann amach ar Chinn Mhara. Mar gheall ar an ngeata breá aolchloiche agus ar an taobh-bhealach isteach a thugann rochtain níos cóngaraí don bhaile, tugtar comhthéacs don láthair agus cuirtear lena cháilíocht ailtireachta. | | | | |
| 3487 | 30337010 | | Tarae, The Walk, c. 1800. feadh líne chlais an bhaile mheánaoisigh a bhaineann le c. 1250 agus ina gcuimsítear líon mór droichead coise. | Ní úsáidtear an tarae seo a thuilleadh ach is éacht bhreá innealtóireachta é. Tá na bualchomhlaí ann fós, rud a chuireann comhthéacs leis an gcóras forleathan cumhachta uisce seo a thimpeallaíonn an baile agus is cuimhneachán é ar thionsclaíocht na haimsire atá caite sa cheantar agus, ag an am céanna, feidhmíonn sé mar thaitneamhacht luachmhar don phobal. Tá na mionsonraí ar na droichid stuacha cloiche agus ar na doirse gaolmhara do choisithe agus fágann sé sin go bhfuil an cháilíocht ghalánta atá ann níos suntasaí ná an fheidhm fhóntaí. Leanann an tarae líne chlais chosanta bhaile meánaoiseach Bhaile Locha Riach. | Baile Locha Riach | Baile Locha Riach | X:161657<br>Y:216460 |  |
| 3488 | 30337011 | C. Morrissey | C. Morrissey, Sráid Dhún Coillín; Teach ag deireadh sraithe ag a bhfuil dhá bháfhuinneog agus dhá stór agus a tógadh c. 1820 agus ar a bhfuil cóiriú maisiúil rindreála agus éadan siopa. | Tá an teach seo agus an teach tábhairne seo suite ar an mbealach isteach thiar chuig an bPríomhshráid. Tá ábhar spéise breise ann mar gheall ar chóiriú maisiúil na rindreála agus ar an éadan siopa dea-dhéanta agus, ag an am céanna, tarraingíonn oscailtí laghdaitheacha na bhfuinneog súil an duine aníos, rud a thugann le fios gur mó an méid solais atá ann. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:161709<br>Y:216631 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3489 | 30337012 | M. Keane | M. Keane, Sráid Dhún Coillín; Teach sraithe dhá bhá trí stór a tógadh c. 1820. Úsáideadh mar shiopa é roimhe seo freisin. | Cuireann an teach agus an siopa simplí seo le cuma an sráid-dreacha agus leanann an díonlíne ar aghaidh ón bhfoirgneamh in aice leis. Tá na hoscailtí laghdaitheacha fuinneoige coitianta i mBaile Locha Riach agus tá na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid ann fós. Is rud tearc é sa bhaile an t-éadan siopa a mhaireann. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:161756<br>Y:216594 |  |
| 3490 | 30337013 | Smith and O' Mahony Opticians | Smith and O.Mahony Opticians, an Phríomhshráid; Teach sraithe dhá bhá dhá stór ag a bhfuil áiléar dormánta agus a tógadh c. 1880, agus ag a bhfuil fuinneoga beannacha leathdhormánta mar aon le hoscailt chomhtháite carráiste. | Cruthaíonn an seanteach agus an teach tábhairne seo rian láidir ar an sráid-dreach agus tarraingíonn mionsonraí ornáideacha na rindreála súil an duine, rud a sholáthraíonn ábhar spéise breise do leibhéal an chéad urláir agus an dara hurlár agus nach bhfuil ann i gcodanna eile den tsráid. Tá na fuinneoga saise adhmaid agus na fuinneoga dúbailte ann fós agus cuireann sé sin leis an gcuma atá ar an teach. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:161904<br>Y:216575 |  |
| 3491 | 30337014 | J.D. Betting & Home Designs | JD Betting and Home Design; Foirgneamh Art Deco ag deireadh sraithe agus ag a bhfuil trí stór agus a tógadh c. 1930 agus ag a bhfuil dhá bháfhuinneog a fhéachann amach ar an bPríomhshráid agus ceithre bháfhuinneog ar an taobh-ingearchló. | Tá comhréireacht mhaith san fhoirgneamh Ard Deco seo agus tá codarsnacht spéisiúil ann leis na hingearchlónna Seoirseacha agus Victeoireacha atá flúirseach ar an gcuid seo den sráid-dreach. Comhlánaítear an maisiúchán simplí rindreála leis na mionsonraí guailleacha, seaimféaráilte ar an bhfuinneog agus ar oscailtí an dorais agus na bhfuinneog. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:161952<br>Y:216557 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3492 | 30337017 | | Droichead thar an abhainn ag Bóthar an Stáisiúin agus ag an bPríomhshráid, a tógadh c. 1760 | Léiríonn an droichead bóthair seo cáilíocht agus seasmhacht innealtóireacht agus cheardaíocht an ochtú haois déag. Tá an láithreán ina chuid de ghréasán fairsing bonneagair uisce bhaile Bhaile Locha Riach ina n-áirítear abhainn chanálaithe, lintéir, tarae agus bualchomhlaí. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:162243 Y:216628 |  |
| 3493 | 30337028 | | Teach ceangailte trí bhá trí stór ar Shráid Moore a tógadh c. 1860 agus áirse charráiste chomhtháite aige ar an bhfoirceann thuaidh. | Is déanmhas ard é seo a bhfuil éadan leathan siopa air agus seasann sé amach ar an tsráid agus is fearrde é mar gheall ar na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann. Baineadh úsáid as an rindreáil líneáilte rialaithe, coirnisí na bhfuinneog agus na cúinní cóireáilte chun aithris a dhéanamh ar uaisleacht agus clasaiceas foirgneamh cloiche gearrtha. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:162280 Y:216563 |  |
| 3494 | 30337029 | | Teach ag deireadh sraithe ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór agus a tógadh c. 1820 agus ag a bhfuil áirse charráiste chomhtháite ar an bhfoirceann theas. | Cé gur teach modhúil é seo, is sampla maith é de theach tuaithe traidisiúnta ag a bhfuil áirse charráiste chomhtháite a sholáthraíonn slí chuig clós ar chúl an tí. Is fearrde é mar gheall ar na fuinneoga saide adhmaid atá coimeádta ann, rud a chuireann le cuma phléisiúrtha na haghaidhe. Maidir leis an rindreáil líneáilte rialaithe agus leis na mionsonraí eile ar an rindreáil, fuarthas inspioráid ina leith ón ailtireacht chlasaiceach chun aithris a dhéanamh ar uaisleacht agus ar stádas sóisialta foirgneamh cloiche gearrtha. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:162307 Y:216557 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3495 | 30337030 | Bunscoil Naomh Íte | Bunscoil Naomh Íte, Cross Street – bunscoil ilchéime Chlochar na Trócaire – tógadh c. 1800 agus ina dhiaidh sin | Is é is cúis le déanamh casta an fhoirgnimh seo ná céimeanna éagsúla tógála a bheith ann agus is iad na bloic thuaidh na cinn is luaithe a tógadh. Tá na díonta géarchlaonta ar a bhfuil cloglanna agus barrghréasa croise, mar aon leis na fuinneoga stuacha rinneacha, coitianta mar ghné den ailtireacht eaglasta. Tá na bloic ar an taobh theas, a rinneadh de réir dhearadh na n-ailtirí W.H. Byrme & Son agus dar dáta 1925, i gcomhréir leis an déanmhas níos luaithe cé go bhfuil spásáil chúng na bhfuinneog ina ghné choitianta den chóiriú fuinneoige atá indéanta anois de bharr teicníochtaí nua-aimseartha tógála. Tá scála mór agus foirmeacha éagsúla an déanmhais comhchosúil le saintréithe clochar agus na scoileanna a ghabhann leo. Cé go bhfuil roinnt gnéithe éagsúla ann sa phríomhfhoirgneamh, tá comhleanúnachas ann mar gheall ar aonfhoirmeacht na n-ábhar a úsáideadh chun é a thógáil agus a mhaisiú. Tá éagsúlacht uigeach agus crómatach ann mar thoradh ar na mionsonraí aolchloiche agus ar na gaothairí aeir ar an díon agus soláthraíonn an inscríbhinn ar ingearchló na sráide comhthéacs staire. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:162308<br>Y:216479 |  |
| 3496 | 30337039 | Waterview | Teach scoite trí bhá aon stór os cionn íoslaigh, Waterview, Cross Street, a tógadh c. 1780 agus ag a bhfuil foircinn bhoghacha ar an ingearchló tosaigh (theas). | Teach galánta Seoirseach a tógadh de réir stíl bailtín agus lena ngabhann aghaidh láidir agus carachtar láidir. Tá foirgneamh níos mó i bhfolach taobh thiar dá ingearchló trí bhá aon stór. Is fearrde na tomhaiseanna clasaiceacha mar gheall ar bá cuasach an bhealaigh isteach agus is mó an tsiméadracht atá ann mar gheall ar na boghanna cliathánacha. | Baile Locha Riach | BAILE LOCHA RIACH | X:162425<br>Y:216379 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3497 | 30337040 | Mount Pleasant | Áirse gheata chuig Mount Pleasant, Bóthar Phort Omna, a tógadh c. 1880 agus ina gcuimsítear bealach isteach d'fheithiclí arb é atá ann ná áirse chruinn chreinilithe aolchloiche, agus piaraí aige ar a bhfuil barrchúrsaí agus pliontaí. | Maidir leis an ngeata daingean seo ar déanamh leachta, tá gnáthfhoirm scáthláin geata thrípháirtigh aige, agus athchruthaíonn sé é go samhlaíocht de réir stíl na hAthbheochana Gotaí. Tá sé ionadaitheach do chumadóireacht agus do cheardaíocht an chuid deiridh den naoú haois déag. Chomh maith le cuma phléisiúrtha a bheith air, feidhmíonn na ballaí cliathánacha mar theanntaí do spriongú na háirse. Tá sé suite ag deireadh an radhairc soir ó Bhaile Locha Riach agus is cuid den bhealach isteach uasal, mórthaibhseach chuig seanláithreán Mount Pleasant, agus fónann sé mar eastát tithíochta anois. | Baile Locha Riach | MOUNTPLEASANT | X:162572 Y:216188 |  |
| 3498 | 30410335 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga coitianta mar ghnéithe den traidisiún dúchasach in Éirinn. Bhí foirgnimh cheann tuí coitianta faoin tuath agus i sráidbhailte beaga ar fud na tíre, ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile agus is gné shuntasach é an ceann seo atá ann fós. Coimeádann sé a fhoirm bhunaidh agus a struchtúr bunaidh. Is gnéithe coitianta iad an fotheach agus balla an gharraí agus cuireann na nithe sin comhthéacs leis an láithreán. | Baile Locha Riach | CILL FHAOILE MHÓR | X:142477 Y:218505 |  |
| 3499 | 30410338 | | Cé dhéthaobhach ar déanamh L lena ngabhann ballaí aolchloiche gearrtha, a tógadh c. 1810. | Léiríonn tógail na cé seo le bloic aolchloiche gearrtha ardcháilíocht na saoirseachta. Tá an oscailt stuach neamhghnách agus cuireann sé le hábhar spéise na cé. Cé go bhfuiltear tar éis scor den chuid is mó den ghníomhaíocht tráchtála muirí, tá an ché ina chuid tharraingteach riachtanach den cheantar fós. Tá sé ar cheann de roinnt déanmhas cósta i gceantar Dheisceart na Gaillimhe, agus soláthraíonn sé fianaise ar an tábhacht a bhaineann le hiascaireachta agus le bailiú feamainne sa réigiún seo. | Baile Locha Riach | COILLÍN ÁRANN | X:137165 Y:216688 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3500 | 30410350 | Cé an Phollaigh | Cé an Phollaigh – Cé dhéthaobhach ar déanamh triantánach a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil balla cloiche garbhshaoirseachta agus balla rindreáilte garbhshaoirseachta ar an taobh theas. | Léiríonn an fhoirm shimplí agus an easpa maisiúcháin atá ann sa ché seo an nádúr feidhmiúil a bhaineann léi. Cé go bhfuiltear tar éis scor den chuid is mó den ghníomhaíocht tráchtála muirí, tá an ché ina chuid shuntasach den cheantar fós. Tá sí ar cheann de roinnt déanmhas cósta i nDeisceart na Gaillimhe, rud a léiríonn an tábhacht stairiúil atá ag iascaireacht agus ag bailiú feamainne sa réigiún. | Baile Locha Riach | | X:136534<br>Y:213619 |  |
| 3501 | 30410349 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí, ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus a bhfuil méadú, agus áiléar dormánta air, curtha leis le déanaí ar chúl an tí. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga coitianta mar ghnéithe den traidisiún dúchasach in Éirinn. Bhí foirgnimh cheann tuí coitianta faoin tuath agus i sráidbhailte beaga ar fud na tíre, ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile agus is gné shuntasach é an ceann seo atá ann fós. Coimeádann sé a fhoirm bhunaidh agus a struchtúr bunaidh. Tá balla an gharraí agus an garraí beag tosaigh ina ngnéithe coitianta agus soláthraíonn siad comhthéacs don láithreán. | Baile Locha Riach | AN POLLACH | X:138192<br>Y:214084 |  |
| 3502 | 30410347 | | Teach scoite trí bhá, dhá stór a tógadh c. 1940 agus ag a bhfuil aghaidh starrach chun tosaigh mar aon le haisfhilleadh breise dhá stór ar chúl an tí | Tá an teach tarraingteach meánmhéide seo ina ghné shuntasach ar thaobh an bhóthair. Tá na fuinneoga trípháirteacha suntasach agus cuireann na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid atá coimeádta ann lena cháilíocht. Soláthraíonn an doras glónraithe fócas maisiúil agus cuireann na cúinní rindreáilte feabhas ar struchtúr agus ar fhoirm an fhoirgnimh. | Baile Locha Riach | BAILE AN DOIRÍN | X:139132<br>Y:215259 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3503 | 30410341 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí, ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus a bhfuil claonseantán curtha leis ar an mbinn thiar. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga coitianta mar ghnéithe den traidisiún dúchasach in Éirinn. Bhí foirgnimh cheann tuí coitianta faoin tuath agus i sráidbhailte beaga ar fud na tíre, ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile agus is gné shuntasach é an ceann seo atá ann fós. Coimeádann sé a fhoirm bhunaidh, a struchtúr bunaidh agus a fhuinneoga bunaidh saise adhmaid. Is gnéithe coitianta iad balla an gharraí agus na fothithe agus cuireann na nithe sin comhthéacs leis an láithreán. | Baile Locha Riach | COILLÍN MHUINTIR LEÁIN THEAS | X:140509 Y:216580 |  |
| 3505 | 30411216 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. | Is sampla maith é seo de theach dúchasach ceann tuí sa cheantar seo. Baineadh úsáid as ábhair thraidisiúnta áitiúla sna déanmhais seo ach, cé go raibh siad coitianta tráth, tá siad ag éirí tearc. Cuirtear beocht i bhfoirm shimplí an tí seo trí na mionsonraí spéisiúla rindreála, go háirithe colbhaí maisiúla na bhfuinneog. Tá sé cothabháilte go maith agus tugtar comhthéacs don láithreán trí na foirgnimh feirme, tríd an gclós agus tríd an ngarraí atá tadhlach leis. Cuireann sí go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Baile Locha Riach | AN RÚ | X:133643 Y:210481 |  |
| 3506 | 30411217 | Rosevilla | Rosevilla - Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. | Tá foirm an tí ceann tuí seo ina gné choitianta den traidisiún dúchasach i nDeisceart na Gaillimhe. Bhí déanmhais ceann tuí le fáil go coitianta ar fud na hÉireann tráth ach tá siad ag éirí tearc anois agus, dá bhrí sin, tá sé inmholta go ndearnadh an teach cónaithe seo a choimeád i riocht maith. Cuireann na fuinneoga sleamhnáin saise adhmaid atá coimeádta ann lena suntas ailtireachta agus tugann siad paitean na haoise dó. Soláthraíonn an rindreáil mhín codarsnacht phléisiúrtha le gairbhe uigeach an tuí. | Baile Locha Riach | CEATHRÚ NA MADRADH | X:134465 Y:210144 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3507 | 30411218 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil díon claonta tuí. | Tá an teach traidisiúnta ceann tuí seo suntasach mar gheall ar an úsáid a baineadh as ábhair thraidisiúnta atá ar fáil go háitiúil de réir stíle a bhí coitianta tráth ar fud na tuaithe. Coimeádann sé cuid mhór dá fhoirm bhunaidh agus dá fhabraic bhunaidh agus soláthraíonn an fotheach in aice láimhe comhthéacs don ghabháltas beag tuaithe. Tá na hoscailtí beaga a bhfuil spásáil mhírialta orthu ina ngné choitianta den traidisiún dúchasach. | Baile Locha Riach | CEATHRÚ NA MADRADH | X:133832 Y:209790 |  |
| 3509 | 30412201 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus tá lochta ann os cionn an fhoircinn thiar. | Tá an teach ceann tuí seo ina ghnáthshampla maith d'ailtireacht dhúchasach tís an réigiúin seo. Tá sé cothabháilte go maith agus coimeádann sé fuinneoga saise adhmaid, ar gné é sin atá ag éirí tearc i gcoitinne. Is fearrde an suíomh mar gheall ar an bhfotheach gaolmhar agus ar an teorainn. | Baile Locha Riach | ARD NA gCNÓ | X:138496 Y:206787 |  |
| 3511 | 30411214 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí, trí bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus a bhfuil claonseantán curtha leis agus é athraithe chun bheith ina chuid den teach | Teach dúchasach ceann tuí ina bhfuil mionsonraí saintréitheacha. Tá sean-fhotheach athraithe chun bheith ina chuid den teach rud a sholáthraíonn spás breise cónaithe gan athrú a dhéanamh ar chuma thraidisiúnta fhada íseal an fhoirgnimh. Tá déanmhais den sórt seo ag éirí tearc de réir a chéile faoin tuath in Éirinn agus, dá bhrí sin, baineann suntasacht ar leith leo. | Baile Locha Riach | CROIS UATHA | X:135345 Y:211392 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3515 | 30411203 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil póirse beannach chun tosaigh | Tá foirm shimplí an tí seo suntasach mar gheall ar a chúrsa a phlionta rindreáilte. Tá sé comhchosúil le foirgnimh dhúchasacha a bhí coitianta tráth ach atá ag éirí tearc faoin tuath in Éirinn anois. Cé go bhfuil athrú déanta air thar na blianta, coimeádann sé a dhíon tuí, agus é i riocht maith, agus tá a fhoirm shimplí ann fós ar foirm í atá ina bunghné dá shuntasacht ailtireachta. | Baile Locha Riach | AN CHREIG BHUÍ | X:131784<br>Y:213355 |  |
| 3516 | 30411204 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil póirse chun tosaigh agus fál fothana air | Is sampla suntasach é seo de theach dúchasach ceann tuí inar úsáideadh ábhair thraidisiúnta áitiúla le linn é a thógáil agus a choimeádann cuid mhór dá fhoirm bhunaidh agus dá fhabraic bhunaidh. Tá na leaca fuinneoige suntasach de réir mar is amhlaidh i gcás an fháil fothana ar phóirse an bhealaigh isteach agus ar an leathdhoras, ar nithe iad sin a chuireann le cáilíocht aeistéitiúil an tí. Cuireann an teach seo go mór le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Baile Locha Riach | BAILE NUA NA LÍNSEACH | X:132107<br>Y:213368 |  |
| 3517 | 30410209 | | Cé aolchloiche lena ngabhann lamairne cloiche gearrtha a tógadh c. 1820 agus tá balla cloiche cóirithe ann ar chúl na cé (theas) | Léiríonn tógail na cé le bloic aolchloiche gearrtha ardcháilíocht na saoirseachta. Cé go bhfuiltear tar éis scor den chuid is mó den ghníomhaíocht tráchtála muirí, tá an ché ina cuimhneachán ar oidhreacht mhuirí an cheantair fós. Cruthaíonn na clocha cóirithe agus na clocha gearrtha codarsnacht lena chéile. | Baile Locha Riach | BAILE NUA NA LÍNSEACH | X:132798<br>Y:213659 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3518 | 30411207 | Duras Hostel | Duras Hostel - Teach scoite cúig bhá dhá stór dar data 1866. Ballaí aolchloiche garbhshaoirseachta ar gharraí fálaithe ar dhéanamh cearnógach, agus doras cearnógcheannach ann mar aon le geataí iarainn shaoirsithe agus d'iarann teilgthe | Ba é seo teach cónaí an Vicomte de Basterot tráth agus seo an áit inar bhuail Lady Augusta Gregory agus William Butler Yeats le chéile den chéad uair agus inar labhair siad faoin bhféidearthacht go mbunófaí amharclann ina bhféadfaí drámaí Éireannacha a chur ar an stáitse. Agus baineadh an méid sin amach i bhfoirm Amharclann na Mainistreach. Cé go bhfuil athrú déanta ar chuid d'fhabraic an tí, coimeádann sé cuid mhór dá fhoirm bhunaidh agus soláthraíonn an garraí fálaithe atá tadhlach leis comhthéacs don láithreán. | Baile Locha Riach | DÚROS | X:134373<br>Y:213325 |  |
| 3519 | 30410210 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. Rinneadh méaduithe a chur ar an mbinn thoir agus ar an mbinn thiar le déanaí. | Is sampla suntasach é seo d'oidhreacht dhúchasach cheantar Dhúrois. Coimeádann sé a charachtar mar gheall ar a chuid oscailtí beaga, ar a ingearchló fada íseal, ar a stoc simléir íseal agus ar a dhíon tuí. Tá cóiriú mírialta na bhfuinneog ina ghné choitianta den traidisiún dúchasach. Bhí foirgnimh den chineál seo an-líonmhar tráth faoi tuath in Éirinn. Ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile anois agus fágann sé sin gur sampla tábhachtach é seo ós rud é go bhfuil sé ann fós. | Baile Locha Riach | DÚROS | X:134846<br>Y:213822 |  |
| 3520 | 30412209 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800 agus ag a báfhuinneog curtha lena thaobh thoir thuaidh | Úsáideadh ábhair thraidisiúnta a bhí ar fáil go háitiúil nuair a bhí an teach ceann tuí á thógáil agus tá sé ionadaitheach don mhodh dúchasach tógála a bhí le sonrú go forleathan ar fud na hÉireann. Tá an stoc íseal simléir agus na hoscailtí beaga ina ngné choitianta de thithe dúchasacha. | Baile Locha Riach | CNOCÁN AN tSEABHAIC | X:141103<br>Y:202558 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3522 | 30412212 | | Cabhsa aolchloiche a cuireadh in airde c. 1860 chun bóthar a iompar thar Loch an Bhaile Nua. Sraodbhallaí garbhshaoirseachta, agus batar orthu ar an taobh theas. | Tá feidhm shuntasach phraiticiúil ag an gcabhsa seo, is é sin, bóthar a tógadh le déanaí a iompar thar thalamh a bhfuil cuma tuilemhá air. Léiríonn an bonn batair, an dearadh agus an déanamh na scileanna ceardaíochta a bhí ann i lár, agus ag deireadh, bhlianta na 1800-idí. Tá sé ar cheann de shraith bóithre agus cabhsaí atá ann i gceantar Dheisceart na Gaillimhe. | Baile Locha Riach | CEATHRÚ AN CHAISLEÁIN | X:142765<br>Y:202113 |  |
| 3524 | 30412804 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh sa bhliain 1869, agus a iompraíonn bóthar thar an líne iarnróid ó Inis go Baile Átha an Rí. | Tá feidhm thábhachtach phraiticiúil ag an droichead seo agus, ó thaobh na haeistéitice de, is sampla pléisiúrtha é d'oilteacht na saor cloiche i lár an naoú haois déag. Tá an áirse éilipseach, mar aon lena stuachlocha imeallaithe, déanta go maith agus cuireann na tacaí agus na teanntaí feabhas ar an tsiméadracht agus ar an suíomh. | Baile Locha Riach | DOIRE | X:142735<br>Y:197026 |  |
| 3525 | 30412808 | | Droichead aolchloiche aon áirse a tógadh sa bhliain 1869, agus a iompraíonn iarnród na hInse/Bhaile Átha an Rí thar bhóthar agus shruthán. | Is droichead iarnróid neamhghnách é seo ach tá sé an-phraiticiúil agus é ceaptha chun dul thar an mbóthar agus thar an sruthán thíos faoi ach coimeádann sé cuma atá mórthaibhseach agus pléisiúrtha ó thaobh na haeistéitice de. Tá an droichead i riocht maith agus coimeádann sé a chuid cóipeálacha aolchloiche uirlisithe. | Baile Locha Riach | AN LORGAIN | X:142313<br>Y:195745 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3528 | 30413306 | | Droichead aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1810 agus a iompraíonn bóthar thar an River Carbeeny. Áirse chruinn ag a bhfuil sluachlocha cloiche gearrtha agus tarr garbhshaoirseachta. | Léiríonn úsáid leantach an droichid seo, agus feidhm thábhachtach á cur i gcrích aige maidir le hualaí nach raibh iomrá orthu nuair a tógadh an droichead a iompar, na scileanna innealtóireachta agus an cheardaíocht a bhí ann sa naoú haois déag. Tá beocht ann sna ballaí garbhshaoirseachta de bharr na stuachlocha aolchloiche uirlisithe atá ann. | Baile Locha Riach | | X:143196<br>Y:192990 |  |
| 3529 | 30413307 | Droichead na Creige | Droichead na Creige – Droichead bóthair aolchloiche dhá áirse a tógadh c. 1780 thar Abhainn na gCaithríní. Stuachlocha cóirithe ar áirsí cruinne, mar aon le V-earrainne cloiche cóirithe | Tá sé seo ar cheann de shraith ina bhfuil trí dhroichead chomharsanacha. Fónann sé do bhealach tánaisteach chuig Cregg House agus tá an péire áirsí cruinne atá air ina ghné shuntasach ar an mbóthar ó Inis go Gaillimh, beagáinín ó dheas ón nGort. Tá ábhar spéise breise ann mar gheall ar éagsúlacht na saoirseachta agus is fearrde an láithreán mar gheall ar an suíomh coillearnaí. | Baile Locha Riach | AN CHREIG | X:143416<br>Y:193108 |  |
| 3536 | 30412801 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh sa bhliain 1869, agus a iompraíonn bóthar thar an líne iarnróid ó Inis go Baile Átha an Rí. | D'ainneoin athchóiriú a bheith déanta ar an droichead seo le déanaí le gur féidir úsáid a bhaint as an líne iarnróid arís de réir mar atá beartaithe, coimeádann an droichead seo cuid mhór dá fhoirm bhunaidh agus dá charachtar bunaidh. Léiríonn an áirse éilipseach agus na teanntaí atá ann, chomh maith le gnéithe maisiúla, amhail imill aolchloiche uirlisithe, an oilteacht a bhí ann i dtaca le saoirseacht chloiche i lár an naoú haois déag. | Baile Locha Riach | CLUAIN NA hÁITHE | X:144701<br>Y:200324 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3537 | 30412315 | | Teach dúchasach ceann tuí scoite ceithre bhá aon stór a tógadh c. 1800. | Teach dúchasach a bhfuil díon tuí air fós. Tá sé ailínithe agus a aghaidh ó dheas, rud a fhágann go mbaintear leas as na huaireanta ar lena linn a bhíonn an ghrian ag taitneamh. Tá tithe ceann tuí ag éirí tearc de réir a chéile agus, ós rud é go bhfuil an sampla seo ann fós, cuireann sé le cáilíocht oidhreacht ailtireachta an réigiúin. | Baile Locha Riach | CLUAIN DAIGHIN | X:147811<br>Y:202166 |  |
| 3540 | 30412208 | Ballynamantan House | Ballynamantan House - Fotheach scoite il-bháfhuinneoige, dhá stór a tógadh c. 1820. Suite ar an taobh thuaidh den chlós atá bainteach leis an Teach | Tá foirm shimplí agus cuma dhaingean an fhothí seo coitianta mar ghnéithe de na fothithe feirme a ghabhann le tithe tuaithe meánmhéide. Tugann sé leide faoi cháilíocht an tí dár fhóin sé, ar teach é nach bhfuil ann a thuilleadh. | Baile Locha Riach | BÉAL ÁTHA NA MIONTÁN | X:145237<br>Y:204330 |  |
| 3541 | 30412307 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh sa bhliain 1869, agus a iompraíonn líne iarnróid na hInse/Bhaile Átha an Rí thar an mbóthar. | Léiríonn an droichead simplí iarnróid seo oilteachta na saor cloiche a bhí ag obair ar línte iarnróid Victeoireacha. Cuireann an chloch charraigéadanach neart agus buaine in iúl, agus is codarsnacht phléisiúrtha é sin le ballaí réidhe an taoibh istigh den áirse, agus tá beocht ann sna hingearchlónna mar gheall ar stíl chomhghlasála na mballaí sneiceáilte eisléireachta. | Baile Locha Riach | CEATHRÚ NA bhFOTHANNÁN | X:146045<br>Y:204819 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3542 | 30412310 | | Droichead aolchloiche aon áirse a tógadh c. 1840 agus a iompraíonn bóthar thar Abhainn Bhaile Uí Chathaláin | Is fearrde go mór foirm shimplí ghalánta an droichid bóthair seo mar gheall ar an gcodarsnacht idir ballaí aolchloiche cóirithe cúrsáilte agus stuachlocha dea-dhéanta aolchloiche gearrtha agus cúrsa sreinge, agus cuireann sé sin ábhar spéise breise leis an déanmhas. | Baile Locha Riach | GORT NA CLASACH | X:148175<br>Y:204697 |  |
| 3545 | 30411313 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí ceithre bhá aon stór, tógtha c. 1800, agus tithe amuigh ceangailte leis an dá bhinn | Tá an chuid is mó dá chuma agus dá chreatlach bunaidh fanta sa teach ceann tuí seo, agus é breisithe ag na saisfhuinneoga adhmaid ata coinnithe ann. Tugann na tithe amuigh ata ag dul leis comhthéacs breise don teach tuaithe seo. Sampla suntasach é seo den fhoirgneamh dúchasach a bhí go fairsing faoin tuath in Éirinn tráth, ach atá ag éirí gann go leanúnach anois. | Baile Locha Riach | CATHAIR CHEARNAIGH | X 143047<br>**Y** 208585 |  |
| 3546 | 30411311 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór agus ceann tuí, tógtha c. 1800, agus póirse le díon cothrom chun tosaigh air. | Tá an leagan simplí den fhoirgneamh dúchasach seo spreagtha suas ag mionsonraí sotalacha rindreála sna cúinní agus sna pliontaí. Bhíodh an teach ceann tuí coitianta ar fud na hÉireann tráth, ach atá siad ag éirí gann go leanúnach anois. Ta an teach le feiceáil go héasca ón mbóthar agus cuireann se cruth dearfach ar an tírdhreach. | Baile Locha Riach | AN CHATHAIR MHÓR | X 141605<br>**Y** 208307 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3547 | 30411316 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí ceithre bhá aon stór, tógtha c. 1800, agus dhá bhá bhreise curtha leis an mbinn thoir thuaidh. | Cé go bhfuil roinnt athraithe déanta air, tá an chuid is mó dá chuma agus dá chreatlach bunaidh fanta sa teach dúchasach seo, na saisfhuinneoga adhmaid agus a cheann tuí atá i gcaoi mhaith san áireamh. Tá an clós feirme mórthimpeall air ag cur an láithreáin i gcomhthéacs agus cuireann sé cruth dearfach ar an tírdhreach. | Baile Locha Riach | TURLOCH CAOLÓG | X 141175<br>**Y** 208321 |  |
| 3548 | 30411307 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí ceithre bhá aon stór, tógtha c. 1800, agus áiléar ann | Tá cuid mhaith dá chreatlach bunaidh coinnithe ag an teach seo, a chuma shimplí ag luí le traidisiún an fhoirgnimh dhúchais a bhain úsáid as ábhair thraidisiúnta a bhí ar fáil go háitiúil ina dhéanamh. Dhá ionad chónaithe a bhíodh sa teach amuigh atá gar don teach agus ba é réamhtheachtaí an tí reatha é. | Baile Locha Riach | CATHAIR AN MHÓINÍN THUAIDH | X 140582<br>**Y** 209929 |  |
| 3550 | 30411314 | | Caidéal saorsheasaimh uisce iarann theilgthe, tógtha c.1870, lena sheafta sorcóireach bandáilte, le barr cuislithe agus caipín cruinneachánach cuislithe | Tá mionsonraí ealaíonta léirithe i ndearadh feidhmiúcháin an chaidéil seo, lena hanla atá cuartha go galánta agus a bharr cuislithe, rudaí a léiríonn an t-ardchaighdeán a bhí i ndearadh tionsclaíoch na n-oibreacha iarainn theilgthe sa naoú céad déag. Díol suntais a shuíomh feiceálach ag crosbhóthar, ag léiriú a ról mar fhoinse pobail uisce mar aon leis an ról feidhmiúil agus sóisialta a bhí aige i ndeireadh an naoú céad agus i dtús an fichiú céad. | Baile Locha Riach | AN SEISEADH THUAIDH | X 144183<br>**Y** 209245 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3552 | 30411309 | | Droichead aon áirse aolchloiche iarnróid a tógadh in 1869, ag tabhairt an róid thar Ghabhal na hInse go Baile Átha an Rí | Rinneadh athchóiriú ar an droichead iarnróid seo le gairid, le súil go n-athosclófaí an líne iarnróid, agus tá sé tógtha go daingean. Tá an aolchloch gharbhéadain cóirithe go maith agus is léir gur snoíodóirí cloiche saoir chloiche oilte a rinne an obair ar na stuachlocha. Léiríonn sin an leibhéal de scileanna ceardaíochta agus innealtóireachta a bhí ann le linn fhorbairt na n-iarnród ar fud na hÉireann i ndeireadh an naoú céad déag. | Baile Locha Riach | AN BAILE GLAS THIAR | X 145047<br>**Y** 209689 |  |
| 3553 | 30411407 | | Caidéal saorsheasaimh uisce iarainn theilgthe, tógtha c.1870, le sheafta sorcóireach bandáilte, muineál múnlaithe, barr cuislithe agus caipín cuislithe cruinneachánach | Tá an caidéal uisce lonnaithe go feiceálach i mbaile an Lábáin, rud atá tábhachtach i bhfianaise na feidhme praiticiúil a bhí aige sular tháinig an t-uisce reatha. Bhí sé ina ionad caidrimh ag an bpobal freisin. Tá mionsonraí ealaíonta léirithe i ndearadh feidhmiúcháin an chaidéil seo, lena hanla atá cuartha agus a chaipín cuislithe, léiriú ar an gcaighdeán a bhí in obair thionsclaíoch iarainn theilgthe sa naoú céad déag. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ GHLEÁRA<br>An Lábán | X 146078<br>**Y** 210339 |  |
| 3555 | 30340009 | An tsean-Íoclann | Teach scoite 3-bhá 2-stór a bhí ina íoclann tráth, c. 1870 le bá starrach chun tosaigh as an mbinn agus póirse suas leis | Teach dochtúra agus íoclann a bhí sa anseo i dtús ama Gné suimiúil den aghaidh is ea an bá starrach ag an mbinn, agus é snasta agus spreagtha suas ag colbhaí rindreáilte na bhfuinneog. Tá sé suntasach go bhfuil na saisfhuinneoga sleamhnáin adhmaid coinnithe ann, agus tá an teach amuigh ar chúl ag cur leis an suíomh. Bhí feidhm thábhachtach shóisialta ag an teach nuair a bhí sé ina íoclann ar an mbaile. | Baile Locha Riach | ARD RAITHIN THUAIDH | X 146230<br>**Y** 211989 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3561 | 30410332 | Droichead Dhún Coillín | Droichead Dhún Coillín – droichead seacht n-áirse a tógadh c.1820, ag tabhairt an bhóthar trasna abhainn Dhún Coillín. Sna háirse tá áirse teascánach abhann & 3 áirse níos lú. | Tá an droichead substaintiúil seo in theistiméireacht ar scileanna agus innealtóireacht cheardaithe an naoú céad déag. Tá na stíleanna éagsúla áirsí ina gcruthanna suimiúla mar atá an chodarsnacht idir an ballaí de bhrablach aolchloiche agus na stuachlocha cóirithe. D'fhéadfadh gur áirsí fulangacha tuilte ab ea na háirsí beaga, sin nó go raibh an abhainn níba leithne ag an bpointe seo le linn na tógála. | Baile Locha Riach | AN RUABHEITHEACH | X 144202 **Y** 218420 |  |
| 3562 | 30410331 | | Teach dúchasach scoite ceann tuí 4-bhá aon stór, tógtha c. 1800, agus áiléar ann | Tá an t-ingearchló agus an simléar íseal, na ballaí tiubha, agus na hoscailtí beaga tipiciúil den traidisiún dúchasach in Éirinn. Cé go mbídís coitianta ar fud na tuaithe agus i mbailte beaga tráth, tá foirgnimh cheann tuí an-ghann anois agus is rud suntasach é gur mhair an sampla seo. Tá a chuma agus a struchtúr bunaidh coinnithe aige. | Baile Locha Riach | AN RUABHEITHEACH | X 144082 **Y** 219102 |  |
| 3563 | 30409622 | | Teach scoite 3 bhá aon stór agus ceann tuí , tógtha c.1800, le póirse isteach a bhfuil díon cothrom air agus doras cuasaithe chun tosaigh | Tá an teach seo tipiciúil de thraidisiún dúchasach tógála na hÉireann, cé go bhfuil sé beagán níos lú ná mar is gnáth. Tá sé déanta as ábhair a bhí le fáil go héasca agus go háitiúil, rud a thugann a dhearadh agus a chuma simplí dó. Tá foirgnimh den charachtar seo ina nasc tábhachtach dár ndúchas ailtireachta agus iad ag éirí an-ghann i gceantair tuaithe na hÉireann. | Baile Locha Riach | CILLÍN FHÍNÍN MHÓR | X 146693 **Y** 219775 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3564 | 30409609 | | Teach dúchasach scoite 4-bhá aon stór ceann tuí, tógtha c. 1800, le háiléar agus póirse le díon cothrom tógtha chun tosaigh air le gairid. | Lena dhearadh agus a scála beag, léiríonn an teach seo an déanamh simplí feidhmiúil a bhíodh ar a leithéid in Éirinn. Tá sé ina ghné suntasach le bóthar de bharr a shuíomh ar an bpríomhbhóthar idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh. | Baile Locha Riach | AN TALAMH RUA | X 147048<br>**Y** 222944 |  |
| 3565 | 30409601 | Droichead Dhoire Uí Dhónaill | Droichead Dhoire Uí Dhónaill – droichead aolchloiche iarnróid 1-áirse os cionn na líne iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, tógtha 1851. Ballaí, piaraí & stuachlocha d'aolchloch gharbhéadain charraige ar an aghaidh | Meabhraíonn an droichead mórthaibhseach seo na buaiceanna innealtóireacht agus an caighdeán ceardaíochta a bhain leis an am a raibh na hiarnróid ag leathnú ar fud na hÉireann. Tá na hingearchlónna spreagtha suas go maith ag an éagsúlacht uigeach atá sna mionghnéithe sciliúla aolchloiche. Táthar ag úsáid an droichid go fóill agus é ina chuid lárnach de stair leanúnach an iompair iarnróid sa cheantar. | Baile Locha Riach | DOIRE UÍ DHÓNAILL MÓR | X 146417<br>**Y** 225848 |  |
| 3566 | 30408408 | | Droichead bóthair dhá áirse os cionn abhann, tógtha c.1780. Balla de bhrablach cloiche agus áirsí bogphointeáilte ina bhfuil stuachlocha de chloch ghearrtha | Droichead simplí tuaithe a chuireann leis an tírdhreach. Díol suime is ea uigeacht na mballaí de bhrablach cloiche, agus spreagann na ballaí fada tú ag dul isteach ina threo. | Baile Locha Riach | MUL PÉAT | X 148783<br>**Y** 226229 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3567 | 30409603 | | Caidéal saorsheasaimh iarainn theilgthe, tógtha c.1880, le sconna duillithe, claibín cuislithe, barrghréas, seafta bandáilte agus stampa na teilgcheárta. | Tá an caidéal slachtmhar uisce iarainn theilgthe lonnaithe ag T-acomhal. Bhíodh sé ina fhoinse uisce ag an bpobal tráth. Tá an bhandáil agus an cuisliú déanta go maith, mar aon leis an hanla galánta cuartha a mhúsclaíonn suim ealaíonta in earra fóntaíoch. | Baile Locha Riach | CAISLEÁN TUIRBHIN | X 149468<br>**Y** 225669 |  |
| 3568 | 30409607 | Teach Ghort na Carraige | Teach Ghort na Carraige – Teach geata scoite, ar dhéanamh L, dhá bhá, dhá stór, ar stíl Ealaíne agus Ceardaíochta, c. 1910. | Tá an stíl Ealaíne agus Ceardaíochta an tí seo neamhghnách in oidhreacht ailtireachta an réigiúin. Ar na gnéithe suntasacha, tipiciúil d'ailtireacht den stíl agus den tréimhse chéanna, tá an díon géar, sceimhleacha doimhne agus fuinneoga cáisminte. Tarlaíonn éagsúlacht uigeachta ina chuma de bharr earraí éagsúla críochnaithe ar nós cloch, rindreáil, brící agus adhmad. Léiríonn na piaraí galánta ag an mbealach isteach ón mbóthar gur ceardaithe oilte a rinne iad agus d'fhéadfadh go raibh siad ann roimh an lóiste. | Baile Locha Riach | CAITHRÍN NA SCAMHÓG | X 149745<br>**Y** 224100 |  |
| 3570 | 30409605 | Droichead Fhearann an Bhlácaigh Thoir | Droichead Fhearann an Bhlácaigh Thoir - Droichead aon áirse aolchloiche iarnróid, ag tabhairt an róid thar Ghabhal na hInse go Baile Átha an Rí, tógtha 1869. | Cuid de ghrúpa gaolmhar struchtúr is ea an droichead seo, feadh na líne iarnróid idir Inis agus Baile Átha an Rí a bhíodh ag nascadh dheisceart na tíre leis an iarthar. Is léir gur ceardaithe oilte a rinne an tsaoirseacht aolchloiche, agus tugann an chodarsnacht leis an gcloch eisléireacht agus carraige gné shuimiúil uigeachta don struchtúr. | Baile Locha Riach | FEARANN AN BHLÁCAIGH THOIR | X 149982<br>**Y** 225791 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3571 | 30409606 | Droichead Pháirc na Carraige | Droichead Pháirc na Carraige - Droichead aon áirse aolchloiche iarnróid, ag tabhairt an róid thar Ghabhal na hInse go Baile Átha an Rí, tógtha 1869. | Tá an droichead iarnróid tógtha go láidir le ballaí aolchloiche sneiceáilte. Tá an chóiriú snoite go mion agus is léir gur ceardaithe oilte a rinne an obair. Léiríonn an droichead an caighdeán innealtóireachta agus na scileanna ceardaíochta a bhíodh in úsáid i lár an naoú céad déag. Tá an droichead ar cheann de ghrúpa mór droichead feadh na líne iarnróid ó Acomhal na hInse go Baile Átha an Rí agus meabhraíonn se dúinn cén fhorbairt a rinneadh ar na hiarnróid ar fud na hÉireann i ndeireadh an naoú céad déag. | Baile Locha Riach | PÁIRC AN CHLAMPAIR | X 150268<br>**Y** 224710 |  |
| 3572 | 30407209 | Droichead na Leice Léithe | Droichead na Leice Léithe - droichead bóthair ceithre áirse aolchloiche thar Abhainn Choill an Chlochair, tógtha c.1820. | Tá an droichead simplí cloiche seo fós in úsáid agus trácht á thabhairt aige thar Abhainn Choill an Chlochair. Cuireann a shonraíocht simplí agus úsáid na gcloch áitiúil lena chuma galánta. | Baile Locha Riach | AN CAISLEÁN NUA | X 155759<br>**Y** 233603 |  |
| 3575 | 30409705 | Droichead Chill Tulach | Droichead Chill Tulach – droichead bóthair aon áirse aolchloiche thar Abhainn Chloch an Riabháin, tógtha c. 1780 agus an áirse atógtha c. 1890. | Tá cáil ar an droichead as a chóipeálacha agus a stuachlocha a bhfuil éadan carraigeach orthu, rud a thugann éagsúlacht uigeachta i gcomparáid leis na ballaí brablaigh a rinneadh rompu. Léiríonn an mapa Suirbhéireachta Ordanáis is luaithe cainéal abhann a bhí níos leithne, ag dul ar bhealach níos lúbtha agus níos mó áiteanna i mbaol tuilte. Athraíodh cúrsa na habhann ina dhiaidh sin le scéimeanna draenála agus glactar leis gur bhain sin leis an iarnród éadrom ó Acomhal Áth Tíomáin go Baile Locha Riach. Struchtúr suimiúil é ó thaobh teicniúlachta de, os cionn Abhainn Chloch an Riabháin agus á le feiceáil tamall ó bhaile ón taobh thoir, rud a chuireann le spéisiúlacht amhairc an tírdhreacha. | Baile Locha Riach | CILL ARBHA | X 157943<br>**Y** 224974 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3576 | 30409615 | Droichead Ráth Ghoirrgín | Droichead Ráth Ghoirrgín – Droichead aolchloiche aon áirse, c. 1820, ag tabhairt an bhóthair thar An Dúghiortach | Tá Droichead Ráth Ghoirrgín ina chruthúnas ar an scil a bhain lena thógáil agus lena dhearadh. Tá na cóipeálacha cloch-éadain ar na huchtbhallaí agus na stuachlocha garbhéadain déanta go healaíonta agus is tugann siad gné ealaíne iad do chuma an droichid. | Baile Locha Riach | CEATHRÚ NA MUIRÍOSACH | X 154703 **Y** 223249 |  |
| 3579 | 30409618 | Séipéal Mhuire Gan Smál | Séipéal Mhuire Gan Smál – Séipéal Caitliceach Rómhánach saorsheasaimh éadan bheannach a tógadh i 1959, le póirseáid teitristíle chun tosaigh, ingearchló sé bhá i gcorp na heaglaise agus cloigtheach cearnógach i dtrí staid. | Séipéal a tógadh go deireanach sa bhfichiú haois, ach le gnéithe agus sonraí a bhí tipiciúil i dtréimhsí níos luaithe agus na tionchair chlasaiceacha léirithe sa phóirseáid agus sa pheidiméid. Ach sin ráite, tá simplíocht agus soiléireacht an deartha níos tipiciúla don tréimhse. Gné suntasach sa tírdhreach é méid an tséipéil atá breisithe ag an túr ard agus ag an bpóirseáid. | Baile Locha Riach | AN CÁRÁN | X 155190 **Y** 222569 |  |
| 3581 | 30410407 | Teach an Chaithrín | Teach an Chaithrín – Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh c.1820.. Tá geataí iarainn theilgthe agus cloch ghearrtha ar an mbealach isteach. | Tugann comhréireanna clasaiceacha an tí cuma ciúin ardnósach dó atá iontach oiriúnach dá fheidhm. Cé go bhfuil an t-ingearchló siméadrach tosaigh agus a dhíon gabhal éadain tipiciúil de theach meánmhéide, tá an stoc mór simléir ar chúl an-neamhghnách. Tugann an doras breá mionsnoite fócas lárnach do chuma an tí atá gnách go maith thairis sin. Tugann an geata isteach léiriú ar cheardaíocht den scoth sna mionsonraí maisithe greanta atá san aolchloch. Tá stíl fhóntaíoch na dtithe amuigh i gcodarsnacht leis an teach féin agus leis na geataí iontrála. | Baile Locha Riach | AN CHAITHRÍN | X 152903 **Y** 215673 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3583 | 30411404 | An Caisleán Buí | An Caisleán Buí – Droichead aon-áirse, a tógadh thart ar 1820, a iompraíonn an bóthar thar an abhainn. Áirse theascánach le stuachlocha aolchloiche cóirithe. | Tá feidhm phraiticiúil thábhachtach ag an droichead seo agus tá cuma aeistéitiúil air freisin, agus déanann an áirse theascánach de stuachlocha cloch ghearrtha comparáid spéisiúil ó thaobh a ascaill stua bhallarach atá cóirithe go garbh. Tá réise sách leathan ag an áirse atá mar theistiméireacht ar scil innealtóireachta agus ceardaíochta ó lár an naoú haois déag. Tugann sé rochtain ar theach tuaithe an Chaisleáin Bhuí atá ina fhothrach anois. | Baile Locha Riach | AN GORT ARD | X:152369<br>Y:211065 |  |
| 3584 | 30411424 | | Teach dúchasach scoite 4 bhá, a tógadh thart ar 1800, is 2-stór atá sa bhá thiar le stór amháin le tuí air agus áiléar ann. | Is annamh a fheictear tithe tuí sa lá atá inniu againn, cé go bhfuil roinnt acu fós le feiceáil sa chuid thoir de Chontae na Gaillimhe. Tá spéis ar leith ag gabháil leis an teach seo mar gheall ar a laghad athrú atá déanta air agus mar gheall ar an síneadh sclátaithe dhá stór ar chúl, a bhí coitianta sa dul chun cinn i ndeireadh an naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois. Tugann na foirgnimh fheirme atá ag gabháil leis comhthéacs dó. | Baile Locha Riach | AN GHREANNACH | X:151220<br>Y:210283 |  |
| 3585 | 30411423 | | Geata isteach chuig an iar-chléirtheach a tógadh thart ar 1870, a chuimsíonn dhá phiara iarainn theilgthe ar dhéanamh cearnógach agus geata iarainn theilgthe agus piaraí aolchloiche gréastha. | Tá an geata chun an bhóthair thar a bheith ornáideach a chuimsíonn obair iarann teilgthe ornáideach, a chuireann díol spéise ealaíne le taobh an bhóthair. | Baile Locha Riach | AN CHOILL MHÓR | X:150568<br>Y:207285 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3586 | 30411420 | Tobar Pheadair | Tobar Naomh Peadar – Tobair beannaithe le seomra aon chillín saorsheasaimh le héadan beannach os a chionn ón mbliain 1840 | Tugann an phlaic atá ar an struchtúr simplí seo le fios gur ón mbliain 1840 é, cé go bhfuil an tobar i bhfad níos sine.  Bhí feidhm thábhachtach spioradálta agus sóisialta ag an tobar beannaithe, traidisiún a raibh baint mhór aige le creideamh luath-phágánach chomh maith le bheith bainteach le  cleachtais chreidimh comhaimseartha. Mar gheall air sin bhí sé mar phointe fócais don cheantar, agus is díol suntais a shuíomh i gceartlár shráidbhaile Thobar Pheadair, atá ainmnithe ina dhiaidh. | Baile Locha Riach | AN CHOILL MHÓR<br>Tobar PHeadair | X:150605<br>Y:207100 |  |
| 3587 | 30411410 | | Droichead  aolchloiche dhá áirse, a tógadh thart ar 1800, a iompraíonn an bóthar thar an abhainn.  Áirsí ciorclach le stuachlocha cóirithe, ballaí agus uchtbhallaí cloiche spallaí | Tá an droichead seo tógtha go maith agus úsáid á bhaint as spallaí le haghaidh na mballaí agus earrainne agus cloch atá cóirithe go garbh do na stuachlocha. Léiríonn láithreacht na hearrainne láidreacht na habhann mar go dtugann sí cosaint don phiara lárnach ó lán éifeacht an tsrutha. Is críoch-chomhartha tábhachtach atá ann idir trí bhaile fearainn. | Baile Locha Riach | BALLÁNACH | X:151703<br>Y:210165 |  |
| 3590 | 30412312 | Droichead *Kenny* | Droichead *Kenny* – droichead áirse dúbailte a tógadh thart ar 1760, a iompraíonn an bóthar thar Abhainn Bhaile Uí Chathaláin. Áirsí ciorclacha le stuachlocha gréastha. Ballaí cóirithe ina gcúrsaí le pliontaí leis na piaraí. Uchtbhallaí aolchloiche spallaí. Earrainní ar déanamh V ar an ingearchló (ar an taobh thoir) atá in aghaidh an tsrutha | Cuireann an obair aolchloiche gréastha le spéis uigeach an droichid spallaí ina gcúrsaí.  Is teistiméireacht atá sa struchtúr ar scil na gceardaithe áitiúla san ochtú haois déag, agus léiríonn earrainní ar déanamh V cur in oiriúint an struchtúir do choinníollacha na habhann. | Baile Locha Riach | FEARNÁN | X:151391<br>Y:205614 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3591 | 30412304 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh thart ar 1790, thar Abhainn Bhaile Uí Chathaláin. Áirse chiorclach le stuachlocha de chloch ghearrtha. | Is teistiméireacht atá sa droichead simplí aon áirse seo ar scil agus ar innealtóireacht na gceardaithe áitiúla. Tá réise aonair leathan an droichead atá socraithe go híseal in aon turas le laghdú a dhéanamh ar an airde leis an mbóthar a léiríonn cur in oiriúint ailtireacht an droichid do choinníollacha an bhóthair áitiúil. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ CHATHALÁIN | X:149650<br>Y:205649 |  |
| 3592 | 30409623 | | Droichead ceithre áirse spallaí aolchloiche, a tógadh thart ar 1860, a iompraíonn an bóthar thar Abhainn Dooyeriha. Áirsí teascánacha le stuachlocha atá cóirithe go garbh agus earrainní ar déanamh V agus teanntaí spallaí ar an ingearchló in aghaidh an tsrutha. | Tá an droichead fada íseal seo feiceálach óna bóithre isteach ón taobh thoir agus ón taobh thiar, a thugann spéis ailtireachta chun an tírdhreach tuaithe. Is léiriú ar scil na saor chloiche agus na snoíodóirí cloiche a bhí rannpháirteach sa tógáil na háirse atá deartha agus tógtha chomh cúramach. Déanann na stuachlocha atá gearrtha chomh néata sin comparáid uigeach i ndáil leis ballaí spallaí atá níos gairbhe. Tógadh é tar éis athródú a dhéanamh ar Abhainn *Dooyeriha* sa naoú haois déag. | Baile Locha Riach | AN BAILE MÓR | X:152205<br>Y:220345 |  |
| 3593 | 30410405 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh thar ar 1869, a iompraíonn an bóthar thar Acomhal Inse chuig líne iarnróid Bhaile Átha an Rí. Ballaí, piaraí, uchtbhallaí agus ballaí teannta sneiceáilte éadan carraige. | Tá léargas tugtha ar a láidreacht san úsáid atá baint as cloch gharbhéadain sa droichead iarnróid seo. Taispeánann sé caighdeán na scile innealtóireachta agus na saoirseachta cloch a bhí ann ag an am. Tá sé mar chuid den ghrúpa móra droichid feadh Acomhail na hInse go líne iarnróid Bhaile Átha an Rí agus is meabhrúchán atá ann maidir leis an leathnú a cuireadh ar an líonra iarnróid ar fud na hÉireann sa naoú haois déag. | Baile Locha Riach | MANINN | X:150438<br>Y:216755 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3594 | 30412402 | Séipéal Caitliceach RómhánachN aomh Pádraig | Séipéal Caitliceach Rómhánach Naomh Pádraig - Geata iontrála agus ráillí iarann teilgthe agus saoirseacht cloch ghearrtha, a rinneadh thart ar 1850. In athúsáid anseo. | Tá an bealach isteach mórthaibhseach chun an tséipéil lastall ina chomparáid thaitneamhacht le hailtireacht níos srianta an chinn deiridh. Tá ardchaighdeán na bpiaraí aolchloiche agus na mballaí neamhghnách i suíomh tuaithe den chineál sin. D'fhéadfadh sé gur aistríodh iad ó shuíomh éigin eile. | Baile Locha Riach | DARAIDH BRAOIN THEAS | X:159129 Y:201830 |  |
| 3596 | 30410507 | *Glenville* | *Glenville* - Teach scoite 3 bhá 2 stór a tógadh thart ar 1845, ina bhfuil taobhairde 2 bhá agus airde cúil 3 bhá le starracha siméadrach taobhchló 2 bhá agus airde cúil 3 bhá le hardbhánna ar chúl. | Coinníonn an teach comhréirithe seo féiniúlacht láidir dá carachtar bunaidh, a thaispeánann paitean aoise sonrach. Cuireann na colúin agus an fráma dorais aolchloiche atá tógtha go maith leis an aghaidhchló siméadrach. Tá siméadracht na starracha cúil neamhghnách agus sonrach. Cuireann coinneáil na saisfhuinneoga bunaidh agus an luath-dhoras tuilleadh leis na hairdí. | Baile Locha Riach | COMHROINN | X:159899 Y:215455 |  |
| 3597 | 30410506 | Lóiste Chomhroinn | Lóiste Chomhroinn - Iar-theachscoile scoite ar dhéanamh L agus teach an mháistir scoile le háiléar a tógadh thart ar 1860 le póirse beannach oscailte | Iar-scoil bíobla, ar baineadh úsáid aisti níos déanaí mar theach geata, tréitheach ar Ghluaiseacht na nEalaíon agus na Ceardaíochta agus coimeádann sí a cruth agus a carachtar. Tugann na sclátaí nach bhfuil mórán acu fágtha anois cuma an airde don díon claonta agus cuireann na cláir bhinne ornáideacha agus díon claonta an phóirse tuilleadh leis sin. Cuireann sí ailtireacht Theach Chomhroinn ar an taobh thoir di i láthair go buacach. | Baile Locha Riach | COMHROINN | X:159816 Y:215546 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3601 | 30410512 | | Teach scoite dúchasach 4 bhá aon urláir a tógadh thart ar 1800, agus cuireadh síneadh dhá stór le póirse le cúl an tí. | Tá féiniúlacht láidir dá charachtar bunaidh coinnithe ag an teach seo, léiríonn an díon giolcach a bhunús dúchasach. Cuireann an fhuinneog uilleach ar chúl leis an spéis. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mairfeadh na tithe seo mar nach bhfuil mórán tithe tuí le fáil faoin tuath in Éirinn níos mó. | Baile Locha Riach | BAILE CHOIDE | X:155848<br>Y:213924 |  |
| 3602 | 30410510 | Teach an Reachtaire Chill Chríost | Teach an Reachtaire Chill Chríost- teach reachtaire scoite de chuid Eaglais na hÉireann, ar dhéanamh neamhrialta, a tógadh thart ar 1800, is 4 bhá 2 stór atá san aghaidhchló os cionn íoslach ardaithe, le bá isteach sa phlean céimnithe | Coinníonn teach an reachtaire seo, atá suite i bhforbacha, a shaintréith bhunaidh agus cuireann an doras agus an feanléas leis sin. Tá cruth neamhrialta an fhoirgnimh neamhghnách, agus d'fhéadfadh sé gur bhain cúl an fhoirgnimh le haois roimhe sin, athraíodh an treoshuíomh níos déanaí agus cuireadh tuilleadh leis sa leath deiridh den naoú haois déag. Tá a shuíomh, lena gheata breá aolchloiche agus thailte aibí taitneamhach agus cuireann le tábhacht an comhthéacs. | Baile Locha Riach | CILL CHRÍOST | X:156455<br>Y:214499 |  |
| 3603 | 30411504 | Droichead an tSaighdiúra | Droichead an tSaighdiúra – droichead bóthair aolchloiche aon áirse thar abhainn, a tógadh thart ar 1860. Ballaí de chloch ghearrtha le huchtbhallaí spallaí ag críochnú le piaraí agus teanntaí. | Tugann airde mhór an droichid aon áirse seo, atá faoi réir ag an tírdhreach, saintréith maorga, ar chineál Gotach don droichead seo, a oireann don tréimhse inar tógadh é agus don ainm a tugadh dó araon. Cuireadh an struchtúr in oiriúint do choinníollacha na habhann áitiúla agus is teistiméireacht é ar scil agus ar cheadaíocht na saor cloiche áitiúil. | Baile Locha Riach | BAIEL AN CHURRAIGH | X:157553<br>Y:211517 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3604 | 30411501 | Teach Bhaile na Mainistreach | Teach Bhaile na Mainistreach - Teach scoite dhá bhá trí stór a tógadh thart ar 1820, rinneadh athdhearadh ar na fuinneoga thart ar 1910. Geataí ornáideacha iarrainn shaoirsithe le piaraí aolchloiche agus le ballaí aolchloiche spallaí ar an dá thaobh agus críochnaithe le piaraí aolchloiche gréastha | Teach neamhghnách a fhaigheann a shaintréith óna fhuinneoga tríthaobhacha chun tosaigh agus ón doras le taobhléasacha nach bhfuil mórán béime air. Tá a gcomhdhéanamh siméadrach le feiceáil sna hoscailtí aonair, le comhpháirt lárnach i ngach aon cheann le fuinneoga atá níos cúinge ar an dá thaobh, rud a thugann galántacht shimplí don struchtúr. Cuireann na ballaí teorainn agus an geata ornáideach leis an suíomh. | Baile Locha Riach | CILLÍN A DÍOMA THIAR | X:161218<br>Y:212866 |  |
| 3605 | 30410502 | An Droichead Bán | An Droichead Bán - Droichead aolchloiche a iompraíonn an bóthar thar Abhainn *Ballaun*, a tógadh thart ar 1800. Áirse éilipseach le stuachlocha gréastha. | Seasann an droichead simplí seo mar chomhartha ómóis do scil agus d'innealtóireacht na saoir chloiche ó ré níos túisce. Tá an áirse leathan curtha in oiriúint d'uiscí na habhann agus do tharae an mhuilinn in aice láimhe. Cuireann a stiallchúrsa atá tógtha go maith le héadan an droichid. Cuireann na cóipeálacha éadan carraige le spéis an tírdhreacha. | Baile Locha Riach | COIS MÓNA | X:162161<br>Y:217873 |  |
| 3606 | 30410503 | Muileann *White* | Muileann *White* - muileann scoite trí bhá trí stór le hurlár dormánta, a tógadh thart ar 1800, cuireadh trí stór dhá bhá leis an taobh theas agus cuireadh síneadh dhá bhá aon stór leis an taobh theas ar a sheal féin. | Tá déanamh simplí ailtireachta ar an iar-mhuileann plúir seo agus tá maorgacht ag baint lena airde mhórthaibhseach nuair a fhéachtar air ón mbóthar. Tá ionracas fisiciúil fós ag baint leis an suíomh mar gheall go bhfuil an tarae agus na tithe lasmuigh fós ann. Tá sé mar chuid thábhachtach d'oidhreacht shóisialta agus tionsclaíoch an cheantair. | Baile Locha Riach | COIS MÓNA | X:162176<br>Y:217831 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3607 | 30409718 | Teach *Lynchfort* | Teach *Lynchfort* - Teach scoite trí bhá dhá stór os cionn íoslach, a tógadh thart ar 1780. | Tá an teach tuaithe seo ar mheánmhéid tipiciúil d'ailtireacht tithe cónaithe ar ardstádas ó dheireadh an ochtú haois déag. Cuireann an díon sclátaí agus dearadh éagsúil na bhfuinneog agus na tailte aibí fairsinge leis sin. | Baile Locha Riach | CATHAIR NA MUC THIAR | X:160663 Y:220054 |  |
| 3610 | 30409714 | Teach Thuath Lúbáin | Teach Thuath Lúbáin - Teach scoite dhá stór ar dhéanamh neamhrialta, a tógadh thart ar 1901, aghaidhchló trí bhá (ó dheas) le beanna dhá bhá, bá beannach starrach deiridh le claon bháfhuinneoga. Geataí iarainn saoirsithe agus iarainn teilgthe isteach | Tugann stoic na simléar atá suite i lár báire agus na claon bháfhuinneoga spéis bhreise don teach seo a tógadh ag tús an fichiú haois. Tá na beanna agus na báfhuinneoga samplach den ré sin, a chruthaíonn airde neamhshiméadrach ar gach taobh, agus cuireann coinneáil na saisfhuinneoga adhmaid leis sin. Tá sé suite go hoiriúnach sna tailte tírdhreacha siar ón mbóthar agus cuireann na geataí agus na foirgnimh lasmuigh le suíomh an tí. | Baile Locha Riach | TUATH LÚBÁIN | X:158569 Y:222067 |  |
| 3611 | 30409713 | Dún Sandail | Dún Sandail – Teach scoite tuaithe 5 bhá 3 stór, a tógadh thart ar 1780, atá ina fhothrach anois. Tá an díon ar iarraidh, stoc simléir rindreáilte le sclátaí ar liobarna agus le coirnis sceimhleacha snoite. | Cé gur fothrach atá ann anois tá ardchaighdeán na tógála sa teach tuaithe seo rí-shoiléir. Is sár-obair atá déanta ag snoíodóirí cloiche agus ag saoir cloiche oilte an obair atá déanta ar cholbhaí fuinneoga, ar choirnisí agus ar stiallchúrsaí. Cuireann na foirgnimh lasmuigh gaolmhara agus an bealach áirseach isteach atá suntasach leis an teach. Tugann na mionsonraí leide maidir leis an gcaighdeán ailtireachta den scoth atá caillte mar gheall ar Theach Dhún Sandail a bheith ina fhothrach. Thóg teaghlach Daly é i ndeireadh an ochtú haois déag, bhí Denis Daly ina Theachta Parlaiminte do Ghaillimh i dtús an naoú haois déag. | Baile Locha Riach | DÚN SANDAIL | X:157914 Y:221681 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3613 | 30409708 | Teach *Rathville* | Teach *Rathville* – teach scoite dhá phíle, a tógadh thart ar 1850, a chuimsíonn bloc tosaigh trí bhá aon stór os cionn íoslach ardaithe le póirse starrach, cúlchló aon bhá dhá stór le claon bháfhuinneoga airde dúbailte ar an taobh thiar. | Teach atá neamhghnách ina gcuireann a aghaidh siméadrach struchtúr níos mó agus níos casta atá ar chúl i bhfolach. Tugann an póirse starrach i gcomhar leis an dá fhuinneog arda beocht don aghaidh a bheadh gan aon bheocht gan é. Léiríonn na ballaí agus na hoscailtí ceardaíocht ar ardchaighdeán agus cuireann an tsraith saisfhuinneoga adhmaid go mór leis an fhoirgneamh. Is ionann an teach agus grúpa foirgneamh lasmuigh agus grúpa spéisiúil, tarraingteach maidir leis an tírdhreach. | Baile Locha Riach | AN CHEATHRÚ RIABHACH | X:160688 Y:224747 |  |
| 3614 | 30409709 | Teach *Rathville* | Geata, a tógadh thart ar 1860 ag an mbealach isteach chuig Teach *Rathville* agus úsáid á bhaint as obair iarainn saoirsithe agus iarainn theilgthe. | Léiríonn an bealach isteach ornáideach seo ón naoú haois déag chuig Teach Rathville ceardaíocht bhreá in obair iarrainn ornáideach. Níl an obair chloiche bhreá a léiríodh sa teach mór agus sna foirgnimh lasmuigh le feiceáil anseo, rud atá neamhghnách, agus baineadh úsáid as piaraí iarainn theilgthe ina áit sin. | Baile Locha Riach | AN CHEATHRÚ RIABHACH | X:160765 Y:224859 |  |
| 3615 | 30409806 | | Teach scoite trí bhá dhá stór, a tógadh thart ar 1780, cuireadh lán-airde leis ar chúl níos déanaí ,agus tógadh é sin thart ar 1930. Teach trí bhá dhá stór agus foirgneamh lasmuigh ar chúl. | Tá ingearchló breá siméadrach ag an teach seo agus cuireann coinneáil na saisfhuinneoga adhmaid agus sclátaí dín leis sin. Dódh cuid dó i dtús an naoú haois déag agus cuireadh leis an taobh thiar ag an am sin. Is gné thaitneamhach atá coitianta don taobh seo tíre úsáid a bhaint as sclátaí níos mó don chuid is ísle den díon agus úsáid sclátaí níos lú do bharr an dín. Is díol spéise an teach atá le feiceáil ón mbóthar agus cuireann an teach breá agus na tithe lasmuigh atá ar chúl leis an gcomhthéacs. | Baile Locha Riach | CLUAIN MEÁIN | X:170068 Y:221526 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3617 | 30409808 | Séipéal Fhionnúir | Séipéal Fhionnúir – Séipéal caitliceach shaorsheasaimh, cillín amháin, a tógadh thart ar 1600. Níl úsáid á bhaint as níos mó. Díon claonta sclátaí le cúrsa sceimhleacha aolchloiche gearrtha agus cros cheannchríoch ar an mbinn isteach. | Cuireann an t-athchóiriú cuí le déanaí le foirgníocht shimplí an tséipéil seo a bhí ina fhothrach uair amháin. Cuireann a shuíomh reilige leis agus cuireann i gcomhthéacs é, agus léiríonn an phlaic chuimhneacháin gur áit adhlacadh a bhí ann le fada an lá do theaghlach O'Madden ó Hy-Many nó Uí Maine. Léiríonn an doras nach bhfuil gearrtha go hiomlán agus atá greastha go cúramach go mbaineann sé le ré níos túisce. | Baile Locha Riach | FIONNÚIR | X:172297 Y:219404 |  |
| 3619 | 30410607 | | Teach scoite 2 stór nach bhfuil in úsáid níos mó agus a tógadh thart ar 1780 le hurlár talún 3 bhá agus céad urlár 2 bhá leis an aghaidhchló. | Ingearchló neamhshiméadrach spéisiúil agus d'fhéadfadh baint a bheith ag na sclátaí beaga, ag na stoc simléir throma agus ag na fuinneoga le boscaí saise nochta le haois níos túisce. Cuireann an rindreáil garbhtheilgthe agus na sclátaí beaga leis an spéis uigeach agus soláthraíonn na foirgnimh lasmuigh atá ar an suíomh comhthéacs don teach tuaithe seo. | Baile Locha Riach | BAILE DHÁITH | X:169013 Y:217334 |  |
| 3621 | 30410611 | | Séipéal Caitliceach Rómhánach shaorsheasaimh éadain bheannaigh, dar dáta 1846, le hairde meánlainne 5 bhá, póirse beannach binn chun airde sa chuid thoir den ingearchló ó thuaidh. | Is é an tOirmhinneach Patk J Lyons, Sagart Paróiste a thóg é, tá cruth an tséipéil seo an-chosúil le go leor séipéal tuaithe de chuid an naoú haois déag. Tar éis Fuascailt na gCaitliceach, cuireadh struchtúir a bhí i bhfad níos mó in áit na sean-séipéal agus na séipéil bheaga, rud a thug léiriú ar mhuinín na hEaglaise Caitlicigh. Déanann an rindreáil garbhtheilgthe comparáid thaitneamhach leis an gcóiriú cloch ghearrtha, agus seasann sé amach mar shainchomhartha feiceálach ar an mbóthar. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ DHÚGÁIN | X:167932 Y:215777 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3623 | 30411505 | Droichead Lisín an Chláraigh | Droichead Lisín an Chláraigh – Droichead bóthair aon áirse aolchloiche thar fho-abhainn d'Abhainn Dhún Doighre, a tógadh thart ar 1760. Tá stuachlocha gearrtha san áirse éilipseach. | Is teistiméireacht é an droichead réasúnta beag seo ar chaighdeán agus ar sheasmhacht na ceardaíochta áitiúla. Cuireann neamhrialtacht an bhlocobair sneiceáilte comparáid uigeach agus taitneamhacht ar fáil maidir le línte géara na stiallchúrsaí agus na dteanntaí. | Baile Locha Riach | AN COIMÍN | X:164339<br>Y:210595 |  |
| 3624 | 30411506 | Droichead Chuilleannaí | Droichead Chuilleannaí – Droichead bóthair aolchloiche aon áirse thar Abhainn Ghlinne, a tógadh thart ar 1770. Ballaí agus uchtbhallaí cóirithe sneiceáilte, le cóipeálacha greastha. | Tá an droichead bóthair seo thar a bheith taitneamhach mar gur féidir é a fheiceáil go héasca ó fhánaí arda an ghleanna ar an taobh ó thuaidh agus ar an taobh ó dheas. Léiríonn a éadan simplí, lom, scil na dtógálaithe bóthair a thóg an cabhsa ardaithe gaolmhar le batar, rud a léiríonn cur in oiriúint an bhóthair agus an droichid leis an tírdhreach dúshlánach. Marcálann sé an teorainn idir trí bhaile fearainn. | Baile Locha Riach | CUILEANNACH | X:164910<br>Y:207716 |  |
| 3625 | 30411602 | Teach na Ceathrún Caoile | Teach na Ceathrún Caoile – Teach scoite trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1770. | Tá dea-chuma ar an teach feirme seo atá ar mheánmhéid mar gheall ar a aghaidh siméadrach agus cuireann coinneáil na saisfhuinneoga sleamhnáin adhmaid agus an fráma dorais adhmaid leis sin. Tá tábhacht ag baint leis an suíomh seo mar gheall ar iomláine a chomhthéacs le mionsonraí maithe saoirseachta agus roinnt sclátaí dín, teach oighir agus lóiste garraíodóra. | Baile Locha Riach | AN CHEATHRÚ RUA | X:168548<br>Y:212638 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3626 | 30411609 | Teach Bhaile Uí Dhálaigh | Teach Bhaile Uí Dhálaigh – Dhá shlat de thithe lasmuigh, a tógadh thart ar 1800, a chuimsíonn an príomhchlós trí-thaobhach ar an taobh ó thuaidh, ar chúl Teach Bhaile Uí Dhálaigh, agus clós trí-thaobhach ar an taobh theas. | Is cuid iad na clóis agus na tithe lasmuigh seo den struchtúr dhiméine atá fanta fós ar eastáit Bhaile Uí Dhálaigh. Tá tionchar na stíle Palladio a bhí in úsáid i ngnéithe den phríomhtheach, a tógadh chuig an gcaighdeán is airde, feiceálach in oscailtí cinn chiorclaigh an phríomhchlóis. Léiríonn na mionsonraí aolchloiche gréastha scil na saoir chloiche áitiúla ón tréimhse sin. Tá an tsraith clós feirme seo ar shuíomh a bhfuil suntas ar leith ag gabháil leis sa tírdhreach agus é sin ar fad san áireamh déanann siad grúpa spéisiúil i gcomhar le gnéithe diméine eile. | Baile Locha Riach | DIMÉIN BAILE UÍ DHÁLAIGH | X:167097 Y:211138 |  |
| 3627 | 30411608 | Teach Bhaile Uí Dhálaigh | Teach Bhaile Uí Dhálaigh – Gairdín daingnithe ar dhéanamh Polagánach, a tógadh thart ar 1800. Ballaí aolchloiche spallaí le cúinní cuartha le brící dearga sa nascáil aghaidh agus i nascáil balla an ghairdín Phléimeannaigh leis na hingearchlónna laistigh. | Feidhmíonn an gairdín daingnithe mar mheabhrúchán ar an raon gníomhaíochtaí a bhí bainteach le diméin tithe tuaithe in Éirinn uair amháin. Tá na ballaí ina n-imeall maorga leis an taobh amuigh den bhóthar agus bhí cuspóir praiticiúil leis na brící dearga laistigh, mar go scaoileadh siad leis an teas a bheadh coinnithe acu i rith an lae san oíche, a thabharfadh deis maidir le saothrú a dhéanamh ar thorthaí nach mbeadh oiriúnach de ghnáth d'aeráid na hÉireann. Déanann siad grúpa tábhachtach i gcomhar le struchtúir eile i Diméin Bhaile Uí Dhálaigh, lena n-áirítear an teach, foirgnimh lasmuigh agus teach oighir. | Baile Locha Riach | DIMÉIN BHAILE UÍ DHÁLAIGH | X:166835 Y:210997 |  |
| 3628 | 30411610 | Droichead Bhaile Uí Dhálaigh | Droichead Bhaile Uí Dhálaigh – Droichead saorsheasaimh aon áirse thar fo-abhainn Abhainn Dhún Doighre, a tógadh 1820. Ráillí uchtbhalla ornáideach iarainn theilgthe le móitíf chiorclach comhlárnach. | Cuireann an droichead bóthair seo ailtireacht diméin Bhaile Uí Dhálaigh i láthair go hoiriúnach, agus ceanglaíonn saoirseacht chloiche den scoth le hobair iarainn ornáideach. Cruthaíonn an t-iarann teilgthe comparáid taitneamhacht leis an aolchloch gearrtha agus snoite. Tá leibhéal na mionsonraí ornáideacha agus an gearradh cloch agus snoíodóireacht costasach tipiciúil maidir le cé chomh cúramach is a bhíothas le hailtireacht agus le struchtúir dhiméine. | Baile Locha Riach | DIMÉIN BHAILE UÍ DHÁLAIGH | X:167644 Y:211190 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3629 | 30412506 | | Bosca poist iarainn theilgthe, suite i mballa, ó thart ar 1940, le monagram 'P&T' . | Bosca poist tarraingteach, sampla den obair iarainn theilgthe a bhí olltáirgthe ag teilgcheárta Inis Córthaidh, Jessop Davis (fl. c.1890-1964). Tugann na mionsonraí ardaithe beocht do mhonagram 'Poist agus Teileagrafa' nach raibh i gceist leo ach gnáthdhearadh. Tugadh faoi dhéanamh boscaí poist ar an gcineál stíle sin thar ceann an Stáit sa tréimhse i ndiaidh saoirse a bhaint amach. | Baile Locha Riach | AN CLUAINÍN | X:169429<br>Y:204620 |  |
| 3630 | 30412501 | *Eagle Hill* | *Eagle Hill* – Teach tuaithe 5 bhá 2 stór, a tógadh thart ar 1750, tosachbhristí aon bhá éadomhain, ingearchlónna ceanníseal & staighrí cúltí dronnach 2 stór & síneadh 2 bhá aon stór ar an taobh thiar thuaidh. | Tá caighdeán ailtireachta an tí seo le tabhairt faoi deara ar an bpointe. Cuireann úsáid dronna sna beanna agus sna staighrí cúltí leis an spéis agus déanann siad na coirnéil níos boige. Tá spás oscailte san airde cúil saghas neamhghnách. Cuireadh sclátra síonchaitheamh mar a bhí ar an ingearchló siar ó dheas ar na ballaí lasmuigh chun iad a chosaint ón ngaoth, agus tá siad le feiceáil ar líon tithe i nDeisceart na Gaillimhe i gcomharsanacht Phort Omna go ginearálta faoi láthair, agus d'fhéadfadh saintréith réigiúnach a bheith i gceist ansin. Cuireann coinneáil saisfhuinneoga adhmaid agus fuinneoga cáisminte éagsúla leis an spéis, tá déanamh an fhráma dorais go maith, agus cuireann na geataí ornáideacha iarainn theilgthe le hinsí i gcruth láimh duine leis an mbealach isteach ón mbóthar. | Baile Locha Riach | CNOC AN IOLAIR | X:173080<br>Y:206344 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3631 | 30412512 | *Marble Hill* | *Marble Hill* – Teach oighir saorsheasaimh, a tógadh thart ar 1780, ar dhiméin *Marble Hill*. Níl sé in úsáid níos mó. | Bhí na tithe oighir mar chuid thábhachtach den saol sa teach tuaithe agus sa diméin. Tá tábhacht theicniúil ag gabháil leo freisin mar gheall ar a bheith bainteach le caomhnú fadtéarmach bia sa tréimhse roimh chuisniú. Tá fearsaid an tí oighir tochailte isteach i mbruach an leasa. | Baile Locha Riach | AN CREIGÍN | X:168161<br>Y:203715 |  |
| 3632 | 30412507 | Teach an Chartrún | Teach an Chartrún – Iarbheairic scoite póilíní , cúig bhá dhá stór, a tógadh thart ar 1800. | Tá spéis shóisialta ag gabháil le húsáid stairiúil an fhoirgnimh seo mar bheairic póilíní. Cé go bhfuil athnuachan déanta ar na fuinneoga bunaidh, tá a shaintréith ailtireachta coinnithe ag an teach, mar atá le feiceáil sa doras adhmaid painéalta agus sa solas ó thuaidh. Cuireadh sclátra síonchaitheamh mar a bhí ar an ingearchló siar ó dheas ar na ballaí lasmuigh chun iad a chosaint ón ngaoth, agus tá siad le feiceáil ar líon tithe i nDeisceart na Gaillimhe i gcomharsanacht Phort Omna go ginearálta faoi láthair, agus d'fhéadfadh saintréith réigiúnach a bheith i gceist ansin. Cuireann na tithe lasmuigh gaolmhara an teach I gcomhthéacs. | Baile Locha Riach | CNOC DROMA MÓIR | X:169090<br>Y:204490 |  |
| 3633 | 30413101 | Scoil Loch an Tóraic | Scoil Loch an Tóraic – Scoil náisiúnta scoite ceithre bhá aon stór, a tógadh 1930, le póirse dhá bhá ar ingearchló an éadain. Níl sí in úsáid níos mó. | Tá an foirgneamh seo, atá suite i gceantar atá ar thalamh ard iargúlta, mar shampla tipiciúil agus slán de scoil náisiúnta ó thús an fichiú haois. Tá mionsonraí tábhachtacha coinnithe i gcónaí ar nós na saisfhuinneoga adhmaid atá in úsáid ar fud na scoile agus na gaothairí miotail sa díon. | Baile Locha Riach | LOCH AN TÓRAIC THEAS | X:166220<br>Y:197578 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3635 | 30413204 | Teach Eochaillí | Teach Eochaillí – Teach scoite trí bhá dhá stór, ar dhéanamh L, a tógadh thart ar 1770. | Is sampla den scoth atá anseo de theach feirme clasaiceach comhréireach, cruth a bhí coitianta i ndeireadh an ochtú haois déag, le gnáthoscailtí fuinneoige agus fráma breá doras gréas fada is gearr. Tá roinnt mhaith dá ghnéithe bunaidh agus luatha coinnithe sa teach, lena n-áirítear saisfhuinneoga adhmaid agus díon sclátaí. Cuireann an geata isteach ag an mbóthar an teach seo a bhfuil cothabháil mhaith déanta air agus atá suite ar thalamh feirme agus an raon tithe lasmuigh atá réasúnta beag ach a bhfuil cothabháil mhaith déanta orthu, leis sin. | Baile Locha Riach | EOCHAILLÍ | X:176088<br>Y:196935 |  |
| 3636 | 30412601 | Teach *Kilmora* | Teach *Kilmora* – Teach scoite 3 bhá 2 stór, a tógadh thart ar 1840, le hingearchlónna 3 bhá ar an taobh agus ar chúl agus foirgnimh lasmuigh sa chlós ar an taobh ó dheas. Díon sclátaí gabhal éadain agus stoc simléir péireáilte atá suite i lár báire le brící dearga. | Taispeánann cruth an tí trí bhá dhá stór seo, lena dhíon gabhal éadain agus stoc simléir péireáilte na tionchair fhoirmiúil ar an struchtúr seo, i gcomparáid le cóiriú neamhrialta na bhfuinneog ar na trí thaobh. Tá an fráma dorais rindreáil múnlaithe simplí ach cuireann sé lena aghaidh atá réasúnta bunúsach. Bhí cuspóirí difriúla leis an raon tithe lasmuigh atá timpeall ar an gclós iata ar an taobh ó dheas agus is ionann iad i gcomhar leis an teach agus an méid a bhí fágtha d'feirm a bhí rathúil. Cuireann an geata ar thaobh an bhóthair leis an *ensemble*. | Baile Locha Riach | AN CHOILL MHÓR | X:175074<br>Y:206107 |  |
| 3637 | 30412504 | | Caidéal uisce d'iarann teilgthe a tógadh thart ar 1900, fearsaid shorcóireach chuislithe, sconna agus caidhp cruinneachánach le lámh eireaball bó | Is sampla maith atá anseo de chaidéal uisce d'iarann teilgthe a théann siar go tús an fichiú haois. Léirítear mionsonraí ealaíonta sa dearadh, sa lámh atá cuartha go galánta agus san fhearsaid shorcóireach agus sa chuid uachtarach. Chuir an caidéal atá suite in aice le crosbhóth cáiliúil uisce óil ar fáil don bhaile uair amháin. Tá sé suite cóngarach don 'Lazy Wall' , áit ar bhailigh daoine tar éis Aifreann an Domhnaigh agus d'imeachtaí sóisialta eile. | Baile Locha Riach | GARRAÍ NA gCLOCH | X:173806<br>Y:205758 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3639 | 30411618 | | Bosca poist iarainn theilgthe atá suite i mballa, a cuireadh suas thart ar 1890, ar a bhfuil ionchomhartha na Banríona Victoria agus an choróin. | Téann na boscaí poist iarainn theilgthe leis an ionchomhartha seo siar chomh fada leis an ré Victeoiriach in Éirinn, péinteáladh iad i ndiaidh na ré sin ach seachas sin níor cuireadh aon athrú orthu. Cuireann an litreoireacht shimplí atá deartha go maith le cruth simplí an bosca seo, agus cuireann leis an spéis ealaíonta, agus léiríonn sé scil agus cúram dhearadh tionsclaíoch an naoú haois déag agus feidhmíonn sé mar mheabhrúchán ar iar-stádas coilíneachta na hÉireann. | Baile Locha Riach | FIACH<br>Dún Doighre | X:172928<br>Y:209407 |  |
| 3640 | 30411619 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe, a cuireadh suas thart ar 1870, le fearsaid bandáilte sorcóireach, muineál cuislithe & caidhp chruinneachánach, ceannchríoch bioraithe, sconna bandáilte le crúca do bhuicéad. | Taispeánann an caidéal uisce seo mionsonraí ealaíonta ina dhearadh fheidhmiúil, le láimh atá cuartha go galánta, caidhp chruinneachánach agus sconna bandáilte. Léiríonn an suíomh ardchaighdeán ó thaobh dearadh tionsclaíoch san iarann teilgthe a bhí forleathan in Éirinn sa naoú haois déag. Bhí feidhm thábhachtach sóisialta ag na caidéil freisin mar fhoinse uisce agus mar áit teacht le chéile don phobal. | Baile Locha Riach | DÚN DOIGHRE | X:172897<br>Y:209395 |  |
| 3641 | 30411712 | An Phailís | Gairdín le ballaí, aolchloch spallaí Phailís, a tógadh thart ar 1800. Bealach isteach feithicleach le háirse éilipseach leis an mballa thuaidh, le stuachlocha gréastha agus eochair. | Tugann scála an iar-ghairdín seo tuiscint ar an tábhacht a bhain le heastáit Phailís. Cé gur scartáladh Teach Phailís tar éis an Dara Cogadh Domhanda, cuireann an gairdín le ballaí le suíomh Caisleán Phailís i gcónaí, túrtheach ón ceathrú haois déag le bábhún ón séú haois déag. | Baile Locha Riach | AN PHAILÍS | X:175914<br>Y:208404 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3642 | 30411704 | | Bosca poist iarainn theilgthe, a chuireadh suas thart ar 1880, le hionchomhartha VR (Victoria Regina) agus coróin, suite i mballa aolchloiche. | Cuireann litreoireacht agus an choróin atá simplí agus déanta go maith le cruth réasúnta simplí an bhosca seo, a thugann spéis bhreise ealaíonta dó. Péinteáladh boscaí poist ar a raibh an t-ionchomhartha ríoga le péint uaine tar éis Neamhspleáchas a bhaint amach in ionad fáil réidh leo. Tá tábhacht stairiúil ag gabháil leis an doras athsholáthair le suaitheantas Saorstát Éireann, tá an dá shuaitheantas ina siombail ar an aistriú ó rialtas coilíneachta go rialtas dúchais. Tá sé suite ag an gcrosbhóthar a bhí mar phointe lárnach ag an bpobal áitiúil agus bhí sé mar shuíomh uair amháin do shéipéal ón ochtú haois déag agus do scoileanna náisiúnta ón naoú haois déag agus ón fichiú haois araon. | Baile Locha Riach | AN SEANBHAILE ARD | X:175519<br>Y:209880 |  |
| 3643 | 30411709 | Teach Bhoth Loiscthe | Teach Bhoth Loiscthe – Teach geata scoite, 3 bhá aon stór a tógadh thart ar 1820 le bá isteach maolaithe. Tá sé in úsáid mar theach anois. | Tá an teach geata seo, a bhíodh ag freastal ar Theach Bhoth Loiscthe, réasúnta tipiciúil den chineál, agus tugann an bealach isteach maolaithe agus an gearradh cloch ar chaighdeán maith ar an stoc simléir agus na colbhaí gréas fada is gearr ar na hoscailtí beocht dó. Léirítear ceardaíocht oilte sa bhalla teorainn freisin. | Baile Locha Riach | FUALACHA | X:179365<br>Y:210007 |  |
| 3644 | 30411710 | Droichead an Mhóta nó Droichead *Riverstown* | Droichead an Mhóta nó Droichead *Riverstown* – Droichead aolchloiche 4 áirse, a tógadh thart ar 1820, a iompraíonn an bóthar thar Abhainn Choill Chró, le háirsí tuilte ag an aistriú leis an taobh thoir thuaidh. | Cruthaíonn na huchtbhallaí fada a shíneann i dtreo an droichid dea-bhraistint. Cuireann an meascán de spallaí agus d'aolchloch ghréastha ar baineadh úsáid astu sa tógáil leis an spéis uigeach. Tá leithead bunaidh na habhann, roimh dhraenáil soiléir i suíomh na n-áirsí tuilte ó thuaidh den chainéal atá ann i láthair na huaire. | Baile Locha Riach | BOTH LOISCTHE | X:179992<br>Y:210113 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3645 | 30411711 | Teach Both Loiscthe | Teach Both Loiscthe – Teach tuaithe scoite a tógadh thart ar 1760, le bloc láir 3 bhá 3 stór os cionn íoslach, aghaidh starrach le póirse chun tosaigh, le stór bloc 3 bhá 2 stór ar an taobh thiar & bloc 4 bhá 2 stór ar an taobh theas. | Gnáththeach tuaithe, ach teach saintréitheach mar gheall ar an mbloc láir ard agus na sciatháin ísle. Ardaíodh na sciatháin sin ag amanna difriúla, rud a thug léiriú ar riachtanais chóiríochta an teaghlaigh. Tá na balastráidí aolchloiche snoite leis an bpóirse agus na bloic íoslaigh chun tosaigh agus ar chúl tógtha go maith. Cuireann coinneáil na saisfhuinneoga adhmaid leis an teach. Tá mionsonraí maithe eile siúinéireachta le feiceáil sa phóirse maolaithe ar chúl. Tugann an clós le tithe cloiche lasmuigh agus an teach geata atá fós ann comhthéacs don teach. | Baile Locha Riach | BOTH LOISCTHE | X:179551<br>Y:209563 |  |
| 3646 | 30411713 | Droichead an Droichid Nua | An Droichead Nua – droichead aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1860, a iompraíonn an bóthar thar Abhainn Choill Chró. Uchtbhallaí casúr-ghréastha le stiallchúrsa eibhear-ghearrtha leis na hingearchlónna lasmuigh. | Tá sé soiléir gur obair í seo a bhí déanta ag ceardaithe agus innealtóirí oilte a bhí fostaithe chun droichead nua a dhearadh i ndiaidh na n-oibreacha draenála agus an ath-ailíniú bóthair an droichead simplí aon áirse seo. Cuireann an meascán d'aolchloch agus d'eibhear ghréastha feadh achar an uchtbhalla leis an spéis uigeach. | Baile Locha Riach | GORT AN IOMAIRE | X:179456<br>Y:207387 |  |
| 3647 | 30411606 | | Bosca poist iarainn theilgthe suite i mballa, a cuireadh suas thart ar 1915, le hionchomhartha ríoga den Rí Seoirse V agus den choróin. | Is meabhrúcháin iad na hionchomharthaí agus an choróin ar an mbosca poist seo den tréimhse sin in Éirinn díreach roimh Neamhspleáchas. Ba é an Rí Seoirse V an duine deiridh de ríthe na Breataine a raibh a ionchomhartha ar bhoscaí poist in Éirinn. Léirítear a shuntasacht sóisialta trína shuíomh lárnach ar chrosbhóthar. | Baile Locha Riach | DOIRE AN FHRINSIGH | X:174125<br>Y:211887 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3648 | 30411605 | | Teach dúchasach ceangailte trí bhá dhá stór a tógadh thart ar 1800. Díon tuí claonta scolbáilte, le droimneach scolbáilte sruthlaithe le stoc simléir rindreáilte atá íseal chun deiridh. | Is sampla neamhghnách de theach tuí dá stór in iarthar na hÉireann é an teach seo. Déanann an tuí atá scolbáilte go néata cur i láthair taitneamhacht, agus cuireann coinneáil na saisfhuinneoga adhmaid leis sin, tá na saisbhosca nochta ina ngnéithe neamhghnácha freisin. Cuireann a shuíomh ar thaobh an bhóthair agus an balla rindreáilte teorainn leis an gcomhthéacs. Tá sé mar chuid de dhá fhoirgnimh dhúchasach ceangailte neamhghnách mar gheall é a bheith ceangailte leis an teach dhá bhá comharsanachta. | Baile Locha Riach | DOIRE AN FHRINSIGH | X:174107<br>Y:212484 |  |
| 3650 | 30410615 | | Bosca poist iarainn theilgthe, a cuireadh suas thart ar 1915, le hionchomhartha G.R. agus móitíf na corónach atá ardaithe, le 'hOifig Poist' ar an liopa. | Tá an bosca poist seo, a bhfuil úsáid á bhaint as go fóill, mar ghné thábhachtach ach grinn. Cuireann an sifear ríoga le móitíf na corónach, a thugann beocht don bhosca seo nach bhfuil i gceist leis ach cuspóir bunúsach, leis an dearadh atá réasúnta simplí. Tugann sé aitheantas do réimeas Rí Seoirse V agus is déantúsán stairiúil atá ann dá bhrí sin. Cuireadh péint uaine ar roinnt mhaith de na boscaí a bhí curtha suas roimh Neamhspleáchas agus choinnigh siad an ionchomhartha ríoga. Mar gheall nach raibh Rí Seoirse V i réim ach ar feadh dhá bhliain déag roimh Neamhspleáchas na hÉireann, tá na boscaí seo neamhghnách in Éirinn seachas na boscaí a chuireadh suas le linn réimeas fada na Banríona Victoria. | Baile Locha Riach | AN SEANGHARRAÍ | X:171574<br>Y:214300 |  |
| 3651 | 30410617 | Droichead Bhaile an Chaisleáin | Droichead Bhaile an Chaisleáin – Droichead 3 áirse, a tógadh thart ar 1780, a iompraíonn an bóthar thar an abhainn. Áirsí ciorclacha agus earrainní ar déanamh V ar an ingearchló thiar. | Is sampla maith é Droichead Bhaile an Chaisleáin de dhroichead cloiche tuaithe iláirse agus críoch-chomhartha suntasach sa cheantar. Tá tarraingteacht aeistéitiúil ag gabháil leis agus léiríonn sé caighdeán maith saoirseachta cloch spallaí agus tá fiúntas teicniúil agus innealtóireachta ag dul le tógáil na n-áirsí. Ní léiríonn an droichead seachbhóthair a cuireadh suas le déanaí ceachtar de na saintréithe sin, áfach. | Baile Locha Riach | LIOS CUAILL | X:174019<br>Y:215376 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3652 | 30410618 | | Caidéal uisce d'iarann teilgthe a cuireadh suas thart ar 1870, le fearsaid bandáilte múnlaithe, caidhp chruinneachánach chuislithe le ceannchríoch agus lámh eireaball bó agus gob múnlaithe. | Tá tábhacht shóisialta ag baint leis an ngrúpa seo idir caidéal uisce agus bosca litreach don cheantar áitiúil agus is díol suntais é a bheith suite trasna ón séipéal Caitliceach. Taispeánann gach aon cheann acu scileanna múnlaithe miotail tionsclaíoch ón naoú haois déag agus ón fichiú haois. | Baile Locha Riach | AN MULLACH BEAG | X:173667 Y:218962 |  |
| 3653 | 30410709 | Teach an Lios Dubh | Teach an Lios Dubh – Teach scoite 2 stór, a tógadh thart ar 1900, le hurlár talún 3 bhá agus 2 bhá sa gcéad urlár, póirse beannach curtha leis an aghaidh & síneadh curtha le déanaí ar chúl. | Teach simplí agus cuireann mionsonraí ornáideach agus coinneáil an chuid is mó den ábhar bunaidh leis, lena n-áirítear sclátaí dín, bracanna sceimhleacha adhmaid snoite neamhghnách agus saisfhuinneoga adhmaid. | Baile Locha Riach | AN LIOS DUBH | X:176591 Y:213321 |  |
| 3655 | 30411715 | Muileann Bhealach Sháithil | Muileann Bhealach Sháithil – Muileann ilbhá 2 stór le stór áiléir, a tógadh thart ar 1800, 3 bhá ar an dara leath, le teach an mhuilleora 3 bhá 2 stór sa cheann thuaidh. Áiríonn na gnéithe gaolmhara ar an suíomh, an t-iar-mhuileann, teach úinéir an mhuilinn, linn mhuilinn, damba muilinn, bualchomhla agus droichead. | Tá an muileann feidhmiúil seo ach muileann atá tógtha go maith agus teach úinéir an mhuilinn mar chuid de shraith mhuilleoireachta arbhair agus ar cheann den líon mór muilinn a fhaigheann cumhacht ó Abhainn Choill Chró. Is dóigh go dtéann sé siar go dtí tús an naoú haois déag, tréimhse a raibh borradh faoin muilleoireacht arbhair in Éirinn. Is ionann an tsraith agus críoch-chomhartha a bhfuil aithne mhaith uirthi sa dúiche mar go bhfuil sí in aice an bhóthair. Áirítear ar na gnéithe gaolmhara atá ar an suíomh, an t-iarmhuileann, teach úinéir an mhuilinn, linn mhuilinn, damba muilinn, bualchomhla agus droichead. | Baile Locha Riach | BEALACH SHÁITHIL | X:180015 Y:211971 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3656 | 30410708 | Teach an Ráith Mhóir | Teach an Ráith Mhóir - Geataí isteach chuig Teach Rathmore a chuimsíonn geata feithicleach iarainn teilgthe ornáideach le piaraí aolchloiche gearrtha ar a bhfuil caidhpeanna agus pliontaí ar déanamh ciorclach. | Tá fianaise le feiceáil sna piaraí aolchloiche gearrtha agus gréastha ar shaoirseacht cloch oilte sa gheata ar díol suntais é. Tá na ballaí leathana ar gach aon taobh ina ngné shonrach ar thaobh an bhóthair. Go traidisiúnta, léiríonn an bealach isteach chuig teach tuaithe scileanna ealaíonta agus ailtireachta, mar chur i láthair don teach féin. | Baile Locha Riach | AN RÁTH MÓR | X:177531<br>Y:214013 |  |
| 3657 | 30410705 | Teach an Ráith Mhóir | Teach an Ráith Mhóir – Teach scoite 2 phíle, 3 bhá 3 stór, a tógadh thart ar 1780, le síneadh claonta, dronn 1 bhá 2 stór sa chuid thoir den éadan agus iarsmaí cosúil le teanntaí de dhronn ar an taobh thiar | Léiríonn an teach neamhghnách seo tógáil i dhá chéim, is teach ó dheireadh an ochtú haois déag an foirgneamh 3bhá 3 stór agus is dóigh gur cuireadh leis sin i dtús an naoú haois déag agus cuireadh dronn amháin ar a laghad leis le síleáil níos airde ná mar a bhí sa phríomhbhloc. D'fhéadfadh sé gur scartáladh an dara dronn nó gur fágadh gach críochnú í, rud a chuir cuma leataobhach air, agus tá an fócas ornáideach, an fráma dorais adhmaid maolchluasach mar thoradh air sin. Tugann na tailte agus na tithe lasmuigh breátha comhthéacs don teach agus cuireann leis. Sa bhliain 1837 thug Lewis ar aird gurbh é D. Cronin úinéir na maoine ach "tá sé i seilbh grúpa manach anois". Is manaigh Cistéirseach a bhí iontu, agus chuir siad fúthu i gCnoc Mheilearaí i gcontae Phort Láirge ina dhiaidh sin. | Baile Locha Riach | AN RÁTH MÓR | X:177975<br>Y:214551 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3659 | 30411808 | Scoil Peadair is Póil Naomhtha | Scoil Peadair is Póil Naomhtha - Scoile náisiúnta scoite aon stór, a tógadh thart ar 1880, ar shuíomh na scoile a bhí ann roimhe sin, le haghaidhchló 4 bhá agus airde cúil 8 bhá. | Coinníonn an scoil náisiúnta seo, cé nach bhfuil sí in úsáid faoi láthair, an chuid is mó dá hábhar bunaidh, lena n-áirítear saisfhuinneoga adhmaid, doirse adhmaid chaolacháin agus an phlaic le hainm na scoile uirthi. Suite siar ón mbóthar, tá an scoil mar chuid de ghrúpa sainiúil foirgnimh lena n-áirítear an séipéal Caitliceach Rómhánach áitiúil agus Teach *Boula*. Bhí na fuinneoga ingearacha, atá suite go hard sna ballaí, deartha leis an solas a scaoileadh isteach, ach gan aon fheiceáil a bheith amach mar chuid de ghnáth dhearadh Scoil Náisiúnta ag deireadh an naoú haois déag. Léiríonn na hingearchlónna siméadrach bealach isteach ar leithligh do na cailíní agus do na buachaillí. | Baile Locha Riach | AN BHUAILE | X:185449<br>Y:207567 |  |
| 3660 | 30412702 | Pócaróca | Pócaróca – Teach scoite 3 bhá dhá stór, a tógadh thart ar 1820, le mhionbheann peidiméide chun tosaigh agus póirse starrach peidiméide agus cúlteach 2 bhá dhá stór ar chúl. | In ainneoin athsholáthar na bhfuinneog, tá mionsonraí neamhghnácha ag baint leis an teach seo, le binn sclátaithe aimsire le cúinní, peidiméid, múnláil lipéad agus ceannchríocha ag cur leis an spéis sa bpríomhairde. | Baile Locha Riach | PÓCARÓCA | X:185734<br>Y:205848 |  |
| 3661 | 30412602 | Droichead na Ceapaí | Droichead na Ceapaí – Droichead bóthair aon áirse thar Abhainn na Ceapaí, a tógadh thart ar 1860. Ballaí aolchloiche le héadan carraige, uchtbhallaí agus cóipeálacha, le ballaí isteach aolchloiche spallaí. | Droichead simplí aon áirse agus é soiléir gur obair ceardaithe oilte atá i gceist, le stuachlocha aolchloiche gréastha atá gearrtha go cúramach. Tugann an meascán d'aolchloch éadan carraige agus aolchloch spallaí feadh na n-uchtbhallaí spéis uigeach don droichead. | Baile Locha Riach | AN CHEAPACH | X:177213<br>Y:205613 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3664 | 30412606 | Droichead Bhaile Sruthail | Droichead Bhaile Sruthail – droichead aolchloiche 6 áirse, a tógadh thart ar 1840, thar Abhainn Choill Chró le fianaise maidir le luathábhar agus ábhar deireanach, le trí áirse thar an abhainn agus trí áirse thirim thar an tarae ar an taobh thiar. | Tá an droichead cloiche seo in úsáid ar feadh 170 bliain ar a laghad agus tá teicnící tógála éagsúla le feiceáil feadh an droichid. Tá an droichead cóngarach do shraith mhuilleoireachta ar scála beag agus trasnaíonn trí cinn de na háirsí seo an tarae siar ó Abhainn Choill Chró. | Baile Locha Riach | AN CHILLÍN THUAIDH | X:179803<br>Y:205657 |  |
| 3666 | 30411804 | | Muileann gaoithe scoite ar dhéanamh ciorclach 3 chéim a tógadh thart ar 1750. Tá sé scriosta anois. Frámaí dronnáirse le hursaineacha aolchloiche gréastha, oscailt amháin le stuachlocha atá gréasaithe go garbh agus an ceann eile bactha ag spallaí. | Tá an muileann gaoithe seo ar chuid d'oidhreacht thionsclaíoch an réigiúin. Cé go raibh sé scriosta faoi dheireadh an naoú haois déag is críoch-chomhartha aitheanta atá ann fós féin sa dúiche mar gheall é a bheith suite in aice an bhóthair agus mar gheall ar a chruth sonrach. Tá sé suite ar shuíomh ard ag féachaint anuas ar dhiméin Dhoire Shuibhne. | Baile Locha Riach | DOIRE SHUIBHNE THUAIDH | X:186969<br>Y:209994 |  |
| 3667 | 30411803 | Radharc *Ormond* | Radharc *Ormond* – Teach scoite 3 bhá 2 stór ar dhéanamh T a tógadh thart ar 1820 agus cuireadh síneadh aon bhá aon stór leis an gceann thuaidh. | Tá an díon claonta le stoc simléir péirithe, fuinneoga ceartingearacha agus an doras le feanléas ornáideach tipiciúil de ghnéithe teach tuaithe ar mheánmhéid ó lár an naoú haois déag. Cuireann coinneáil na saisfhuinneoga adhmaid agus an doras breá le duilleog dúbailte leis an ingearchló agus tugann paitean aoise dó. | Baile Locha Riach | BAILE CROSÁIN | X:186790<br>Y:211060 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3668 | 30408303 | | Teach tuí dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800. | Tá an t-ingearchló íseal agus na ballaí tiubha tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Tá an cruth agus an struchtúr bunaidh coinnithe. | Órán Mór | CATHAIR UÍ MHAIGHIN | X:140184<br>Y:226099 |  |
| 3669 | 30409511 | | Túr uisce saorsheasaimh, ar dhéanamh ochtagánach, coincréit threisithe, a tógadh thart ar 1960, a chuimsíonn túr trí urlár a dhéanann taca d'umar uisce starrach. | Seasann an síneadh seo a cuireadh le hoidhreacht ailtireachta Ghaillimh Theas i lár an fichiú haois amach sa tírdhreach. Taispeántar na hairíonna plaisteacha coincréite go héifeachtach, lena struchtúr dealbhaithe agus an iliomad mionsonraí ornáideacha. Tá sé le feiceáil achar maith ón láthair agus is gné spéisiúil atá ann ar an spéirlíne. | Órán Mór | ÓRÁN BEAG | X:139683<br>Y:225176 |  |
| 3672 | 30410306 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1850, le póirse chun tosaigh. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Tá na tithe lasmuigh agus balla an ghairdín ina ngnéithe atá tipiciúil agus cuireann siad comhthéacs leis an suíomh. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138168<br>Y:218985 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3673 | 30410307 | | Teach tuí dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le póirse isteach chun tosaigh le díon maol. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Tá na tithe lasmuigh agus balla an ghairdín ina ngnéithe atá tipiciúil agus cuireann siad comhthéacs leis an suíomh. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138218<br>Y:219019 |  |
| 3676 | 30410320 | | Teach tuí scoite dúchasach aon stór a tógadh thart ar 1800, le póirse isteach chun tosaigh le díon maol. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Tá na tithe lasmuigh ina ngnéithe suntasacha a thugann comhthéacs don suíomh. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138483<br>Y:218851 |  |
| 3677 | 30410322 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, agus cuireadh síneadh le balla ar chúl le déanaí. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138568<br>Y:218896 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3678 | 30410323 | | Teach dúchasach scoite ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le stór áiléir le díon tuí claonta. | Tá an t-ingearchló íseal agus an stoc simléir, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. In ainneoin athsholáthar na bhfuinneog, coinníonn an teach seo a chruth agus a struchtúr bunaidh agus áirítear ansin gnéithe shuntasacha ar nós geata agus stíl iarainn shaoirsithe.Tá an clós le tithe lasmuigh chun tosaigh mar ghné suntasach de thithe dúchasacha. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138699<br>Y:219011 |  |
| 3679 | 30410324 | | Loc aolchloiche a tógadh thart ar 1780 , ar uiscebhealach gearr canálaithe, nach bhfuil in úsáid níos mó. | Is meabhrúchán feiceálach spéisiúil atá anseo don tábhacht a bhain le loingseoireacht intíre, le hiascaireacht agus le saothrú feamainne san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag. Cé nach bhfuil na geataí loic ar fáil níos mó, tá iomláine na saoirseachta mar theistiméireacht ar na scileanna a bhí i gceist le dearadh agus tógáil. Déanann an loc atá gearrtha agus gréastha go cúramach comparáid thaitneamhach le gairbhe na sraodbhallaí spallaí leis na claífoirt. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:139143<br>Y:219450 |  |
| 3680 | 30410302 | | Teach dúchasach scoite aon stór a tógadh thart ar 1800, le stór áiléir. | Teach tuí atá coinnithe go maith le bealach isteach i bhfosheomra le hingearchló íseal, ballaí tiubha agus oscailtí beaga a bhí tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad fairsing ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí fanta anois. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:138622<br>Y:219634 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3681 | 30410303 | Droichead Bhaile na Manach | Droichead Bhaile na Manach – Droichead le haolchloch gearrtha aon áirse a tógadh thart ar 1820. | Cuireann an droichead aolchloiche seo le ceardaíocht den scoth le spéis an tírdhreacha agus marcálann sé an teorainn idir dhá bhaile fearainn. Is léir gur ceardaithe oilte a rinne an tsaoirseacht, agus déanann an chloch ghearrtha sa droichead comparáid thaitneamhach leis na sraodbhallaí spallaí. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THIAR | X:139125<br>Y:219626 |  |
| 3682 | 30409526 | | Teach scoite dúchasach tuí cúig bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800, le stór áiléir le scáth gaoithe le díon maol chun tosaigh. | Teach tuí dúchasach le bealach isteach i bhfosheomra. Mar gheall go gcoinníonn sé a chuid gnéithe agus a shuíomh bunaidh, le gairdín chun tosaigh, tá sé mar chuid shainiúil d'oidhreacht ailtireachta na dúiche. | Órán Mór | BAILE NA MANACH THOIR | X:139897<br>Y:219814 |  |
| 3683 | 30410327 | | Balla farraige le haolchloch gréastha a tógadh thart ar 1860 le barrchaidhp gréastha agus rampa pábháilte de leaca cloiche a dhéanann fánán báid dúbailte. | Léiríonn an balla farraige agus an fánán báid seo ceird oilte agus leibhéal ard scile teicniúil ó thaobh a ndearadh agus a saoirseachta sa chuan beag iascaireachta chósta seo. Mar gheall ar na mionsonraí sna clocha barrchaidhpe is léir go raibh ceardaithe oilte ag obair orthu. Tá sé ar cheann den líon mór struchtúr cois cósta atá mar ábhar spéise staire agus radhairc i réigiún Dheisceart na Gaillimhe a thugann léiriú ar thábhacht na hiascaireachta agus saothrú feamainne san am a caitheadh. | Órán Mór | RÁTH AN AONAIGH | X:140243<br>Y:218148 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3684 | 30410325 | | Teach tuí dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le póirse isteach chun tosaigh agus cuireadh síneadh dhá stór ar an taobh thoir le déanaí. | Tá an t-ingearchló íseal, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Cé gur athraíodh é, coinníonn sé a chruth agus a struchtúr bunaidh. | Órán Mór | AN SRÁIDBHAILE THUAIDH | X:140218 Y:219100 |  |
| 3686 | 30409608 | Droichead *Whistle* | Droichead *Whistle* – Droichead bóthair aolchloiche aon áirse a tógadh thart ar 1820, thar Abhainn Leathbhaile. | Is díol suntais é an droichead seo a thugann an trácht thar Abhainn Leathbhaile mar gheall ar a chuid ballaí aolchloiche ar ardchaighdeán. Tugann an leathnú teistiméireacht maidir le cé chomh tábhachtach is atá sé d'infrastruchtúr an réigiúin. Déanann na huchtbhallaí le haolchloch gearrtha comparáid thaitneamhach le gairbhe na spallaí mullaigh a chuireann leis an spéis ó thaobh an bhóthair. | Órán Mór | AN TALAMH RUA | X:146960 Y:223050 |  |
| 3687 | 30409519 | | Teach tuí dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le póirse isteach le díon maol chun tosaigh agus síneadh aon stór leis an taobh thoir. | Teach tuí dúchasach le bealach isteach díreach, cineál a bhí coitianta go maith uair amháin agus nach bhfuil mórán acu fágtha níos mó. Tá a shuíomh atá ingearach leis an mbóthar agus coinneáil na dtithe lasmuigh suntasach freisin. | Órán Mór | FUARCHOILL | X:145743 Y:223317 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3688 | 30409520 | | Teach tuí dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800. | Teach tuí dúchasach le bealach isteach díreach, ceann de líon suntasach atá le fáil go fóill in Oirdheisceart na Gaillimhe, cé nach bhfuil mórán acu fágtha sa chuid eile den tír. Coinníonn sé a chruth agus a chuid mionsonraí atá tipiciúil den chineál, a chuireann lena spéis ailtireachta agus teicniúil. Cuireann na tithe lasmuigh atá cóngarach lena shuíomh. | Órán Mór | FUARCHOILL | X:145661<br>Y:223438 |  |
| 3691 | 30409523 | | Teach tuí dúchasach 4 bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800, le síneadh íseal aon bhá ar an taobh thoir. | Tugann an balla tosaigh atá íseal agus an díon tuí atá an-ard cuma sainiúil dúchasach don teach seo.  Tá an teach lasmuigh ar thaobh amháin faoi thuí freisin agus tá na hoscailtí beaga fuinneoige mar ghé shuntasach. Tá an stoc simléir atá an-íseal tipiciúil freisin. Cuireann an méid sin ar fad leis an suíomh, an gairdín atá chun tosaigh agus na crainn lán-fhásta. | Órán Mór | AN GARRÁN ÍOCHTAIR | X:136501<br>Y:220795 |  |
| 3694 | 30410204 | | Droichead aolchloiche agus cabhsa a tógadh thart ar 1860, thar ghóilín le Tamhain a cheangal leis an mórthír. | Is gné spéisiúil  sa tírdhreach é an cabhsa seo, mar go bhfuil sé le feiceáil óna bóithre isteach.  Ceanglaíonn sé Tamhain Thoir le Maolún, agus dá bhrí sin leis an gcuid eile den chontae. Bheadh Tamhain thar a bheith gearrtha amach gan an chabhsa seo. Is sampla suntasach atá anseo d'innealtóireacht sa naoú haois déag. | Órán Mór | | X:132956<br>Y:219490 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3696 | 30410206 | | Teach tuí scoite 4 bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar, cuireadh síneadh leis ar chúl le déanaí. | Tá an teach dúchasach tarraingteach seo mar chuid shuntasach d'oidhreacht ailtireachta na dúiche agus cuireann stoc simléir íseal agus an díon tuí leis sin. Bhí struchtúir den chineál sin thar a bheith coitianta in Éirinn uair amháin ach níl mórán acu le fáil faoin tuath níos mó. Tá na colbhaí agus cúinní péinteáilte tarraingteach agus ina ngnéithe neamhghnách. | Órán Mór | BAILE NA CLOICHE | X:134310 Y:219515 |  |
| 3697 | 30410205 | | Teach tuí scoite 4 bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar agus cuireadh síneadh ar chúl le déanaí le haon stór agus díon miotail maol. | Tá an teach dúchasach tarraingteach seo mar chuid shuntasach d'oidhreacht ailtireachta na dúiche agus cuireann stoc simléir íseal agus an díon tuí leis sin. Bhí struchtúir den chineál sin thar a bheith coitianta in Éirinn uair amháin ach níl mórán acu le fáil faoin tuath níos mó. Déanann na ballaí aolta comparáid thaitneamhach leis an tuí. | Órán Mór | BAILE NA CLOICHE | X:134210 Y:219494 |  |
| 3698 | 30410208 | | Teach tuí scoite 4 bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, agus cuireadh síneadh aon stór ar chúl le déanaí. | Bhí na struchtúir seo, atá mar chuid thábhachtach d'oidhreacht dhúchasach an Cheathrú Mhór, thar a bheith coitianta in Éirinn uair amháin ach níl mórán acu le fáil faoin tuath níos mó. Coinníonn an teach a chruth bunaidh agus cuid mhaith dá charachtar. Cuireann na tithe lasmuigh ar an taobh thiar i gcomhthéacs é. | Órán Mór | AN CHEATHRÚ MHÓR | X:135810 Y:218246 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3699 | 30410309 | | Teach tuí scoite 4 bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar ar cuireadh síneadh le díon claonta slinne leis ar chúl le déanaí. | Tá an t-ingearchló íseal agus na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin, níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. In ainneoin athruithe ar chúl, tá a chruth agus a struchtúr bunaidh le tabhairt faoi deara fós. Is gné thipiciúil den traidisiún dúchasach é an balla teorainn atá timpeall ar an ngairdín beag ar aghaidh an tí. | Órán Mór | AN CHEATHRÚ MHÓR | X:136225<br>Y:218380 |  |
| 3700 | 30410310 | | Teach scoite dúchasach 5 bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800, le stór áiléir dormánta le scáth gaoithe chun tosaigh, síneadh ar chúl le déanaí, agus cuireadh grianán leis an taobh thiar le gairid. | Tá an t-ingearchló íseal agus na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó, go háirithe is siúd le stór áiléir agus is díol suntais gur tháinig an ceann seo slán. Cuireann na tithe lasmuigh atá ar an suíomh leis agus tugann comhthéacs dó. | Órán Mór | AN CHEATHRÚ MHÓR | X:136346<br>Y:218459 |  |
| 3701 | 30410313 | Mary-Kate's | Mary-Kate's – Teach tuí scoite 4 bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800, le háiléar dormánta, póirse isteach le díon tuí claonta leis an aghaidhchló (ó dheas). | Cuireann an teach tuí tarraingteach seo go mór le hoidhreacht ailtireachta Bhaile na Cúirte. Tá an díon tuí agus an stoc simléir íseal mar ghnéithe tipiciúla d'ailtireacht dhúchasach na hÉireann. | Órán Mór | BAILE NA CÚIRTE | X:136978<br>Y:218561 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3702 | 30410314 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d'iarann teilgthe, a cuireadh suas thart ar 1880, a chuimsíonn fearsaid shorcóireach le ceann cuislithe agus gob cuislithe, lámh dhíreach agus caidhp chuislithe agus ceannchríoch biorach | Is ionann é seo agus caidéal uisce ón naoú haois déag, ar dhearadh caighdeánach atá le fáil ar fud na tuaithe i nGaillimh. Bhí ról tábhachtach sóisialta ag caidéil uisce sa naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois trí fhoinse uisce a chur ar fáil don phobal sula ndearnadh forbairt ar sholáthar príomhlíonra uisce. Go minic, mar a bhí sa chás seo, bhíodh na caidéil uisce suite ag nó in aice acomhal bóithre. | Órán Mór | BAILE NA CÚIRTE | X:137458<br>Y:218753 |  |
| 3703 | 30410315 | | Teach scoite dúchasach ceithre bhá aon stór, a tógadh thart ar 1850, le póirse le díon maol leis an aghaidhchló (ó dheas) agus cuireadh síneadh leis ar chúl le déanaí. | Tá an t-ingearchló íseal agus na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga atá spásáilte go neamhrialta tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Cuireann na cóirithe rindreáilte ornáideacha ar na hoscailtí leis sin. | Órán Mór | BAILE NA CÚIRTE | X:137485<br>Y:218400 |  |
| 3705 | 30410304 | | Teach tuí scoite dúchasach ceithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800. | Tá na hoscailtí beaga atá spásáilte go neamhrialta, an stoc simléir íseal, agus an díon tuí ina gnéithe tipiciúil d'ailtireacht dhúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Coinníonn an teach a chruth agus a struchtúr bunaidh agus cuireann na tithe lasmuigh chun tosaigh, gné coitianta eile den traidisiún, leis agus tugann comhthéacs dó. | Órán Mór | BAILE NA CÚIRTE | X:136901<br>Y:219343 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3706 | 30410301 | | Teach tuí scoite dúchasach sé bhá aon stór, a tógadh thart ar 1860, le stór áiléir, póirse chun tosaigh, díon gabhal éadain agus cuireadh síneadh leis ar chúl le déanaí. | Tá na hoscailtí beaga atá spásáilte go neamhrialta, an stoc simléir íseal, agus an díon tuí ina gnéithe tipiciúil d'ailtireacht dhúchasach na hÉireann.  Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó agus is sampla suntasach é an ceann seo. Coinníonn an teach a chruth agus a struchtúr bunaidh agus cuireann na cóirithe rindreáilte leis sin. | Órán Mór | BAILE NA CÚIRTE | X:137026<br>Y:219441 |  |
| 3707 | 30408225 | Teach Choill na Carraige | Teach Choill na Carraige – Teach scoite 3 bhá 3 stór, a tógadh thart ar 1810, le haghaidh starrach lárnach leis an aghaidh agus cúlteach lárnach 2 stór leis an airde cúil, cuireadh síneadh 2  stór leis níos déanaí. | Cuireann Teach Choill na Carraige go mór le hoidhreacht ailtireachta dheisceart na Gaillimhe. In ainneoin athruithe agus tógáil amach an rindreáil, tá a chruth bunaidh fós ag an teach seo agus roinnt mhaith dá ghnéithe bunaidh ar nós, mionsonraí cloch snoite, go háirithe colbha snoite an phríomhdorais.  Tá an teach geata beag tarraingteach mar ghé thábhachtach de Dhiméin Choill Carraige agus cuireann sé le mealltacht amhairc an cheantair. | Órán Mór | COILL NA CARRAIGE | X:135182<br>Y:230460 |  |
| 3708 | 30407010 | Stáisiún Gardaí Leacht Seoirse | Stáisiún Gardaí Leacht Seoirse – Iar-bheairic scoite RIC le cúig bhá dhá stór a tógadh thart ar 1870, le síneadh le díon maol ar chúl. Tá sé á úsáid anois mar Stáisiún Gardaí. | Tá fócas tábhachtach sóisialta ag an Stáisiún Gardaí seo ó thaobh an phobail áitiúil agus léirítear é sin trína shuíomh ar an bpríomhbhóthar ó Ghaillimh go Ros Comáin agus ar acomhail idir trí bhóthar. Tá an chuid is mó den ábhar bunaidh coinnithe, lena n-airítear saisfhuinneoga adhmaid, a chiallaíonn go bhfuil an foirgneamh mar chuid tharraingteach d'oidhreacht ailtireachta an cheantair. | Órán Mór | BAILE CHLÁIR Leacht Seoirse | X:138041<br>Y:234470 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3710 | 30408224 | | Teach tuí scoite dúchasach 4 bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800. | Tá an t-ingearchló íseal agus na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga an tí seo tipiciúil de thraidisiún dúchasach na hÉireann. Cé go raibh siad coitianta ar fud na tuaithe agus i sráidbhailte beaga uair amháin níl mórán tithe tuí le feiceáil níos mó. Coinníonn an sampla seo na stoc simléir íseal. | Órán Mór | AN CHREIG BHUÍ | X:136024<br>Y:231707 |  |
| 3711 | 30406919 | | Teach tuí scoite dúchasach 4 bhá aon stór, a tógadh thart ar 1800. | Is sampla thar a bheith neamhghnách, slán de thithe dúchasach an réigiúin é seo. Choinnigh sé a chuid oscailtí beaga fuinneog agus doras agus a saisfhuinneoga adhmaid agus a dhoras adhmaid chaolacháin. Tá na mionsonraí ina dhíon tuí tiubh, atá íocónach d'Éirinn, simplí agus cuireann an obair scolbáilte ag barr an bhalla leis. Tá a shuíomh, díreach in aice an bhóthair, neamhghnách agus tá an foirgneamh ar cheann de na struchtúir is sláine i gcnuasach dúchasach Mhucrois. | Órán Mór | MUCROIS | X:128355<br>Y:234604 |  |
| 3714 | 30405630 | | Teach scoite dúchasach tuí cheithre bhá aon stór le háiléar dormánta, a tógadh thart ar 1800, teach aon stór íseal lasmuigh cuasaithe ar an taobh ó dheas, síneadh aon stór le balla ar chúl. | Coinníonn an teach tuí tarraingteach seo a chruth agus a shaintréithe bunaidh ar nós an dín tuí, stoc simléir íseal agus oscailtí beaga. Cuireann na cúinní ornáideacha agus an bhandáil rindreáilte leis an spéis ó thaobh amhairc. Cuireann an balla teorainn íseal agus na tithe lasmuigh, go háirithe iad siúd atá ceangailte leis an mbinn, leis an suíomh. | Órán Mór | AN tEANACH THIAR | X:129995<br>Y:239440 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3715 | 30405629 | | Teach scoite dúchasach tuí cheithre bhá aon stór le háiléar dormánta, a tógadh thart ar 1800, le síneadh póirse ón fichiú haois chun tosaigh agus síneadh beannach ar chúl. | Is meabhrúchán fisiciúil atá sa teach tuí seo de thraidisiún tógála dúchasach na hÉireann agus cé go raibh siad coitianta laistigh den tírdhreach tuaithe uair amháin níl mórán acu le feiceáil níos mó. Coinníonn an teach seo roinnt gnéithe ailtireachta ar nós an dín tuí agus na hoscailtí beaga. | Órán Mór | AN tEANACH THOIR | X:130691<br>Y:240171 |  |
| 3718 | 30405635 | Teach an Mhása | Teach an Mhása – Teach mór scoite chúig bá aon stór a tógadh thart ar 1790, le póirse isteach chun tosaigh. | Tá comhdhéanamh cothrom ar an teach beag tarraingteach seo ar stíl 'villa' agus comhréir shimplí agus coinníonn sé a chruth bunaidh agus an chuid is mó dá charachtar, ar nós an dín sclátaí agus an stoc simléir bhreá agus na saisfhuinneoga adhmaid. Cuireann an tsraith foirgneamh feirme ar chúl agus an caisleán atá scriosta anois le suíomh an ghrúpa. | Órán Mór | AN MÁS | X:131265<br>Y:239240 |  |
| 3719 | 30406905 | | Teach tuí dúchasach scoite cheithre bhá aon stór, a thógadh thart ar 1800, le póirse gloinithe chun tosaigh, síneadh le balla ar chúl agus cuireadh síneadh dhá stór leis an taobh thiar le déanaí. | Is sampla maith atá sa teach dúchasach seo, le hoscailtí fuinneog atá réasúnta beag agus díon tuí. Is ionann a shuíomh foscúil agus gné traidisiúnta den mhodh ailtireachta seo. | Órán Mór | EANACH DHÚIN | X:129300<br>Y:237752 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3720 | 30406913 | | Teach tuí dúchasach scoite cheithre bhá aon stór, a thógadh thart ar 1800, bealach isteach le scáth gaoithe faoi dhíon maol agus síneadh aon stór le díon maol ar chúl. | Is sampla maith atá anseo den chineál teach dúchasach a bhíodh in Oirthear na Gaillimhe agus atá fanta fós. Is ionann a dhíon tuí agus a oscailtí atá réasúnta beag chomh maith leis an scáth gaoithe agus gnéithe traidisiúnta atá le fáil laistigh den mhodh ailtireachta seo. | Órán Mór | LISÍN AN ÓRÁIN | X:130927<br>Y:236705 |  |
| 3724 | 30406915 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar agus síneadh le díon maol ar chúl. | Tá díon tuí, stoc simléir íseal agus oscailtí simplí ar an teach tuí traidisiúnta seo, atá tipiciúil don réigiún. Cuireann coinneáil go leor de na gnéithe traidisiúnta leis an fhoirgneamh, mar a dhéanann a shuíomh le gairdín chun tosaigh. | Órán Mór | CLUAIN BÚ | X:132345<br>Y:236715 |  |
| 3725 | 30406916 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar ar an taobh thuaidh. | Tá an díon tuí, stoc simléir íseal agus na hoscailtí beaga simplí atá tipiciúil d'ailtireacht dhúchasach baile in Éirinn coinnithe sa teach seo. Is cuid é de ghrúpa tithe tuí i gcnuasach traidisiúnta Cluain Bú. | Órán Mór | CLUAIN BÚ | X:132394<br>Y:236786 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3726 | 30406917 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le síneadh le díon maol ar chúl. | Is sampla an-mhaith é seo de thithíocht dhúchasach áitiúil. Cuireann an obair scolbáilte ornáideach ar an mullach agus na hoscailtí agus stoc simléir shimplí leis an díon tuí agus tá sé tipiciúil de thithe dúchasach. Cuireann an suíomh, i log beag, agus gairdín chun tosaigh an foirgneamh i láthair go maith. | Órán Mór | CEATHRÚ AN CHAISLEÁIN | X:132458<br>Y:236882 |  |
| 3727 | 30406907 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le scáth gaoithe isteach le díon maol, agus síneadh le díon maol ar chúl. | Is teach tipiciúil dúchasach tuí é an teach seo, tá a chuid fuinneoga an-bheag agus dá bhrí sin b'fhéidir gurbh iad na fuinneoga bunaidh iad. Tugann na coirnéil chuartha, ardchlaonta atá ar an teach tuí seo sainiúlacht dó. | Órán Mór | TÓIN AN GHARRÁIN | X:133338<br>Y:237564 |  |
| 3729 | 30406902 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le háiléar agus síneadh dhá stór le díon maol ar chúl. | Tá an tuí néata thar a bheith tarraingteach agus tugann na ballaí atá claonta siar an tuairim go bhfuil an teach sean, b'fhéidir gur bhain sé le deireadh an ochtú haois déag. Cuireann an t-ornáideachas ar aghaidh an tí, ar stíl traidisiúnta, leis an fhoirgneamh. | Órán Mór | CAISLEÁN NA CRAOBHAÍ | X:133044<br>Y:238728 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3730 | 30406901 | | Teach tuí scoite dúchasach cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le póirse le díon maol chun tosaigh agus síneadh le díon maol ar chúl. | Is sampla maith atá anseo de theach tuí atá tipiciúil don chuid seo den Chontae na Gaillimhe. Cuireann coinneáil an dín tuí agus na hoscailtí fuinneoige atá réasúnta beag leis an spéis ailtireachta agus teicniúil. | Órán Mór | CAISLEÁN NA CRAOBHAÍ | X:132875 Y:238882 |  |
| 3732 | 30407004 | | Teach scoite 3 bhá aon stór ó 1867, le háiléar agus síneadh póirse le díon maol ar an taobh theas agus síneadh 3 bhá aon stór ar chúl. | Ciallaíonn mionsonraí breátha an tí seo chomh maith lena shiméadracht thaitneamhach ar an aghaidh go bhfuil an foirgneamh seo mar chuid spéisiúil d'oidhreacht ailtireacht Ghaillimh Thuaidh. Is fiú an obair chloiche sneiceáilte, stoc simléir agus na colbhaí fuinneoige a thabhairt ar aird agus is teistiméireacht iad ar scil na gceardaithe áitiúla a chuidigh le foirgneamh tarraingteach agus dea-chomhréirithe a chur ar fáil. | Órán Mór | LIOS CEANANNÁIN | X:137026 Y:236796 |  |
| 3734 | 30407007 | | Teach tuí dúchasach scoite cheithre bhá aon stór a tógadh thart ar 1800, le scáth gaoithe leis an mbealach isteach. | Tréigeadh an teach seo sna 1970aidí agus rinne an pobal áitiúil athchóiriú air sa bhliain 1994 le maoiniú ó FÁS agus tá sé in úsáid anois mar Mhúsaem agus Ionad Oidhreachta Leacaigh. Tá déantúsáin ón gceantar áitiúil ann agus tá tábhacht chultúrtha don phobal áitiúil ag gabháil leis anois. Is sampla tipiciúil é de stíl tógála traidisiúnta nach bhfuil coitianta in Éirinn níos mó. | Órán Mór | LEACACH BEAG | X:140731 Y:235820 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3736 | 30407016 | | Scrín shaorsheasaimh ar thaobh an bhóthair le dealbh plástair den Chroí Rónaofa a tógadh thart ar 1930. | Tá scrínte agus fochlaí, go háirithe scrínte don Mhaighdean Mhuire le feiceáil ar bhóithre na hÉireann le os cionn céad bliain. Is críoch-chomhartha é an scrín seo, atá réasúnta beag, a sheasann amach ar thaobh an bhóthair, tá aire mhaith á fháil aige agus is pointe lárnach atá ann do phobal reiligiúnach an cheantair. | Órán Mór | CATHAIR NA SILÍNÍ | X:140691<br>Y:233274 |  |
| 3737 | 30407018 | Droichead na Creige Móire | Droichead na Creige Móire - droichead bóthair aolchloiche 12 áirse trasna Abhainn an Chláir, a tógadh c.1810. Na ceithre áirse i lár baill trasna na habhann. Áirsí cruinne le heochracha de chloch ghléasta go fáinní na n-áirsí. | Tugtar trácht trasna Abhainn an Chláir, abhainn ar maith le daoine iascaireacht a dhéanamh uirthi, ar an droichead breá aolchloiche seo. Is cuid thábhachtach de bhonneagar stairiúil an cheantair atá ann agus cé go bhfuil sé maisithe ar bhealach an-simplí is léir scileanna lucht ceirde na háite ar an obair chloiche agus is sampla maith an droichead den innealtóireacht maidir le bóithre sa naoú haois déag. | Órán Mór | CATHAIR NA SILÍNÍ | X:141030<br>Y:232929 |  |
| 3739 | 30407001 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin ar an déanamh dúchasach, c. 1800 le háiléar agus le síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom curtha siar as. | Tá an teach traidisiúnta ceann tuí a bhíodh coitianta sa taobh tíre tráth ag éirí gann. Tá an ceann seo, ar dea-shampla iomlán den chineál atá ann, suite ag crosbhóthar. Tá an ceann tuí, na ballaí faoi aol agus na fuinneoga adhmaid coinntithe, chomh maith leis an gcuma agus an scála bunaidh, iad ar fad ina ngnéithe den ghnáthailtireacht dhúchasach Éireannach a fhágann fiúntas agus suntas leis an teach maidir le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Órán Mór | BAILE UÍ BHRÓIN | X:143970<br>Y:238210 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3740 | 30407008 | Cuan Mhuire | Cuan Mhuire - Teach scoite 3 bhá dhá stór os cionn íoslaigh, a tógadh c.1870, le bealach isteach lárnach chun tosaigh le póirse uPVC chun tosaigh agus bloc maolaithe 3 bhá ag ceann de. | Sa teach seo a chónaigh an Giúistís Síochána James Dillon Meldon tráth agus cheannaigh Siúracha na Carthanachta an teach agus na tailte sa bhliain 1927 agus cheannaigh Ord na nUrsaileach an áit ina dhiaidh sin gur ritheadh scoil eolaíocht bhaile ann. I rith na 1970idí agus na 1980idí bhí ord Misinéirí an Chroí Ró-Naofa ann agus é ina theach ag fir óga a bhí ag tosú amach ar an tsagartóireacht. Tá sé anois faoi úinéireacht Chluain Mhuire, carthanas atá á rith ag an tSiúir Consilio d'Ord Shiúracha na Trócaire, agus ina áras cónaitheach athshlánúcháin agus cóireála. Tá méid mhór curtha as an gcéad áras cónaithe le hobair athchóiriúcháin leitheadach ach tá na coirnéil chloiche, an t-íoslach agus na bánna maolaithe ina n-ábhar mór suntais. | Órán Mór | AN CAITHRÍN LIATH | X:144339<br>Y:235461 |  |
| 3741 | 30407005 | Cuan Mhuire | Geata isteach chuig Cuan Mhuire, a tógadh c.1880, Teach Chúl Árann tráth, lena mbaineann dhá philéar d'aolchloch ghearrtha ar dhéanamh cearnóige le pliontaí múnlaithe agus painéil mhúnlaithe. | Cuireann na geataí ardmhaisithe seo go mór leis an suntas a bhaineann leis an mbealach isteach go dtí an teach ar a dtugtaí Teach Chúl Árann. Is léir scil an tsaor cloiche agus an tsaor miotail ar an saothar suntasach ealaíne seo. Fágann an suíomh le taobh an bhóthair go mbíonn lán na súl le baint as an ngeata seo. | Órán Mór | AN CAITHRÍN LIATH | X:144700<br>Y:235553 |  |
| 3743 | 30407104 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1860, trasna an bhóthair iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris nach bhfuil in úsáid feasta. Leagan amach siméadrach thart ar ais thuaidh-theas. | Ba é an Great Southern and Western Railway Company a rinne an droichead seo chun an bóthar a thabhairt trasna an bhóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris. Tá mionobair shimplí déanta ar an droichead atá déanta as cloch de chuid an cheantair agus é gan athrú ó am a thógtha. Cé gur dúnadh an bóthar iarainn ba chúis leis an droichead sa bhliain 1975, tá an droichead i gcónaí na shampla den innealtóireacht a bhain leis na bóithre iarainn i lár an naoú haois déag agus tá tábhacht leis maidir le hoidhreacht thionsclaíochta an cheantair. | Órán Mór | AN LÁITHREACH BEAG | X:148509<br>Y:237334 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3744 | 30407105 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1860, trasna an bhóthair iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris nach bhfuil in úsáid feasta. Leagan amach siméadrach thart ar ais thuaidh-theas. | Is sampla breá an droichead seo atá gan athrú ó thrátha thógtha den innealtóireacht a bhain leis na bóithre iarainn i lár an naoú haois déag. An Great Southern and Western Railway Company a rinne an droichead maidir leis an mbóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris. Níl sé in úsáid níos mó mar dhroichead iarnróid ó dúnadh an bóthar iarainn sin sa bhliain 1975. As cloch nádúrtha a rinneadh an droichead seo a bhfuil siméadracht thaitneamhach ag baint leis agus tá an mhionobair cloiche ina teist ar inniúlacht na gceardaithe a rinne é. | Óran Mór | AN FEARBHÁN | X:149023<br>Y:236057 |  |
| 3745 | 30407114 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1860, trasna an bhóthair iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris nach bhfuil in úsáid feasta. Leagan amach siméadrach thart ar ais thuaidh-theas. | Is sampla an droichead seo den innealtóireacht a bhain leis na bóithre iarainn i lár an naoú haois déag agus tá sé fós in úsáid chun trácht bóthair a thabhairt trasna an bhóthair iarainn a chuir an Great Southern and Western Railway Company síos idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris a dúnadh sa bhliain 1975. Is cuid thábhachtach d'oidhreacht tionsclaíochta an cheantair an droichead agus cé go bhfuil an mhionobair air simplí, tá fiúntas teicniúil leis. | Óran Mór | AN CÁRÁN | X:149682<br>Y:233278 |  |
| 3746 | 30407112 | Séadchomhartha Oilbhéar Brún | Séadchomhartha Olbhéar Brún - Séadchomhartha aolchloiche saorsheasaimh, a tógadh c.1720. ar dhéanamh cearnóige le ceap mullaigh géar pirimideach agus cúrsa sreinge faoi sin. | Úsáidtear leacht go hiondúil chun tagairt do chlocha os cionn uaighe. D'fhéadfadh gur tógadh an séadchomhartha tar éis bháis Oilbhéar Brún, fear den áit a caitheadh de chapall ag an spota seo. Gné neamhghnách seo maidir le dreach agus oidhreacht an cheantair. | Óran Mór | AN SIÁN | X:147181<br>Y:232562 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3747 | 30408404 | | Droichead iarnróid aon áirse, a tógadh c.1860, a thugann an bóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Tuaim trasna an bhóthair. | Cuirtear béim ar mhéid an droichid iarnróid seo le húsáid aolchloiche agus éadan cloiche léi agus tá sé déanta ar an ngnáthbhealach tógála a bhain le hailtireacht agus innealtóireacht na mbóithre iarainn in Éirinn i lár agus i ndeireadh an naoú haois déag. Cuireann an chodarsnacht idir na ballaí aolchloiche sneicthe agus na heochracha déanta as aolchloch tuathúlachta leis an ábhar suime atá sa droichead don tsúil. | Órán Mór | AN SLIABH THUAIDH | X:150296<br>Y:230673 |  |
| 3749 | 30326004 | Léim an Bhradáin | Léim an Bhradáin, Bóthar an Chlocháin. Teach ceann sraithe 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, le háiléar dormánta níos nua, a tógadh c.1800, ceann tuí a bhíodh air ó thús go dtí gur cuireadh díon nua air c.1980. | Bhíodh ceann tuí ar dtús ar an teach seo den déanamh dúchasach a bhfuil na fuinneoga saise adhmaid coinnithe san aghaidhchló ann. Is gné tharraingteach eile an binse cloiche faoi cheann de na fuinneoga a bhain go hiondúil leis an ailtireacht dhúchasach. Cuireann an teach seo dá bhrí sin an oidhreacht dhúchasach atá ag imeacht as sa cheantar tuaithe seo i gcuimhne do dhuine. | Conamara | AN CLÁR Uacthar Ard | X:111346<br>Y:242629 |  |
| 3751 | 30326006 | | Teach scoite 3 bhá aon stór amháin, a tógadh c.1900, le síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom curtha siar as le gairid agus fuinneoga comhlaí maisithe adhmaid. | Tá codarsnacht ghéar i gceist le simplíocht an tí seo ó thús an naoú haois déag agus na fuinneoga neamhghnácha colúin san aghaidhchló. Cuireann na fuinneoga saise adhmaid ar chúl an tí agus an doras painéil adhmaid agus an díon sclátaí a choinneáil le fiúntas ailtireachta an tí agus cuireann an teach le héagsúlacht ailtireachta an bhaile. | Conamara | AN CLÁR Uachtar Ard | X:111451<br>Y:242607 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3752 | 30326007 | Teach Pháirc an Tobair | Teach Pháirc an Tobair, Bóthar an Chlocháin - Teach scoite 3 bhá dhá stór a tógadh, c.1870, le síneadh beannach dhá stór níos nua curtha as a chúl. | Teach deas seo atá curtha in alt a chéile go simplí le bandaí ingearacha le haghaidhchló breá cothrom. Cuireann sé leis an bhfoirgneamh gur coinníodh na fuinneoga saise adhmaid agus an doras mór chun tosaigh. Tá an teach agus na foirgnimh taobh amuigh suite go deas i ar thalamh fásta. | Conamara | AN CLÁR Uachtar Ard | X:111626 Y:242677 |  |
| 3753 | 30326008 | | Droichead bóthair aolchloiche trí réise garbhshaoirseachta, dár dáta 1820. Áirsí ina dteascáin le heochracha gréasta agus iad crochta | Cuid de scéim feabhsúcháin Alexander Nimmo maidir leis an mbóthar idir Gaillimh agus an Clochán, tá suntas leis an droichead breá seo chomh maith ó thaobh na habhann de. Tá saoirseacht chloiche ar chaighdeán maith le feiceáil maidir le corranna uisce agus eochracha an droichid, comhartha ar an dea-obair thógála a fhágann gur féidir leanacht san aonú céad is fiche den droichead a úsáid mar a leagadh amach ó thús. | Conamara | AN CHEATHRÚ MHEÁNACH | X:111820 Y:242735 |  |
| 3755 | 30326019 | | Hiodrant uisce déanta as iarann teilgthe, Bóthar an Chlocháin, cuireadh isteach c.1860. | Tá an hiodrant uisce seo atá déanta as iarann teilgthe thar a bheith slán agus is cuid thábhachtach é de dhreach na sráide. Tá mionobair ealaíne sa teilgean méiríneachta agus san ornáid bhuaice i gcruth dearcáin. Ní minic a thagann duine ar shampla chomh maith seo i mbailte móra na hÉireann sa lá atá inniu ann. | Conamra | AN CHEATHRÚ MHEÁNACH Uachtar Ard | X:111805 Y:242744 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3756 | 30343001 | Ascal Naomh Bríd | Hiodrant Uisce, Ascal Naomh Bríd, a tógadh c.1870. | Sampla maith atá anseo de hiodranta uisce déanta as iarann teilgthe ó dheireadh an naoú haois déag ar a bhfuil mionobair ealaíne seachas mar ba ghá maidir le fearas fóntais dá shórt. Tá an seilf leis i gcónaí ar a leagfadh an té a bhí ag tarraingt uisce as an buicéad. Is gné thábhachtach atá ann de throscán na sráide i bPort Omna agus bhíodh sé in úsáid maidir le huisce óil a fháil sular raibh soláthar uisce isteach sna tithe i bpríomhphíobáin. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185173<br>Y:205172 |  |
| 3757 | 30343002 | | Bosca Litreach, Bóthar Naomh Breandáin, a tógadh c.1915. | Sampla an bosca litreach seo den obair a dhéanadh W. T. Allen & Co. i Londain. Cuireann monagram George V agus an inscríbhinn leis an dearadh feidhmiúil. Bhíodh boscaí litreach den chineál seo á ndéanamh le linn réimeas George V idir 1910 agus 1936. Is lú acu atá in Éirinn ná na boscaí a bhaineann le réimeas Victoria roimhe sin ó tharla nach fada a mhair réimeas George V in Éirinn. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:184958<br>Y:205074 |  |
| 3758 | 30343003 | | Bóthar Naomh Breandáin - Teach scoite 3 bhá dhá stór, a tógadh c.1910, le taobhchlónna dhá bhá agus bánna maolaithe le dhá cheann an aghaidhchló (an taobh thoir) agus leis an ingearchló ó dheas, | Teach mór ó thús an fichiú aois a bhfuil an chuma ailtireachta agus an tréithíocht coinnithe ina leith. Is de ghnáthchineál na linne an leagan amach siméadrach ar bhánna maolaithe lán airde ar dhá thaobh an dorais i lár baill agus tá ábhar suime le líne an dín mar gheall ar an díon forsheoil leis na coirbéil ina bpéirí. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:184998<br>Y:204755 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3762 | 30343016 | M. C. Stronge | M. C. Stronge, Sráid Naomh Breandáin.  Teach ceann sraithe dhá bhá dhá stór le háiléar, a tógadh c.1820, éadanas teach ósta le stór an sráide agus cúlchuid dhá bhá dhá stór leis an gcúlchló (an taobh ó thuaidh). | Cuid spéisiúil de dhreach an bhaile mhóir an t-áras suntasach seo atá suite ar choirnéal in aice le séipéil an bhaile. Tá bunghnéithe coinnithe go fóill san éadanas teach ósta, piléir balla le painéil iontu, clár don ainm agus fearas cosanta fuinneoige san áireamh, agus cuireann sé leis gur coinníodh na fuinneoga saise adhmaid. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185238<br>Y:204586 |  |
| 3763 | 30343019 | | Bosca Litreach,  déanta as iarann teilgthe, Sráid Naomh Breandáin, a tógadh c.1940. | Sampla an bosca litreach seo den obair a dhéanadh W. T. Allen & Co. i Londain. Cuireann an mhionobair maidir le monagram P & T leis an dearadh atá feidhmiúil seachas sin.  Bhí an úsáid as litreacha sa chló Gaelach coitianta ar fhoirgnimh phoiblí in Éirinn tar éis bhunú an Stáit ach d'fhéadfadh gur sine ná sin an bosca féin agus gurb é an chaoi ar athraíodh an doras air. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185275<br>Y:204593 |  |
| 3765 | 30343022 | Lóiste Bhaile na bhFalmairí | Lóiste Bhaile na bhFalmairí - Teach scoite 5 bhá dhá stór c.1800, le síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom leis an gcúlchló (an taobh ó thuaidh). Garaí chun tosaigh agus ráillí déanta as iarann teilgthe le reanna sleánna mar ornáidíocht leo mar theorainn thart air, iad suite ar phliontaí aolchloiche agus geata do choisithe déanta as iarann teilgthe, agus le geata dúbailte feithiclí maisiúil dé-dhuilleog déanta as iarann teilgthe ar an taobh thiar le piaraí chloch ghearrtha. | Cé nach bhfuil cónaí faoi láthair ann, tá caoi mhaith coinnithe ar an teach seo agus cuireadnn sé leis an mbealach aneas isteach go Port Omna. Cuireann an balla teorainn, na ráillí agus na geataí déanta as iarann saothraithe agus teilgthe le caighdeán na láithreach.  Cé go bhfuil cláir curtha leis, tá tréithe ailtireachta go tréan sa teach seo go fóill, mar shampla gnéithe clasaiceacha leis na gnáthfhuinneoga agus ceann rabhnáilte leis an doras. | Baile Locha Riach | FAIRYHILL<br>PORT OMNA | X:185860<br>Y:205025 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3766 | 30343023 | Teach Bhaile na bhFalmairí | Teach Bhaile na bhFalmairí - Teach scoite 3 bhá dhá stór, a tógadh c.1820, with shallow bowed central breakfront to front (east) elevation, agus síneadh dhá bhá dhá stór as an gceann thiar den ingearchló ó dheas. | Tá cuma chlasaiceach ar an teach seo agus cuireann an bhá ar an mbealach isteach leis na sceimhle os a chionn leis an tsiméadracht. Gnéithe na cúinní clasaiceacha, na fuinneoga rialta agus an doras ornáideach a bhaineann le hailtireacht na dtithe tuaithe. Chuirtí sclátaí in aghaidh na haimsire, mar atá leis an ingearchló ar an taobh thiar theas, le ballaí taobh amuigh d'fhonn a gcosaint ón ngaoth. Tá roinnt tithe i nDeisceart na Gaillimhe, Fairy Hill ó thuaidh de Phort Omna san áireamh, a bhfuil sin leo agus d'fhéadfadh gur gné réigiúnach atá i gceist. Cuireann na fuinneoga saise adhmaid a bheith coinnithe leis an teach, agus cuireann an feanléas simplí le hábhar spéise an dorais. | Baile Locha Riach | FAIRYHILL PORT OMNA | X:186252 Y:205023 |  |
| 3767 | 30343025 | | Sráid Naomh Breandán - Teach sraithe cúig bhá dhá stór, a tógadh c.1780, le háirse do charáistí mar chuid dhílis de agus éadanas teach ósta le stór na sráide | Tá an teach seo ar seanteach ósta é ina chuid de shraith tithe dhá stór le hairde na bhfuinneog agus líne na ndíonta mar a chéile acu go léir. Tá éadanas adhmaid an tsiopa idir an doras agus áirse caráiste agus comhartha scríbhinne le pláta an ainm. Is léir obair shiúinéara oilte ar an bhfeanléas agus cuireann braic chonsóil mionghnéithe ealaíonta leis an éadanas. Tugtar clocha 'slop and jostle' go háitiúil ar na gardaí rothaí atá leis an áirse caráiste. Cuireann na fuinneoga saise adhmaid a bheith coinnithe agus an doras breá adhamid leis an bhfoirgneamh mar a chuireann an forléas beagán neamhghnách. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185196 Y:204528 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3768 | 30343028 | T. J. Clossick | T. J. Clossick, Ascail Chluain Fearta - Áras ar choirnéal, a tógadh c.1850, lena mbaineann teach trí bhá dhá stór le háiléar dormánta ar Shráid Phádraig, agus teach ceithre bhá trí stór ar Ascail Chluain Fearta, agus éadanais siopaí le stór an sráide | Tá an t-áras seo suite go suntasach ag an bpríomhchrosbhóthar i bPort Omna. Tá ábhar spéise ó thaobh na hailtireachta sa líne mírialta leis an díon, a léiríonn chomh maith go bhfuil dó nó trí d'fhoirgnimh ann ó cheart. Is ábhar suime sa bhreis an inscríbhinn leis hainmphlátaí. I ndeireadh an naoú haois déag a leagadh amach Ascail Chluain Fearta, ar a dtugtaí an Bóthar Nua go dtí sin, le tithe scoite ar láithreáin fhairsinge. Is cosúil ar an gcuid thiar den áras seo gur sine é ná an chúlchuid agus cuireadh síneadh as de réir mar a tugadh leagan amach foirmeálta ar an tsráid. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185372<br>Y:204613 |  |
| 3771 | 30343032 | | Ascail Chluain Fearta - Teach scoite 3 bhá dhá stór, a tógadh c.1850, agus lorg chúlchuid a bhíodh tráth leis an gcúlchló (an taobh ó dheas). Piléir aolchloiche gléasta agus geataí déanta as iarann teilgthe crochta orthu, rinn sleá an ornáid leis na ráillí siar uaidh. | Tá suntas leis an teach seo ar Ascail Chluain Fearta mar gheall ar an scála agus an leagan amach clasaiceach. Cuireann fráma an dorais agus an doras adhmaid leis an bhfeanléas maisithe mionábhar ealaíne leis an taobh amuigh. I ndeireadh an naoú haois déag a leagadh amach Ascail Chluain Fearta, ar a dtugtaí an Bóthar Nua go dtí sin, le tithe scoite ar láithreáin fhairsinge. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185532<br>Y:204762 |  |
| 3772 | 30343033 | | Sráid na Mainistreach - Híodrant déanta as iarann teilgthe le fearsaid shorcórach mhéiríneachta le bonn agus scrogall múnlaithe, ceap cruinneachánach méiríneach agus ornáid bhuaice i gcruth dearcáin, a tógadh c.1870. Marc fhear a dhéanta ar an bhfearsaid. | Sampla maith atá anseo de hiodrant uisce déanta as iarann teilgthe ó dheireadh an naoú haois déag. Tá mionobair ealaíne sa dearadh air, fearsaid agus cruinneachán méiríneachta san áireamh agus ornáid bhuaice i gcruth dearcáin. Is gné thábhachtach de throscán sráide Phort Omna é agus bhí sé in úsáid maidir le huisce óil a chur ar fáil sula raibh soláthar uisce príomhphíobáin ar fáil. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185348<br>Y:204414 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3773 | 30343034 | | Sráid na Mainistreach - Áras bainc scoite 5 bhá dhá stór le háiléar dormánta, a tógadh c.1880, a bhfuil síneadh dhá stór beagán níos ísle as an gcúlchló (siar ó thuaidh). Athchóiríodh c.2008, in úsáid mar oifigí faoi láthair. | Leis an rachmas a tháinig chun cinn i dtús an naoú haois déag, bhí gá córas baincéireacht a thabhairt chun cinn in Éirinn. Bhí an Hibernian Bank ar cheann den iliomad comhlacht a d'oscail brainsí i mbailte de leithéid Phort Omna amach faoin tír. Is léiriú an t-éadanas cloiche ar an tábhacht a bhí leis an bhfeidhm sin. Cé go ndearnadh athchóiriú air don úsáid reatha, tá plaic ainm an bhainc le feiceáil go fóill os cionn an phríomhbhealaigh isteach. Fágann an úsáid mar bheairic Gardaí tráth gur mó arís an tábhacht shóisialta leis. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185374<br>Y:204436 |  |
| 3774 | 30343035 | Williams | Williams, Sráid na Mainistreach, foirgneamh sraithe lena mbaineann dhá theach a bhíodh faoi úinéireacht dhaoine éagsúla tráth, a tógadh c.1800, dhá bhá agus trí stór sa gceann thiar agus áirse do charáistí mar chuid dhílis de chomh maith le fuinneog taispeántais siopa níos nua, agus bloc trí bhá dhá stór sa cheann thoir, siopa ann. | Cé gur athrú air an t-éadanas siopa a cuireadh leis i rith an fichiú aois, tá cuid mhór de bhunábhar an árais seo coinntithe, na fuinneoga saise adhmaid san áireamh. Tá cruth an fhoirgnimh leis an áirse caráiste inmheánach agus an úsáid thráchtála as stór na sráide sainiúil maidir le bailte margaidh agus cuireann an líne neamhrialta maidir leis na díonta leis an ábhar spéise atá sa tsráid. Clocha 'slop and jostle' a thugtar go háitiúil ar na gardaí rothaí leis an áirse agus is cuid thábhachtach iad de throscán na sráide. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185430<br>Y:204487 |  |
| 3775 | 30343036 | Caisleán Phort Omna | Geataí/Bealach isteach chuig Caisleán Phort Omna - Geata aolchloiche eisléireachta isteach chuig Caisleán Phort Omna, a tógadh c.1805, leagtar ar an ailtire Sir Richard Morrison | Leagtar na geataí seo, ar a dtugtar Geataí Morrison nó na Geataí Gotacha, ar léir orthu an suntas ailtireachta le Caisleán Phort Omna, ar an ailtire Sir Richard Morrison. Tá siad an-chosúil ina ndearadh leis na geataí le hArdeaglais Naomh Cárthaigh, Lios Mór, Co. Phort Láirge (22809088). Seo iad na geataí is túisce de thrí cinn de bhealaí foirmeálta isteach a dtéitear tríothu ar aibhinne suas go dtí an caisleán. Tá siad ina gcuid de ghrúpa a bhfuil tábhacht náisiúnta leo lena mbaineann freisin an caisleán, tithe geata, geataí agus gnéithe eile den gharaí. | Baile Locha Riach | DIMÉIN PHORT OMNA | X:185160<br>Y:204287 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3778 | 30343041 | | Sráid na Mainistreach Teach sraithe dhá bhá dhá stór, a tógadh c.1820. | Tá cuid mhór de thréithíocht ailtireachta an tí seo, a tógadh luath sa naoú haois déag, coinnithe. Is den ghnáthchineál é a bhaineann le hoidhreacht foirgníochta bhailte margaidh de leithéid Phort Omna sa naoú haois déag. Tá beocht curtha san éadanas leis na cuasa beaga. Is díol suntais na fuinneoga adhmaid saiseanna sleamhnáin sa stór uachtair a bhfuil pánaí neamhghnácha i gcruth éillips iontu agus is mó an t-ábhar spéise na fuinneoga mar gheall ar an éagsúlacht a bhaineann leo agus iad ag dul i laghad de réir a chéile. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185322<br>Y:204348 |  |
| 3779 | 30343042 | | Sráid na Mainistreach - Teach ceann sraithe ceithre bhá dhá stór, a tógadh c.1780. | Teach sraithe daingean dea-leagtha amach a bhfuil an bhunchuma a bhí air agus na buntréithe a bhain leis coinnithe. Fágann an dearadh réidh agus na fuinneoga saise adhmaid agus an doras a bheith coinnithe gur cuid thábhachtach é den oidhreacht ailtireachta i bPort Omna. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185354<br>Y:204383 |  |
| 3780 | 30343043 | | Sráid na Mainistreach Teach sraithe 3 bhá 2 stór, a tógadh c.1820, le háirse do charáistí mar chuid den cheann thoir de agus ballaí saoirseachta gléasta. | Tá an teach deas seo ar cheann den bheagán i bPort Omna a déanadh le hobair chloiche eisléireachta agus tá dea-chaighdeán na ceardaíochta go soiléir le feiceáil. Cé go bhfuil na bunfhuinneoga caillte, is gné thábhachtach é de dhreach na sráide agus cuireann sé go mór le tréithe Shráid na Mainistreach. | Baile Locha Riach | PORT OMNA | X:185383<br>Y:204413 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3785 | 30343052 | Caisleán Phort Omna | Caisleán Phort Omna - Garaí dronuileogach le ballaí timpeall air, a tógadh c.1800, le clós stáblaí, áras cónaithe níos deireanaí, leis an gcoirnéal thiar thuaidh. | Bhíodh tábhacht leis an ngaraí maidir le gnáthshaol Chaisleán Phort Omna agus bia á fhás ann le cur ar an mbord. Cé go bhfuil sé anois deighilte amach beagán ón gcaisleán, tá sé ina chuid i gcónaí de diméin atá iomlán go maith. Is minic éadan bricí le ballaí garaí mar go gcoinníonn siad an teas agus go mb'fhurasta treilis a fheistiú dóibh le haghaidh torthaí. | Baile Locha Riach | DIMÉIN PHORT OMNA | X:185502<br>Y:203918 |  |
| 3788 | 30328007 | | Cé ar déanamh L a tógadh sa bhliain 1822. Fána leis an taobh amuigh ar an gcuid ghaird agus plionta maolaithe go mór mar chuid den taobh céanna agus carraig mar chuid de. Tá sleamhnán leis an gceann thiar den chuid fhada, staighre cloiche augs dréimirí miotail ar an taobh amuigh. | Alexander Nimmo a leag amach an chéibh seo a bhfuil innealtóireacht den scoth i gceist léi ionas go seasfadh sí brú na farraige. Is léiriú í féin agus na céanna eile ó thuaidh agus ó dheas ar an tábhacht a bhíodh leis heacnamaíocht na mara sa cheantar seo. | Conemara | CLOCH NA RÓN | X:72427<br>Y:240154 |  |
| 3789 | 30328011 | Ivy House | Ivy House, An tSráid Ard - Teach dhá bhá dhá stór a tógadh c.1820 le bloc breise curtha siar as. | Cuireann an teach measartha seo le héagsúlacht ailtireachta Chloch na Rón agus tá na fuinneoga saise adhmaid agus na leacracha cloiche coinnithe. | Conemara | CLOCH NA RÓN | X:72381<br>Y:240060 |  |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3792 | 30327005 | | Droichead bóthair trí áirse a ndearnadh atógáil air sa bhliain 1894 agus a bhféadfadh ábhar dhroichead níos sine ó c.1670 a bheith ina chuid de | Téann an trácht uilig ar bhóthar an chósta an taobh ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe trasna an droichid seo. Tá an taobh feiceálach ar an taobh ó dheas dea-thógtha agus is léir saoirseacht chloiche den scoth leis na heochracha imeallaithe agus na corranna uisce. | Conemara | BOTH CHUANNA THOIR An Spidéal | X:112709 Y:222294 |  |
| 3794 | 30327013 | Leabharlann Chontae na Gaillimhe | Leabharlann - Seanteach scoile scoite cúig bhá aon stór amháin a tógadh 1952 | Tá an foirgneamh poiblí dea-choinnithe seo suite i lár an tsráidbhaile agus is díol suntais deas atá ann. Cuireann sé le cuma an árais gur coinníodh bunábhar stairiúil, mar shampla na fuinneoga mínsaothraithe adhmaid agus fearas usice báistí déanta as iarann teilgthe. | Conemara | AN SPIDÉAL THIAR | X:113000 Y:222281 |  |
| 3795 | 30327014 | | Cé leathan ar déanamh U, a tógadh c.1870, | Tá fána shonrach leis an ingearchló ó dheas atá leis an gcé mhór oibre seo. Is léiriú ar an tábhacht a bhíodh cheana le tráchtáil agus tionscail farraige i gCuan na Gaillimhe scála agus caighdeán an struchtúir. | Conemara | BOTH CHUANNA THOIR An Spidéal | X:112434 Y:221916 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3797 | 30331001 | | Muileann gaoithe trí chéim saorsheasaimh, a tógadh c.1750 | Tá an muileann gaoithe seo ar cheann den bheagán i gContae na Gaillimhe agus é mar is iondúil íochtar muileann gaoithe a fháil in Éirinn. Thabharfadh an cruth sorcórach le tuiscint gur sine é ná cineálacha eile agus is cosúil gurb é an Dr Hort, easbag Thuama, a thóg é idir 1742-52. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an cúigiú roinnt) | X:144420 Y:252534 |  |
| 3798 | 30331002 | Prospect House | Prospect House, Teach cúig bhá dhá stór, a tógadh c.1820, in úsáid mar scoil tráth | Sampla maith atá anseo de theach ó thús an naoú haois déag atá suite ina fhearann féin ar imeall Thuama. Bhí sé in úsáid mar theach scoile saor in aisce ar fear blianta fada ó 1826 ar aghaidh agus tá tábhacht ó thaobh na staire sóisialta leis mar sin chomh maith le cúrsaí ailtireachta. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an chéad roinnt) | X:143335 Y:252254 |  |
| 3799 | 30331004 | The Thatch Bar | Thatch Bar - Teach lár sraithe 3 bhá dhá stór ar an déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, ina theach ósta anois | Tá ceann tuí breá ar an teach ósta agus éadanas simplí. Cuireann na fuinneoga adhmaid leis, cé nach iad na seanchinn iad. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an chéad roinnt) | X:143471 Y:252165 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3800 | 30331005 | | Droichead íseal aolchloiche trí áirse, a tógadh c.1820 | Droichead neamhghnách ó thaobh balastráid ornáideach a bheith leis le mionmhaisiú de chuid na 1820idí, bealach cumarsáide bunthábhachtach i dTuaim le os cionn dhá chéad bliain. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an chéad roinnt) | X:143523 Y:252137 |  |
| 3803 | 30331015 | | Teach lár sraithe ceithre bhá trí stór, a tógadh c.1750, le fráma dorais déanta as aolchloch gearrtha. | Tá fráma dorais déanta as aolchloch ghearrtha leis an teach breá seo ó lár an ochtú céad déag. Is rí-annamh a fheictear suaitheantas lucht árachais in Éirinn mar atá ar an teach seo. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an chéad roinnt) | X:143607 Y:252016 |  |
| 3805 | 30331020 | | Bosca litreach feistithe sa bhalla, c. 1905 | Iarsma an bosca litreach seo ón ré a mbíodh Éire faoi smacht mar chóilín agus tá sé in úsáid go fóill céad bliain tar éis a fheistiú sa bhalla. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an ceathrú roinnt) | X:143729 Y:252067 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3808 | 30331030 | P. Byrne & Son Ltd. | Byrne - Teach sraithe 3 bhá 3 stór, a tógadh c.1830, éadanas nua agus cuireadh éadanas siopa leis c.1890. | Is sampla maith an t-éadanas leis an áitreabh tráchtála seo den stíl Iodáileach maisiúncháin a bhíodh faiseanta i dTuaim ag deireadh an naoú haois déag. Cuireann na fuinneoga saise adhmaid agus na doirse painéal a bheith coinnithe leis an bhfoirgneamh agus tá an t-éadanas siopa breá adhmaid ina shampla den chineál a bhíodh in úsáid ag deireadh an naoú haois déag. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an dara roinnt) | X:143558 Y:251933 |  |
| 3810 | 30331037 | Clochar na Trócaire | Clochar na Trócaire - Coinbhint saorsheasaimh ar déanamh H, a tógadh c.1830, le héadan tosaigh dhá stór os cionn an íoslaigh | Tá leagan amach fairsing clasaiceach ar an gclochar seo ar de chineál na linne é, é maorga agus mionmhaisithe. Tá fráma an dorais ar stíl an-chosúil leis an gceann le taobhchló Choláiste Naomh Iarlatha. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an tríú roinnt) | X:143733 Y:251841 |  |
| 3811 | 30331038 | Clochar na Trócaire | Clochar na Trócaire - Reilig le Clochar na Trócaire, leagadh amach c.1850 | Reilig den ghnáthchineál a théann le clochar atá anseo, an tsimplíocht le brath uirthi agus í ina cuid shlán de réimse an chlochair. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an tríú roinnt) | X:143773 Y:251929 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3812 | 30331040 | Teach an Ardeasbaig | Geata isteach chuig Teach an Ardeasbaig, a tógadh c. 1860 | Geata beag atá anseo nuair a thugtar san áireamh gurb é an bealach isteach chuig pálás Ardeasbag Thuama é. Sampla maith é den cheird a bhain le teilgean an iarainn. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an tríú roinnt) | X:143842<br>Y:251908 |  |
| 3814 | 30331042 | Teach an Ardeasbaig | Teach an Ardeasbaig Teach scoite dhá stór, a tógadh c.1870, i stíl Iodáileach | Villa mór ó ré Victoria atá sa teach seo, gan é an-mhór le húsáid mar phálás ag ardeasbag.  Tá sé neamhghnách chomh maith maidir leis an mbealach isteach chun tosaigh ar le taobhchló nach bhfuil chomh galánta sin é, áit chónaithe na searbhóntaí is dócha. Cuireann an phláistéaracht agus an mhionobair aolchloiche leis, mar a chuireann an doras mór leathan. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an tríú roinnt) | X:143889<br>Y:251847 |  |
| 3815 | 30331043 | Comhar Creidmheasa Naomh Iarlatha | Comhar Creidmheasa Naomh Iarlatha Teach scoite 4 bhá dhá stór, a tógadh c.1870, i stíl Iodáileach. | An t-ailtire céanna a leag amach an teach Iodáileach seo agus teach an ardeasbaig agus tógadh thart ar an am céanna iad. Sampla maith atá ann de chineál na linne. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (an tríú roinnt) | X:143714<br>Y:251759 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3816 | 30331044 | | Teach scoite ceann tuí aon stór amháin ceithre bhá, a tógadh c.1800. | Tá an teach ceann tuí seo, a bhíodh i ró tráth, ar cheann den phéire atá i dTuaim go fóill agus is sampla maith é de theach ceithre bhá de dhéanamh dúchasach. | Tuaim | CILL AN LÓNTAIGH | X:142678 Y:251531 |  |
| 3819 | 30331048 | Teach Cúirte Thuama | Teach cúirte trí bhá dhá stór saorsheasaimh a tógadh c.1840, leis na bánna ar an dá cheann suite beagán isteach. Tréigthe faoin tráth seo. | Foirgneamh clasaiceach nua atá i dTeach na Cúirte i dTuaim ar stíl simplithe. Tá an fhuinneog ar an dara stór neamhghnách agus cuireann an maisiúchán aolchloiche leis an áras. | TuaIm | AN PHÁIRC MHÓR | X:143914 Y:251634 |  |
| 3822 | 30404105 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le síneadh nua faoi dhíon cothrom curtha siar as. | Tá cuid mhór de shainghnéithe an seánra leis an teach dúchasach seo. Cuireann an maisiúchán le méaróga uiscerolláilte le cuma an tí agus tá suntas teicniúil leis mar gheall ar an gceann tuí a bheith coinnithe. Cuireann na foirgnimh feirme a ghabhann leis leis an gcomhthéacs agus leis an ábhar spéise. | Tuaim | AN CURRACH MÓR | X:118929 Y:245734 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3823 | 30404104 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le póirse fothana chun tosaigh agus síneadh as cúl an tí, iad araon faoi dhíonta cothroma. | Tá cuid mhór de na gnéithe a bhaineann le hailtireacht dhúchasach thithe cónaithe an réigiúin ag baint leis an teach ceann tuí seo, mar shampla, an ceann tuí féin, simléir beag agus fuinneoga beag go leor. Cuireann na foirgnimh taobh amuigh atá ag gabháil leis an teach leis an láthair. | Tuaim | AN CURRACH MÓR | X:119180 Y:246168 |  |
| 3824 | 30404106 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800. | Sampla maith atá anseo de theach den déanamh dúchasach nár cuireadh aon síneadh as. Is é an ceann tuí a bheith coinnithe an suntas is mó leis an teach. | Tuaim | CLUAIN ONCHON | X:119712 Y:245809 |  |
| 3825 | 30404101 | Droichead an Ghoirt Bhric | Droichead an Ghoirt Bhric - Droichead aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1860; ballaí déanta as blocanna cearnaithe agus áirse roinnte i dteascáin le heochracha gréasta | Sampla maith seo de dhroichead a rinneadh i lár an naoú haois déag, le háirse mhaorga agus obair chloiche ar dhea-chaighdeán. | Tuaim | AN SLIABH RUA | X:120450 Y:247758 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3826 | 30404112 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800. | Sampla maith atá anseo de theach ceann tuí, le trí cinn de shimléir nuair nach mbíodh ar thithe den chineál go hiondúil ach an t-aon cheann amháin. Fágann an ceann tuí a bheith coinnithe suntas leis an teach seo sa cheantar agus is díol breise suime póirse nach den ghnáthchineál é a bheith curtha leis. | Tuaim | AN SLIABH RUA | X:121149<br>Y:246710 |  |
| 3827 | 30404102 | Droichead Odhair | Droichead Odhair - Droichead aolchloiche aon áirse, dár dáta 1867, trasna na hAbhann Duibhe | Sampla breá atá anseo de dhroichead bóthair a rinneadh i lár an naoú haois déag a bhfuil áirse mhaorga ann agus mionobair chloiche ar a fhud. | Tuaim | AN tOBHAR | X:122477<br>Y:248336 |  |
| 3828 | 30404108 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta. | Teach ceann tuí den ghnáthmhéid agus den ghnáthmhaisiúchán atá anseo. Fágann an ceann tuí a bheith coinnithe suntas faoi leith leis. | Tuaim | AN CHEATHRÚ BHEAG | X:123044<br>Y:246388 |  |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3830 | 30405502 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1860, nach n-úsáidtear faoi láthair. Fearsaid shorcórach le bandaí ardaithe, méiríneacht ar an gcuid uachtair, ceap cruinneachánach méiríneach agus ornáid bhuaice | Bhíodh tábhacht leis an gcaidéal uisce maidir leis an saol sóisialta sa naoú haois déag agus sa fichiú aois ós astu a bhíodh uisce le fáil ag an bpobal.  Tá an caidéal seo suite in áit fheiceálach i ngar do dhealbh Mhuire agus ag coirnéal an chrosbhóthair.  Cuireann an mhionobair leis an suntas ealaíne atá ag dul le rud a mbíodh úsáid dáiríre as tráth agus cé nach n-úsáidtear feasta é, is gné thaithneamhach é sa taobh tíre. | Tuaim | CEATHRÚ NA CRUAICHE | X:123343<br>Y:245497 |  |
| 3831 | 30405504 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá dhá stór le háiléar dormánta ar an déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, leagtha amach ionas go dtéann duine díreach isteach ann le síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom agus le fuinneoga ann amach as cúl an tí. | Ábhar áitiúil ab iondúil a úsáid ag cur ceann tuí ar theach agus bhí giolcach go flúirseach as an tSionainn agus as na fo-aibhnreacha, mar shampla an tSuca in aice láthair, le haghaidh na ceirde.  Nuair a cuireadh ceann nua tuí ar an teach seo sa bhliain 1998, giolcach as an Tuirc a úsáidíodh ó tharla nach raibh ábhar ar fáil sa cheantar.  Tá sé suite comhthreomhar leis an mbóthar agus an bhunchuma caomhnaithe chomh maith leis na fuinneoga saise adhmaid agus an ceann tuí, is gné thaitneamhach é den oidhreacht ailtireachta sa cheantar. | Tuaim | BAILE UÍ CHONLACHTA | X:124823<br>Y:245463 |  |
| 3832 | 30405505 | | Teach scoite 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach le háiléar dormánta le doras isteach díreach sa teach, a tógadh c.1800,  & síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom curtha siar as. | Le himeacht aimsire is lú agus is lú de a tithe traidisiúnta ceann tuí atá fanta faoin tír in Éirinn. Tá cuid mhór den bhunchuma a bhíodh ar an teach coinnithe agus is sampla maith an teach agus an foirgneamh taobh amuigh den chlós feirme ar an sean-nós.  Thug teaghlach de chuid na háite an teach agus an talamh do na húinéirí i lár an fichiú aois mar bhronntanas mar gheall ar bhlianta fónaimh ar a son. Tá suntas sóisialta agus ailtireachta leis agus cuireann sé le hoidhreacht ailtireachta an cheantair. | Tuaim | BAILE UÍ CHONLACHTA | X:125014<br>Y:245454 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3833 | 30405506 | Willow Cottage | Willow Cottage - Teach scoite 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach le háiléar dormánta, a tógadh c.1800 & síneadh aon stór amháin faoi cheann tuí curtha siar as. | An teach traidisiúnta ceann tuí a bhíodh coitianta tráth, is lú díobh atá le feiceáil le himeacht aimsire. Is comhartha an ceann seo ar an traidisiún a bhaineann le foirgníocht thraidisiúnta dhúchasach na hÉireann. Tá cuid mhór den bhunchuma agus den bhunábhar coinnithe. Is fiúntach agus is suntasach an foirgneamh atá ann maidir le hailtireacht an cheantair. | Tuaim | BAILE HÉIL | X:124996<br>Y:244050 |  |
| 3834 | 30404103 | Abbey View | Abbey View - Teach scoite 3 bhá aon stór amháin ar an déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta agus doras le ceann cruinn. | Tá de chosúlacht ar an teach seo gur cuireadh cuma níos foirmeálta agus níos siméadraí air ag teannadh le deireadh an naoú haois déag. Is ábhar suntais faoi leith an ceann tuí a bheith coinnithe ar an teach. | Tuaim | CORR DHARACH | X:126219<br>Y:248064 |  |
| 3835 | 30404209 | Cnoc Maighne | Cnoc Maighne - Bloc stáblaí scoite dhá stór, a tógadh c.1840, le deich mbá ar stór na sráide agus seacht mbá sa dara stór | Sampla maith na foirgnimh taobh amuigh seo le Cnoc Maighne d'fhoirgnimh feirme thús an naoú haois déag. Tá siad i gcaoi mhaith agus mionghnéithe go leor ó thráth a ndéanta le feiceáil orthu, gléasadh na mbrící ina ábhar spéise faoi leith. | Tuaim | AN BHEARNA BHUÍ | X:126678<br>Y:249315 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3837 | 30404217 | Séipéal Phádraig Naofa | Séipéal Phádraig Naofa - Séipéal Caitliceach scoite ar dhéanamh T, dár dáta 1871. | Tá suntas leis an séipéal simplí neamh-mhaisisthe seo sa taobh tíre faoin tuath agus é suite go taitneamhach in ísleán beag. Is de ghnáthchineál na bhfoirgneamh é a tógadh mar shéipéil Chaitliceacha i lár an naoú haois déag. Is díol suntais an taobh istigh mar gheall ar an gceardaíocht bhreá a bhaineann leis an díon trusála. | Tuaim | MUINE ÁNRÁIN | X:128389 Y:246878 |  |
| 3838 | 30404218 | Séipéal Phádraig Naofa | Séipéal Phádraig Naofa - Seastán cloig saorsheasaimh ar chúl Shéipéal Phádraig Naofa, tógadh 1878, | Tá an foirgneamh neamhghnách seo, a mbeadh súil lena leithéid mar bhinn tosaigh le séipéal ó dheireadh an naoú haois déag, ina léiriú ar fheabhas lucht ceirde ag plé le haolchloch tráth a dhéanta. Cuireann sé le láthair an tséipéil Chaitlicigh in aice láimhe. | Tuaim | MUINE ÁNRÁIN | X:128421 Y:246864 |  |
| 3839 | 30404219 | | Scioból scoite 4 bhá 3 stór, a tógadh c.1860, | Foirgneamh de chineál nach minic a fheiceáil in Éirinn. Chuirfeadh an chuma atá air muileann uisce nó stór a ghabhfadh lena leithéid sin i gcuimhne do dhuine. Is díol spéise an éagsúlacht atá sna fuinneoga agus sna doirse agus tá an foirgneamh féin dea-thógtha. | Tuaim | AN LIOS | X:128579 Y:246614 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3840 | 30405602 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta, foscadh ag an mbealach isteach agus síneadh aon stór amháin le cúl an tí. | Cé gur lú acu atá le feiceáil anois, tá an teach ceann tuí mar a bheadh leacht cuimhneacháin ann d'fhoirgníocht dhúchasach na hÉireann. Tá an chuma shimplí coinnithe chomh maith leis an gceann tuí sainiúil, na ballaí faoi phláistéaracht agus na fuinneoga agus doirse beaga. Cuireann na bandaí maisiúcháin pláistéarachta le hábhar spéise thosach an tí. Tá suntas sóisialta agus ailtireachta leis an áras agus is cuid thábhachtach é d'oidhreacht dhúchasach an cheantair. | Tuaim | AN CLUAINÍN | X:127529<br>Y:245215 |  |
| 3841 | 30405601 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1820, | Cé go ndearnadh athchóiriú ar an droichead agus an bóthar idir Áth Cinn agus Gaillimh ag dul thairis, tá buntréithíocht an droichid seo caomhnaithe go fóill agus is léir gur cuireadh caoi ó am go chéile ar an uchtbhalla. Tá inniúlacht na gceardaithe le sonrú go soiléir i gcónaí ar na heochracha saothraithe le fáinní na n-áirsí. | Tuaim | AN COILLÍN | X:127338<br>Y:245233 |  |
| 3842 | 30404221 | | Teach scoite 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach , a tógadh c.1800, le síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom curtha siar as agus teach níos nua aon stór amháin curtha as an gceann thiar agus é ceangailte leis an seanfhoirgneamh. | Sampla maith atá anseo de theach ceann tuí atá teanntaithe i gcoirnéal agus an bhinn leis an mbóthar. Tá cuid thábhachtach den ábhar stairiúil caomhnaithe ann, mar shampla an ceann tuí, an simléar beag agus na fuinneoga agus doirse beag go maith. | Tuaim | AN SCEACH BHEAG | X:129662<br>Y:245460 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3843 | 30405607 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, le háiléar dormánta agus síneadh aon stór amháin faoi dhíon cothrom curtha siar as. | Tá cuid mhór den bhunchuma agus de na gnéithe dúchasacha caomhnaithe sa teach ceann tuí seo, mar shampla, ballaí garbhshaoirseachta faoi phláistéaracht aoil, an ceann tuí agus fuinneoga beaga. Cuid dhílis den láthair an balla cloiche mar chlaí teorainn agus an dá thobar. | Tuaim | COILL TRASNA | X:126980 Y:243307 |  |
| 3845 | 30405610 | | Teach scoite 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le síneadh níos nua aon stór amháin siar as. | Gné choitianta faoin tír in Éirinn an teach ceann tuí tráth ach is lú acu atá le feiceáil anois. Cé go ndearnadh athnuachan ar an áras agus athchóiriú le blianta beaga anuas, tá an seanchuma i gcónaí ar an teach deas ceann tuí seo agus cuid mhór de na seanghnéithe ar fáil go fóill, mar shampla an ceann tuí agus an simléar beag. Cuid dhílis den láthair an claí teorainn agus na foirgnimh taobh amuigh. | Tuaim | CAOLCHOILL | X:126785 Y:242089 |  |
| 3847 | 30404201 | | Teach scoite cúig bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta, póirse beannach adhmaid amach as chun tosaigh | Sampla maith é seo den teach ceann tuí dúchasach a bhfuil fad níos mó ann ná mar is gnáth. Cuireann an suíomh go mór leis an bhfoirgneamh agus is díol suime an póirse adhmaid atá simplí maorga a bheith curtha as. Cuireann na geataí déanta as iarann teilgthe agus iarann saothraithe leis an láthair chomh maith agus is léiriú iad ar an gceird a bhí ag gaibhne miotail traidisiúnta. | Tuaim | BAILE NA MAINISTREACH | X:130060 Y:250920 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3848 | 30404204 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, le fearsaid shorcórach le bandaí uirthi, scrogall méiríneachta, croch i bhfoirm chloigeann reithe mar a mbeirtí ar an mbuicéad | Sampla maith é seo den dearadh caighdeánach a bhíodh ar chaidéil uisce i ndeireadh an naoú haois déag. Is díol suime atá ann ó thaobh na staire sóisialta agus chúrsaí teicniúla de agus is dócha go raibh uisce á tharraingt as ag an bpobal ar feadh tuairim is céad bliain. | Tuaim | AN BHEITHEACH BHEAG | X:132332 Y:250226 |  |
| 3849 | 30404202 | Mossfort | Mossfort - Teach scoite 3 bhá dhá stór ar dhéanamh L, a tógadh c.1870 | Tá an teach seo a rinneadh i ndeireadh an naoú haois déag ar cheann den bheagán ón tráth sin atá sa cheantar. Tá a chuma agus an obair maisiúcháin slán go maith agus is ábhar spéise an bá maolaithe starrach agus an ornáid bhuaice, cuireann na fuinneoga saise adhmaid agus gnéithe eile a choinneáil leis an bhfiúntas ó thaobh na hoidhreachta de. | Tuaim | CATHAIR AN CHAONAIGH | X:134237 Y:251203 |  |
| 3850 | 30402804 | | Teach cúig bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta agus cuireadh síneadh faoi dhíon cothrom as a chúl agus as an gceann thuaidh de i rith an fichiú aois | Sampla an-mhaith é seo de theach dúchasach a bhfuil cuid mhór de na gnéithe mar a bhí riamh anall agus é i gcaoi mhaith. Bheadh le tuiscint ón bhfad atá sa teach gur cuireadh píosaí as ó am go chéile. Cuireann na fuinneoga éagsúla a choinneáil, an scáthlann foscaidh oscailte agus na píosaí measartha a cuireadh as leis an teach. | Tuaim | AN BHEITHEACH MHÓR | X:134651 Y:252235 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3852 | 30401502 | Teach Thobar Caoch | Teach Thobar Caoch - Cloigín foirgneamh taobh amuigh, c.1840, a bhain le Teach Thobar Caoch atá leagtha faoin tráth seo, trí chlós agus ceithre réimse foirgneamh i ró. Taobh istigh de sheanbhallaí theach daingean de chuid na meánaoise a rinneadh an clós ar an gceann thiar. | Fianaise an clós leitheadach feirme seo ar an tábhacht a bhí le Teach Thobar Caoch sular leagadh é agus ar láthair an tí nó an chaisleáin i rith na meánaoise. Tá na hárais éagsúla dea-dhéanta as aolchloch ardchaighdeáin. | Tuaim | TOBAR CAOCH | X:134208<br>Y:259548 |  |
| 3853 | 30401607 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse, a tógadh c. 1896,, trasna an bhóthair iarainn idir Luimneach agus Sligeach nach bhfuil in úsáid feasta | Droichead iarnróid dea-thógtha atá sa cheann seo a sheas le himeacht aimsire. Cé nach bhfuil an bóthar iarainn a théann faoi in úsáid níos mó, is comhartha é ar an tsaoirseacht chloiche ar ardchaighdeán agus ar an gcumas innealtóireacht a bhiain le deireadh an naoú haois déag. | Tuaim | LIOS CIABHAIGH | X:138502<br>Y:260517 |  |
| 3854 | 30401608 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, suite i gcumhdach crochta dronuilieogach a bhfuil pláistéaracht curtha leis na ballaí ann. | Caidéal uisce dea-choinnithe an ceann seo atá i gcaoi shármhaith le trach maidir le huisce óil, gné nach minic a fheiceáil. | Tuaim | LIOS CIABHAIGH | X:138562<br>Y:260507 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3855 | 30401605 | Droicheadh Lios Ciabhaigh | Droichead Lios Ciabhaigh c.1725, lena mbaineann dhá áirse bheaga chruinne agsu áirse leathan atá roinnte i dteascáin, c.1840, trasna Abhainn an Chláir. | Is díol spéise an droichead seo mar gheall ar dhá chéim a bheith i gceist lena thógáil, rud a thugann léargas ar stair an taobh tíre agus stair chúrsaí draenála ann. | Tuaim | CILL GHOIBHREANN | X:139121 Y:261280 |  |
| 3856 | 30401602 | Stáisiún Traenach Bhaile an Mhuilinn | Stáisiún Traenach Bhaile an Mhuilinn - Stáisiún traenach scoite c.1900 atá ina theach cónaithe faoin tráth seo. | Sampla maith an foirgneamh seo atá imithe ó úsáid de stáisiún traenach a tógadh réasúnta deireanach. Tá na príomhghnéithe agus an mionobair caomhnaithe agus é iomlán go maith. | Tuaim | POLL AN tSIÚRAIC | X:139210 Y:263480 |  |
| 3857 | 30401601 | | Séadchomhartha aolchloiche saorsheasaimh, ón mbliain 1686, le plac ar a bhfuil inscríbhinn i gcuimhne Edmund Hopkins | Foirgneamh an-neamhghnách an ceann seo. Tá sé ina sheasamh as féin gan foirgneamh ar bith eile ná reilig ina ghaobhar. | Tuaim | CLUAIN NA CROISE | X:140357 Y:264317 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3858 | 30401604 | Droichead Bhaile an Mhuilinn | Droichead Bhaile an Mhuilinn - Droichead bóthair aon áirse, a tógadh c.1855, trasna Abhainn an Chláir | Tá Droichead Bhaile an Mhuilinn ar an gcineál ab iondúil a thógáil mar dhroichid draenála i lár an naoú haois déag. Tá sé ar an gcuid is mó den chineál sin agus é dea-thógtha. | Tuaim | AN CARTÚN Baile an Mhuilinn | X:140576 Y:262965 |  |
| 3859 | 30400401 | Droichead Dhún Mac Ríne | Droichead Dhún Mac Ríne - Droichead cúng cruiteach 9 n-áirse, a tógadh c.1725. Áirsí arda, cruinn ar an gceann thiar, síos an abhainn & biorach cruinn ar an taobh thoir, le heochracha caola garbhghearrtha. | Téann an droichead seo agus ballaí an tí ó dheireadh an seachtú aois déag ar thaobh Mhaigh Eo den abhainn go haoibhinn le chéile. Cé gur deacair dáta a lua leis, bheadh le tuiscint ó na háirsí a bheith chomh cúng agus atá agus an obair chloiche chomh garbh agus atá gur ó thús an ochtú aoise déag é. Is sampla maith an droichead de chineál na linne agus tá caoi mhaith coinnithe air. | Tuaim | | X:143087 Y:267521 |  |
| 3861 | 30330008 | Martyn's Lounge | Martyn's Lounge - Teach sraithe dhá bhá dhá stór, a tógadh c.1830, lena bhfuil éadanas teach ósta c.1890 ar stór na sráide. | Is díol spéise an teach agus an siopa seo maidir le hailtireacht Shráid an Chaisleáin. Teach ó c.1830 atá ann a ndearnadh athchóiriú air c. 1910. Tá an t-éadanas siopa mínphláistéarachta ar cheann de chuid is fearr i nDún Mór agus is maisiúchán neamhghnách na scátháin sna braic. | Tuaim | DÚN MÓR | X:150805 Y:263420 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3863 | 30330010 | | Teach sraithe 3 bhá, c.1820, le ceithre bhá in íochtar agus 3 bhá in uachtar agus dhá dhoras halla. | Teach mór atá anseo agus an úsáid amháin as riamh anall. Tá na toisí mar a bhí ó thús agus tá mionobair shimplí ann a chuireann le maorgacht an tí agus a fhágann cuma ghalánta ar an gcearnóig. | Tuaim | DÚN MÓR | X:150794<br>Y:263369 |  |
| 3864 | 30330011 | | Droichead meáite déanta as iarann teilgthe, dár dáta 1925 le teach meáite aon stór amháin ar dhéanamh ochtagánach, le placanna aolchloiche le hinscríbhinní mar chuimhneachán ar imeachtaí staire agus ar imeachtaí na linne seo sa cheantar. | Bhíodh droichid meáite coitianta tráth i mbailte margaidh na hÉireann ó bhíodh meáchan earraí le fáil go hiontaofa uathu agus iad faoi úinéireacht agus faoi smacht na n-údarás áitiúil. Tugadh an chuid is mó acu chun bealaigh agus is annamh a thagann duine ar cheann *in situ*. Cuireann an droichead meáite agus an séadchomhartha lena ais, an foirgneamh d'innealra a droichid meáite, le tréithe na Cearnóige agus leagtar suntas ar a bheith i gcroílár baile margaidh tráth den saol. | Tuaim | DÚN MÓR | X:150823<br>Y:263368 |  |
| 3865 | 30330012 | Thomas Byrne | Thomas Byrne - Teach sraithe cúig bhá trí stór, c.1830, le héadanas teach ósta agus siopa ó c.1870, agus áirse caráistí mar chuid de ar stór na sráide. | Is foirgneamh suntasach le dea-leagan amach é tigh Thomas Byrne ar an gCearnóg a bhfuil an úsáid chéanna á bhaint riamh as agus é ar cheann den bheagán foirgneamh ar an mbaile a bhfuil an seanéadanas coinnithe air. Cuirtear le gnáthstíl Sheoirseach an árais leis na comharthaí lámhphéinteáilte agus fuinneog an tsiopa a mhaireann ó dheireadh an naoú haois déag. Cuireann airde an fhoirgnimh agus an suíomh suntasach le tréithe ailtireachta dhreach na sráide i nDún Mór. | Tuaim | DÚN MÓR | X:150844<br>Y:263371 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3866 | 30330009 | Banc na hÉireann | Banc na hÉireann - áras bainc scoite cúig bhá aon stór amháin, c.1880, a bhfuil píosa beagán chun tosaigh as ar an mbealach isteach | Cé gur de ghnáthchineál áras bainc dheireadh ré Victoria an mhionobair maisiúcháin ar áras seo Bhanc na hÉireann, is neamhghnách nach bhfuil ann ach aon stór amháin. Cuireann an mhionobair múnlaithe a fheictear sa phóirse ar an mbealach isteach agus sa bhfeisteas adhmaid don díon leis an áras arb é an t-aon cheann den stíl seo é ar an mbaile. Tá seirbhísí airgeadais á gcur ar fáil i gcónaí ann do phobal na háite céad bliain ó tógadh den chéad uair é agus é ina phointe suntais i nDún Mór. | Tuaim | DÚN MÓR | X:150923<br>Y:263398 |  |
| 3867 | 30330005 | | Leacht cuimhneacháin aolchloiche saorsheasaimh, a tógadh c.1890. Bonn aolchloiche gearrtha le cóipeáil mhaolaithe agus móitífeanna greanta ann. | Tá an leacht cuimhneacháin seo crochta os cionn bhallaí gharbhshaoirseachta na reilige ar Shráid an Chaisleáin, suíomh suntasach feiceálach ar teist é ar an ómós a bhí don té ar ina chuimhne a cuireadh suas é. Suite istigh sa reilig anois ar láthair na seanmhainistreach, tá tábhacht leis an leacht maidir le hoidhreacht staire Dhún Mór agus le hoidhreacht ealaíne an cheantair chomh maith ós sampla breá é den ghreanadóireacht cloiche i ndeireadh an naoú haois déag. | Tuaim | FEARANN NA MAINISTREACH THUAIDH | X:150950<br>Y:263569 |  |
| 3868 | 30400503 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, le fearsaid shorcórach le bandaí uirthi feistithe i gcoincréid, scrogall méiríneachta, sconna méiríneachta le béal múnlaithe agus croch don bhuicéad, | Cuireann an caidéal uisce seo an tráth nach mbíodh soláthar uisce sa teach i gcuimhne do dhuine. Tá mionobair san iarann teilgthe agus cuireann an suíomh, trasna ón séipéal, leis an tábhacht shóisialta. | Tuaim | CILL tSUIBHNE | X:155094<br>Y:267394 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3869 | 30400101 | Muileann na Cloiche | Muileann na Cloiche - Muileann uisce saorsheasaimh dhá charn 3 bhá dhá stór, a tógadh c.1825. | Sampla maith dá chineál an muileann uisce seo faoin tuath. Is léir ó na blocanna éagsúla agus ó gach síneadh a cuireadh as an t-athrú a bhí ar bun agus is comhartha dá réir sin ar an rachmas agus ar an tionsclaíocht sa cheantar. Fianaise na ballaí ar an tsaoirseacht a bhí ar siúl sa cheantar agus fágann cuid mhór den ábhar, den trealamh taobh istigh agus de na cúrsaí uisce a bhaineann leis a bheith coinnithe gur suíomh tábhachtach é ó thaobh oidhreacht thionsclaíochta na háite. | Tuaim | CNOC AN ARA | X:162281 Y:271922 |  |
| 3870 | 30400201 | Droichead Bhuaclaí | Droichead Bhuaclaí - Droichead coincréide cúig réise, a tógadh c.1930, trasna Abhainn an Oileáin . | Foirgneamh atá spéisiúil ó thaobh na hinnealtóireachta an droichead seo ó thús an fichiú aois, leantar le húsáid na coincréide mar a tháining chun cinn i ndeireadh an naoú haois déag agus tá mionobair mhaisiúcháin i gceist ar de shainchineál na linne í. Tháinig an droichead in áit átha a bhíodh ina bhealach trasna Abhainn an Oileáin go dtí sin. | Tuaim | BUACLACH | X:166195 Y:272964 |  |
| 3871 | 30400202 | Droichead an Chaisleáin Riabhaigh | Droichead an Chaisleáin Riabhaigh - droichead bóthair aolchloiche trasna Abhainn an Oileáin, a tógadh c.1820. | Tá áirsí leathana sa droichead seo, ar dócha gur ó thús an naoú haois déag é, agus é déanta as cloch atá greanta go néata. Sampla maith é d'fhoirgníocht na linne agus é dea-choinnithe. Tá fónamh á dhéanamh do lucht taistil leis i gcónaí tar éis beagnach dhá chéad bliain. | Tuaim | CLUAIN Í Béal Atha Mó | X:169494 Y:271885 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3873 | 30400601 | Séipéal Caitliceach Bhaile Liam | Séipéal Caitliceach Bhaile Liam - Séipéal saorsheasaimh le binn chun tosaigh, a tógadh c.1930, le 8 mbá síos an taobh, córlann aon bhá amháin atá níos ísle, agus le séipéal cliathánach agus saicristí amach as an taobh thoir. | Séipéal fairsing atá simplí ó thaobh a leagan amach atá sa cheann seo ó thús an fichiú aois. Tá obair bhreá aolchloiche sa stíl Art Deco mar mhaisiú ar an mbinn chun tosaigh. Cuireann an láthair shuntasach agus an suíomh deas leis an bhfoirgneamh. | Tuaim | CORR AN LOCHA | X:161673 Y:269933 |  |
| 3874 | 30400604 | Muileann Theampall an Tóchair | Muileann Theampall an Tóchair - Muileann uisce 3 bhá 3 stór, a tógadh c.1830, le roth uisce leis an mbinn ó dheas. | Sampla an-mhaith an foirgneamh seo de na muilte beaga faoin tuath i gContae na Gaillimhe. Fágann a bheith chomh slán gur beag dá chineál atá ar fáil anois. | Tuaim | POLL AN ADHASTAIR | X:163666 Y:268681 |  |
| 3875 | 30400605 | | Áras dhá stór ar dhéanamh L, a tógadh c.1830, le ceárta 2 nó 3 bhá ar an mbóthar agus bráca beag ar an taobh thoir & tornóg a dtriomaítí arbhar inti ingearach leis an gceann ó dheas ar an mbóthar trasna ó Mhuileann Theampall an Tóchair. | Is grúpa spéisiúil an foirgneamh tionsclaíochta seo agus an muileann atá ar a aghaidh. Cuireann an scála beag agus an déanamh dúchasach, chomh maith leis na feidhmeanna éagsúla a bhíodh leo, leis an ábhar spéise maidir le hoidhreacht foirgníochta an cheantair. | Tuaim | POLL AN ADHASTAIR | X:163672 Y:268646 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3877 | 30400606 | Blacker's Bridge | Blacker's Bridge - Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1855, trasna rás muilinn. Áirse leathan roinnte i dteascáin le heochracha atá gearrtha go mion géar. | Sampla maith atá anseo den chineál droichid a bhíodh á thógáil i lár an naoú haois déag mar chuid de chlár draenála maidir le haibhneacha na Gaillimhe. Tá an obair aolchloiche ann ar chaighdeán maith agus is gné thaitneamhach é sa taobh tíre go háitiúil. | Tuaim | COILL SALACH | X:165436 Y:266430 |  |
| 3878 | 30400703 | Quigothy Cottage | Quigothy Cottage - Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le cúlchuid taobh thiar de. | Sampla maith an teach dea-choinnithe seo den seandéanamh traidisiúnta i gContae na Gaillimhe agus cuireann an ceann tuí a bheith air i gcónaí leis. | Tuaim | BAILE NA CILLE | X:170951 Y:267103 |  |
| 3879 | 30400704 | | Bosca teileafóin múnlaithe saorsheasaimh, a tógadh c.1965, os comhair Oifig an Phoist i nGlinsce. Na taobhanna agus an doras péinteáilte ar dhath an uachtair agus dath uaine ar na himeallacha. | Tá an bosca teileafóin seo ar cheann den bheagán atá tagtha slán ó stop Eircom á gcoinneáil ag obair. An Roinn Poist agus Teilegraif a thóg é sular tharla a ndíol le fiontar príobháideach. | Tuaim | GLINSCE | X:171612 Y:266706 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3880 | 30401801 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le póirse a cuireadh leis le gairid, síneadh aon bhá amháin aon stór amháin atá níos ísle as an taobh thoir agus síneadh a bhfuil díon cothrom air curtha siar as. | Tá na gnáth-thréithe a bhaineann le teach den déanamh dúchasach leis an gceann seo, méid mheasartha, ceann tuí agus na fuinneoga agus doirse beag go maith. Tá sé dea-choinnithe agus gealdaite. | Tuaim | LIATAIRE | X:159711<br>Y:261808 |  |
| 3884 | 30401901 | Loretto | Loretto - Teach scoite 3 bhá aon stór amháin dhá charn, a tógadh c.1930, d'fhéadfadh gurb é an carn thiar an bloc is luaithe a tógadh. | Teach sármhaisithe atá anseo a bhaineann le traidisiún cruthaitheach ealaín na ndaoine. Oibríonn an cóiriú ar mhóitífeanna clasaiceacha go maith le chéile agus tá cuma an-taitneamhach ar an teach. | Tuaim | BAILE LEATHAIRD | X:167040<br>Y:261086 |  |
| 3885 | 30401902 | | Bosca litreach déanta as iarann teilgtha feistithe sa bhalla, a tógadh c.1905, le suathaintis ríoga Edward VII, agus ateilgean déanta ar an doras c.1930 le suaitheantais Shaorstát na hÉireann. | Tá an bosca litreach seo le taobh an bhóthair ag freastal ar mhuintir na háite i gcónaí tar éis níos mó ná céad bliain agus is fiúntach é mar theistiméireacht staire mar gheall ar chomharthaíocht chóilíneach na Breataine agus chomharthaíocht stát na hÉireann araon a bheith air. | Tuaim | AN MÓTA | X:171646<br>Y:262084 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3886 | 30402008 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, le fearsaid mhéiríneachta, sconna le croch don bhuicéad, bandaí suas ón sconna, scrogall méiríneachta le cos caidéil ar dhéanamh eireaball na bó & ceap coirceogach méiríneachta le hornáid bhuaice bhiorach. | Tá an caidéal uisce seo i gcaoi an-mhaith agus é suite in áit suntasach ag an gceann theas de shráidbhaile na gCreag, in aice le seanséipéal Eaglais na hÉireann. | Tuaim | NA CREAGA | X:176061<br>Y:260523 |  |
| 3887 | 30402002 | Séadchomhar tha Pharnell | Séadchomhartha éisléireacht aolchloiche i gcuimhne Charles Stewart Parnell, a tógadh c.1895, i bhfoirm aedicule mar fhráma ar dhealbh portráide de Pharnell. framing portrait sculpture of Parnell. Aedicule déanta as piléir mar a bheadh comhlaí agus lindéar a bhfuil pirimid chéimnithe mar chaipín leis. Fráma thart ar phortráid leis na focail 'Ireland a Nation' agus 'Let my love be conveyed to my colleagues and to the Irish people'. | Is dócha gur séadchomhartha seo a tógadh tar éis bhás Pharnell agus is tréan mar ráiteas polaitíochta é ar son an fhir a sheas ar son na hÉireann agus ar son na cúise a bhí aigesean. Níl dáta ná ainm luaite leis an séadchomhartha ach chaithfeadh gur le dealbhadóir iomráiteach de chuid na linne é. Ní mórán séadchomharthaí in ómós Pharnell atá ar fáil agus bheadh aighneas polaitíochta i gceist lena dtógáil an tráth sin. Tá suntas ó thaobh ealaíne, staire agus polaitíochta leis an séadchomhartha seo. | Tuaim | NA CREAGA | X:176094<br>Y:260509 |  |
| 3889 | 30403103 | Teach na Ceapaí | Teach na Ceapaí - Teach scoite cúig bhá dhá stór, a tógadh c.1700 agus cóiríodh in athuair c.1800, leis na bánna is deireanaí ar an dá cheann beagán níos faide isteach, agus síneadh trí bhá dhá stór atá beagán níos ísle siar uaidh. Déanamh spéisiúil ar an tsíleáil le bíomaí lárnacha i ngach seomra fúithi. | Tá an chuma ar an teach seo gur ó dheireadh an seachtú aois déag nó tús an ochtú céad déag é, rud nach bhfuil mórán acu ar fáil faoin tuath i nGaillimh. Cé go ndearnadh athchóiriú air in imeacht na gcianta, tá sé coinnithe go maith i gcónaí agus é suite ar thalamh ard. | Tuaim | AN CHEAPACH | X:165312<br>Y:257369 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3890 | 30403201 | Scoil an Churraigh Mhóir | Scoil an Churraigh Mhóir - Scoil náisiúnta scoite déanta as aolchloch, dár dáta 1860, le bealach isteach trí bhá starrach chuig bloc dhá charn le hingearchló ceithre bhá ar gach aon taobh agus éadanchló glan. | Teach scoile seo atá tógtha go maith as eisléireacht aolchloiche agus é ar stíl is sine ná tráth a thógála. Sampla an-mhaith atá ann de theach scoile a raibh pátrúnacht ina leith ó phearsa áitiúil. | Tuaim | AN CURRACH MÓR | X:166629<br>Y:256516 |  |
| 3891 | 30403202 | | Muileann uisce scoite dhá bhá dhá stór, a tógadh c.1850. Díon sclátaí le fána ann agus cóipeáil nua, agus simléir nua. | Rinneadh an muileann uisce beag seo, ó lár an naoú haois déag, a thógáil go daingean agus tá sé ar cheann den bheagán muilte beaga dá shórt a bhfuil ceann air i gcónaí. | Tuaim | BAILE AN MHUILINN | X:165853<br>Y:254096 |  |
| 3892 | 30403112 | Séipéal Naomh Seosamh | Séipéal Naomh Seosamh - Séipéal Caitliceach scoite ar dhéanamh T, a tógadh c.1830, le corp trí bhá, agus croslanna aon bhá amháin a bhfuil póirse le díon réidh cothrom ar an gceann ar an taobh ó thuaidh, agus túr trí chéim ar an gceann thiar a bhfuil cuma chéimnithe air agus é deighilte ó shéipéal Eaglais na hÉireann i 1916. | Sampla maith atá anseo de shéipéal Caitliceach ar dhéanamh T, gnáthchineál ó thús an naoú haois déag. Gné neamhghnách is ea an túr a bhain roimhe sin le séipéal eile. Cuireann na fuinneoga Y-léirithe, an fhuinneog bhreá leis an altóir san áireamh, agus an mhionobair aolchloiche sa túr, le hábhar spéise an árais. | Tuaim | Ceathrú an Léana | X: 162440,<br>Y: 256167 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3893 | 30403111 | Derrynabuie House | Derrynabuie House - Teach scoite 3 bhá dhá stór, a tógadh c.1820, le cúlchuid ar an gceann thiar a bhfuil taobhchló 3 bhá léi. | Sampla maith atá in Deernabuie House de ghnáth-theach beag meánmhéide ó thús an naoú haois déag. Níl an phláistéaracht aoil agus na fuinneoga adhmaid a bhí ann ón tús le fáil chomh mór agus a bhíodh agus is tábhachtach an t-iarsma den bhunchóir ar thithe den sórt seo an ceann seo. | Tuaim | CEAPACH AN tSRUTHÁIN | X:157617 Y:256460 |  |
| 3896 | 30403002 | Séipéal Phádraig Naofa | Séipéal Phádraic Naofa - Séipéal saorsheasaimh de chuid na hEaglaise Caitlicí, aon cheall amháin, binn chun tosaigh agus cuma stábla air, a tógadh c.1840, le hingearchlónna cúig bhá, póirse íseal beannach le lár an ingearchló ó thuaidh agus le crois mar ornáid bhuaice agus sacraistí níos nua siar ó thuaidh. | Tá atmsaféar shéipéal sciobóil ó thús an naoú haois déag caomhnaithe go hiomlán leis an séipéal seo. Fágann an suíomh ar ard leis an reilig scaipthe amach anuas uaidh cuma air nach bhfuil ar shéipéil eile. Fágann an chóir a cuireadh ar dhromchlaí agus gnéithe a theacht slán ó aimsir na tógála gur tábhachtach mar iarsma é. | Tuaim | CARTÚN | X:148548 Y:255335 |  |
| 3897 | 30403004 | Teach Chnoc an Bhainne | Teach Chnoc an Bhainne - Geata ag an mbealach isteach ag an Teach Mór, a tógadh c.1850, le geata dúbailte feithiclí déanta as iarann teilgthe atá crochta idir dhá philéar eisléireachta aolchloiche ar dhéanamh ciorcail a bhfuil cornais múnlaithe leo. | Sampla maith atá anseo de dhearadh clasaiceach lár an naoú haois déag le hobair chloiche agus obair iarainn ar ardchaighdeán. | Tuaim | DROIM EASCAINE | X:147922 Y:253643 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3898 | 30403008 | Séipéal Caitliceach an Leathbhaile | Séipéal Caitliceach an Leathbhaile - Séipéal Caitliceach saorsheasaimh le binn chun tosaigh, ón mbliain 1948, le hingearchlónna cúig bhá, córlann aon bhá amháin beagán níos ísle leis an gceann thiar agus póirse beannach leis an ingearchló ó thuaidh. | Séipéal simplí atá anseo a tógadh tráth nach raibh mórán séipéil á dtógáil. Fágann an suíomh, ar bhruach Loch an Leathbhaile, gur taitneamhaí arís é. | Tuaim | CEAPACH DHABHAC | X:152773 Y:253734 |  |
| 3899 | 30402912 | Weir Bridge | Weir Bridge - Droichead bóthair trí áirse déanta as aolchloch, a tógadh c.1770, trasna River Nanny. | Sampla maith an droichead seo d'fhoirgneamh ón ochtú aois déag a ndearnadh atógáil ar chuid i rith an chéid dár gcionn nuair a bhí an abhainn ó dreidseáil. Tá an ré ar tógadh iad le sonrú ó thréithe éagsúla na n-áirsí agus tá trácht bóthair ag dul thar an droichead i gcónaí tar éis dhá chéad bliain. | Tuaim | CILL AN LÓNTAIGH | X:141692 Y:252922 |  |
| 3900 | 30402910 | Droichead Bhéal Átha Ghadaí | Droichead Bhéal Átha Ghadaí - Droichead bóthair aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1860, trasna Abhainn an Chláir. Aon áirse roinnte i dteascáin le heochracha crannaíola. | Droichead an-bhreá atá anseo ar tugadh déanamh casta air agus atá i gcaoi mhaith. Téann sé trasna abhainn an Chláir beagán leataobhach cé go gcoinnítear na pointí tionscnaimh comhthreomhar le bruach na habhann. Is díol suntais an caighdeán a bhaineann leis an obair chloiche agus leis an innealtóireacht. | Tuaim | IAR CLUANA | X:141990 Y:253770 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3901 | 30402914 | | Muileann gaoithe trí chéim saorsheasaimh ar dhéanamh ciorcail, a tógadh c.1750, i ngaraí. Níl ceann air níos mó. | Tá an muileann gaoithe ar aon chineál le grúpa Thuaisceart na Gaillimhe agus é i gcaoi réasúnta maith. Iarsma tábhachtach atá ann maidir le traidisiún úsáid na gaoithe chun fuinneamh a ghineadh chun arbhar a mheilt ina phlúr agus bheadh fiúntas sóisialta leis dá bharr sin. | Tuaim | AN DROIM | X:145292<br>Y:252385 |  |
| 3902 | 30402915 | | Teach geata scoite 3 bhá aon stór amháin, a tógadh c.1850, le peidiméid ar an mbealach isteach agus bráca mar shíneadh siar as. | Teach geata an-tarraingteach ó lár an naoú haois déag atá i gcaoi mhaith cé nach iad na fuinneoga ná an doras a bhí sa teach ar dtús atá anois ann. Tugann an mhionobair le haolchloch ghearrtha leid faoi chineál an tí mhóir lena ngabhadh sé. | Tuaim | An Bheitheach (Teampall an Tóchair) | X:144934<br>Y:251743 |  |
| 3904 | 30402904 | Séipéal Bheanáin Naofa | Séipéal Caitliceach saorsheasaimh aon cheall amháin, ón mbliain 1846 agus arna athchoisreacan sa bhliain 1961 le hingearchlónna fada 4 bhá agus póirsí go ceann an bhóthair le ballaí fada agus díon cothrom coincréide. | Táthar ag leanacht de thraidisiún fada sa séipéal beag seo ar shuíomh ársa don adhradh eaglasta. Cé go bhfuil sé an-simplí, tá gnéithe spéisiúla i gceist, mar shampla an t-umar aolchloiche agus na placanna le hinscríbhinní. | Tuaim | TÓIN LE GAOITH | X:140964<br>Y:254654 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3905 | 30402903 | Droichead an Bhearshúiligh | Droichead an Bhearshúiligh - Droichead iarnróid aolchloiche, a tógadh c. 1894 trasna an bhóthair iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris. Ballaí déanta as blocanna móra aolchloiche agus eochracha den chineál céanna leis an áirse. | Is teist an droichead iarnróid aolchloiche seo atá tagtha slán go hiomlán ar an misneach a bhíodh ag innealtóirí an naoú haois déag agus ar an gcaighdeán ard a bhain le hábhar tógála na háite. | Tuaim | POLL AN CHORRAIGIÚIN | X:140154 Y:255519 |  |
| 3906 | 30402902 | Droichead Chill Chraobhanta | Droichead Chill Chraobhanta - Droichead aolchloiche, a tógadh c.1770, trasna Abhainn an Chláir le 8 gcinn d'áirsí cruinne ar an gceann thiar & 2 ar an gceann thoir, iad ar fad thar an talamh tirim agus aon áirse teascánach leathan amháin trasna na habhann féin. | Tá tábhacht leis an droichead seo mar gheall ar an dá ré tógála a bheith i gceist, agus codarsnacht mhór idir an áirse leathan agus na háirsí beaga is sine ná í. Baineann tréithe éagsúla na saoirseachta go sainiúil le hobair chloiche an dá ré agus is ábhar spéise sin. Is sampla maith an foirgneamh an-fhada seo maidir le stair na hinnealtóireachta. | Tuaim | POLL AN CHORRAIGIÚIN | X:141014 Y:256288 |  |
| 3907 | 30402805 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le háiléar dormánta. | Tá an teach seo den déanamh dúchasach slán, ní nach iondúil, agus is eiseamláir shármhaith atá ann mar gheall nár cuireadh aon síneadh as. Is gnáth-thréith de chuid na dtithe dúchasacha an chodarsnacht idir an mhaisíocht chun tosaigh agus an tsimplíocht ar chúl an tí. | Tuaim | ARD DROMA COILLE | X:135468 Y:252234 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3909 | 30405702 | Droichead Chora Finne | Droichead trasna shruth na habhann mar a bhíodh ar dtús agus is leis an mbliain 1848 a bhaineann an dara áirse teascánach déag. Tá corra uisce le hingearchlónna na n-áirsí thiar agus áit tearmainn do choisithe in uachtar. Leathnaíodh an droichead ar an taobh theas, b'fhéidir gur le linn oibreacha draenála sa bhliain 1848. | Tá trácht ar an seandroichead seo trasna abhainn an Chláir le níos mó ná trí chéad bliain. Is sampla maith an obair chloiche mhionshaoirsithe de cheird a bhain le muintir na háite agus is díol mór suntais na láithreacha tearmainn do choisithe, gné nach maireann i mórán cásanna. | Tuaim | TURLACH MHÁIRTÍN | X:142648 Y:243392 |  |
| 3911 | 30404404 | Droichead na Cathrach Gile | Droichead na Cathrach Gile - droichead aolchloiche 7 n-áirse, a tógadh c.1740, leathnaíodh c.1.2m ar an taobh thuaidh agus cuireadh dhá réise coincréide in áit dhá áirse i lár báire. | Tugadh dea-thógáil ar áirsí cruinne an droichid seo, rud a fhágann cuma bhreá air sa taobh tíre. Rud nach annamh, cuireadh áirsí cothroma coincréide in áit na n-áirsí trasna na habhann i rith an fichiú aois. Is díol spéise an leithead a cuireadh leis an droichead roimhe sin agus is comhartha é ar an athrú maidir le feabhas ar bhealaí cumarsáide i ndeireadh an ochtú céad déag agus i dtús an naoú haois déag. | Tuaim | LIOS AN BHEARRTHÓRA | X:147718 Y:247623 |  |
| 3914 | 30404407 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, le fearsaid shorcórach mhéiríneachta le bonn & scrogall múnlaithe, barr méiríneach le ceap cruinneachánach méiríneach ar a bhfuil ornáid bhuaice bhiorach, | Is gné shuntasach an caidéal uisce seo i mBearna Dhearg. Tá suntas mór sóisialta ag baint leis ó ba é an príomhfhoinse uisce ag an bpobal é ar feadh blianta fada, chomh maith le bheith ina áit cruinnithe ag daoine. Caidéal olldéantúsaíochta atá ann ach ina ainneoin sin tá mionmhaisiú ar chaighdeán breá air. | Tuaim | AN CNOC Bearna Dhearg | X:152226 Y:247939 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3915 | 30404408 | | Ceannbhrat saorsheasaimh ar dhéanamh cearnóige d'eisléireacht aolchloiche, a tógadh c.1830, agus tugadh as áit eile gur atógadh, d'fhéadfadh gur i mbliain Mhuire 1954, go mbeadh foscadh ag an dealbh den Mhaighdean Bheannaithe. | Ceannbrat mín aolchloiche atá anseo, dea-shaoirsithe agus mínmhaisithe. Tugadh as taobh éigin eile é i lár an fichiú aois agus tá dealbh cráifeachta ann ionas gur lárphointe creidimh agus lárphointe maisiúcháin é sa sráidbhaile. | Tuaim | BEARNA DHEARG THEAS | X:152225<br>Y:247891 |  |
| 3916 | 30404409 | | Seastán cloig saorsheasaimh déanta as iarann teilgthe ag Byrne i mBaile Átha Cliath c.1920, le colúin chruinne ar phláta cothroma feistithe don phlionta coincréide & méiríneacht leis an gcuid íochtair, bandaí múnlaithe aníos uathu sin agus go mullach na gcolún. | Gnáthdhearadh caighdeánach atá anseo a bhíodh in úsáid san áit nach raibh seastán cloig ar fáil cheana agus is díol suntais na mionghnéithe teilgthe, go háirithe leis na colúin. | Tuaim | AN CHEATHRÚ MHEÁNACH | X:151534<br>Y:247167 |  |
| 3918 | 30405803 | | Séadchomhartha saorsheasaimh c. 1800 Déanamh cearnóige le lúbainn ar an taobh thoir, thiar agus theas agus plaic feistithe ar an taobh ó thuaidh. | Séadchomhartha neamhghnách, ach simplí ina dhiaidh sin, suite in áit chrochta ar ard a bhféadfadh gur déanta chuige sin é. Is dócha gur bhain sé le Teach Mhaighne a thóg Michael J. Browne i rith thús an ochtú aois déag. | Tuaim | MAIGHIN | X:152384<br>Y:244698 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3919 | 30405805 | Teach Mhaighne | Bosca litreach déanta as iarann teilgthe atá feistithe sa bhalla, c.1890, le fráma múnlaithe agus ceannbhrat amach ós cionn an phoill. Suaitheantais Ríoga na Banríona Victoria leis na litreacha 'V.R.' | Tá an bosca litreach deas seo atá déanta as iarann teilgthe ina ghné thábhachtacha de dhreach an bhóthair agus é in úsáid go fóill sa lá atá inniu ann. Luaitear réimeas na banríona Victoria (1837-1901). Bhí cuid mhór de na boscaí litreach ón ré roimh shaoirse na hÉireann a ndearnadh iad a phéinteáil ar dhath uaine agus na suaitheantais ríoga a fhágáil orthu, ach is lú acu atá le feiceáil anois. | Tuaim | CNOC NA GRÉINE | X:153336<br>Y:244740 |  |
| 3921 | 30405807 | | Séadchomhartha aolchloiche saorsheasaimh, a tógadh c.1720. Ar dhéanamh cearnóige le ceap mullaigh pioraimide lena dtéann leac réidh cloiche starrach agus piléar ingearach cloiche amach as an leac. | Tá an séadchomhartha seo ar aon dul le Leachta Oilbhéar Brún sa Sián (30407112) agus cuireann sé leis an díol suntais ailtireachta ar thaobh an bhóthair taobh amuigh de Mhainistir Chnoc Muaidhe. | Tuaim | AN CHOILLEACH THUAIDH | X:150248<br>Y:243390 |  |
| 3922 | 30405836 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse, a tógadh c.1850, trasna an bhóthair iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris nach bhfuil in úsáid feasta. | Tá an droichead seo gan athrú ó tógadh é i lár an naoú haois déag agus is sampla maith é den innealtóireacht a bhain leis na bóithre iarainn. An Great Southern and Western Railway Company a thóg é maidir leis an mbóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris agus níl sé in úsáid ó dúnadh an bealach sin sa bhliain 1975. Tá siméadracht thaitneamhach ag baint leis an droichead seo agus is teist an mhionobair chloiche ar a oilte a bhí lucht na ceirde sin ar a gcúram. | Tuaim | CATHAIR PHÚCA | X:147751<br>Y:240927 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3923 | 30405814 | Rose Villa | Rose Villa - Teach scoite múinteora 3 bhá aon stór amháin, a tógadh c.1870, ina bhfuil urlár dormánta le binn chun tosaigh agus bráca aon stór amháin de shíneadh siar as. | Áras deas ar scála beag atá in Rose Villa, é déanta ar an stíl shimplí a bhain le ré Victoria agus cuid mhór den bhuntréithíocht coinnithe ann. Tá an teach dea-choinnithe agus cuid mhór de na bunghnéithe agus den bhunábhar ag baint leis i gcónaí, mar shampla na fuinneoga saise, an díon scláta, na gáitéir agus na píobáin iarainn. Cuireann an bhailchríoch pláistéarachta agus na gnéithe péinteáilte adhmaid freisin le cuma an tí atá suite isteach ó bhóthar an N63 go Mainistir Chnoc Muaidhe agus é ina dhíol spéise don tsúil le dreach an bhóthair. | Tuaim | AN LIOS | X:151051 Y:243316 |  |
| 3925 | 30405811 | Droichead an Leasa | Droichead an Leasa - Droichead bóthair aolchloiche 7 n-áirse, a tógadh c.1800, trasna Abhainn na hAbarta. Áirsí cruinne le heochracha garbhshaoirseachta le fáinní na n-áirsí, garbhshaoirseacht randamach go hascalacha na stuanna. | Gné shuntasach an droichead bóthair seo ó thús an naoú haois déag ar bhóthar an N63 agus é ag dul trasna Abhainn na hAbarta in aice le Mainistir Chnoc Muaidhe. Tá lorg fágtha ag obair dheisiúcháin agus síneadh as an droichead luath go maith tar éis é a thógáil de réir mar a bhí feabhas á chur ar chóras na mbóithre ar fud an chontae. Is teist an mhionobair shimplí air ar a oilte a bhítí ar cheirdeanna sa cheantar agus is léir saoirseacht chloiche thraidisiúnta ar dhea-chaighdeán. | Tuaim | AN CHLAIS ARD | X:151696 Y:243635 |  |
| 3927 | 30404304 | | Teach scoite ceann tuí 3 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach, a tógadh c.1800, le doirse ar aghaidh a chéile & cúlchló. | Teach an-néata dea-choinnithe den chineál dúchasach atá anseo. Tá cuid thábhachtach den bhunábhar coinnithe ann, mar shampla an ceann tuí agus an bhunchuma, na fuinneoga beag agus an doras cúng chun tosaigh san áireamh. Ceileann 3 bhá chun tosaigh go bhfuil ceithre bhá leis an gcúlchló. Tá suíomh deas ag an teach agus cuireann an garaí le ballaí thart air chun tosaigh leis chomh maith leis na foirgnimh taobh amuigh. | Tuaim | DÚN BEAG | X:145849 Y:245468 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3928 | 30404305 | | Droichead iarnróid, a tógadh c.1885, a thugann an bóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Tuaim trasna an bhóthair & lena mbaineann cearchaill iarainn ar theanntaí déanta as blocanna aolchloiche | Tá an traidisún maidir le hinnealtóireacht ar ardchaighdeán i ndáil le bóithre iarainn ag baint leis an droichead beag seo atá dea-thógtha le clocanna móra saoirsithe cloiche agus obair thuathúlachta. | Tuaim | DÚN BEAG | X:146008 Y:245515 |  |
| 3930 | 30405801 | | Droichead bóthair aon áirse, a tógadh c.1860, trasna an bhóthair iarainn nach bhfuil in úsáid níos mó. Leagan amach siméadrach thart ar ais thuaidh-theas. Áirse roinnte i dteascáin le heochracha saoirsithe in aolchloch le fáinne na háirse. | Sampla breá an droichead slachtmhar cloiche seo den innealtóireacht a rinneadh maidir leis an mbóthar iarainn i lár an naoú haois déag agus is cuid d'oidhreacht tionsclaíochta an cheantair é. An Great Southern and Western Railway Company a rinne é maidir leis an mbóthar iarainn as Baile Átha an Rí go Clár Chlainne Mhuiris a dúnadh sa bhliain 1972. Tá sé déanta as cloch mhionsaoirsithe agus é gan mórán athrú ó tógadh an chéad lá é agus siméadracht dheas ag baint leis. | Tuaim | BAILE NA STACÁN | X:146200 Y:244967 |  |
| 3931 | 30405701 | | Caidéal uisce saorsheasaimh d' iarann teilgthe, a tógadh c.1870, lena mbaineann fearsaid shorcórach le bandaí, feistithe i bpláta miotail agus sin feistithe in ardán coincréide le balla teorainn faoi phláistéaracht. | Bhíodh soláthar uisce ag an bpobal as an bcaidéal uisce seo a mhaireann slán sula raibh soláthar príomhphíobáin go dtí na tithe. Tá gnéithe bhreátha teilgthe ag baint leis a bhaineann go hiondúil le troscán sráide den chineál seo agus tá sé dea-choinnithe. | Tuaim | DÚN BEAG | X:145810 Y:244775 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3932 | 30405802 | | Droichead bóthair aon áirse, a tógadh c.1860, trasna bóthar iarainn nach bhfuil in úsáid feasta. Leagan amach siméadrach thart ar ais thuaidh-theas. | Tá an droichead seo ar aon chuma le cuid mhór droichead iarnróid ar an mbóthar iarainn seo agus is léir a oilte a bhí na saortha a rinne an obair chloiche. An Great Southern and Western Railway Company a rinne é maidir leis an mbóthar iarainn idir Baile Átha an Rí agus Clár Chlainne Mhuiris a dúnadh sa bhliain 1972. | Tuaim | BREAC-CHLUAIN | X:146561 Y:243826 |  |
| 3934 | 30405705 | | Droichead aolchloiche aon áirse, le foréadan cloiche, a théann trasna Abhainn na hAbarta, a tógadh c.1860. Áirse roinnte i dteascáin le heochracha aolchloiche saoirsithe le gach áirse. | Tá cosúlacht idir an droichead daingean seo ó thaobh leagan amach agus ábhar tógála agus na droichid iarnróid a rinne an Midland Great Western Railway sa cheantar. Tugtar trácht trasna Abhainn na hAbarta agus fágann an chóipeáil gharbh aolchloiche agus an cúrsa méiríneachta cuma dheas ar an droichead. Is suntasach é madir le hoidhreacht ailtireachta agus tionsclaíochta an cheantair. | Tuaim | BÉAL ÁTHA GLÚINÍN | X:145780 Y:241873 |  |
| 3935 | 30405823 | Cúil Fobhair | Cúil Fobhair - Teach oighir scoite garbhshaoirseacht cloiche, a tógadh c.1770, tréigthe faoin tráth seo & faoi fhásra cuid mhór. Leagan amach ciorcail le bealach isteach ar an gceann thiar thuaidh. | Is minic tithe oighir ar na diméin in Éirinn. Tá an foirgneamh beag fóntais seo suite ar eastáit Chúil Fobhair mar a bhíodh agus ba chuid dhlúth de stíl mhaireachtála úinéir an eastáit é tráth, ó bhí bealach dá bharr chun bia a choinneáil úr do na Blácaigh. Cuireann sé i gcuimhne dúinn na fóntais a bhíodh i gceist chun eastát ar scála mór a rith idir lár agus deireadh an ochtú céad déag. | Tuaim | CÚIL FOBHAIR | X:146502 Y:242240 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3938 | 30405830 | Droichead na Pailíse | Droichead na Pailíse - Droichead bóthair aolchloiche aon áirse over trasna Abhainn na hAbarta, tógadh 1890, d'fhéadfadh gur atógáil a rinneadh ar dhroichead níos sine a bhfuil 5 áirse a bhain leis ar an gceann ó thuaidh de. | D'fhéadfadh go mbaineann an droichead daingean bóthair seo le dhá ré agus tá sé déanta as aolchloch de chaighdeán maith agus ina shampla de na modhanna tógála a bhíodh in úsáid ar fud na hÉireann maidir le cuid mhór droichead beag. Is sampla é d'fhoirgneamh innealtóireachta den ghnáthchineál a bhfuil daoine agus feithiclí ag dul trasna Abhainn na hAbarta air le níos mó ná dhá chéad bliain. | Tuaim | CÚIL FOBHAIR | X:147227<br>Y:242312 |  |
| 3940 | 30405831 | | Droichead iarnróid aon réise amháin trasna Abhainn na hAbarta. Níl úsáid á bhaint as níos mó. Piléir aolchloiche le saothar eisléireachta agus cóipeáil réidh le bricíneacht na fáinleoige, a tógadh c.1900. | Sampla breá an droichead seo d'oidhreacht tionsclaíochta na hÉireann sa naoú haois déag agus sa fichiú aois agus is cuid é de chóras an Great Southern and Western Rail Network. Tá sé déanta as cloch agus iarann teilgthe agus is gné thaitneamhach tionsclaíochta é sa taobh tíre. | Tuaim | CÚIL FOBHAIR BHEAG | X:147453<br>Y:242280 |  |
| 3941 | 30405833 | | Seanséipéal scoil mhainistir an Oird Bhig, tógadh sa bhliain 1949, le corp ocht mbá agus póirse beannach ag an mbealach isteach. Bloc íochtair 4 bhá dhá stór ó dheas, a tógadh c.1850, a bhfuil fágtha den mhainistir. | Tá séipéal na seanmhainistreach seo ar shuíomh atá beagán crochta agus é suite isteach ón mbóthar, rud a fhágann gur suntasach é sa taobh tíre. Is díol spéise mar ghrúpa foirgneamh eaglasta an séipéal agus ballaí na mainistreach chomh maith leis an reilig a ghabhann leo. | Tuaim | BÉAL ÁTHA GLÚINÍN | X:146497<br>Y:240737 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3942 | 30405832 | | Cloch mhíle aolchloiche ar an bhfuil an inscríbhinn 'To Galway […] Miles Tuam 7, Dunmore 15, Castlerea […], … , Erected by John Bodkin' greanta. Greanadh mar bheadh scrolla feain ar na coirnéil uachtair le banda rilífe i bhfoirm diamaint mar fhráma, a tógadh c.1880. | Is díol spéise an déantús deas seo ar thaobh an bhóthair san Eanach agus is leacht cuimhneacháin é maidir le ré na gcóistí in Éirinn san ochtú agus sa naoú haois déag. Tá mionghnéithe sa chloch a léiríonn mínshaothar ceirde agus is díol spéise ó thaobh na healaíne iad. Tá ceangal aige freisin le John Bodkin, duine de mhuintir iomráiteach rachmasach Bodkin a bhí ar dhream de "Threibheanna na Gaillimhe" agus ar bronnadh an tEanach agus tailte eile i mBarúnacht an Chlír orthu i gContae na Gaillimhe i ndeireadh an seachtú aois déag. | Tuaim | AN tEANACH | X:146077<br>Y:240403 |  |
| 3943 | 30405707 | Scoil na mBuachaillí | Scoil na mBuachaillí - Seanteach scoile scoite 3 bhá aon stór amháin atá anois ina theach cónaithe. Ar dhéanamh T le bá lárnach leis an mbinn chun tosaigh mar bhealach isteach, agus síneadh aon stór amháin curtha siar as, a tógadh c.1880. | Ag freastal ar bhuachaillí a bhí an teach scoile seo ó ré na Banríona Victoria agus scoil na gcailíní in áras ar leithligh ar an láithreán béal dorais. Tá an bhunchuma a bhí ar an teach scoile coinnithe chomh maith le cuid mhór de na buntréithe, mar shampla na cláir binne maisithe, simléar brící agus fuinneoga neamhghnácha le a bhfuil ceann triantánach orthu. | Tuaim | CNOC AN EANAIGH | X:145820<br>Y:240302 |  |
| 3944 | 30405708 | Scoil na gCailíní | Scoil na gCailíní - Seanteach scoile scoite 3 bhá aon stór amháin ar dhéanamh T atá anois ina theach cónaithe. Bá lárnach leis an mbinn chun tosaigh mar bhealach isteach chun tosaigh & síneach dhá stór curtha siar as agus síneadh nua aon stór amháin as an gceann thiar, a tógadh c.1880 | Teach scoile ó aimsir na Banríona Victoria a tógadh do na cailíní amháin agus a ghabhann le scoil na mbuachaillí in aice láimhe. Tá na fuinneoga maisithe le laitis mhiotail chun tosaigh neamhghnách le teach scoile agus is díol suntais iad maidir leis an bhfoirgneamh seo. Is cuid thábhachtach den oidhreacht ailtireachta sa cheantar an dá theach scoile. | Tuaim | CNOC AN EANAIGH | X:145884<br>Y:240317 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3945 | 30405620 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach a bhfuil bráca aon stór amháin taobh thiar de, c. 1800. | Le cuid mhaith blianta anuas tá an teach ceann tuí ag imeacht as an taobh tíre in Éirinn. Cé gur cuireadh síneadh as an teach seo, tá cuid mhór den bhunchuma agus de na buntréithe a bhí leis an teach seo caomhnaithe, mar shampla an ceann tuí agus na fuinneoga beaga. Baineann na foirgnimh taobh amuigh ar a chúl agus an balla teorainn chun tosaigh leis an ngrúpa. | Tuaim | BAILE ROBAC BEAG | X:132893 Y:241745 |  |
| 3946 | 30405623 | | Teach scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach le háiléar dormánta agus síneadh aon stór amháin curtha as an mbinn thoir thuaidh ceithre, c. 1800. | Is gné thábhachtach d'oidhreacht dhúchasach Chontae na Gaillimhe an teach ceann tuí ar an seandéanamh agus is lú acu atá le feiceáil sa taobh tíre le himeacht aimsire. Tá an ceann seo suite i ngaraí siar go maith ón mbóthar augs an seanchuma, na foirgnimh taobh amuigh agus gnéithe traidisiúnta, mar shampla an ceann tuí, an simléar beag, na fuinneoga agus doirse beaga, caomhnaithe ann. | Tuaim | BAILE ROBAC BEAG | X:132449 Y:241078 |  |
| 3947 | 30405624 | | Teach scoite ceann tuí 3 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach le háiléar dormánta & síneadh dhá stór aon bhá amháin siar as & síneadh níos nua aon stór amháin chun deiridh,, c. 1800. | Tá an teach ceann tuí mar a bheadh leacht cuimhneacháin ann maidir le hoidhreacht dhúchasach na hÉireann agus is lú acu atá le feiceáil sa taobh tíre le himeacht aimsire. Tá díol spéise sa teach seo le taobh an bhóthair a bhfuil síneadh níos airde curtha as a chuireann fad as an mbunteach. Tá roinnt de na gnéithe a bhain leis an teach ón gcéad lá riamh caomhnaithe i gcónaí, mar shampla an ceann tuí agus fuinneoga agus doirse beaga. Cuireann na gnéithe maisiúcháin gealdaite le cuma an tí agus cuireann an tsráid chun tosaigha gus na foirgnimh taobh amuigh siar ón teach leis an suíomh. | Tuaim | BAILE ROBAC BEAG | X:132742 Y:241198 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3948 | 30405625 | | Teach scoite 4 bhá aon stór amháin den déanamh dúchasach & foirgneamh taobh amuigh ag gabháil leis ar an gceann theas faoin aon díon amháin, a tógadh c.1800. | Is lú de na tithe ceann tuí traidisiúnta atá le feiceáil amuigh faoin tír in Éirinn. Gné neamhghnách den cheann seo foirgneamh taobh amuigh a bheith tugtha isteach faoin gceann tuí. Tá an bhunchuma a bhí ar an teach caomhnaithe mar atá tréithe éagsúla mar shampla an ceann tuí, an simléar beag, na fuinneoga agus doirse beaga. Cuireann na himill faoi phláistéaracht leis an gcuma atá ar an éadanas. Tá na foirgnimh taobh amuigh agus na teorainneacha ina gcuid dhílis den láthair ar fad. | Tuaim | BAILE ROBAC BEAG | X:132783<br>Y:241160 |  |
| 3951 | 30407402 | Lowville House | Teach Chluain Bigín - Teach scoite 7 mbá dhá stór, a tógadh c.1780, tréigthe faoin tráth seo, lena mbaineann bloc dhá stór le líon maith bánna ar an gceann thiar. Suite ar thalamh feirme le clós ó dheas den teach a bhfuil áirse éilips mar gheata ag feithiclí isteach ann agus tithe amuigh aon stór amháin agus dhá stór le spallaí randamacha. | Díol suntais an teach mór seo ón ochtú aois déag mar gheall ar an airde atá sna fuinneoga sa dara stór. Tá cuid mhór de na fuinneoga adhmaid caomhnaithe agus cé go bhfuil an teach tréigthe, tá an mhaorgacht shimplí ag baint leis i gcónaí. Tá tábhacht leis ó thaobh stair shóisialta an cheantair, ó bhí sé ina theach cónaithe ag teaghlach Nathaniel Lowe idir 1783 agus 1837. | Tuaim | LOWVILLE | X:177287<br>Y:236993 |  |
| 3952 | 30408202 | Glenloe Abbey Hotel | Óstán Glenloe Abbey - Séipéal saorsheasaimh de chuid Eaglais na hÉireann le binn chun tosaigh agus corp 3 bhá agus túr 3 chéim. Coimpléacs le ballaí teorann agus piaraí aolchloiche garbhshaoirseachta agus geataí d'iarann saoirsithe. | Tá cuma agus stíl an fhoirgnimh seo mar ba ghnáth maidir le séipéil Eaglais na hÉireann san ochtú aois déag agus ba mhinic iad le fáil ar diméin mór. Ainneoin nach raibh an t-áras seo riamh ina shéipéal, tá cuma shainiúil eaglasta ar an bhfoirgneamh agus saintréithe áirithe ag dul leis, mar shampla, clogtheach agus oscailtí bioracha. | Conamara | KENTFIELD | X:126837<br>Y:228295 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3953 | 30327011 | Clochar Éinde Naomhtha | Clochar in áras scoite ar dhéanamh L, ón mbliain 1923. | Tá an foirgneamh seo ina chuid bhuntábhachtach de dhreach na sráide ar an mbaile. Tá cuid mhór gnéithe suntasacha ag baint leis, mar shampla ingearchlónna agus leibhéil éagsúla, na bánna agus maisiúcháin ar a n-áirítear múnlaí cochaill, croiseanna mar ornáidí buaice agus múnlaí pláistéarachta le doirse agus fuinneoga. | Conamara | An Spidéal Thiar | X:112945<br>Y:222260 |  |
| 3954 | 30330001 | | Droichead bóthair aolchloiche garbhshaoirseachta ceithre áirse, a tógadh c.1760 | Sampla maith an droichead simplí seo a thugann trácht trasna na Slogaire den obair cheirde a dheintí go háitiúil san ochtú aois déag. Tá an chuma chéanna air a bhí ón tús agus tábhacht leis maidir le ceangal a choinneáil idir Dún Mór agus Clár Chlainne Mhuiris le os cionn dhá chéad bliain. | Tuaim | CNOC AN TÍ THOIR | X:150060<br>Y:263941 |  |
| 3955 | 30403306 | | Droichead aolchloiche dhá áirse dhéag, a tógadh c.1750, ar a dtéann bóthar idir Ros Comáin agus Gaillimh trasna na Suca. | | Tuaim | SRAITH BHUN NA nGORT NÓ THORNFIELD | X:181228<br>Y:253011 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3956 | 30405001 | | Droichead bóthair trí áirse trasna na hAbhann Móire a tógadh c.1820 | | Conamara | TUAIM BEOLA | X:75707<br>Y:244498 |  |
| 3957 | 30405819 | | Droichead bóthair seacht n-áirse a tógadh sa bhliain c.1800, trasna Abhainn Choill an Chlochair. | Tá siméadracht thaitneamhach ag baint leis an droichead fada seo le háirsí rabhnáilte. Ní aon ní neamhghnách atógáil ar an áirse láir le coincréid agus d'fhéadfadh gur damáiste a rinneadh le linn Chogadh na gCarad 1919-21 ba chúis leis. Cé go bhfuil an foirgneamh simplí ó thaobh tógála agus bailchríche, tá fianaise ann ar an gceardaíocht agus ar an ábhar a bhí ar fáil go háitiúil. | Béal Atha Sluaighe | Diméin na hAbarta | X:155704<br>Y:242827 |  |
| 3959 | 30406504 | | Droichead bóthair trí réise a tógadh sa bhliain c.1820 | Teist an droichead bóthair dea-thógtha seo ar leathnú chóras na mbóithre in iarthar na hÉireann. Chuir an leathnú sin ar chóras na mbóithe go mór le cúrsaí eacnamaíochta agus cumarsáide sa cheantar iargúlta seo rud a fhágann tábhacht shóisialta leis an droichead chomh maith le bheith ina shéadchomhartha teicniúlachta. | Conamara | Glinn Chatha | X:95113<br>Y:238261 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3960 | 30407406 | | Droichead iarnróid trí réise a tógadh sa bhliain c.1850 | 'The Red Bridge' a thugtaí ar an droichead daingean seo trasna Abhainn na Suca. Cearchaill atá in úsáid mar a mbíodh áirsí cloiche agus is dul chun cinn a bhí ansin maidir le hinnealtóireacht iarnróid. Is teist na piléir chloiche ar an gceird a bhíodh ag saortha sa cheantar. | Béal Atha Sluaighe | DOIRE AN MHAOLÁIN | X:184458<br>Y:231955 |  |
| 3961 | 30407801 | | Cé ar déanamh U a tógadh c.1860. | Rinneadh an chéibh bheag seo chun freastal ar iascairí na háite agus is comhartha é ar an tábhacht ó thaobh eacnamaíochta agus cúrsaí sóisialta de atá leis an bhfarraige sa cheantar. | Conamara | Ros Muc | X:93841<br>Y:233082 |  |
| 3962 | 30408705 | | Droichead iarnróid aon réise amháin a tógadh sa bhliain 1851, a thugann an bóthar trasna an bhóthair iarainn | Tá fiúntas mór ón taobh teicniúil agus ó thaobh cúrsaí innealtóireachta de leis an droichead iarnróid seo den chineál daingean a tógadh i lár an 19ú céad. Tógadh é leis an mbailchríoch cloiche sin is gnáth sa tsaoirseacht a rinneadh ar dhroichid iarnróid i lár an 19ú céad a fhágann de chuma air go bhfuil sé docht daingean agus is sampla maith atá ann den úsáid as aolchloch agus miotal in éineacht. | Béal Atha Sluaighe | PÁIRC NA bhFIANNA (BAR. CHLUAIN MHAC nEOGHAIN) | X:183249<br>Y:231599 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3963 | 6001 | | Teachín scoite ceann tuí 4 bhá aon stór amháin le simléir sa bhinn agus simléir i lár báire c 1800 agus an teach amuigh a bhíodh ag gabháil leis athraithe lena thabhairt isteach mar chuid den teach cónaithe, c. 1990 | Tá fiúntas réigiúnach leis mar gheall ar a laghad samplaí maithe de theachaíní ceann tuí atá ar fáil. Pointe suntais sa taobh tíre. | Tuaim | Baile Héil | X:125999<br>Y:243447 |  |
| 3964 | 23006 | | Teachín scoite ceann tuí 4 bhá le leathghabhál éadain amháin; c.1859 An taobh istigh ón 19ú céad slán, an teallach, cochall, balcóin idir seomraí ar an lota san áireamh | Tá tábhacht réigiúnach leis mar gheall ar an taobh istigh ón 19ú céad a bheith slán, léiriú ar mhodh saoil agus ar an úsáid theicniúil as ábhar foirgníochta dúchasach. | Baile Locha Riach | Baile na Móna | X:0<br>Y:0 |  |
| 3967 | 30331054 | | Droichead bóthair aolchloiche aon áirse dar dáta 1738 thar River Nanny agus a leathnaíodh c. 1800 ar an taobh thoir. | Tá trácht á iompar ag an droichead modhúil seo le beagnach trí chéad bliain ar an mbóthar ó Dhún Mór go Tuaim. Baineann tógáil an droichid le dhá thréimhse éagsúla staire, rud a léiríonn riachtanais athraitheacha an naoú haois déag. Is díol suntais é an plaic atá ann mar gheall ar a méid agus mar gheall ar scéal a insítear faoi gheall a rinneadh idir méara an bhaile agus Tiarna Bhéal Átha an Rí sa bhliain 1738. | Tuaim | PÁIRCEANNA AN BHAILE (5ú Roinn) | X:143876<br>Y:252199 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3970 | 30332003 | | Seanteach scoite reachtaire dhá stór a tógadh c. 1880. | Tá an teach scoite pléisiúrtha seo ina shampla den ailtireacht a bhí le feiceáil ar thithe cónaithe ardstádais ag deireadh an naoú haois déag. Léiríonn na haghaidheanna éagsúla, an úsáid a bhaintear as starrtha uilleacha agus an balcóin ghalánta ar an bpóirse an raon mionsonraí a bhain leis an ré sin. Is fearrde an teach mar gheall ar an doras painéalta adhmaid agus na fuinneoga saise adhmaid atá ann fós agus mar gheall ar an gcuma polacrómatach atá ann de bharr na haolchloiche fionnléithe agus na mbrící dearga. Cuireann na garraithe, fothithe an chlóis agus an geata garbh feabhas ar an suíomh. | Baile Átha an Rí | AN COILÉAR BÁN | X:149812 Y:228359 |  |
| 3971 | 30332004 | | Teach scoite L-phlean trí bháfhuinneog dhá stór a tógadh c. 1880. | Léiríonn rindreáil rialaithe agus líneáilte, báfhuinneog chreinilithe agus oscailtí cinn theascánaigh an tí seo an tionchar a bhí ag déanmhais de chineál níos pálásta ar ailtireacht fho-uirbeach. Tá an t-ingearchló beoga agus cóiriú na bhfuinneog, ina bhfuil báfhuinneoga agus fuinneoga péireáilte, ionadaitheach don naoú haois déag agus tá paitean na haoise ann mar gheall ar na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann. | Baile Átha an Rí | CATHAIR RUAÍN | X:150136 Y:228315 |  |
| 3974 | 30332011 | | Droichead iarnróid aolchloiche aon áirse a tógadh sa bhliain 1851, agus a iompraíonn bóthar thar an líne iarnróid ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath. | Tá foirm shimplí an droichid comhchosúil le stíl roinnt droichead iarnróid ar an líne iarnróid seo. Léiríonn an tsaoirseacht fianaise ar cheardaíocht ardoilte – cuireadh bailchríoch ar na piaraí garbha le himeall díreach ar na coirnéil agus tá imill chuasacha ann sna stuachlocha, rud a chuireann feabhas, agus a leagann béim, ar airíonna foirmiúla an déanmhais. Tá cuma láidir air mar gheall ar na piaraí ollmhóra agus mar gheall ar ghairbhe na tógála. | Baile Átha an Rí | AN COILÉAR BÁN | X:150179 Y:228213 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3975 | 30332020 | Market Cross | Cros saorsheasaimh aolchloiche ina gcuimsítear bonn cearnóg-phróifíle céimnithe garbhshaoirseachta agus a tógadh c. 1810 agus ina bhfuil soicéadchloch de chuid na meánaoise déanaí, agus ainmhithe snoite air, mar aon le cros snoite agus laindéar ar a bharr a bhaineann le c. 1475. | Tugtar an Market Cross ar an séadchomhartha seo agus tá sé iomráiteach mar gheall ar shnoíodóireacht de Chéasadh Íosa atá le feiceáil ar éadan amháin de. Is gné shuntasach é mar go bhfuil sé i measc na n-iarsmaí deireanacha de chros bhreá Ghotach de chuid na meánaoise déanaí, ar cros í de chineál Taibearnacail nó de chineál Laindéir, agus, dá bhrí sin, tá sí an-suntasach i dtaca le hoidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta an chontae. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150285 Y:227877 |  |
| 3976 | 30332026 | | Teach dhá bháfhuinneog, dhá stór ag foirceann sraithe dar dáta 1902 agus ar cuid de comhshuíomh é ina bhfuil cúig fhoirgneamh eile. | Tógadh an teach seo atá ag foirceann sraithe mar chuid de shraith sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill. Tá an tsraith neamhghnách mar go dtiontaíonn sé coirnéal ag Lána Mhic Dhónaill, rud a fhágann go bhfuil sí measartha sainiúil. Is díol suntais de bhreis air sin é an foirgneamh mar gurb é an t-aon cheann amháin é ina gcoimeádtar na fuinneoga bunaidh saise adhmaid. Tá an aghaidh aolchloiche deá-dhéanta, mínsnoite ionadaitheach do cheardaíocht bhreá. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150232 Y:227754 |  |
| 3977 | 30332027 | | Teach dhá stór ag foirceann sraithe atá suite ar choirnéal agus dar dáta 1902 agus ag a bhfuil coirnéal seaimféaráilte. | Tógadh an foirgneamh seo mar chuid de shraith sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill. Tá an ghné is maisiúla de chuid na sraithe le feiceáil ann, is é sin, coirnéal seaimféaráilte ar a bhfuil binn chuarlíneach agus dátchloch. Tá an díon gabhail éadain ina ghné bhreise spéisiúil i dtírdhreach díonta claonta. Tá na haghaidheanna aolchloiche deá-dhéanta, mínsnoite ionadaitheach do cheardaíocht bhreá. Ina theannta sin, fágann dearadh comhleanúnach na sraithe agus na díonta sclátaí a coimeádadh ann go bhfuil an teach seo ina chuid bhreá d'oidhreacht ailtireachta an chuid sin den bhaile. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150227 Y:227752 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3978 | 30332028 | | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór, a tógadh sa bhliain 1902. | Tógadh an teach seo mar chuid de shraith sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill.  Tá an aghaidh aolchloiche dea-dhéanta ionadaitheach do cheardaíocht bhreá agus cuireann an foirgneamh seo, mar aon leis an gcuid eile den tsraith, go mór le hoidhreacht ailtireachta an bhaile. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150234<br>Y:227742 |  |
| 3979 | 30332029 | | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór, a tógadh sa bhliain 1902. | Tógadh an teach seo mar chuid de shraith sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill.  Tá an aghaidh aolchloiche dea-dhéanta ionadaitheach do cheardaíocht bhreá agus cuireann an foirgneamh seo, mar aon leis an gcuid eile den tsraith, go mór le hoidhreacht ailtireachta an bhaile. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150232<br>Y:227736 |  |
| 3980 | 30332031 | | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór, a tógadh sa bhliain 1902. | Tógadh an teach seo mar chuid de shraith sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill.  Tá ab aghaidh aolchloiche dhea-dhéanta ionadaitheach do cheardaíocht bhreá agus fágann dearadh comhleanúnach na sraithe agus na díonta sclátaí a coimeádadh ann go bhfuil an teach seo ina chuid bhreá d'oidhreacht ailtireachta an bhaile. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150230<br>Y:227731 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3981 | 30332032 | | Teach trí bháfhuinneog, dhá stór ag foirceann sraithe a tógadh sa bhliain 1902. | Tá an teach seo ag foirceann sraithe ina bhfuil sé theach feadh Shráid na Croise agus Lána Mhic Dhónaill. Tá an aghaidh aolchloiche dhea-dhéanta ionadaitheach do cheardaíocht bhreá agus fágann dearadh comhleanúnach na sraithe agus na díonta sclátaí a coimeádadh ann go bhfuil an teach seo ina chuid bhreá d'oidhreacht ailtireachta an bhaile. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:150225 Y:227723 |  |
| 3982 | 30332033 | | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1930. | Tá an teach tarraingteach meánmhéide seo ina ghné shuntasach bhreise sa tírdhreach. Tá colbha stílithe an dorais, atá bunaithe ar Art Deco, deartha agus déanta go maith. Cuireann na báfhuinneoga uilleacha ar aghaidh an tí ábhar breise spéise leis an teach agus cuidíonn an foirgneamh ar fad le hamharc-tharraingteacht an fhoirgnimh. Tá béim ar fhoirm an tí mar gheall ar na colbhaí rindreála agus na cúinní. | Baile Átha an Rí | BAILE ÁTHA AN RÍ | X:149949 Y:227616 |  |
| 3983 | 30332034 | | Droichead dronnach iarnróid aolchloiche gairbhe aon áirse a tógadh sa bhliain 1868, agus a iompraíonn bóthar thar an líne iarnróid ó Inis go Baile Átha an Rí. | Is léir gur saothar ceardaithe oilte é saoirseacht aolchloiche an droichid seo. Cuireann leibhéal ardaithe an bhóthar agus an casadh atá ann ábhar spéise breise leis an tírdhreach agus tá an droichead infheicthe ó na bóithre ar an taobh ó thuaidh agus siar uaidh. | Baile Átha an Rí | PROSPECT | X:149681 Y:227573 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3984 | 30332036 | Saint Bernard's | Teach scoite L-phlean trí bháfhuinneog dhá stór a tógadh c. 1930. | Rinneadh an teach tarraingteach meánmhéide seo a thógáil mar cheann amháin de dhá mhaoin sa chomharsanacht chéanna. Tá na mionsonraí fíneálta rindreála ar na fuinneoga agus ar cholbhaí na ndoirse, mar aon leis na huigeachtaí codarsnacha, ina ngné a chuireann feabhas ar an ingearchló. Is gnéithe spéisiúla iad na báfhuinneoga uilleacha péireáilte atá ann ar aghaidh na maoine agus cuireann siad le hamharc-tharraingteacht na sráide. | Baile Átha an Rí | PROSPECT | X:149823<br>Y:227506 |  |
| 3985 | 30332037 | Fiesole | Teach scoite trí bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1930. | Rinneadh an teach tarraingteach seo a thógáil mar cheann amháin de phéire áitreabh comhionann sa chomharsanacht chéanna. Tá na mionsonraí fíneálta rindreála ar na fuinneoga agus ar cholbhaí na ndoirse, mar aon leis na huigeachtaí codarsnacha, ina ngné a chuireann beocht i bhfoirm an fhoirgnimh. Is gnéithe spéisiúla iad na báfhuinneoga uilleacha cúplacha atá ann ar aghaidh an tí agus cuireann siad le hamharc-tharraingteacht na sráide. | Baile Átha an Rí | PROSPECT | X:149827<br>Y:227500 |  |
| 3986 | 30401611 | Droichead Fhearta Mhór | Droichead bóthair iláirse a tógadh c. 1700 thar Abhainn an Chláir agus thar thuilemhá na habhann, agus atá tuairim is 200 méadar ar fad, Agus áirse theascánach níos mó curtha isteach ann i lár an naoú haois déag. | Tá an droichead seo thar a bheith fada agus trasnaíonn sé tuilemhá Abhainn an Chláir. Cé go bhfuil sé deacair é a dhátú, d'fhéadfadh sé gur tógadh é sa seachtú haois déag agus d'fhéadfadh fabraic mheánaoiseach a bheith ann fiú amháin. Tá na piaraí neamhghnách agus is léir nach dídin do choisithe iad. Bheadh an túrtheach atá ina fhothrach mar a bheadh cosaint don droichead agus is dóigh gur fhóin an droichead do lonnaíocht nach bhfuil ann anois ach créfort. | Tuaim | FEARTA MHÓR | X:139439<br>Y:258779 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3987 | 30401903 | Moat House | Mórláthair feirme a ghabhann le Moat House a tógadh c. 1825. | Is ionann an mhórláthair feirme seo agus táscaire ar scála agus ar shofaisticiúlacht na feirmeoireachta in oirthear na Gaillimhe sa naoú haois déag. Is fothracha anois iad na foirgnimh seo ach dá ainneoin sin is foirgnimh bhreátha iad agus is gné chuidsúlach iad ar chrosbhóthar tuaithe. | Tuaim | AN MÓTA | X:171583<br>Y:261988 |  |
| 3989 | 30402901 | | Teach sraithe dhá bháfhuinneog, dhá stór, ar déanamh ciúib, a tógadh sa bhliain 1910. | Tá an teach seo ina shampla de thriail spéisiúil a bhain le húsáid coincréite i suíomh tís. I gcomparáid le maischoincréit atá á húsáid sa chontae ó bhí blianta na 1870-idí ann, ba ábhar nuálach iad na bloic choincréite a bhí ann ag tús an fichiú haois. Sa Mhás Mór, d'éirigh leis an úsáid a baineadh as na bloic in ionad cloch garbh, agus dá bharr sin tá cuma neamhghnách, amharctharraingteach ar an teach. | Tuaim | AN MÁS MÓR | X:144179<br>Y:257123 |  |
| 3990 | 30402905 | Gardenfield House | Teach scoite cúig bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1860. | Tá Gardenfield ina shampla maith de theach de chuid an naoú haois déag atá tógtha de réir stíl na hIodáile agus atá i riocht maith. Cuireann na fuinneoga trípháirteacha ábhar spéise breise leis na hingearchlónna agus cuireann na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann feabhas ar an bhfoirgneamh. | Tuaim | CEATHRÚ AN GHARRAÍ THIAR | X:142093<br>Y:254951 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3991 | 30402907 | | Caidéal uisce saorsheasaimh iarainn theilgthe a cuireadh in airde c. 1870. | Sampla slán é seo de chaidéal uisce tuaithe a raibh tábhacht an-mhór aige tráth mar fhoinse uisce don cheantar. | Tuaim | CEATHRÚ AN GHARRAÍ | X:143197 Y:255369 |  |
| 3992 | 30402908 | | Freestanding beehive-shaped rubble limestone monument, dated 1653, bearing inscribed plaque commemorating James Lally and his family. | This unusual monument, like others in the county, stands in the middle of a field. It is part of a series of late seventeenth-century memorials to local families in North Galway and also bears comparison with the later cenotaphs on Oileáin Árann/ Aran Islands. | Tuaim | BALLYTRASNA | X:144000 Y:255445 |  |
| 3993 | 30403001 | Browne's Grove | Entrance gates to Browne's Grove country house, erected c.1850, | These entrance gates are a fine example of ornamental mid-nineteenth-century stonework and wrought-iron decoration. | Tuaim | JOYCEGROVE | X:147026 Y:257585 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3995 | 30403106 | Clonbern Park | Clós U-phlean ina bhfuil foirgnimh feirme a tógadh c.1840 agus ina bhfuil bloc stábla il-bháfhuinneog, dhá stór. | Cé gur fothrach atá ann, tá saoirseacht chloiche agus mionsonraí ardchaighdeáin le feiceáil sa seanchlós stábla áirgiúil seo. Léiríonn na hiláirsí feithicle an saibhreas a bhain le Clonbern House tráth, de réir mar is amhlaidh i gcás an fhuinneog bheag chruinn os cionn an phríomhbhealaigh isteach. | Tuaim | CLUAIN BHEIRN | X:156542<br>Y:256878 |  |
| 3997 | 30404220 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar dormánta. | Tá an teach beag feirme seo atá suite ag bun lána ina shampla maith de theach ceann tuí sa cheantar seo. Is fearrde é mar gheall ar an díon tuí ar a bhfuil mionsonraí simplí, mar gheall ar na mionsonraí rindreála ar a aghaidh, agus mar gheall ar na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann. | Tuaim | NA CAITHRÍNÍ | X:135731<br>Y:246699 |  |
| 3999 | 30405603 | | Teach dúchasach scoite, sé bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus a bhfuil áiléar dormánta air, mar aon le méadú de chuid dheireadh an fichiú haois ar chúl an tí. | Bhí foirgnimh cheann tuí coitianta tráth ar thírdhreach na hÉireann ach tá siad ag éirí tearc anois. Coimeádann an teach seo a fhoirm agus a charachtar mar gheall ar chuid den díon tuí a bheith coimeádta ann agus, cé go bhfuil athrú suntasach déanta air le blianta beaga anuas, tá an méadú is déanaí báúil le dearadh bunaidh an fhoirgnimh ceann tuí. | Tuaim | CLOCH AN UABHAIR | X:127498<br>Y:244751 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4000 | 30405604 | Scoil Chaisleán an Haicéadaigh | Foirgneamh scoile scoite, cúig bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1845 agus atá tréigthe anois. | Tá foirm shimplí ag an teach scoile neamhghnách dhá stór seo ach tá mionsonraí maithe ailtireachta ann, lena n-áirítear bracanna coirbéalta na sceimhleacha. Is dóigh gurbh é Teaghlach Kirwan, as Tuaim, a bhunaigh an foirgneamh thart ar an mbliain 1844 agus léiríonn a scála an t-éileamh ar oideachas sa cheantar áitiúil thart ar lár an naoú haois déag agus, dá bhrí sin, tá suntas mór ag baint leis ó thaobh cúrsaí sóisialta agus ailtireachta de. | Tuaim | BIGIRE BEAG | X:134974<br>Y:245180 |  |
| 4001 | 30405605 | | Teach dúchasach scoite trí bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar dormánta. | Cé go bhfuil modhnú agus athchóiriú déanta ar an bhfoirgneamh ceann tuí seo le déanaí, coimeádann sé roinnt gnéithe saintréitheacha, lena n-áirítear ballaí rindreáilte, díon tuí, oscailtí beaga agus stoic ísle simléir. Comhlánaíonn fothithe agus balla teorann suíomh an fhoirgnimh atá suntasach mar gheall ar oidhreacht dhúchasach an cheantair. | Tuaim | AN CHLÚID RIABHACH | X:134146<br>Y:244267 |  |
| 4002 | 30405606 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar dormánta. | Tá tithe ceann tuí ag éirí tearc de réir a chéile ach is cuimhneachán fisiciúil iad ar fhoirgnimh thraidisiúnta an tírdhreacha tuaithe. Coimeádann an foirgneamh cuid mhór dá sheanghnéithe amhail an díon tuí agus na ballaí rindreáilte garbhshaoirseachta. Rud neamhghnách is ea na fuinneoga saise adhmaid atá coimeádta ann ach cuireann sé sin le hábhar spéise an tí seo agus comhlánaíonn na fothithe agus an balla teorann an suíomh. | Tuaim | AN CHLÚID RIABHACH | X:133564<br>Y:243771 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4003 | 30405608 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil fál fothana aige ag an mbealach isteach. | Bhí tithe ceann tuí coitianta sa tírdhreach tráth ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile. Coimeádann an foirgneamh seo a fhoirm shimplí agus cuid mhór saintréithe amhail an díon tuí agus an stoc íseal rindreáilte simléir. Is díol spéise iad mionsonraí na gcúinní beibhealta ar an aghaidh tosaigh. Cuireann an balla teorann agus na fothithe leis an gcuma atá ar shuíomh an tí. | Tuaim | CATHAIR MHUIRIS | X:133591<br>Y:243329 |  |
| 4004 | 30405613 | | Teach dúchasach scoite, cúig bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ag a bhfuil fál fothana ag an mbealach isteach mar aon le méadú aon stóir ar chúl an tí. | Tá méadú agus athchóiriú déanta ar an teach tarraingteach ceann tí seo le blianta beaga anuas ach coimeádann sé a shaintréithe traidisiúnta agus a fhoirm, is é sin, an díon tuí agus an stoc íseal simléir. Tá beocht san aghaidh thosaigh mar gheall ar na mionsonraí maisiúla agus comhlánaíonn an fotheach gaolmhar an ghrúpáil. | Tuaim | BUN AN TOBAIR | X:132544<br>Y:242472 |  |
| 4005 | 30405615 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar dormánta. | Bhí tithe ceann tuí coitianta tráth sa tírdhreach tuaithe ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile anois. Coimeádann an sampla seo a sheanfhoirm agus cuid mhór dá shaintréithe amhail an díon tuí agus na fothithe gaolmhara aon stóir. | Tuaim | BUN AN TOBAIR | X:133220<br>Y:242591 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4006 | 30405616 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus a bhfuil póirse dar dáta deireadh an fichiú haois curtha leis chun tosaigh agus díon cothrom air. | Is ionann an teach ceann tuí seo agus cuimhneachán fisiciúil ar fhoirgnimh dhúchasacha na hÉireann ach tá tithe ceann tuí ag éirí tearc de réir a chéile. Tá méadú agus athchóiriú déanta ar an bhfoirgneamh le déanaí ach coimeádann sé roinnt saintréithe tarraingteacha, tábhachtacha fós amhail díon tuí agus oscailtí beaga. Is ábhar spéise ealaíne iad colbhaí maisiúla rindreála na bhfuinneog. | Tuaim | BUN AN TOBAIR | X:133269 Y:242563 |  |
| 4008 | 30405619 | | Teach scoite dúchasach ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800 agus ar cuireadh méadú leis ar chúl an tí ag deireadh an fichiú haois. | Tá an teach tarraingteach ceann tuí seo ina shampla de chineál foirgnimh atá ag éirí tearc de réir a chéile i dtírdhreach na hÉireann. Tá cothabháil mhaith déanta air agus, cé gur athraíodh agus gur méadaíodh é le déanaí, coimeádann sé a fhoirm agus cuid mhór saintréithe fós, amhail díon tuí, ballaí rindreáilte agus oscailtí beaga. Is mó an t-ábhar spéise a bhaineann leis an aghaidh mar thoradh ar na bandaí maisiúla rindreála a bhfuil éadan scealpóg cloiche orthu. Tá an foirgneamh agus na fothithe gaolmhara tábhachtach agus cuireann siad le carachtar ailtireachta an cheantair. | Tuaim | BUN AN TOBAIR | X:133110 Y:242272 |  |
| 4013 | 30407709 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800. | Tá an chuid is mó dá fhoirm bhunaidh ann sa teach dúchasach seo, mar atá, fuinneoga cuasacha agus oscailtí dorais os comhair a chéile. Is fearrde an chuma atá air mar gheall ar an lomán caite carraige nádúrtha ar thairseach an bhealaigh isteach agus, gur ardaíodh an díon tráth éigin, coimeádadh an tuí air. | Conamara | LEITIR CALAIDH | X:87143 Y:228211 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4015 | 30408501 | Cléirtheach Áth Tíomáin Beag | Teach scoite L-phlean trí bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1800 agus ar a bhfuil póirse ag an mbealach isteach tosaigh, agus díon cothrom air. | Cruthaíonn cóiriú simplí, siméadrach na bhfuinneog ingearchló pléisiúrtha. Tá ábhar breise spéise ag baint leis mar gur úsáideadh mar chléirtheach é i dtús an fichiú haois agus tá paitean pléisiúrtha na haoise ag an teach seo mar gheall ar na hábhair bhunaidh atá coimeádta ann. | Baile Locha Riach | ÁTH TÍOMÁIN BEAG | X:159370<br>Y:230624 |  |
| 4017 | 30408802 | Droichead an Phoill Bhuí | Droichead canálach aon áirse aolchloiche a tógadh c. 1828 agus a iompraíonn bóthar thar bhrainse Bhéal Átha na Sluaighe na Canálach Móire. | Tá dea-thógáil le feiceáil i nDroichead an Phoill Dhuibh rud atá coitianta i ndroichid chanálach agus is cuid luachmhar é d'oidhreacht ailtireachta agus tionscail Chontae na Gaillimhe.  Cé go bhfuil cuma umhal air, tá galántacht shimplí, fheidhmiúil ag baint leis an déanmhas seo. Tá sé tógtha go daingean agus tá saoirseacht mhaith aolchloiche ann agus is teist é ar uaillmhianta fadtéarma Cuideachta na Canálach Móire ag tús an naoú haois déag. | Béal Atha Sluaighe | AN POLL BUÍ | X:186786<br>Y:229340 |  |
| 4018 | 30409301 | Leacht Chuimhneach áin an Athar Micheál Ó Gríofa | Leacht cuimhneacháin dronuilleogach barrchaolaithe a cuireadh in airde c. 1925 agus a athchóiríodh sa bhliain 1992. | Rinneadh an leacht cuimhneacháin reiligiúnach agus poblachtach a chur in airde i gcuimhne ar an Athair Micheál Ó Gríofa, a bhí ina shagart sa cheantar agus nach mbrisfeadh séala na faoistine. Tá beocht ann i bhfoirm shimplí an leachta fheidhmiúil mar gheall ar an méid mór téacs atá ar an bplaic lárnach agus ar an bplaic chliathánach. Ina theannta sin, méadaíonn mionsonraí na híocónagrafaíochta reiligiúnaí tarraingteacht ealaíne an déanmhais. Tá an leacht seo suntasach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus staire de agus soláthraíonn a shuíomh ar thaobh an bhóthair ábhar spéise agus is cuimhneachán tréan é ar stair chorrach na hÉireann. Tá a stíl agus a dhearadh comhchosúil le leachtanna náisiúnacha eile atá ann ar fud na tuaithe in Éirinn. | Conamara | AN CHLOCH SCOILTE | X:122815<br>Y:224846 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4019 | 30409620 | | Teach gléibe scoite trí bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1800 agus é os cionn leathíoslaigh. | Is ionann na fuinneoga laghdaitheacha, an doras peidiméide agus an aghaidh shiméadrach agus fianaise ar na tionchair chlasaiceacha ar dhearadh an tí seo. Tá an ingearchló trí bháfhuinneog, dhá stór os cionn íoslaigh coitianta i dtithe reachtaire in Éirinn ach tá an scála mórthaibhseach ina ghné neamhghnách. Tarraingíonn an aolchloch ornáideach agus míndéanta súil an duine rud a chruthaíonn fócas ar aghaidh an tí a bheadh measartha simplí seachas sin. | Baile Locha Riach | AN GHLÉIB | X:155278<br>Y:221887 |  |
| 4020 | 30410308 | | Teach dúchasach scoite ceithre bháfhuinneog, dhá stór a tógadh c. 1800 agus ina bhfuil áiléar. | Tá an t-ingearchló íseal, na ballaí tiubha agus na hoscailtí beaga coitianta mar ghnéithe den traidisiún dúchasach in Éirinn. Tá a chuid fuinneog saise adhmaid ann fós. Bhí foirgnimh cheann tuí coitianta faoin tuath agus i sráidbhailte beaga ar fud na tíre, ach tá siad ag éirí tearc de réir a chéile agus is gné shuntasach é an ceann seo atá ann fós. Tá an balla teorann a chrioslaíonn garraí beag chun tosaigh ina ghné choitianta den traidisiún dúchasach. | Óran Mór | AN CHEATHRÚ MHÓR | X:135913<br>Y:218233 |  |
| 4022 | 30411027 | Eeragh Teach Solais | Teach solais scoite cruinn ceithre chéim a tógadh sa bhliain 1857. Bhí an Teach Solais thiontú go hoibriú uathoibríoch i 1978. | Maidir leis an teach solais seo ar a bhfuil na gnáthbhallaí spréite agus laindéar dín, bhí feidhm an-tábhachtach aige i dtaca le mairnéalaigh a chosaint feadh an chósta agus ar an taobh thiar d'Árainn. Comhlánaíonn tithe na gcoimeádaithe tí solais a ghabhann leis ensemble spéisiúil ar díol spéise muirí é. | Conamara | | X:77376<br>Y:212025 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4023 | 30411301 | Cé an Tarae | Cuan U-phlean a tógadh c. 1850 agus ina gcuimsítear piara ar an taobh theas agus cé ar an taobh thuaidh. | Tá cuma sholadach ar an bpiara agus ar an gcé seo agus tá tógáil mhaith iontu, go háirithe an batar ar an gcé theas. Léiríonn an meascán bailchríoch sna clocha oilteacht shaoir chloiche an naoú haois déag. Tá sé ar cheann de roinnt céanna agus piaraí a tógadh in iardheisceart na Gaillimhe, rud a léiríonn an tábhacht a bhain leis an iascaireacht agus le bailiú feamainne. É a bheith ar marthain fós agus é a bheith á úsáid fós, is comharthaí na nithe sin ar an tábhacht leanúnach atá ag an tionscal iascaireachta sa cheantar tuaithe seo. | Baile Locha Riach | AN TARAE | X:136981 Y:213285 |  |
| 4024 | 30411613 | | Droichead bóthair trí áirse thar Abhainn Dhún Doighre, a tógadh c. 1800. | Is ionann an droichead seo agus teist ar na scileanna saoirseachta agus innealtóireachta a bhí ann san am atá caite. Fágann a chuid áirsí cruinne ina bhfuil stuachlocha agus cóiriú atá gearrtha agus snoite go cúramach go bhfuil an droichead seo ina ghné suntasach pléisiúrtha sa tírdhreach. | Baile Locha Riach | TOMAINE MÓR | X:172325 Y:208893 |  |
| 4025 | 30411906 | Killeany Lodge | Teach scoite ceithre bháfhuinneog, aon stóir a tógadh c. 1800. | Bhí cónaí ar fheirmeoir tionónta darbh ainm O’Malley sa teach modhúil seo le linn bhlianta na 1830-idí agus d’úsáid teaghlach Digby, arbh iad na tiarnaí talún iad, chomh maith leis na scríbhneoirí clúiteacha Somerville agus Ross é mar theach samhraidh. Tá a fhabraic riachtanach ann sa teach fós, amhail doras batair agus fuinneoga éagsúla saise adhmaid. Tá sé suite in ionad a fhéachann amach ar Chuan Chill Éinne agus tá radhairc mhaithe uaidh ar an taobh thoir d’Árainn agus amach i dtreo Inis Meáin. | Conamara | CILL ÉINNE | X:88701 Y:206874 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4027 | 30412301 | | Iarsmaí muilinn arbhair scoite uisce-thiomáinte, gan aon díon air, a tógadh c. 1790 agus atá gar do Bhaile an tSrutháin. | Muileann beag a bhfuil cuid dá charachtar bunaidh fós ann, mar aon le roth uisce, bualchomhlaí agus cora. Léiríonn sé úsáid phraiticiúil na teicneolaíochta uisce-thiomáinte. Creidtear gur úsáid W.B. Yeats adhmad uaidh nuair a bhí an túrtheach in aice láimhe á athbhunú aige. | Baile Locha Riach | BAILE UÍ LAOIGH | X:148113<br>Y:206292 |  |
| 4032 | 30402715 | | Seanteach scoile scoite aon stóir a tógadh c. 1850. | Tá cuid mhór mionsonraí dea-shaothraithe cloiche agus adhmaid ann sa tseanscoil seo atá ar imeall dhiméin Chaisleán Cheapadh Chorcóige Thoir agus a tógadh de réir stíl na Hathbheochana Gotaí agus is cuid shuntasach den tírdhreach sa cheantar seo é. Tá beocht ann san fhoirgneamh mar gheall ar éagsúlacht na bhfuinneog cearnógach agus áirse rinní mar aon le fuinneoga pánaí beaga fíocháin agus tá an fíochán ina ghné den fhorsholas ar an bpríomh-bhealach isteach freisin. Fágann an t-athdhéanamh sin go bhfuil comhtháiteacht ann seachas struchtúr mírialta de bharr na méaduithe agus na gclaonseantán atá curtha leis an bhfoirgneamh. Bhó ról tábhachtach aige roimhe seo i dtaca le saol sóisialta an phobail nuair a úsáideadh mar scoil é. | Conamara | PÁIRC NA bhFIANNA<br>An tSeanscoil | X:114058<br>Y:254476 |  |

| UIMH. RPS. | UIMH. NIAH | AINM | FOIRGNEAMH | BREITHMHEAS | BAILE FEARAINN | BAILE | COMH ORDAN ÁIDÍ | ÍOMHÁ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4033 | N/A | 'Teachín Quiet Man' | Fothrach iar-theach ceann tuí ag a bhfuil 4 bháfhuinneog agus aon stór, a bhfuil cáil air mar shuíomh don scannán "The Quiet Man " i 1951. Tá rochtain air via clocha siúil thar chlaífort tite agus droichead coincréite thar shruthán sa tulra. | Cé gur fothrach atá sa déanmhas anois, agus cé gur tháinig athrú ar an suíomh le himeacht ama, mealltar lucht leanta an scannáin chun na háite, go háirithe daoine de bhunús na hÉireann a chónaíonn thar lear. | Tír na Cille Theas | CONAMARA | 96151 251950 |  |
| 4034 | N/A | Teach Ceann Tuí | Teach scoite ceann tuí, ag a bhfuil 6 bháfhuinneog agus aon stór agus foircinn leath-ghabhal éadain. Athchóirithe ar an taobh istigh c. 1990 agus cuireadh síneadh beag ar an taobh thiar de, c. 2010 | Is sampla é an déanmhas de chineál dín agus de mhéid tí ar díol spéise teicniúil agus áitiúil iad. | An Baile Glas | ARD RAITHIN | 149520, 213963 |  |
| 4036 | N/A | "Teach na Canálach" | Teach scoite ag a bhfuil 5 bháfhuinneog agus aon stór le háiléar. Iar-fhoirgneamh oibreacha gáis ó c.1850 atá ann, ag a bhfuil báfhuinneog fhadaithe lárnach le sciath-bhallaí agus stuanna peidiméide ar gach taobh di. Múnláil húda cloiche greanta ar na hoscailtí. | Tábhacht réigiúnach mar gheall ar an mbaint a bhí aige le forbairt thionsclaíoch an bhaile agus mar gheall ar chaighdeán an dearaidh ailtireachta agus na ceardaíochta. | Dún Leo | BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE | 185380 230610 |  |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4037 | 30407207 | Teampall Naomh Kerrill | Teampall scoite Caitliceach Rómhánach ag a bhfuil ceithre bháfhuinneog, dar dáta 1796, atá tréigthe faoi láthair. Teampall T-phlean ar cuireadh síneadh aon stór le díon géar leis an ingearchló ó thuaidh c.1810, agus a bhfuil póirse i gceangal le taobh thoir an ingearchló. Tá leacht a thugann dáta tógála an teampaill ar an taobh ó thuaidh le cros cloiche ar a bharr. | Tá an t-iar-teampall seo suite ar shuíomh feiceálach i sráidbhaile an Ghoirtín agus cé go bhfuil sé sách beag , tá saothar cloiche tarraingteach, ardchaighdeáin aige. Is saintréith de theampaill Éireannacha ag deireadh an ochtú aois déag an easpa maisiúcháin agus tá difear mór idir iad agus na teampaill níos déanaí atá níos maisiúla sa cheantar. Tá an bealach isteach caolcheannach ar cheann de na comharthaí a léiríonn gur áit adhartha é seo. Is táscaire tábhachtach é méid an fhoirgnimh ar mhéid an daonra tráth a thógála. | An Baile Glas (BT Thigh Dachoinne) | BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE | 161104, 235092 |  |
| 4038 | 30406403 | Áith Aoil (Lime Kiln) | Áith aoil chearnógach a tógadh c.1935; cloch shingil eibhir le háith chónúil nó cuasán bácála agus fánán cearnógcheannach ag bun an mhúcháin ar an ingearchló thoir. Tógtha ar fhána cnocáin. | Is annamh go maireann áitheanna aoil in Iarthar na Gaillimhe. Is léiriú í ar an obair chrua a theastaigh chun an talamh a choimeád torthúil san cheantar seo agus ar luach tráchtála an aoil sa ré réamh-mheicníochta. Seanathair an úinéara talún reatha a thóg an áith aoil seo sna 1930idí. Tógadh an aolchloch as Árann agus dódh í le haghaidh leasacháin, é sin uile a bhuíochas den obair láimhe. | Loch Conaortha | CONAMARA | 87006, 236032 |  |
| 4039 | 30409104 | Teach Ceann Tuí - Tigh Pheadair Móir | Teach scoite ceann tuí ag a bhfuil sé bháfhuinneog agus aon stór chomh maith le háiléar, tógtha c.1800. Tá póirse taobh-iontrála ag a bhfuil trí bháfhuinneog ar an ingearchló tosaigh (thiar-theas); cuireadh breisiúchán le díon réidh leis agus tógadh teach ag a bhfuil trí bháfhuinneog agus dhá stór i gceangal leis an ingearchló cúil (thoir thuaidh) le déanaí. Á úsáid mar theach tábhairne anois. | Teach breá ceann tuí atá á úsáid mar theach tábhairne anois. Cé go bhfuil tithe ceann tuí ag éirí níos annaimhe, tá an teach ceann tuí seo mar cheann de ghrúpa daoibh atá fós ann sa cheantar seo agus cuireann sé i gcuimhne dúinn cineál foirgnimh a bhí an-choitianta tráth faoin tuath in Éirinn. | An Bhánrainn Bhán Theas | CONAMARA | 98175, 222715 |  |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4040 | N/A | Piara geata aolchloiche | Piara geata aolchloiche dar dáta 1709. Mar chuid de na hinscríbhinní greanta ar thosach an phiara tá cuid den dáta ‘17’, an litir ‘D’ agus ceann agus sciatháin aingil. | Tá snoíodóireacht agus inscríbhinní spéisiúla ar an bpiara geata, a bhíodh mar chomhartha den bhealach isteach chuig Teach Chill Tulach tráth. Cuireann an bhaint le Teach Chill Tulach agus le teaghlach D’arcy leis an suntas a bhaineann leo. | Cill Tulach Thuaidh | BÉAL ÁTHA AN RÍ | 156459, 224955 | |  |
| 4041 | N/A | Piara geata aolchloiche | Piara geata aolchloiche dar dáta 1709. Mar chuid de na hinscríbhinní greanta ar thosach an phiara tá cuid den dáta ‘09’, na litreacha 'C' agus 'D' agus ceann agus sciatháin aingil. | Tá snoíodóireacht agus inscríbhinní spéisiúla ar an bpiara geata, a bhíodh mar chomhartha den bhealach isteach chuig Teach Chill Tulach tráth. Cuireann an bhaint le Teach Chill Tulach agus le teaghlach D’arcy leis an suntas a bhaineann leo. | Cill Tulach Thuaidh | BÉAL ÁTHA AN RÍ | 156468, 224956 | |  |